



## **Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2009**

Rialtas Láir and Ioncam

# **Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Imleabhar 1**

Curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Ailt 3(11) de Acht an Ard-Reachtair  
Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2010

Ullmhaíodh an tuarsacáil ar bhunús na doiciméadachta faisnéise agus na mínithe a fuarthas ó Ranna agus Oifigí Rialtais a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil.

Seoladh dréachtanna de mhíreanna ábhartha na Tuarascála chuig na Ranna agus Oifigí Rialtais lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair is cuí coimsíodh na tuairimí sin sa leagan deiridh den Tuarascáil.

An English language version of this report is also available (Prn. A10/1218).

## **Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí – 2009**

Tá sé de cheangal orm faoi Alt 33 den Bhunreacht tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ag tréimhsí ainmnithe de réir an dlí.

De bhun Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de cheangal orm tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar m'iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála Ranna agus Oifigí agus ar Chuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát tráth nach déanaí ná 30 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana lena mbaineann na cuntais.

Tá gach Cuntas Leithreasa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 dearbhaithe agam agus tá na cuntais sin i dteannta le mo dheimhnithe iniúchta curtha ar aghaidh chuig Dáil Éireann.

Tuairiscím ar leithligh ar ghnéithe a eascraíonn as m'iniúchadh ar chuntais na seirbhísí poiblí. Tá mo thuairisc atá i dhá imleabhar leagtha amach thíos.

- Déileálann imleabhar 1 le gnéithe a eascraíonn ó hiniúchadh an Rialtais Láir, na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Fhiachais Náisiúnta.
- Tugann imleabhar 2 cur síos ar ghnéithe a d'eascair as iniúchadh ar chistí a gearradh ar Chuntais Leithreasa ar leith.

Leis sin cuirim an dá imleabhar mo Thuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 de réir Alt 3 den acht thuasluaite.



**Seán Ó Buachalla**  
**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

10 Meán Fómhair 2010



## Clár – Iarleabhar 1

|                                                                                |     |
|--------------------------------------------------------------------------------|-----|
| Torthaí Airgeadais do 2009.....                                                | 5   |
| Fiachas Náisiúnta.....                                                         | 11  |
| Pinsin Seirbhíse Poiblí .....                                                  | 19  |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.....                                            | 35  |
| Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha .....     | 43  |
| Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta .....                                       | 57  |
| An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2009.....                          | 77  |
| Soláthar Poiblí .....                                                          | 95  |
| Comhlachtaí Stáit a Bhainistiú .....                                           | 111 |
| Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta .....             | 139 |
| Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.....                       | 143 |
| Bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim.....                                         | 163 |
| Feidhmíocht i dtaca le Bailiúchán, de réir Earnála agus Mírchéann Cánach ..... | 187 |
| Idirghabhálacha Comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim .....                      | 201 |
| Ag Feidhmiú in Éadan Táirgí Tobac a Smuigleáil.....                            | 217 |
| Aisiocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim .....                                 | 231 |
| Faoisimh i leith Cailteanas .....                                              | 243 |
| Torthaí Feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncaim .....                            | 255 |



# **Caibidil 1**

---

**Rialtas Láir**

**Torthaí Airgeadais do 2009**





## Torthaí Airgeadais do 2009

1.1 B'ionann fáltais isteach sa Lárchiste in 2009 agus €34.8 billiún. Léirigh sé sin laghdú 18% i gcomparáid le fáltais 2008 de €42.5 billiún, agus laghdú carntha 29% ó leibhéal fáltas 2007.

1.2 B'ionann caiteachas státhchiste in 2009 agus €59.4 billiún, suas go dtí 7.5% ar leibhéal 2008. Tháinig méadú 64% ar chaiteachas a bhaineann le fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta<sup>1</sup>. Áiríodh ar thorthaí 2009

- caiteachas eisceachtúil de €4 billiún a úsáideadh chun cothromas a sholáthar i mBanc Aontas Éireann atá faoi úinéireacht an Stáit agus
- ranníocaíocht Státhchiste luathaithe chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2009, go hiarbhír airleacan €1.4 billiún ar ranníocaíocht 2010<sup>2</sup>.

1.3 Tá achoimre ar fháltais agus íocaíochtaí ciste gach bliain ó 2007 go dtí 2009 i bhfíor 1.

**Fíor 1 Fáltais agus Íocaíochtaí Lárchiste, 2007 go dtí 2009**

|                                                   | 2007          | 2008          | 2009          |
|---------------------------------------------------|---------------|---------------|---------------|
|                                                   | €m            | €m            | €m            |
| <b>Fáltais</b>                                    |               |               |               |
| Ioncam Cánach                                     | 47,249        | 40,777        | 33,043        |
| Ioncaim reatha eile                               | 638           | 847           | 838           |
| Aisíocaíochtaí ar lasachtaí                       | 747           | 749           | 750           |
| Fáltais chaipitil eile                            | 196           | 161           | 140           |
| <b>Fáltais iomlána an Státhchiste</b>             | <b>48,830</b> | <b>42,534</b> | <b>34,771</b> |
| <b>Íocaíochtaí</b>                                |               |               |               |
| Saincheisteanna do chaiteachas a vótáladh         | 44,609        | 49,313        | 47,163        |
| Scairchaipiteal a fuarthas i mBanc Aontas Éireann | —             | —             | 4,000         |
| Fónamh d'Fhiachas Náisiúnta                       | 1,676         | 1,611         | 2,641         |
| Rannaíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean        | 1,616         | 1,690         | 3,000         |
| Rannaíocht chuig Buiséad an AE                    | 1,572         | 1,587         | 1,486         |
| Lasachtaí a eisíodh                               | 740           | 741           | 790           |
| Íocaíochtaí eile                                  | 236           | 306           | 332           |
| <b>Íocaíochtaí iomlána an Státhchiste</b>         | <b>50,449</b> | <b>55,248</b> | <b>59,412</b> |
| <b>Easnamh don bhliain</b>                        | <b>1,619</b>  | <b>12,714</b> | <b>24,641</b> |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 agus 2009

<sup>1</sup> Léiríonn sé sin an costas seirbhíse lúide íocaíochtaí fiachmhúchta.

<sup>2</sup> Foráladh dó sin faoi Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus faoin Acht Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Féach Caibidil 4.

## Feidhmíocht Chomparáideach

- 1.4 Tháinig méadú beagnach €12 billiún ar easnamh stáit in 2009. Bhí an méadú sin i leith
- laghdú €7.7 billiún ar ioncam cánach (féach Caibidil 12)
  - méadú €1 billiún ar chostas sheirbhísiú fiachais (Caibidil 2)
  - íocaíochtaí Státchiste breise d'iomlán €5.4 billiún chun freastal ar roinnt de na costais a bhaineann le bearta cobhsaíochta baincéireachta (féach Caibidil 6).

Fritháireamhaíodh tionchar na bhfachtóirí sin i bpáirt ag eisíocaíocht Státchiste laghdaithe de €2.1 billiún i leith caiteachais a vótáladh.

- 1.5 B'ionann fáltais Státchiste foriomlána in 2009 agus €24.6 billiún níos lú ná an caiteachas a tabhaíodh. Bhí sé sin sa bhreis go suntasach ar an easnamh in 2008, arb ionann é agus €12.7 billiún.

### Iníúchadh ar Chuntais Airgeadais

Tá an achoimre i bhFíor 1 tarraingthe ó chuntas Státchiste – na Cuntais Airgeadais – a léiríonn, *inter alia*, na híocaíochtaí isteach sa Lárchiste agus amach as. Tá iniúchadh déanta agam ar Chuntais Airgeadais 2009 agus tá súil iad a chur i láthair Dháil Éireann faoi 30 Meán Fómhair 2010.

## Gluaiseachtaí maidir le hIarmhéideanna an Státchiste

- 1.6 Mar gheall ar an mbeartas réamh-mhaoinithe, chuir an Státchiste tús leis an mbliain le hacmhainní leachtaithe breise de €21.8 billiún. Coinníodh an maolán leachtachta sin trí iasachtaí i rith na bliana ab ionann le heasnamh 2009.

- 1.7 Tá na gluaiseachtaí maidir le hIarmhéideanna an Státchiste a bhaineann le torthaí airgeadais leagtha amach i bhfíor 2.

**Fíor 2 Gluaiseachtaí maidir le hIarmhéideanna an Stáitchiste, 2007 go dtí 2009<sup>a</sup>**

|                                                             | 2007         | 2008          | 2009          |
|-------------------------------------------------------------|--------------|---------------|---------------|
|                                                             | €m           | €m            | €m            |
| <b>Iarmhéid an Stáitchiste amhail an 1 Eanáir</b>           |              |               |               |
| Cuntas Stáitchiste an Bhainc Ceannais                       | 3,587        | 3,996         | 21,269        |
| Taiscí Tráchtála                                            | —            | 490           | 790           |
| <b>Iarmhéid Tosaigh Iomlán</b>                              | <b>3,587</b> | <b>4,486</b>  | <b>22,059</b> |
| <b>Gluaiseacht sa Bhliain</b>                               |              |               |               |
| Glan-lasacht an Stáitchiste sa Bhliain                      | 2,518        | 30,287        | 24,397        |
| Barrachas/(Easnamh) na bhFáltais i gcomparáid le Caiteachas | (1,619)      | (12,714)      | (24,641)      |
| <b>Glan-ghluaiseacht</b>                                    | <b>899</b>   | <b>17,573</b> | <b>(244)</b>  |
| <b>Iarmhéid an Stáitchiste amhail an 31 Nollaig</b>         |              |               |               |
| Cuntas Stáitchiste an Bhainc Ceannais                       | 3,996        | 21,269        | 21,025        |
| Taiscí Tráchtála                                            | 490          | 790           | 790           |
| <b>Iarmhéid deiridh iomlán</b>                              | <b>4,486</b> | <b>22,059</b> | <b>21,815</b> |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 agus 2009

Nóta:

a Ní áirítear iarmhéideanna beaga sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla: €842,000 (deireadh 2007); €434,000 (deireadh 2008) agus €452,000 (deireadh 2009).

**Mórdhliteanais agus Mórshócmhainní an Stáitchiste**

1.8 Bhí roinnt dliteanas agus sócmhainní fadtéarmacha ag an Stát amhail an 31 Nollaig 2009 a bhfuil tuairisc orthu i gcaibidlí eile sa tuarascáil seo. Tá an staid achoimre maidir le príomhdhliteanais agus sócmhainní léirithe thíos.

**Fiachas Náisiúnta**

1.9 B'ionann an tOllfhiachas Náisiúnta ag deireadh mhí na Nollag 2009 agus €97 billiún (ag parluachanna infhuascailte). Agus sócmhainní leachtachta de €21.8 billiún a ghlacadh san áireamh (mar a léirítear i bhfíor 2 b'ionann an glanfhiachas náisiúnta ag an dáta sin agus €75.2 billiún. Sin i gcomparáid le glanmhéid Fiachais Náisiúnta de €50.4 billiún ag deireadh mhí na Nollag 2008. (Féach Caibidil 2.)

**Tiomantais Airgeadais Faoi Chonarthaí PPP**

1.10 Tá ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais Láir i mbun bearta comhpháirtíochta poiblí príobháideacha (PPP) fadtéarmacha chun raon seirbhísí agus bonneagair a sholáthar. Áirítear orthu sin tiomantais íocaíochtaí amach anseo in imeacht shaolré na gconarthaí.

1.11 Meastar gur ionann luach iomlán na dtiomantas amach anseo a bheidh le baint amach i leith na gconarthaí i bhfeidhm ag deireadh 2009 agus €4.1 billiún (€4.27 billiún ag deireadh 2008). Tá tuilleadh tionscadal PPP á bhforbairt nó á bhfáil ach ní thiocfaidh tiomantais airgeadais chun cinn maidir leis na tionscadail sin go dtí go mbeidh siad ag céim fhoirmiúil conarthaí. (Féach Caibidil 5). Cuid den tiomantas sin costas rollta oibríochta agus cothabhála amach anseo a chomhlíontar ar

bhonn ‘íoc mar a thuilltear’ i dtionscadail nó seirbhísí eile inchomparáide a cuireadh i gcríoch trí sholáthar poiblí.

### *Dlíteanais Phinsin na Seirbhíse Poiblí*

1.12 Amhail deireadh mhí na Nollag, bhí iomlán de €116 billiún fabhráithe i leith pinsean iníoctha le seirbhísigh phoiblí. B’ionann an méid iomlán a fabhraíodh ag deireadh 2008 agus €108 billiún. Toisc ríthábhachtach i ndearbhú luach láithreach sreabhadh airgid todhchaí do phinsin tuillte suas chuig an 31 Nollaig 2009 ná an ráta lascaine. Is de bharr an ráta sin an-chuid den ardú. (Féach Caibidil 3)

### *Cúlchistí Pinsean*

1.13 B’ionann luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus €22.3 billiún ag deireadh mhí na Nollag 2009. Sin i gcomparáid le iomlán de €16.1 billiún ag deireadh 2008. Bhí an t-iarhmhéid ag deireadh 2009 comhdhéanta d’infheistíochtaí lánroghnacha le luach margaidh de €15.3 billiún, agus infheistíochtaí dírithe d’iomlán €7 billiún. (Féach Caibidil 4)

## **Teagmhas Stáit Ollmhór**

1.14 Mar a léirítear i gCaibidil 6, tá na dlíteanais ó institiúidí creidmheasa Éireannacha ar leith ráthaithe ag an Stát. B’ionann luach carnach na ndlíteanas banc a ráthaíodh ag deireadh mhí na Nollag 2009 agus €281 billiún<sup>3</sup>.

1.15 B’ionann ioncaim ar préimheanna iad do leathnú na ráthaíochta dlíteanais agus €548 milliún faoi 31 Nollaig 2009.

<sup>3</sup> Clúdaíonn an Scéim Ráthaíochta Taisce taiscí (suas go d’uasmhéid de €100,000 in aghaidh an taisceora in aghaidh na hinstitiúide). Ag deireadh mhí na Nollag 2009, b’ionann comhluach carntha taiscí den sórt sin leis na hinstitiúidí creidmheasa céanna agus €77 billiún breise.

## Caibidil 2



Rialtas Láir

Fiachas Náisiúnta



## Fiachas Náisiúnta

2.1 B'ionann an Glanfiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte agus €75.2 billiún amhail an 31 Nollaig 2009. Tuairiscítear an fiachas seo i ndiaidh sócmhainní leachtacha a thógáil san áireamh. Leagann Fíor 3 amach comhdhéanamh an Fhiachais Náisiúnta in oll-luach agus i nglanluach le trí bliana anuas.

**Fíor 3 Fiachas Náisiúnta na hÉireann 2007 - 2009<sup>a</sup>**

| Bliain                        | 2007          | 2008          | 2009          |
|-------------------------------|---------------|---------------|---------------|
|                               | €m            | €m            | €m            |
| Ollfhiachas Náisiúnta         | 42,047        | 72,457        | 96,968        |
| Sócmhainní Leachtacha         | (4,487)       | (22,059)      | (21,816)      |
| <b>Glanfhiachas Náisiúnta</b> | <b>37,560</b> | <b>50,398</b> | <b>75,152</b> |

Nóta:

a Luaitear an Fiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte (luachanna ainmniúla). B'ionann glanluach reatha an Ghlanfhiachais Náisiúnta ag deireadh 2009 agus €78.4 billiún (€52.5 billiún ag deireadh 2008). Léiríonn glanluach reatha an fhiachais iomlán na sreafaí airgid go léir amach anseo (idir ús agus príomhshuim) a lascaíodh agus na rátaí margaidh cuí á n-úsáid ag deireadh na bliana.

2.2 Mhéadaigh an Glanfhiachas Náisiúnta faoi €24.7 billiún idir 2008 agus 2009 ar úsáideadh €24.6 billiún de chun maoiniú ar Easnamh an Státhiste don bhliain<sup>4</sup>.

## Fiachas Rialtais Ginearálta

2.3 Chomh maith le hiasachtaí a tuairiscíodh i ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht), tagann dlíteanais fiachais eile chun cinn de bhun gníomhaíocht iasachta eile. Leagtar an gaol idir an tOllfhiachas Náisiúnta agus an Fiachas Rialtais Ginearálta<sup>5</sup> (GGD) mar a leagtar amach i bhFíor 4.

**Fíor 4 Ollfhiachas an Rialtais 2007 – 2009**

| Bliain                                | 2007          | 2008          | 2009           |
|---------------------------------------|---------------|---------------|----------------|
|                                       | €m            | €m            | €m             |
| Ollfhiachas Náisiúnta                 | 42,047        | 72,457        | 96,968         |
| Dlíteanais fiachais eile <sup>a</sup> | 5,363         | 7,402         | 7,700          |
| <b>Fiachas Rialtais Ginearálta</b>    | <b>47,410</b> | <b>79,859</b> | <b>104,668</b> |

Nóta:

a Díorthaítear Dlíteanais Fiachais Eile go príomha ón réamhthuaisceán don AE a rinneadh i mí Mhárta 2010 faoi na rialacha airgeadra aonair.

<sup>4</sup> Baineann an €0.1 billiún atá fágtha go príomha leis na héifeachtaí maidir le bannaí a eisiúint ag lascaine ar an luach ainmnithe agus gluaiseachtaí ráta malairte eachtraí.

<sup>5</sup> Is é an Fiachas Rialtais Ginearálta beart caighdeánaithe féichiúnais rialtais an AE agus na dlíteanais go léir a áirítear faoin bhFiachas Náisiúnta á nglacadh san áireamh, gan aon sócmhainní leachtacha a fhritháireamh, chomh maith le dlíteanais ghníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála agus údarás áitiúil. Ina theannta sin, áirítear air, comhbhailiú an úis fhabhráithe ar iasachtaí áirithe rialtais, go háirithe ar Scéimeanna Coigiltis an Rialtais.

2.4 Is éard atá i nDliteanais Fiachais eile, raon iasachtaí ag Comhlachtaí Stáit agus rialtais áitiúil, sócmhainní bainteacha, chomh maith le hoibleagáidí airgeadais an Stáit. Tugtar achoimre orthu i bhFíor 5 do na trí bliana seo caite.

**Fíor 5 Dliteanais Fiachais Eile<sup>a</sup> 2007 – 2009**

| Deireadh na Bliana                                                                     | 2007         | 2008         | 2009         |
|----------------------------------------------------------------------------------------|--------------|--------------|--------------|
|                                                                                        | €m           | €m           | €m           |
| Comhlachtaí Stáit neamhthráchtála (lena n-áirítear Gníomhaíocht Airgeadais Tithíochta) | 4,929        | 5,914        | 5,895        |
| Iarmhéideanna agus Taiscí In-Rialtais                                                  | (2,840)      | (3,116)      | (2,084)      |
| Taiscí Chiste Bainc Oifig an Phoist (seachas bannaí rialtais)                          | 1,205        | 1,616        | 1,580        |
| Fiachas Rialtais Áitiúil (seachas fiachas dlíte don rialtas láir)                      | 564          | 613          | 754          |
| Mona                                                                                   | 653          | 697          | 674          |
| Ús Fabhráithe ar Scéimeanna Coigiltis                                                  | 780          | 653          | 341          |
| Ceannach Amach an Naisc Thiar                                                          | —            | 532          | 482          |
| Coigeartú ar luach ainmniúil an fhiachais <sup>a</sup>                                 | 23           | 489          | 55           |
| Ilghnéitheach                                                                          | 49           | 4            | 3            |
| <b>Iomlán</b>                                                                          | <b>5,363</b> | <b>7,402</b> | <b>7,700</b> |

Foinse: An Roinn Airgeadais agus NTMA

Nóta:

- a Déantar Fiachas Rialtais Ginearálta a thuairisciú chuig an AE ag luachanna ainmniúla. Caithfear figiúirí Fhiachas Rialtais Ginearálta a choigeartú chuig an luach ainmniúil nuair a eisítear fiachas ar leith, mar Pháipéar Tráchtála, ag lascaine chuig a luach ainmniúil.

2.5 Mar chéatadán den Olltáirgeacht Intíre (GDP)<sup>6</sup> bhí Fiachas Rialtais Ginearálta (GGD) 66% ag deireadh 2009. Sa bhreis ar easnaimh Státhiste a mhaoiniú, chur bailiú na n-acmhainní leachtacha arbh ionann iad agus 14% den GDP amhail an 31 Nollaig 2009 leis an méadú fiachais thar an tréimhse sin. Lean an Ghníomhaireacht leis an maolán leachtachta a thóg sí in 2008 arbh ionann é agus €21.8 billiún ag deireadh 2009 (€22 billiún: 2008) a chothabháil. Cuireadh na cistí sin ar taisce leis an mBanc Ceannais den chuid is mó.

## Iasachtaí faighte ag an nGníomhaireacht

2.6 B'ionann glan-iasachtaí<sup>7</sup> a fuair an Ghníomhaireacht in 2009 agus €24.5 billiún (€30.4 billiún: 2008). Bailíodh iad sin go príomha trí fhiachas meántéarmach /fadtéarmach a eisiúint trí cheant agus sindeacáití. Tá an Fiachas Náisiúnta comhdhéanta de ghnéithe éagsúla iasachta lena mbaineann próifilí éagsúla aibíochta. Leagann Fíor 6 amach miondealú an fhiachais i mórchineálacha a chomhchodanna.

<sup>6</sup> Is beart caighdeánach é cóimheas an Fhiachais Rialtais Ginearálta (GGD) i gcomparáid leis an Olltáirgeacht Intíre (GDP) a cuireadh i bhfeidhm chun críocha airgeadra aonair.

<sup>7</sup> Léiríonn glan-iasachtaí an ghluaiseacht san Ollfhiachas Náisiúnta.



**Fíor 6 Comhdhéanamh an Ollfhiachais Náisiúnta (i dtéarmaí ainmnithe)**

| <b>Ag deireadh</b>                                                           | <b>2008</b>   | <b>2009</b>   | <b>Meitheamh 2010</b> |
|------------------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|-----------------------|
|                                                                              | <b>€m</b>     | <b>€m</b>     | <b>€m</b>             |
| Bannaí Rialtais – aibíocht níos faide ná bliain amháin                       | 41,863        | 70,858        | 84,747                |
| Fiachas Eile Meántéarmach/Fadtéarmach – aibíocht níos faide ná bliain amháin | 483           | 670           | 900                   |
| Fiachas Gearrthéarmach – aibíocht níos giorra ná bliain amháin               | 21,783        | 16,261        | 7,932                 |
| Iasachtaí ón Aire Airgeadais <sup>a</sup>                                    | 2,605         | 1,783         | 2,160                 |
| Scéimeanna Coigiltis an Rialtais - aibíocht suas go dtí 5½ bliana            | 5,723         | 7,396         | 8,785                 |
| <b>Ollfhiachas Náisiúnta</b>                                                 | <b>72,457</b> | <b>96,968</b> | <b>104,524</b>        |

Nóta:

a Baineann príomhghné na hiasachta seo le Ciste Coigiltis Oifig an Phoist.

2.7 Faightear an chuid is mó den Fhiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach ar iasacht i bhfoirm bannaí aibíochta éagsúla, arbh cúig bliana déag an ceann ab fhaide acu sin ag deireadh 2009. Cuireann Fíor 7 próifíl aibíochta bhannaí an rialtais i gcomparáid ag deireadh 2008, 2009 agus ag deireadh mhí Mheithimh 2010.

**Fíor 7 Próifíl Aibíochta Bhannaí an Rialtais**


|                               | <b>2008</b>   | <b>2009</b>   | <b>Meitheamh 2010</b> |
|-------------------------------|---------------|---------------|-----------------------|
|                               | <b>€m</b>     | <b>€m</b>     | <b>€m</b>             |
| Faoi bhun 5 mbliana           | 15,931        | 25,687        | 26,849                |
| Idir 5 bliana agus 10 mbliana | 11,857        | 29,296        | 32,009                |
| Os cionn 10 mbliana           | 14,075        | 15,875        | 25,889                |
| <b>Iomlán</b>                 | <b>41,863</b> | <b>70,858</b> | <b>84,747</b>         |

2.8 Tá fiachas gearrthéarmach, ar fiachas é lena mbaineann aibíocht níos giorra ná bliain amháin, comhdhéanta go príomha as iasachtaí faoi Chlár Páipéir Thráchtála na Gníomhaireachta, chomh maith le Billí Státhiste agus Cláir Pháipéir Thráchtála SAM a tugadh isteach in 2009. Leagann Fíor 8 amach próifíl aibíochta an fhiachais ghearrthearmaigh.

**Fíor 8 Próifíl Aibíochta an Fhiachais Ghearrthearmaigh**

| Fad                         | 2008          | 2009          | Meitheamh 2010 |
|-----------------------------|---------------|---------------|----------------|
|                             | €m            | €m            | €m             |
| Faoi bhun mí amháin         | 3,880         | 4,561         | 3,827          |
| Idir mí amháin agus trí mhí | 5,518         | 8,628         | 2,548          |
| Idir trí mhí agus sé mhí    | 5,803         | 2,913         | 716            |
| Os cionn sé mhí             | 6,582         | 159           | 841            |
| <b>Iomlán</b>               | <b>21,783</b> | <b>16,261</b> | <b>7,932</b>   |

2.9 Bhí méadú tagtha ar iasachtaí gearrthearmhacha sa tréimhse ó 2007 agus baineadh úsáid astu go príomha chun cur leis an maolán leachtacha i rith 2008 agus 2009. Ag deireadh 2009 b'ionann fiachas gearrthearmach agus 17% den Ollfhiachas Náisiúnta i gcomparáid le 30% ag deireadh 2008. Bhí sé sin tite go 7.6% faoi lár 2010. Faoi dheireadh 2009, b'ionann iasachtaí a bailíodh trí bhannaí rialtais a eisiúint agus cuid den mhaolán leachtacha de €21.8 billiún. Rianaíonn Fíor 9 leibhéal an mhaoinithe ghearrthearmaigh sa phórtfóilió fiachais ó lár 2007 go dtí lár 2010.

**Fíor 9 Leibhéal na nIasachtaí Gearrthearmacha le linn na tréimhse 2007 go dtí Meitheamh 2010****Costais Seirbhíse Fiachais**

2.10 Tá €3.2 billiún (2008: €2.1 billiún) i gceist leis an gcostas seirbhísí fiachais a nochtáítear i gcuntas na Gníomhaireachta don bhliain 2009, nuair a dhéantar é a thomhas ar bhonn airgid thirim. Áirítear aistriú €573 milliún (2008: €488 milliún) air sin, áfach ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta chun fiachas a aisíoc, rud a thugann an costas reatha seirbhíse go dtí €2.6 billiún (2008: €1.6 billiún).

2.11 Folaíonn tomhas na gcostas sin ar bhonn airgid thirim, éifeacht na n-oibleagáidí seirbhísithe a fabhraíodh faoi dheireadh na bliana ach a bhí le comhlíonadh fós. Nuair a dhéantar an costas seirbhíse fiachais a thomhas ar bhonn fabhraithe<sup>8</sup>, is ionann an costas seirbhísithe do 2009 agus

<sup>8</sup> Aithníonn an bonn fabhraithe na costais a tabhaíodh seachas na cinn sin a íocadh agus ní ghlacann sé gluaiseachtaí fiachmhúchta san áireamh.

€3.2 billiún (2008: €1.9 billiún). Leathnaigh an raon difríochta sa toradh banna<sup>9</sup> ar fhiachas na hÉireann tuilleadh in 2009, i gcomparáid leis an nGearmáin, a bhí ag tosú ag fás le tamall anuas ó mhí Mheán Fómhair 2008 ach go háirithe. Tarlaíonn an méadú ar ús iníoctha de €1.3 billiún mar thoradh an méadú ar iasachtaí in 2009 agus méadú ar chostais a bhaineann le fiachas nua a eisiúint. Tháinig méadú chomh maith ar tháillí ar iasachtaí a mhéadaigh €36 milliún mar gheall ar mhéadú de €8 milliún i dtáillí is iníoctha ar scéimeanna coigiltis ag teacht le leibhéal earlaise sna scéimeanna, agus méadú de €28 milliún a bhaineann den chuid is mó le táillí sindeacáitithe bannaí mar gheall ar níos mó eisiúna agus rátaí táille níos airde.

## Conclúid

Bhí an Fiachas Rialtais Ginearálta ardaithe go dtí €104.7 billiún ag deireadh 2009 agus b'ionann an tOllfhiachas Náisiúnta agus beagnach €97 billiún den dliteanas sin. Nuair a chuirtear €21.8 billiún sócmhainní leachtacha a coinníodh mar mhaolán leachtachta don Státhiste san áireamh, b'ionann an Glanfhiachas Náisiúnta agus €75.2 billiún amhail an 21 Nollaig 2009.

Tharla an méadú sin de €24.5 billiún sa Ollfhiachas Náisiúnta in 2009 mar gheall go príomha ar mhaoiniú an easnaimh Státhiste do 2009.

Sna 18 mí go dtí Meitheamh 2010 tá athrú suntasach tagtha ar struchtúr an fhiachais, i dtéarmaí achair. Bhí cion an Ollfhiachais Náisiúnta a bhí comhdhéanta d'iasachtaí gearrtéarmacha laghdaithe ó 30% ag deireadh 2008 go dtí 7.6% ag deireadh mhí an Mheithimh 2010.

Bhí méadú €1.3 billiún (nó 68%) costais seirbhíse fiachais ar chostais seirbhíse fiachais nuair a tomhasadh iad ar bhonn fabhraithe in 2009.

<sup>9</sup>

Is éard é an raon difríochtaí ná an difríocht idir ráta aschuir a luaitear ar infheistíochtaí éagsúla.



## Caibidil 3



Rialtas Láir

Pinsin Seirbhíse Poiblí



## Pinsin Seirbhíse Poiblí

3.1 Tuarascáil Speisialta 68 – Chuir Pinsin Seirbhíse Poiblí<sup>10</sup> an dliteanas fabhraithe do phinsin seirbhíse poiblí ag €108 billiún measta amhail ar 31 Nollaig 2008. Bhí an costas seo bainteach le scéimeanna pinsin gairme amháin agus níor chuir sé san áireamh glanchostas pinsean Stáit atá, do dhaoine a tháinig isteach sa tseirbhís phoiblí i ndiaidh 6 Aibreán 1995, imeasctha lena dteidlíochtaí gairme.

3.2 I mí Feabhra 2009, thug an Rialtas asbhaint bainteach le pinsin isteach d'fhoireann na seirbhíse poiblí faoi na Bearta Éigeandála Airgeadais san Acht um Leas an Phobail, 2009. Cé nach bhfuil aon tionchar ag an ABP ar luach na dliteanas do phinsin atá tar éis fabhrú cheana féin os rud é go bhfuil na dliteanais sin bunaithe ar sheirbhís go dtí seo ní ar ranníocaíocht phinsin chun críocha an Achta um Phinsin 1990 – tá sé curtha san áireamh, áfach, chun críocha na tuarascála seo d'fhoill measúnú a dhéanamh ar chostas bliantúil pinsean amach anseo.

### Béim na Caibidle

Déanann an chaibidil seo nuashonrú ar dhliteanas airgeadais atá fabhraithe do phinsin seirbhíse poiblí suas go 31 Nollaig 2009. Tugann sé meastachán chomh maith ar chostas fabhraithe breise an phinsin Stáit.

Cé go bhféadfaí dliteanas an phinsin Stáit a mheas le bheith ag fabhrú do gach pinisnéir mar thoradh ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh ginearálta, tá sé léirithe anseo d'fhoill meastachán chomh soiléir agus is féidir a sholáthar d'fhairsinge an chistithe amach anseo a mbeidh riachtanach maidir leis na saoránaigh atá i bhfostaíocht phoiblí.

De bhreis ar sin, sonraíonn an chaibidil seo iarmhairt phárolla an Stáitchiste ar asbhaintí bainteach le pinsin d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a tugadh iseach i 2009.

3.3 Bhí an mhodheolaíocht don iniúchadh seo ar aon dul leis an modheolaíocht a úsáideadh do Thuarascáil Speisialta 68. Leagann Iarscríbhinn A amach na príomh-mhodheolaíochtaí agus toimhdí bunúsacha. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thorthaí anailíse de chuid sainchomhairleora pinsin.

### Dlitéanas Fabhraithe do Phinsin

3.4 Roimh an dliteanas a chur i gcuntas a bhí fabhraithe maidir le pinsean Stáit d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhfuil a gcuid pinsean gairme agus Stáit imeasctha acu, bhí dliteanas do phinsin ghairme fostaithe sa tseirbhís phoiblí ag figiúr comhsheasmhach le €116 billiún ag deireadh na bliana 2009.

3.5 Leagann Fíor 10 amach an luach reatha d'íocaíochtaí ionchais pinsin amach anseo d'fhoireann na seirbhíse poiblí agus a gcuid cleithiúnaithe i dtéarmaí seirbhíse go dtí seo, chomh maith le meastachán ar luach reatha íocaíochtaí todhchaí le pinsinéirí reatha agus a gcuid cleithiúnaithe agus le hiar-fostaithe a bhfuil pinsin coinnithe acu. Dáilfear na híocaíochtaí pinsin comhiomlána thar tréimhse 60 bliain nó níos mó amach anseo.

<sup>10</sup>

Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Dháil Éireann ar an 22 Deireadh Fómhair 2009.

**Fíor 10 Dlíteanais Pinsin Gairme Fabhráithe amhail ar 31 Nollaig 2009**

| <b>Earnáil</b>                                                | <b>Dlíteanas Comhlán</b> |
|---------------------------------------------------------------|--------------------------|
|                                                               | <b>€m</b>                |
| Státsheirbhís                                                 | 14,257                   |
| Sláinte                                                       | 24,352                   |
| Gardaí                                                        | 8,954                    |
| Oifigigh Phríosún                                             | 1,323                    |
| Fórsaí Cosanta                                                | 8,895                    |
| Múinteoirí <sup>a</sup>                                       | 30,923                   |
| Coistí Gairmoideachais agus Institiúdí Teicneolaíochta        | 6,691                    |
| Ollscoileanna                                                 | 5,281                    |
| Comhlachtaí Státurraithe Neamhthráchtála                      | 7,605                    |
| Sealbhóirí Oifige Reachtaíochta, Aireachta agus Breithiúnacha | 769                      |
| Údaráis Áitiúla <sup>b</sup>                                  | 7,387                    |
| <b>Dlíteanas iomlán</b>                                       | <b>116,438</b>           |

Nótaí:

- a San áireamh tá múinteoirí bunscoile, múinteoirí iar-bhunscoile, cúntóirí riachtanas speisialta agus foireann neamh-mhúinteoireachta i scoileanna.
- b Bhí an meastachán d'údaráis áitiúla ina chleachtadh teoranta bunaithe ar ghaolmhaireachtaí faighte ó Thuarscáil an Choimisiúin um Phinsin Seirbhíse Poiblí (2000).

3.6 Tá sócmhainní faoi úinéireacht stáit ar fáil chun fritháireamh a dhéanamh ar an dlíteanas pinsin iomlán a léirítear i bhFíor 10. Tá aon trian de luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) leithdháilte go barúlach chuig costas pinsean Seirbhíse Poiblí agus dhá thrían chuig costas an phinsin Stáit. Ag cur luach an CCNP i gcuntas (€22.3 billiún amhail ar 31 Nollaig 2009) agus an t-aistriú dá éis de €1.07 billiún de shócmhainní scéimeanna pinsean<sup>11</sup> chuige thar cúrsa 2010 d'fhéadfadh go mbeadh an glandlíteanas pinsean gairme comhsheasmhach le €108.6 billiún ag deireadh na bliana 2009.

3.7 Tá an dlíteanas comhlán tar éis méadú 7.4%. San áireamh sna príomh-nithe a mhéadaigh an dlíteanas comhlán i gcomparáid le meastachán 2008

- Méadaigh an t-athrú i dtoimhde an ráta lascaire ó 3.3% go 3.0%<sup>12</sup> an dlíteanas ag ráta 5.4%.
- Bhí dlíteanas ardaithe de 3.8% de thoradh ar laghdú i líon na foirne seirbhíse agus méadú ar líon na bpinsinéirí ó 31 Nollaig 2008 i leith. Léirítear figiúirí maidir le líon na foirne agus na bpinsinéirí in Iarscríbhinn B.
- Tá iarmhairt na laghduithe páigh do bhaill ghníomhacha tar éis an dlíteanas fabhráithe a laghdú 1.8%.

<sup>11</sup> Tá €88 milliún ar fáil go fóill sna scéimeanna seo le húsáid chun na costais comhlána pinsean a ghlanadh sna comhlachtaí Stáit lena mbaineann siad.

<sup>12</sup> Dá laghad an ráta lascaire, beidh an ráta atá níos airde ina luach reatha ar theidlíochtaí todhchaí.



## Iarmhairt Pinsean Stáit ar Dliteanais agus Costais

3.8 Caithfear imeascadh pinsean Stáit i ndiaidh Aibreán 1995 le pinsin ghairme a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais agus costais foriomlána Stáit do shaoránaigh fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Ní athraíonn teidlíochtaí airgeadais foriomlána phinsinéirí na seirbhíse poiblí de bharr imeasctha sa tslí go bhfabhraítear an leibhéal iomlán sochar airgeadais d'fhaighteoirí pinsean imeasctha agus réamh-imeasctha. Thairis sin, fad is a earcaítear tuilleadh ball foirne faoi shocrúithe imeasctha laghdaíonn comhréir na dteidlíochta iomlán curtha i gcountas ag pinsean gairme amháin agus tá costas a chomhoiread sin d'eilimint pinsean Stáit<sup>13</sup>

### Iarmhairt Phinsin Stáit

3.9 Meastar go mbeadh, de bhreis ar dhliteanas an Stáit do phinsin ghairme, dliteanas breise ag ráta comhsheasmhach le 11% den luach fabhraithe ag dliteanais ghairme ar an 31 Nollaig 2009 dá gcuirfí iarmhairt an Phinsin Stáit san áireamh.

3.10 Meastar go raibh an dliteanas fabhraithe maidir le pinsean Stáit a tharla de bharr teidlíochtaí fostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhfuil an ráta iomlán ÁSPC á íoc acu ag luach €12.7 billiún ar an 31 Nollaig 2009. (€11.8 billiún amhail ar 31 Nollaig 2008). Tá luach reatha na dliteanas ar 31 Nollaig 2009, eilimintí pinsin gairme agus Stáit san áireamh, sonraithe I bhFíor 11.

#### Fíor 11 Luach Láithreach gach Dliteanas Pinsin ar an 31 Nollaig 2009

|                                                                       | € billiún    |
|-----------------------------------------------------------------------|--------------|
| Teidlíochtaí Pinsin Gairme                                            | 116.4        |
| Pinsean Stáit                                                         | 12.7         |
| <b>Teidlíochtaí Pinsean Fabhraithe d'Fhostaithe Stáit<sup>a</sup></b> | <b>129.1</b> |

Nóta:

a Luaitear é seo mar chomhlán agus níl aon ranníocaíocht ón CCNP san áireamh.

## Costais Bhliantúla Phinsin

3.11 Is féidir costais leanúnacha bhliantúla phinsean a léiriú ag baint úsáide as dhá thomhas

- an costas ar bhliain bhreise seirbhíse – atá mar an athrú ar an dliteanas fabhraithe do bhaill ghníomhacha léirithe mar chéatadán de luach saothair inphinsin
- an ráta éifeachtach ranníocaíochta d'iontrálaí nua ag tosú i ndiaidh Aibreán 2004.

3.12 Tá an dá thomhas úsáideach ach tugann siad freagra ar dhá cheist éagsúil. Tá an costas ar bhliain bhreise seirbhíse ina léiriúcháin cuntaíochta den chuid is mó ar phinsean breise tuillte in aon bhliain amháin léirithe mar chéatadán pá. Tugann sé freagra ar an gceist 'dá meadh an scéim seo cistithe go hiomlán cheana féin, cá mhéad sa bhreis ar ghá a chur i dtaisce don bhliain chun é a choimeád'. Mar chodarsnacht ar sin, léiríonn an ráta éifeachtach ranníocaíochta de ghlanluach láithreach na gcostas measta pinsin comhiomlán mar chomhréir de luach reatha na dtuarastail inphinsin thar fad saoil oibre oifigigh. Tugann sé meastachán, dá bharr, ar chomhréir tuarastail leanúnaigh agus bheadh ar sin a bheith curtha i leataoibh ó gach foinse chun freastal ar shochair phinsin bunaithe ar leibhéal pá scoir. Tagann an príomh-difríocht idir an dá thomhas ón mbealach gur comhiomlánú é costas bliana seirbhíse de chostais maidir le cohórt iomlán na foirne.

<sup>13</sup> Suas go teorainn an phinsin Stáit do chásanna aonair.

Cuireann sé san áireamh an meascán fostaithe, an staid sa ‘chiogal saol oibre’ ina bhfuil siad agus a dtuillimh láithreach<sup>14</sup>. I gcomparáid leis sin, tá na rátaí ranníocaíochta éifeachtacha bunaithe ar iontrálaithe nua ionadaíocha i réimsí éagsúla fostaíochta.

## Costas ar Bhliain Amháin Seirbhíse

3.13 Meastar go bhfuil glanchostas teidlíochtaí pinsin i dtéarmaí luach saothair ag 15.1% don ghnáth státseirbhíseach. Léiríonn Fíor 12 an meánchostas ag taispeáint a eilimintí comhpháirte. An bunbhliain a úsáideadh ná 2008 ach níl sé dóchuil go dtiocfadh athrú suntasach ar an iarmhairt.

**Fíor 12 Costas ar Bhliain Bhreise Seirbhíse ag Státseirbhíseach amhail ar 31 Nollaig 2008**

| Eilimint Phinsin            | Ollchostas Pinsin mar Chéatadán de Luach Saothair Inphinsin | Ranníocaíocht an Fostaí | ABP          | Glanchosatas Pinsin mar Chéatadán de Luach Saothair Inphinsin |
|-----------------------------|-------------------------------------------------------------|-------------------------|--------------|---------------------------------------------------------------|
|                             | %                                                           | %                       | %            | %                                                             |
| Costas Pinsin Gairme        | 22.3                                                        | (2.2)                   | (7.1)        | 13.0                                                          |
| Costas Pinsin Stáit         | 3.5                                                         | (1.4)                   | -            | 2.1                                                           |
| <b>Costas Pinsin Iomlán</b> | <b>25.8</b>                                                 | <b>(3.6)</b>            | <b>(7.1)</b> | <b>15.1</b>                                                   |

Nóta:

- a Ríomhtar an costas ar bhliain seirbhíse amháin trí thagairt don athrú sa dliteanas pinsin fabhráithe thar tréimhse bliana (léirithe mar chéatadán de luach saothair) don chohórt foirne reatha i gcatagóir amháin.

## Rátaí Ranníocaíochta d'Iontrálaithe Nua

3.14 Tomhas breise ar chostas bliantúil pinsean ná an ráta ranníocaíochta breise atá riachtanach le sochair pinsin todhchaí a chistiú d'iontrálaí nua. Leagann Fíor 13 amach na rátaí ranníocaíochta d'iontrálaithe nua do státseirbhíseach bunaithe (fireann) ag deireadh na bliana 2008.

**Fíor 13 Ráta Ranníocaíochta d'Iontrálaithe Nua amhail ar 31 Nollaig 2008**

|                      | Ollchostas Pinsin mar Chéatadán de Luach Saothair Inphinsin | Ranníocaíocht an Fostaí | ABP          | Glanchosatas Pinsin mar Chéatadán de Luach Saothair Inphinsin |
|----------------------|-------------------------------------------------------------|-------------------------|--------------|---------------------------------------------------------------|
|                      | %                                                           | %                       | %            | %                                                             |
| Costas Pinsin Gairme | 24.6                                                        | (4.6)                   | (8.1)        | 11.9                                                          |
| Costas Pinsin Stáit  | 10.2                                                        | (2.6)                   | -            | 7.6                                                           |
| <b>Iomlán</b>        | <b>34.8</b>                                                 | <b>(7.2)</b>            | <b>(8.1)</b> | <b>19.5</b>                                                   |

<sup>14</sup>

Cuireann iliomad fachtóirí éagsúla bac ar mhíniú a thabhairt ar an difríocht idir an dá ráta. Ar leith ón mbealach go bhfuil ‘daonraí’ éagsúil óna chéile mheasfá go ndéanfadh siad dibhéirsiú toisc nach ndéanann an costas aon bhliana fabhrú go cothrom thar saol oibre fostaí agus, os rud é go léiríonn dáileadh iarbhir na foirne comhréir níos airde sna catagóirí ina bhfuil siad le costais bhliantúla níos ísle, tá an ráta aon bhliana go coibhneasta níos ísle ná é.

## Toimhde ar Ranníocaíocht ÁSPC

3.15 Ríomhadh na glanchostais pinsin Stáit ar an mbonn go bhfuil an céatadán de ranníocaíochtaí ÁSPC fostaí a úsáidtear le pinsin a chistiú ag 85%. Tá sé seo bunaithe ar obair a tharla roimhe a mheas go raibh caiteachas pinsin mar chomhréir d'árachas sóisialta iomlán réamh-mheasta le 85% a shroichint faoi 2056<sup>15</sup>. Dá réir sin, rinneadh toimhde sochreidte go ndéafaí an céatadán seo de ranníocaíocht árachais shóisialta fostaí a leithdháileadh chuig pinsin airgeadais. Ní chuirtear aon eilimint de ranníocaíocht ÁSPC Fostóra san áireamh i ríomh na gcostas bliantúla pinsean os rud é gurb é is aidhm don ríomh ná an eilimint iarmharach ranníocaíochta a shocrú ar ghá a dhéanamh leis an Stát i gcás chánachais ghinearálta. Dáiríre, tá sé dodhéanta tomhas a dhéanamh ar an leibhéal agus an dáileadh todhcháí de ranníocaíochtaí agus sochair árachais shóisialta<sup>16</sup>. Déantar an iarmhairt féideartha den leibhéal seo a laghdú go 50%, 25% agus náid a léiriú i bhFíor 14.

**Fíor 14 Iarmhairt an Chomhathruithe i Rátaí Ranníocaíochta Fostaí ar Chostais Phinsin**

| Comhréir ÁSPC                                         | 0%   | 25%  | 50%  | 85%  |
|-------------------------------------------------------|------|------|------|------|
| <b>Tomhas Bliantúil ar Chostas Pinsin<sup>a</sup></b> |      |      |      |      |
| Costas d'Aon Bhliain Amháin                           | 16.4 | 16.0 | 15.6 | 15.1 |
| Costas d'Iontrálaithe Nua                             | 22.1 | 21.3 | 20.6 | 19.5 |

Nóta:

a Mar chéatadán de luach saothair.

3.16 Leagann Iarscríbhinn C amach sonraí fosaíochta na n-earnálacha éagsúla san earnáil phoiblí i dtéarmaí chostas ar bhliain amháin seirbhíse agus an ráta ranníocaíochta d'iontrálaithe nua.

## Asbhaint Bainteach le Pinsin d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

3.17 Cuireadh asbhaint bainteach le pinsin ó luach saothair fostaithe sa tseirbhís phoiblí i bhfeidhm i mí Feabhra 2009. Bhí sé seo mar pháirt de sraith níos fairsinge bearta a ndearnadh foráil dóibh i mBearta Éigeandála Airgeadais san Acht um Leas an Phobail 2009, ar aidhm dó cúnamh a thabhairt i gcothromaíocht a bhaint amach in airgeadais phoiblí.

3.18 Cuireadh an asbhaint i bhfeidhm ar ioncam tuilte ón 1 Márta 2009. Bhí an ráta asbhainte bunaithe ar scála grádaithe agus baineann sé le gach eilimint de phá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, ina gcuirtear san áireamh íocaíochtaí neamh-inphinsin ar nós rágoibre agus liúntais áirithe.<sup>17</sup> Measadh go ndéanadh cur i bhfeidhm na hasbhainte seo laghdú sa phárolla a bhaint amach thar na hearnálacha ar fad a mbeadh luach €1,160 milliún air i 2009, agus luach €1,350 air faoi cheann bliana iomláine.

3.19 I ndiaidh tosú na scéime, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar na rátaí asbhainte agus ar na bandaí ioncain gaolmhara, le héifeacht ó 1 Bealtaine 2009. Bhíothas ag súil go ndéanadh na athruithe seo iarmhairt na hasbhainte ar fostaithe sa tseirbhís phoiblí a laghdú agus an ráta asbhainte a mhéadú dóibh siúd a bhí ag ráta tuillimh níos airde. Measadh go ndearna glan-iarmhairt na nathruithe seo coigealtas réamh-mheasta 2009 a laghdú €100 milliún agus coigilt na bliana iomlán de €150 milliún.

<sup>15</sup> An Tuarascáil um Athbhreithniú Náisiúnta ar Phinsin – Iarscríbhinn 6, 2006.

<sup>16</sup> Cuireadh an t-athbhreithniú achtúireach is déanaí ar an gCiste Árachais Shóisialaigh i gcrích sa bhliain 2007. Déanann an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 go gcuirfeadh an chéad athbhreithniú eile i gcrích sa bhliain 2012.


<sup>17</sup> Níl ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta fostóra san áireamh

3.20 Na rátaí agus bandaí asbhainte atá i bhfeidhm anois ná

- go bhfuil an chéad €15,000 de thuillimh díolmhaithe
- asbhaint de 5% i bhfeidhm ar thuillimh idir €15,001 agus €20,000
- asbhaint de 10% i bhfeidhm ar thuillimh idir €20,001 agus €60,000
- asbhaint de 10.5% i bhfeidhm ar gach tuilleamh os cionn €60,000.

3.21 Léiríonn Fíor 15 na rátaí éifeachtacha asbhainte atá i bhfeidhm do thuillimh bhliantúla sa réimse €25,000 go €90,000. Ardaíonn na rátaí ó 3% sna tuillimh atá leibhéal níos ísle go os cionn 8% do na tuillimh atá ag leibhéal níos airde tuillimh.

**Fíor 15 Rátaí d'Asbhaint bainteach le Pinsin le héifeacht ó 1 Bealtaine 2009**



## Iarmhairt ar Phárolla an Stáitchiste

3.22 San áireamh san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2009 bhí meastacháin ar luach na n-asbhaintí faoi gach Vóta. Bhí luach réamh-mheasta iomlán na n-asbhaintí díreach os cionn €856 milliún. San áireamh anseo bhí asbhaintí maidir le fostaithe san earnáil phoiblí a íocadh go díreach ó gach Vóta, san áireamh tá státseirbhísigh, múinteoirí agus daoine eile atá fostaithe in earnáil an oideachais, obríthe sa tseirbhís sláinte, Gardaí, oifigigh phríosún agus pearsanra na bhFórsaí Cosanta. Níl asbhaintí i gcás fostaithe in údaráis áitiúla<sup>18</sup>, agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí a íoctar go díreach ón Lárchiste san áireamh.

3.23 Méid foriomlán na n-asbhaintí bainteach le pinsin a bailíodh faoi Vótaí i 2009 ná €837 milliún i.e. 98% den méid réamh-mheasta. Bhí na torthaí is airde bainteach le Vóta Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (€332 milliún) agus an Vóta Oideachais agus Eolaíochta (€304 milliún).

3.24 Tá an mhéid a bailíodh sa scéim asbhainte i 2009 ionadaíoch do thart ar 5.1% de phárolla an Stáitchiste, €16.5 billiún. Os rud é nár cuireadh an asbhaint i bhfeidhm go dtí an 1 Márta 2009, beidh céatadán na hiarmhairte thar tréimhse bliana iomlán níos airde.

<sup>18</sup> Níl costais phá fhoireann na n-údarás áitiúil san áireamh i bpárolla an Stáitchiste toisc nach bhfuil na costais seo cistithe go díreach ag an Stáitchiste agus níl eilimint pá inaitheanta san áireamh sa Chiste Rialtais Áitiúil. Féach an Roinn Airgeadais, Anailís ar Bhille Pá Stáitchiste agus Pinsean, 2005-2010 (Bealtaine 2010).

## Conclúid

Tá an dliteanas fabhraithe do phinsin ghairme fostaithe sa tseirbhís phoiblí amhail ar 31 Nollaig 2009 measta le bheith ag €116.4 billiún.

Tá sé measta go bhfuil luach na ndliteanas breise fabhraithe a tharla de bharr imeascadh an phinsin Stáit chuig sochair phinsin foriomlána de €12.7 billiún amhail ar 31 Nollaig 2009. D'ardódh sé seo an costas iomlán ar chistiú a dhéanamh ar shochair phinsin fabhraithe do shaoránaigh atá fostaithe faoi láthair sa tseirbhís phoiblí go €129 billiún. .

Glanrátaí ranníocaíochta d'iontrálaithe nua – bheadh an chomhréir pá atá riachtanach le sochair scoir a chistiú do ghnáth státseirbhíseach ar chostas 11.9% de luach saothair inphinsin do theidlíochtaí pinsin gairme agus 7.6% breise leis an Pinsean Stáit a chistiú. Laghdaigh an asbhaint bainteach le pinsin a tháinig i bhfeidhm i mí Márta 2009 caiteachas vótáilte €837 milliún sa bhliain sin.



## **Iarscríbhinn A      Modheolaíocht agus Toimhdí**

Léiríonn an iarscríbhinn an mhodheolaíocht ríomha a úsáidtear agus na príomh-toimhdí a cruthaítear i gcúrsa meastacháin. Sonraíonn Tuarascáil Speisialta 68 an mhodheolaíocht ar bhealach níos doimhne don eilimint phinsin ghairme.

### ***Dlíteanas Fabhraithe***

Léiríonn an dlíteanas fabhraithe an luach láithreach de shochair phinsin todhchaí a d’fhaibhrigh don fostaí nó don phinsinéir amhail ar an dáta luachála. Feictear dúinn sa mhodh seo go bhfuil gach tréimhse seirbhíse ag cruthú comhréire breise sochair. Cumhdaíodh an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an dlíteanas fabhraithe a ríomh i dTuarascáil Speisialta 68. Leagann an mhír seo amach an mhodheolaíocht atá úsáidte chun measúnú a dhéanamh ar iarmhairt an pinsean Stáit a chur san áireamh sa dlíteanas fabhraithe.

### ***Baill Ghníomhacha***

Do bhaill atá fostaithe faoi láthair, ríomhadh an dlíteanas fabhraithe mar luach láithreach na sochar ionchais ag am scoir, bunaithe ar sheirbhís chomhlánaithe amhail ar dáta luachála.

Cuireadh an ríomh seo a leanas i bhfeidhm ar gach ball d’fhonn an pinsean Stáit a chur leis an dlíteanas fabhraithe

- rinneadh iarmhéid an phinsin Stáit a réamh-mheas go aois a 65
- ríomhadh luach láithreach an phinsin Stáit ansin trí lascainiú a dhéanamh ar luach an phinsin Stáit ag aois 65 go dtí an dáta luachála
- ríomhadh luach caipitiúil an phinsin Stáit ansin tríd an fachtóir bliantachta a chur i bhfeidhm ar luach láithreach an phinsin Stáit fabhraithe. Suimíodh é seo le luach fabhraithe an phinsin ghairme.

### ***Pinsinéirí***

Ríomhadh luach an phinsin Stáit do phinsinéirí do gach pinsinéir trí fachtóir bliantachta a chur i bhfeidhm ar iarmhéid láithreach an phinsin Stáit.

### ***Pinsinéirí Coinnithe***

Ríomhadh luach na sochar seo ar bhealach comhchosúil leis an mbealach a chonacthas do bhaill ghníomhacha.

## ***Nuashonrú ar Dhliteanas Fabhraithe***

Leagann an mhír seo amach an mhodheolaíocht a úsáideadh chun nuashonrú a dhéanamh ar dhliteanas fabhraithe le bheith ag an suíomh is a bhí amhail ar 31 Nollaig 2009. Rinneadh athbhreithniú iomlán do 2008. Rinneadh measúnú ar iarmhairt na nithe seo a leanas d'fhoill teacht ar ghardliteanas fabhraithe bliain ina dhiaidh i.e. amhail ar 31 Nollaig 2009.

- Rinneadh an dliteanas fabhraithe do bhaill ghníomhacha a rolladh chun tosaigh chun méadú ar bliain amháin aoise agus seirbhíse a chur i gcuntas. Glacadh leis seo ar an mbonn go raibh leibhéal earcaíochta íseal sa bhliain 2009 agus nach raibh sé dóchúil dá bharr go mbeadh iontrálaithe nua ag dul in aghaidh an mhéadaithe ar aois agus seirbhíse na mball ghníomhach láithreach. Cuireadh méaduithe tuarastail tionscnaimh do bhaill ghíomhacha i bhfeidhm chomh maith.
- Cuireadh na laghduithe pá a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2009 i gcuntas.
- Coigeartaíodh an dliteanas fabhraithe do gach earnáil don líon foirne agus pinsinéirí ar seirbhís amhail ar 31 Nollaig 2009 i gcomparáid le 31 Nollaig 2008. Leagann Iarscríbhinn B sonraí na n-uimhreacha toimhdithe amach.
- Cuireadh na leasuithe maidir le scor luath ar ghlac fostaithe na státseirbhíse leo i rith 2009 i gcuntas. D'ardaigh sé seo dliteanas fabhraithe phinsinéirí na státseirbhíse.
- Rinneadh nuashonrú ar ráta lascaire ón ráta a bhí i bhfeidhm ar 31 Nollaig 2008 (3.3%) chuig a raibh i bhfeidhm ar 31 Nollaig 2009 (3.0%)

## ***Costas Pinsean Seirbhíse Poiblí***

### ***Costas ar Bhliain amháin Seirbhíse***

Dearbhaíodh an costas a chruthaítear ó bhliain amháin de sheirbhís bhreise. Tá an costas cothrom leis an athrú sa dliteanas fabhraithe do bhaill ghníomhacha agus léirítear ansin é mar chéatadán de Luach Saothair Inphinsin (tuarastal móide liúntais inphinsin).

Is é a bhí i gceist leis na an bpróiseas ná ath-reachtáil a dhéanamh ar an samhail dliteanas fabhraithe nuashonraithe thuasluaite, ag coigeartú na sonraí le bheith ar aon dul le bliain amháin d'aois, méaduithe seirbhíse agus tuarastail (méaduithe scála agus toinscnaimh san áireamh) chun costas bliana amháin de sheirbhís bhreise a ríomh.

### ***Ráta Ranníocaíochta Iontrálaí Nua***

Faoin módh seo rinneadh ráta éifeachtach ranníocaíochta a bheadh riachtanach chun cistiú a dhéanamh ar shocair phinsin todhchaí d'iontrálaí nua a shocrú. Tá an ráta ranníocaíochta éifeachtaí ar chomhréir Luach Saothair Inphinsin a mbeadh tar éis ranníocaíocht a thabhairt do gach bliain seirbhíse d'fhoill sochar fabhraithe a sholáthar ag am scoir.

Rinneadh an ríomh seo a leanas ar gach iontrálaí nua d'fhoill costas an phinsin Stáit i gcostas an iontrálaí nua a chur san áireamh

- rinneadh iarmhéid an phinsin Stáit a réamh-mheas go aois a 65
- ríomhadh luach láithreach an phinsin Stáit ansin trí lascainiú a dhéanamh ar luach an phinsin Stáit ag aois 65 go dtí an dáta luachála
- ríomhadh luach caipitiúil an phinsin Stáit ansin tríd an fachtóir bliantachta a chur i bhfeidhm ar luach láithreach an phinsin Stáit fabhraithe. Suimíodh é seo le luach fabhraithe an phinsin ghairme



- ríomhadh an an ráta ranníocaíochta bliantúil mar chéatadán de Luach Saothair a bheadh riachtanach thar saol oibre an fostaí ionas go mbeadh luach carnach na ranníocaíochtaí déanta cothrom leis an luach caipitil riachtanach ag am scoir
- asbhaineadh ranníocaíochtaí pinsin agus ÁSPC chun teacht ar ranníocaíocht fostóra glan-riachtanach.

### ***Príomh-Thoimhdí – Cuimsiú an Phinsin Stáit***

Tá na toimhdí atá sonraithe i dTuarascáil Speisialta 68 i bhfeidhm go fóill. Leagann an mhír seo amach na toimhdí breise atá riachtanach leis an bpinsean Stáit a chur san áireamh sna figiúirí.

- Rinnadh toimhde go raibh céatadán ranníocaíochtaí ÁSPC fostaí a úsáidtear chun pinsin a chistiú ag 85% de réir an Athbhreithniú Náisiúnta um Phinsin i 2006. Úsáideadh seo chun ranníocaíochtí ÁSPC fostaíthe a aimsiú i ríomh chostas pinsean na Seirbhíse Poiblí. Níl aon tionchar aige ar dliteanas fabhráithe. Leagtar an iarmhairt a bhíonn ag an athrú a déantar ar an gcéatadán seo amach sa chaibidil roimhe seo.
- Úsáideadh iarmhéideanna ranníocaíochtaí ÁSPC agus pinsean stáit 2008. Tá sé measta go bhfuil bandaí pá ÁSPC chun méadú ar aon dul le boilsciú tuarastail.
- Níor cuireadh ranníocaíochtaí Sláinte san áireamh i ranníocaíochtaí ÁSPC.
- Measadh nach raibh aon sochar ÁSPC de chuid céilithe nó cleithiúnaithe i bhfeidhm.
- Toimhdíodh go raibh an pinsean Stáit iníoctha ó aois a 65. D'fhostaithe atá chun dul ar scor roimh aois 65 agus atá imeasctha freisin (cohórt réamh-2004 agus iar-1995) cuireadh costas breise don “phinsin idirlinne” ar dócha a bheidh íoctha ag an scéim phinsin san áireamh.
- Toimhdíodh go fabhraítear an pinsean Stáit ag an ráta céanna leis an bpinsean gairme, chun críocha ríomh a dhéanamh ar an dliteanas fabhráithe do bhaill ghníomhacha agus do phinsinéirí coinnithe. Toimhdíodh seo chomh maith chun costas an iontrálaí nua a ríomh. Dáiríre, tá daoine aonair cáilithe don phinsean Stáit nuair atá dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha acu (idir 3-10 mbliana atá riachtanach ag braith ar dáta a sroichtear aois phinsin). Má úsáidtear an cur chuige seo, áfach, tagann torthaí mírialta chun solais agus úsáideadh cur chuige níos soiléire chun rann a fhabhrú thar gach bliain oibre dá bharr.
- Ar mhaithe le nuashonrú a dhéanamh ar dhliteanas fabhráithe do phinsinéirí toimhdíodh go bhfaighfeadh aon phinsinéir láithreach, atá ina bhall de scéim pinsin imeasctha, méid iomlán an phinsin ó aois 65. Rinneadh imeascadh ar státseirbhísigh neamh-bhunaithe agus daoine nach oifigigh iad i dtéarmaí Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil roimh 1995 ionas go ndéanfaí nuashonrú ar na pinsinéirí sna scéimeanna sin le costas an phinsin Stáit a chur san áireamh.

## **Iarscríbhinn B      Líon na bhFostaithe**

Is iad sonraí ar líon na foirne ar seirbhís agus na bpinsinéirí amhail ar 31 Nollaig 2008 a bhí mar bhunús leis na torthaí a cruthaíodh i dTuarascáil Speisialta 68. Úsádeadh na tacair sonraí sin sa chaibidil seo ar son chomhsheasmhachta. I gcás líon na foirne agus na bpinsinéirí ar an 31 Nollaig 2009, rinneadh na sonraí a fhoinsiú, sa mhéad gurbh fhéidir, ón Anailís ar Bhille Pinsean an Státchiste 2005-2010. Rinneadh roinnt meastacháin maidir le líon na bpinsinéirí ar an 31 Nollaig nuair a bhí faisnéis gann do ghrúpaí áirithe san earnáil phoiblí.

**Fíor 16 Méid na Seirbhíse Poiblí in aghaidh na hEarnála**

| <b>Earnáil</b>                                                     | <b>Líon na Foirne ar Seirbhís</b> |                            | <b>Líon na bPinsinéirí</b> |                            |
|--------------------------------------------------------------------|-----------------------------------|----------------------------|----------------------------|----------------------------|
|                                                                    | <b>31 Nollaig<br/>2008</b>        | <b>31 Nollaig<br/>2009</b> | <b>31 Nollaig<br/>2008</b> | <b>31 Nollaig<br/>2009</b> |
| Sláinte                                                            | 112,500                           | 109,100                    | 29,549                     | 31,385                     |
| Oideachas                                                          | 92,480                            | 93,706                     | 22,415                     | 26,355                     |
| Státseirbhís                                                       | 38,572                            | 37,381                     | 15,660                     | 17,594                     |
| Seirbhísí Slándála                                                 | 26,202                            | 25,583                     | 19,495                     | 21,056                     |
| Comhlachtaí Státurraithe<br>Neamhthráchtála                        | 12,175                            | 11,834                     | 3,728                      | 4,840                      |
| Sealbhóirí Oifige<br>Bunreachtúla, Aireachta<br>agus Breithiúnacha | 419                               | 404                        | 603                        | 598                        |
| Údaráis Áitiúla                                                    | 34,926                            | 32,200                     | 21,934                     | 22,126                     |
| <b>Iomlán</b>                                                      | <b>317,274</b>                    | <b>310,208</b>             | <b>113,384</b>             | <b>123,954</b>             |

## Iarscríbhinn C Costais Phinsin

Tomhas amháin ar chostas phinsean seirbhíse poiblí ná an costas ar bhliain amháin bhreise seirbhíse. Tá an costas cothrom leis an athrú fabhráithe do bhaill ghníomhacha léirithe mar chéatadán de luach saothair inphinsin. Is é seo an costas do gach ball foirne ar seirbhís agus san áireamh ann dá bharr tá baill le téarmaí pinsin réamh-1995, iar-1995 agus iar-2005.

**Fíor 17 Costas ar Bhliain Amháin Bhreise Seirbhíse ó Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, Pinsean Stáit san áireamh, amhail ar 31 Nollaig 2008<sup>a</sup>**

| Earnáil                                                                                              | Ollchostas Pinsin<br>mar Chéatadán de<br>Luach Saothair<br>Inphinsin | Ranníocaíocht<br>Fostaí | ABP          | Glanchosatas<br>Pinsin mar<br>Chéatadán de<br>Luach Saothair<br>Inphinsin |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------|-------------------------|--------------|---------------------------------------------------------------------------|
|                                                                                                      | %                                                                    | %                       | %            | %                                                                         |
| Státseirbhís                                                                                         | 25.8                                                                 | (3.6)                   | (7.1)        | 15.1                                                                      |
| Sláinte                                                                                              | 21.7                                                                 | (6.8)                   | (7.1)        | 7.8                                                                       |
| Gardaí                                                                                               | 31.0                                                                 | (5.7)                   | (7.9)        | 17.4                                                                      |
| Oifigigh Phríosún                                                                                    | 33.9                                                                 | (4.3)                   | (7.0)        | 22.6                                                                      |
| Fórsaí Cosanta                                                                                       | 30.6                                                                 | (2.8)                   | (7.0)        | 20.8                                                                      |
| Múinteoirí <sup>b</sup>                                                                              | 25.7                                                                 | (6.9)                   | (7.5)        | 11.3                                                                      |
| Coistí GO agus IT                                                                                    | 24.5                                                                 | (7.0)                   | (7.5)        | 10.0                                                                      |
| Ollscoileanna                                                                                        | 22.6                                                                 | (5.3)                   | (7.8)        | 9.5                                                                       |
| Comhlachtaí Státturraithe<br>Neamhthráchtála                                                         | 24.1                                                                 | (4.4)                   | (7.8)        | 11.9                                                                      |
| Sealbhóirí Oifige<br>Bunreachtúla, Aireachta<br>agus Breithiúnacha                                   | 70.0                                                                 | (0.3)                   | (8.9)        | 61.8                                                                      |
| <b>Meánchostas Seirbhíse<br/>Poiblí de Phinsin<br/>Ghairme (gan údaráis<br/>áitiúla san áireamh)</b> | <b>24.4</b>                                                          | <b>(6.0)</b>            | <b>(7.3)</b> | <b>11.1</b>                                                               |

Nótaí:

- a Déantar costas bliain amháin seirbhíse a ríomh trí thagairt a dhéanamh do dhliteanas pinsin fabhráithe thar tréimhse bliana (léirithe mar chéatadán de luach saothair) don chohórt foirne láithreach i gcatagóir áirithe.
- b San áireamh tá múinteoirí bunscoile, múinteoirí iar-bhunscoile, cúntóirí riachtanas speisialta agus foireann neamh-mhúinteoireachta i scoileanna.

Tomhas eile ar an gcostas pinsean seirbhíse poiblí a úsáideadh ná an ráta éifteachtach ranníocaíochta d'iontrálaí nua tosaithe i ndiaidh 2004. Tá an costas ionadaíoch don ráta ranníocaíochta barúlach a bheadh ranníochta do gach bliain seirbhíse d'fhonn an sochar fabhráithe ag am scoir a sholáthar. Tá na rátaí ranníocaíochta d'iontrálaithe nua bunaithe ar théarmaí na scéime pinsin atá i bhfeidhm ar fhóstaí a thosaigh ón 1 Aibreán i leith, agus toimhdíodh go raibh fostaithe imeasctha dá bharr.

**Fíor 18 Rátái Ranníocaíochta d'Iontrálaithe Nua le Pinsin Stáit san Áireamh - Fireannach**

| Catagóir Fostaíochta            | Mar chéatadán de Luach Saothair Inphinsin |                        |       |              |
|---------------------------------|-------------------------------------------|------------------------|-------|--------------|
|                                 | Costas<br>Iomlán                          | Ranníocaíoch<br>Fostaí | ABP   | Glanchoistas |
|                                 | %                                         | %                      | %     | %            |
| <b>Státseirbhís</b>             |                                           |                        |       |              |
| Bunaithe                        | 34.8                                      | (7.2)                  | (8.1) | 19.5         |
| Neamh-Bhunaithe                 | 25.9                                      | (2.9)                  | (7.0) | 16.0         |
| <b>Oideachas</b>                |                                           |                        |       |              |
| Múinteoir Bunscoile             | 28.5                                      | (7.4)                  | (8.4) | 12.7         |
| Múinteoir Iar-bhunscoile        | 31.6                                      | (7.4)                  | (8.4) | 15.8         |
| <b>Slándáil</b>                 |                                           |                        |       |              |
| Garda                           | 40.8                                      | (7.6)                  | (8.5) | 24.7         |
| Oifigeach Príosún               | 44.2                                      | (7.3)                  | (7.7) | 29.2         |
| Oifigeach Coimisiúnta           | 53.7                                      | (7.2)                  | (8.1) | 38.4         |
| Pearsanra Liostáilte            | 41.5                                      | (3.1)                  | (7.2) | 31.2         |
| <b>Sláinte</b>                  |                                           |                        |       |              |
| Sainchomhairleoir               | 29.2                                      | (6.9)                  | (9.5) | 12.8         |
| Altra (Ginearálta)              | 27.8                                      | (7.5)                  | (8.0) | 12.3         |
| <b>Comhlachtaí Státurraithe</b> |                                           |                        |       |              |
| Oifigeach Bunaithe              | 31.2                                      | (7.4)                  | (8.5) | 15.3         |

## Caibidil 4



Rialtas Láir

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean



## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

4.1 Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin le reachtaíocht in 2001 agus an cuspóir a bhí leis ná ciste a chur ar fáil chun freastal ar na costais leasa shóisialaigh agus ar chostais phinsin na seirbhíse poiblí sa todhchaí. Bunaíodh Coimisiún neamhspleách chomh maith (Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin) faoin reachtaíocht chun an Ciste a rialú agus a bhainistiú.

4.2 Ceanglaítear ar an Aire<sup>19</sup> ranníocaíocht a dhéanamh gach bliain atá comhionann le 1% den 1% of GNP chuig an NPRF. B'ionann an ranníocaíocht sin agus €1.6 billiún do 2009.

4.3 Agus a straitéis infheistíochta á cur i bhfeidhm aige, féachann an Coimisiún le tuairisceáin a uasmhéadú laistigh de leibhéal riosca inghlactha ag díriú ar an bhfadtréimhse, os rud é go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Ciste leis na costais pinsin a mhaoiniú ó 2025 go dtí 2055.

## Infheistíochtaí Díreacha

4.4 In 2009, achtaíocht reachtaíocht<sup>20</sup> a cheadaigh don Aire Airgeadais an Coimisiún a ordú chun infheistíocht a dhéanamh in institiúidí airgeadais liostaithe nó saincheisteanna scaireanna a fhrithghealladh in institiúidí go bhfuil ordú den sórt sin chun leas an phobail. Forálann an tAcht chomh maith go bhféadfaidh an tAire an Coimisiún a ordú maidir leis na hinfeistíochtaí sin a bhainistiú agus a dhiúscairt.

4.5 I mí an Mhárta 2009, d'ordaigh an tAire don Choimisiún €3.5 billiún a infheistiú i Scaireanna Tosaíochta Bhanc na hÉireann agus i mBealtaine 2009 d'ordaigh sé don Choimisiún €3.5 billiún a infheistiú i Scaireanna Tosaíochta Bhainc-Aontais Éireann. I ngach cás, bhí an infheistíocht comhdhéanta de

- Scaireanna tosaíochta neamhcharnacha buana a íocann díbhinn sheasta neamhcharnach bhliantúil de 8% de réir rogha an bhainc. Mura n-íoctar an díbhinn in airgead tirim, faigheann an NPRF an luach i nGnáthscaireanna. Féadfaidh an banc na Scaireanna Tosaíochta a athcheannach ag €1 laistigh den chéad chúig bliana agus ag €1.25 as sin amach.
- Baineann barántais leis na Scaireanna Tosaíochta rogha suibscríobh<sup>21</sup> le haghaidh gnáth-scairchaipiteal sa bhanc. Tá na barántais sin infheidhme uair ar bith idir an cúigiú bliain agus an deichiú bliain ón dáta a eisíodh an stoc tosaíochta nó nuair a dhéantar tairiscint don bhanc nó athrú rialaithe eile, cibé is tuisce a tharlaíonn.

---

<sup>19</sup> Ag teacht le hAcht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000.

<sup>20</sup> Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin agus an Achta Forálacha Ilghnéitheacha 2009.

<sup>21</sup> Socraíodh praghas feidhmithe bharántais Bhanc na hÉireann ag €0.52 do 177,213,784 scair agus ag €0.20 do 157,523,364 scair. Is é an praghas feidhmithe do bharántais do Bhainc-Aontais Éireann ná €0.975 do 155,780,375 scair agus €0.375 do 138,471,444 scair.

## Ceartha a Ghabhann le Scaireanna Tosaíochta

Is éard iad scaireanna tosaíochta ná cineál scairchaipiteal a thugann ceartha ar leith, lena n-áirítear íocaíocht tosaíochta ar dhíbhinn ar bith. Rangaíonn na hinfheistíochtaí díreacha i Scaireanna Tosaíochta Bhanc na hÉireann agus Bhainc-Aontais Éireann *pari passu*<sup>22</sup> le Gnáthscaireann i leachtú ar bith agus rangaíonn an díbhinn bhliantúil *pari passu* le héilimh dhíbhinne Scaireanna Tosaíochta eile agus chun tosaigh ar dhíbhinní scairchaipiteal. Ina theannta sin, de bhun na hinfheistíochta, féadfaidh an tAire 25% stiúrthóirí a cheapadh chuig gach banc agus faigheann an NPRF 25% gnáthchearta vótála i leith athraithe rialaithe agus ceapachán an bhoird.

## Ranníocaíochtaí Breise

4.6 Íocadh €1.4 billiún breise<sup>23</sup> ón Státhchiste chuig an NPRF 2009 chun cur le maoiniú na n-infheistíochtaí díreacha sa dá bhanc.

4.7 Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 aistríodh sócmhainní na gcistí pinsin ó ocht gcomhlacht Stáit agus ollscoil neamhthráchtála chuig an NPRF an 31 Nollaig 2009. Chinn an Coimisiún i gcomhchomhairle leis an Aire gurb ionann luach na sócmhainní a aistríodh agus €993 milliún. Tá na sócmhainní a aistríodh leagtha amach i bhfíor 19. Leanfaidh na scéimeanna pinsean a bhaineann leis na cistí sin i bhfeidhm do chomhaltaí atá ann cheana féin gan aon tionchar ar shochair nó ar sholáthairtí do chomhaltaí. Íocfar gach costas pinsean amach anseo, ar an gcéad ásc, ag an gComhlacht Stáit nó ollscoil iomchuí agus, ina dhiaidh sin, íocfaidh deontas Oireachtais iad in áit méideanna a bheadh iníochta ag na cistí pinsin.

4.8 Aistríodh sócmhainní chistí pinsin ó sé chomhlacht Stáit agus ollscoile neamhthráchtála eile chuig an gCoimisiún in 2010. Tá luach measta aistrithe iar-2009 thart ar €1 billiún.

<sup>22</sup> Sainmhínithe go ginearálta mar chearta comhionanna i dtéarmaí íocaíochta nó leibhéal sinsearachta.

<sup>23</sup> De réir Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin agus an Achta Forálacha Ilghnéitheacha 2009.



**Fíor 19 Sócmhainní Pinsin a Aistríodh chuig an NPRF amhail an 31 Nollaig 2009**

| <b>Comhlacht Stáit / Ollscoil atá Freagrach</b> | <b>Luach<br/>€m</b> |
|-------------------------------------------------|---------------------|
| An Comhairle Ealaíon                            | 2.5                 |
| An Bord Bia                                     | 15.7                |
| An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta   | 32.9                |
| FÁS                                             | 364.6               |
| Forfás                                          | 186.3               |
| Forbairt na Sionainne                           | 52.3                |
| Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad                | 58.5                |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath        | 280.5               |
|                                                 | <b>993.3</b>        |

**Luach an NPRF**

4.9 Sheas luach an NPRF ag €22.3 billiún amhail an 31 Nollaig 2009 (2008: €16.1 billiún) comhdhéanta d'infheistíochtaí lánroghnacha le luach margaidh de €15.3 billiún agus d'infheistíochtaí díreacha de €7 billiún a luacháladh ag costas faoi threoir ón Aire. Leagann Fíor 20 amach an ghluaiseacht san NPRF don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

**Fíor 20 Gluaiseachtaí maidir le Luach an NPRF do 2009**

|                                                                      |              |              | <b>€m</b>     |
|----------------------------------------------------------------------|--------------|--------------|---------------|
| Luach an NPRF amhail an 1 Eanáir 2009                                |              |              | <b>16,142</b> |
| <b>Méadú ar Luach an NPRF (lena n-áirítear aistrithe sócmhainní)</b> |              |              |               |
| <b>Ranníocaíochtaí</b>                                               |              |              |               |
| <b><i>Ranníocaíocht ón Státchiste</i></b>                            |              |              |               |
| Ranníocaíocht Bhliantúil Reachtúil                                   | 1,584        |              |               |
| Ranníocaíocht Bhreise                                                | 1,416        |              |               |
| Sócmhainní a aistríodh ó scéimeanna pinsin                           | <u>993</u>   | <b>3,993</b> |               |
| <b><i>Glan-ioncam</i></b>                                            |              |              |               |
| Glan-ioncam Infheistíochta Lánroghnaí (lúide costais)                | 386          |              |               |
| Glan-ioncam Infheistíochta Díreacha (lúide costais)                  | 56           |              |               |
| Méadú ar Luach na n-Infheistíochtaí Lánroghnacha                     | <u>1,758</u> | <b>2,200</b> | <b>6,193</b>  |
| <b>Luach an NPRF amhail an 31 Nollaig 2009</b>                       |              |              | <b>22,335</b> |
| <b>Tá sócmhainní an NPRF comhdhéanta de</b>                          |              |              |               |
| Infheistíochtaí Lánroghnacha                                         | 15,335       |              |               |
| Infheistíochtaí Díreacha                                             | 7,000        |              | <b>22,335</b> |

## Forbairtí ó Dheireadh na Bliana

### *Díbhinn Scair Tosaíochta a Íoc*

4.10 An 19 Feabhra 2010, d'íoc Banc na hÉireann an díbhinn €250 milliún a bhí dlite an uair sin. An 13 Bealtaine 2010, d'íoc Bainc-Aontais Éireann an díbhinn €280 milliún a bhí dlite ar a Scaireanna Tosaíochta, i bhfoirm Ghnáthscaireanna an bhainc. I ngach cás rinneadh an íocaíocht i bhfoirm Ghnáthscaireanna in áit íocaíocht airgid tirim.

4.11 Ba í an chúis ar íocadh le Gnáthscaireanna ná gur iarr an Coimisiún Eorpach nach n-íocfaí íocaíochtaí cúpóin lánroghnacha<sup>24</sup> ar Ionstraimí Caipitil Cisil 1 agus Uaschisil 2<sup>25</sup> i mBanc na hÉireann agus Bainc-Aontais Éireann fhad agus a bhí plean athstruchtúrtha an dá bhanc á mbreithniú aige. Ríomhadh líon na scaireanna a eisíodh in áit díbhinní airgid tirim trí thagairt do mhéid na díbhinne Scaire Tosaíochta roinnte ar an méanphraghas scaireanna sa 30 lá trádála roimh an dáta ar a raibh an íocaíocht díbhinne dlite. I ndiaidh eisiúna na scaireanna sin choinnigh an NPRF (lena n-áirítear scairshealbha beaga a bhí coinnte ina pórtfóilió innéacsaithe laistigh den phórtfóilió Infheistíochta Lánroghnaí cheana féin) 15.7% de Ghnáthscaireanna Bhanc na hÉireann in eisiúint agus 18.6% de Ghnáthscaireanna Bhainc-Aontais Éireann.

### *Infheistíocht a Chomhshó go Gnáthscaireanna*

4.12 An 30 Márta d'fhógair an tAire sonraí an chaipitil arna gcinneadh ag an Rialtóir Airgeadais a bheith riachtanach le go mbeadh na Baint in ann freastal ar a riachtanas cóimheasa caipitil Chiseal 1 de 8% agus bheadh 7% de sin mar chothromas. I gcás Bhanc na hÉireann b'ionann sin agus riachtanas cothromais breise de €2.7 billiún agus i gcás Bhainc-Aontais na hÉireann b'ionann sin agus riachtanas cothromais breise de €7.4 billiún ar an laghad. Ina ráiteas, dúirt an tAire go dtabharfadh an Stát tacaíocht don dá bhanc caipiteal a chruinniú chun freastal ar na caighdeáin chaipitil nua sin.

- I gcás Bhanc na hÉireann thabharfaí an tacaíocht sin trí chuid de Scaireanna Tosaíochta an NPRF a chomhshó go Gnáthscaireanna.
- I gcás Bhainc-Aontais na hÉireann dhéanfaí é a sholáthar trí thiomantas cuid de Scaireanna Tosaíochta nó gach Scair Tosaíochta an NPRF a chomhshó go gnáthchothromas de réir mar is gá. Dá dteastódh breis chaipiteal dhéanfaí é a sholáthar trí infheistíocht ón gCoimisiún i nGnáthscaireanna.

4.13 In Aibreán 2010, d'fhógair Banc na hÉireann plean chun €3.4 billiún caipitil cothromais a bhailiú trí láithriú scaireanna agus eisiúint chearta. Thug an tAire treoir don Choimisiún de réir reachtaíochat cumasaithe<sup>26</sup> páirt a ghlacadh i láithriú scaireanna agus eisiúint chearta de réir téarmaí Chomhaontú Idirbheartaíochta le Banc na hÉireann. Faoi théarmaí an Chomhaontaithe

- Chomhaontaigh an Coimisiún suibscríobh le haghaidh 576 milliún aonad Gnáthscaireanna ag costas €1.80 an aonaid, trí chomhshó na Scaireanna Tosaíochta go Gnáthstoc ag costas €1 an aonaid.
- D'athcheannaigh Banc na hÉireann, ina n-iomláine, na barántais a eisíodh i gcomhar leis an Stoc Tosaíochta do €491 milliún in airgead tirim.

<sup>24</sup> Tá íocaíocht dhíbhinn airgid tirim ar scaireanna tosaíochta faoi réir ag ceadú an Bhoird. Muna n-íocfar an díbhinn in airgead tirim gheobhaidh an ciste luach na díbhinne i ngnáthscaireanna.

<sup>25</sup> Tagraíonn ionstraimí caipitil le scairchaipiteal agus gnáthstoc a íocadh. Tagraíonn Uaschiseal 2 d'fhófiacha ar leith lena n-áirítear na scaireanna tosaíochta a shealbhaítear sa dá bhanc.

<sup>26</sup> Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin agus an Achta Forálacha Ilghnéitheacha 2009.

- Chomhaontaigh an Coimisiún a bheith rannpháirteach in eisiúint chearta Bhanc na hÉireann, ag glacadh an leithroinnte iomláine a bhfuil sé i dteideal a fháil, bunaithe ar a shealbhaíocht Ghnáthstoc i ndiaidh an láithrithe scaireanna. Íocadh comaoín na scaireanna a ceannaíodh faoin eisiúint chearta trí 627 milliún Scaireanna Tosaíochta a chomhshó bunaithe ar chostas de €0.55.
- Tháinig méadú ó 8% go dtí 10.25% ar chúpón na 1,837,041,304 Scair Tosaíochta a bhí fágtha.

4.14 I ndiaidh na n-idirbheart sin, is ionann sealúchas an NPRF i nGnáthscaireanna Bhanc na hÉireann agus 36%. Fuair an NPRF, i dteannta leis an €491 milliún i leith na mbarántas, €52 milliún i dtáillí idirbheart faoin gComhaontú Idirbheart (táille idirbheart €22 milliún, táillí láithrithe scaireanna €10 milliún, táille frithgheallta €19 milliún agus táille dreasachta i leith eisiúna cearta €800,000). B'ionann luach margaidh a scairseilbh amhail an 30 Meitheamh agus €1.3 billiún agus b'ionann parluach a Scaireanna Tosaíochta agus €1.8 billiún.

### *Luacháil na nInfheistíochtaí Díreacha*

4.15 Ina ráitis airgeadais 2009 luachálann an Coimisiún na Scaireanna Tosaíochta ag costas de réir an treoir a fuarthas ón Aire agus luacháladh na barántais chomhromaí ag nialas.

4.16 Bhreithnigh an Coimisiún agus ráitis airgeadais 2009 á n-ullmhú aige cibé an raibh fianaise ann go ndearnadh na hinfeistíochtaí díreacha a lagú agus go mbeadh sé iomchuí soláthar do lagú a aithint agus chinn sé, ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos, nach raibh soláthar den chineál sin iomchuí.

4.17 Thug Banc na hÉireann láithriú scaireanna agus eisiúint cearta i gcríoch go rathúil in 2010. Ba fhianaise í comhshó €1.7 billiún de Scaireanna Tosaíochta an NPRF go nGnáthscaireanna Bhanc na hÉireann ar bhonn Scaireanna Tosaíochta a mhalartú ar par do Ghnáthscaireanna ag costas margaidh nuair a tharla an t-idirbheart nár fhulaing na Scaireanna Tosaíochta sin lagú.

4.18 Tháinig feabhas suntasach ar staid na Scaireanna Tosaíochta a bhí fágtha a rangáionn chun tosaigh ar an scairchaipiteal cothromaí, ón margadh agus ón chomhshó na Scaireanna Tosaíochta araon, mar thoradh ar an scairchaipiteal cothromaí breise a gineadh san eisiúint chearta. Bhainfeadh luacháil ar na Scaireanna Tosaíochta atá fágtha leas as ardú sa ráta cúpóin ó 8.0% go dtí 10.25%.

4.19 Ina theannta sin, tá an dóthain caipitil déanta ar an mbanc chun freastal ar riachtanais an Rialtóra Airgeadais.

4.20 Bhí sé beartaithe ag Bainc-Aontais Éireann caipiteal a bhailiú ó fhoinsí príobháideacha agus trí roinnt sócmhainní thar lear a dhiúscairt chun freastal ar riachtanais chaipitil an Rialtóra Airgeadais. Chomh fada agus nach bhfuil Bainc-Aontais Éireann in ann an dóthain chaipiteal seachtrach a bhailiú, tá sé tugtha le fios ag an Aire go gcomhshófaidh sé na Scaireanna Tosaíochta de réir mar is gá. Cé go bhfuil neamhchinnteacht ann i gcónaí faoin toradh deiridh, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún go bhfuil aon dochar déanta d'infheistíocht dhíreach sa bhanc sin.

4.21 Amhail an 30 Meitheamh 2010, b'ionann luach na n-infheistíochtaí díreacha agus €6.8 billiún a bhí comhdhéanta de luacháil mhargaidh na nGnáthscaireanna (€1.5 billiún) agus costas fála bunaidh na Scaireanna Tosaíochta. (€5.3 billiún). Níl an €0.5 billiún in airgead tirim a fuair an NPRF i mí an Mheithimh 2010 i ndiaidh chomhshó infheistíocht Bhanc na hÉireann go nGnáthscaireanna san áireamh.

## Conclúid

Luacháladh an ciste ag €22.3 billiún ag deireadh 2009. Bhí €7 billiún den luach sin comhdhéanta d'infheistíochtaí díreacha. Leanadh ag lua na n-infheistíochtaí díreacha ag costas ag deireadh 2009 agus níor mheas an Coimisiún go raibh lagú déanta ar a luach.

Ó 31 Nollaig i leith, laghdaíodh parluach Scaireanna Tosaíochta Bhanc na hÉireann go dtí €1.8 milliún i ndiaidh chomhshó iarmhéid na hinfeistíochta €3.5 billiún bunaidh go Gnáthscaireanna.

## Caibidil 5

---

### Rialtas Láir

**Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí  
Poiblí Príobháideacha**



# Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

5.1 Is é atá i gComhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (CPP) ná socrú idir comhpháirtithe de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí chun bonneagar poiblí agus/nó seirbhísí Poiblí a sholáthar.

5.2 De ghnáth, is é a bhíonn i dtionscadal CPP ná conradh foirmiúil idir gníomhaireacht rialtais agus comhpháirtí príobháideach, ar conradh é ina ngeallann an comhpháirtí sin saoráidí agus/nó seirbhísí sonraithe a sholáthar le linn ré an chonartha. Go hiondúil, is ionann sin agus tréimhse 25 go 30 bliain, cé gur tréimhse suas go 45 bliana atá ann i roinnt conartha in earnáil na mbóithre. Déantar rioscaí tionscadail, ar cuid de gach conradh fadtéarma iad, a chomhroinnt idir comhpháirtithe na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí, ach sin ag brath ar cén comhpháirtí is fearr ar feidir leis déileáil leo. Faoin bpróiseas CPP, coimeádann an Stat úinéireacht ar na sócmhainní ar fud thréimhse an chonartha. Ag deireadh thréimhse an chonartha, glacann an ghníomhaireacht urraíochta Rialtais freagracht as cothabháil agus oibriú leanúnach na sócmhainní.

5.3 Maidir leis an struchtúr a chuirtear i bhfeidhm chun cúiteamh a thabhairt do chomhpháirtí na hearnála príobháidí as na sócmhainní a fhorbairt agus as na seirbhísí a éilítear a sholáthar, ní hionann é i ngach cás agus bíonn impleachtaí éagsúla i gceist, i dtéarmaí na ngealltanais airgeadais, do na comhlachtaí urraíochta poiblí (féach Fíor 21). I gcuid mhór cásanna, glacann urraitheoirí poiblí an tionscadail gealltanais conarthacha orthu féin chun íocaíochtaí rialta a dhéanamh le comhpháirtí na hearnála príobháidí thar ré an tionscadail. I gcásanna eile, déantar tionscadail a cheapadh ar bhonn lamháltais ar tríd a fhaigheann comhpháirtí na hearnála príobháidí cuid den chúiteamh, nó an cúiteamh go léir, i bhfoirm muirear a fhorchuirtear ar úsáideoirí na seirbhíse.

## Fíor 21 Cineál Airgeadais Socruithe CPP

### Tionscadail íocaíochta aonadaí

Bíonn na tionscadail seo ann nuair a dhéanann an ghníomhaireacht urraíochta poiblí íocaíochtaí rialta (in aghaidh na míosa, na ráithe nó na bliana) thar théarma an chonartha le comhpháirtí na hearnála príobháidí, ach sin faoi réir an comhlíonadh a bheith sásúil i dtaca le saoráidí comhaontaithe a sholáthar de réir an chaighdeáin riachtanaigh. De ghnáth, bíonn cuid den íocaíocht aonadach (nó cuimsitheach) socraithe thar ré an chonartha agus bíonn méideanna éagsúla i gceist leis an bhfuilleach i gcomhréir le luaineachtaí praghaís (an Treoirphraghas do Thomhaltóirí, go hiondúil). Bíonn an difríocht idir na gnéithe seasta agus na gnéithe athraitheacha éagsúil ó thionscadal go tionscadal.

### Tionscadail íocaíochta iomláine caipitiúla

San earnáil uisce agus dramhuisce, déantar cuid mhór Tionscadal CPP a áirithiú ar bhonn deartha, tógála, oibrithe agus cothabhála (DTCO). Sna cásanna sin, soláthraíonn an Státchiste an maoiniú caipitiúil Iomlán (mar a tharla go traidisiúnta) rud a fhágann nach mbíonn aon chostais chaipitiúla nó maoiniúcháin le haisiúc thar ré an tionscadail. Tá costais bhliantúla oibrithe (arna n-íoc ag na húdaráis áitiúla iomchuí) bunaithe ar an méid uisce/dramhuisce a bhfuil cóireáil le déanamh air.

### Tionscadail lamháltais

Maidir le tionscadail lamháltais, íocann úsáideoirí na seirbhíse táillí le comhpháirtí na hearnála príobháidí e.g. gluaisteán ithe a úsáideann dola-bhóithre. D'fhéadfadh sé go n-íocfadh an Stát ranníocaíocht i gcomhair na gcostas caipitiúil a bhaineann leis an mbonneagar a sholáthar agus d'fhéadfadh sé go n-íocfadh sé fóirdheontais oibrithe freisin le linn thréimhse an chonartha. I gcás íocaíochtaí úsáideoirí a bheith níos mó ná na leibhéil thuartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh scóip ann chun an t-ioncam a chomhroinnt idir comhpháirtithe na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí.

**Scéimeanna atá bunaithe ar shócmhainní**

Sa chineál seo tionscadail, áirítear i ranníocaíocht na hearnála poiblí don tionscadal sócmhainn a sholáthar (talamh de ghnáth) agus déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn e.g. tionscadail tithíochta sóisialta/incheannaithe/príobháidí. I ndeireadh na dála, bíonn cuid mhór den mhaoiniú don chineál seo tionscadail ag brath ar dhíolacháin nó ar chíosanna ar an margadh oscailte maoine agus fágann na deacrachtaí leanúnacha sa mhargadh maoine go bhfuil cuid mhór forbairtí neamh-inmharthana. Go hiondúil, maireann tionscadail den sórt seo ar feadh tréimhse níos giorra (cúig go seacht mbliana) ná mar atá i gceist le tionscadail lamháltais nó le tionscadail íocaíochta aonadaí.

**Béim na Caibidle**

Tiomsaíodh an Chaibidil seo chun faisnéis a sholáthar faoi na gealltanais airgeadais arna ndéanamh ag ranna agus ag gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais lárnaigh faoi chonarthaí CPP.

**Achoimre ar Chaiteachas agus ar Ghealltanais**

5.4 In Iarscríbhinn A, liostaítear na mórtionscadail CPP<sup>27</sup>, amhail ag deireadh mhí na Nollag 2009, ar ina leith a bhí conarthaí déanta ag ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais lárnaigh mar ghníomhaireacht urraíochta a bhí gealltanais eile déanta acu maidir leis na tionscadail.

5.5 Go dtí deireadh na bliana 2009, ba é a bhí sa chaiteachas iomlán a thabhaigh ranna agus gníomhaireachtaí de chuid an rialtais lárnaigh faoi chonarthaí CPP ná méid a bhí corradh le €1.5 billiún (féach Fíor 22). Ba é a bhí sa chaiteachas sa bhliain faoi chonarthaí ná €321 mhilliún<sup>28</sup>.

<sup>27</sup> Ní áirítear tionscadail i gcás inar lú ná €20 milliún costas caipitiúil chruthú na sócmhainne.

<sup>28</sup> Bhí caiteachas breise ann i gcás ranna agus gníomhaireachtaí sa bhliain 2009 i ndáil le forbairt tionscadail CPP ach ní raibh sé sin ina chuid den chonradh le comhpháirtí na hearnála príobháidí. Mar shampla, chaith an Roinn Oideachais agus Scileanna €11.7 milliún ar chostais a bhain le tionscadail CPP, amhain láithreáin a fháil, comhairleoirí teicniúla agus dlíthiúla etc.



**Fíor 22 Caiteachas agus Gealltanais faoi chonarthaí CPP a bhí i bhfeidhm ag deireadh mhí na Nollag 2009, de réir roinne/gníomhaireachta**

| Roinn/gníomhaireacht                                        | An líon tionscadal a ndearnadh conarthaí ina leith | Caiteachas   |            | Gealltanais neamhíoctha <sup>a</sup> |
|-------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------|--------------|------------|--------------------------------------|
|                                                             |                                                    | Réamh 2009   | 2009       |                                      |
|                                                             |                                                    | €m           | €m         | €m                                   |
| Oideachas agus Scileanna <sup>b</sup>                       | 3                                                  | 139          | 29         | 525                                  |
| An tSeirbhís Chúirteanna                                    | 1                                                  | —            | —          | 634                                  |
| Turasóireacht, Cultúr agus Spórt/Oifig na nOibreacha Poiblí | 1                                                  | —            | —          | 754                                  |
| An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta                             | 10                                                 | 614          | 230        | 2,116                                |
| Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil <sup>c</sup>     | 18                                                 | 460          | 62         | 68                                   |
| <b>Iomlán</b>                                               | <b>33</b>                                          | <b>1,213</b> | <b>321</b> | <b>4,097</b>                         |

Foinse: Iarscríbhinn A

Nótaí:

- a Glactar leis gurb é a bheidh sa mheánbhoilsciú ná 2% sa bhliain thar ré na gconarthaí atá fágtha.
- b Ní áirítear beart-tionscadal scoileanna nua a ndearnadh conarthaí ina leith sa bhliain 2009 agus atá le tosú i Meán Fómhair 2010. Ar chúiseanna tráchtála, ní dhearna an Roinn Oideachais agus Scileanna nochtadh poiblí fós maidir le figiúr an ghealltanais i ndáil leis an Tionscadal sin
- c Is é atá sna méideanna a thaispeántar i ndáil le tionscadail arna gceadú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ná ranníocaíochtaí na Roinne i gcomhair an chostais chaipitiúil a bhaineann le tionscadail CPP de chuid údarás áitiúil. Ní áirítear iontu an caiteachas faoi na conarthaí as na húdaráis áitiúla iomchuí ná na gealltanais neamhíoctha a bheidh le híoc ag na húdaráis áitiúla as a mbuiséid féin amach anseo.

5.6 Meastar gurb é atá i ngealltanais iomlána neamhíoctha ranna agus ghníomhaireachtaí an Rialtais lárnaigh maidir le tionscadail CPP a ndearnadh conradh ina leith ná €4.1 billiún. Ní áirítear san fhigiúr sin an gealltanais arna thabhtú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chonradh CPP de chuid Mhárta 2009 chun beart ceithre scoil dara leibhéal a sholáthar ar scoileanna iad atá le teacht i seirbhís i Meán Fómhair 2010 (féach thíos).

5.7 Ar bhonn an chaiteachais a tabhaíodh go dtí deireadh na bliana 2009 agus ar ghealltanais mheasta neamhíoctha, táthar ag tuar gurb é a bheidh sa chaiteachas comhiomlán Státchiste i leith na dtionscadal CPP reatha a ndearnadh conradh ina leith ná €5.6 billiún.

## Gealltanais Ionchasacha Amach Anseo

5.8 Bhí líon suntasach eile tionscadal CPP á bhforbairt ag deireadh na bliana 2009 ach ní raibh siad ag céim an chonartha fós<sup>29</sup>. I gcás tionscadail scoile eile táthar tar éis teacht conradh a chomhaontú. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar na gealltanais airgeadais faoin gclár CPP de réir mar a shroicheann tionscadail eile céim an chonartha.

5.9 I bhfianaise chastacht an phróisis CPP agus na sásraí íocaíochta, tá sé deacair meastachán a dhéanamh ar ghealltanais ionchasacha amach anseo i leith tionscadal atá á bpleanáil fós. Bíonn costas tionscadail ag brath ar réimse gnéithe, lena n-áirítear sonraíocht an tionscadail, peirspictíochtaí maidir le riosca-phraghsáil agus maidir leis an gcostas a ghabhann le hiasachtaí a

<sup>29</sup> Déanann an Roinn Airgeadais bunachar sonraí rianaithe tionscadal a chothabháil agus a fhoilsiú agus liostaítear ann na tionscadail CPP go léir ag a bhfuil luach measta caipitiúil os cionn €20 milliún an ceann. Áirítear sa rianaitheoir aon tionscadail a bhfuil conradh ann ina leith agus a bhfuil comhairleoirí tionscadail ceaptha ina leith. Is iad na húdaráis urraíochta a thugann an fhaisnéis faoi gach tionscadal ar leith. Féach [www.ppp.gov.ie](http://www.ppp.gov.ie)

fháil sa mhargadh maoinithe tionscadail. Ní dhéantar na nithe sin a réiteach go dtí go sroicheann tionscadail céim an chonartha.

5.10 Tá sé réamh-mheastachán déanta ag an Roinn Airgeadais ar mhéid dóchúil chostais an Stáit i leith tionscadal CPP, agus iad ag glacadh leis go mbeidh an dul chun cinn de réir mar a bhí sceidealta i mí Iúil 2010. Cé go ndeirtear go bhfuil éiginnteacht ag baint le réamh-mheastacháin den sórt seo, tá siad á mheas gurb é a bheidh sa chaiteachas iomlán ionchasach ar thionscadail a bhfuil conradh déanta ina leith agus ar thionscadail a bhfuil súil le tosú na tógála maidir leo faoin mbliain 2016 ná tuairim is €24 bhilliún sa tréimhse 2010 go 2053. Táthar ag tuar gurb é a bheidh sa mheánchaiteachas €730 milliún in aghaidh na bliana thar thréimhse 30 bliain ó 2010 go 2040<sup>30</sup>.

## Conarthaí CPP sa bhliain 2009

5.11 Shroich dhá thionscadal CPP céim an chonartha le linn na bliana 2009. Is iad seo a leanas na tionscadail sin

- beart ceithre scoil dara leibhéal
- conradh chun saoráidí seirbhísí mótarbhealaigh a fhorbairt agus a oibriú.

### *An Chéad Bheart-Tionscadal Scoileanna*

5.12 I Meán Fómhair 2005, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta plean chun 27 scoil nua a sholáthar trí úsáid a bhaint as tionscadail CPP - 23 scoil iar-bhunoideachais agus 4 bhunscoil in 22 ionad (Clár Scoileanna CPP). Is é is cuspóir sonraithe an Chláir Scoileanna ná scoileanna nua a sholáthar i limistéir mear-fháis, cóiríocht nua a chur in ionad scoileanna láithreacha agus cóiríocht nua a sholáthar i gcás scoileanna a éiríonn as cónascadh scoileanna láithreacha.

5.13 Is é atá sa chéad bheart scoileanna a sainithníodh lena soláthar trí CPP ná ceithre scoil iar-bhunoideachais ar thrí láithreán san Fhéar Bán, i mBeannchar agus i bPort Laoise (dhá scoil), ar scoileanna iad ina mbeifear ag freastal ar 2,700 dalta san iomlán. Tá scóip an tionscadail comhchosúil le scóip an tionscadail píolóta scoileanna CPP (2001) i.e. dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil na scoileanna, agus an tionscadal a mhaoiniú thar ré an tionscadail.

5.14 Foilsíodh fógra in Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an 27 Meán Fómhair 2006 chun léiriú spéise a lorg maidir leis an gcéad bheart scoileanna. Tar éis próisis chomórtasaigh tairisceana, rinneadh an conradh le haghaidh an tionscadail a thabhairt do Macquarie Partnerships for Ireland (MPFI) ar an 6 Márta 2009. Tá tógáil na gceithre scoil ar fad le críochnú faoi Mheán Fómhair 2010. Maireann an conradh go ceann tréimhse 25 bliana ón dáta a osclaítear na scoileanna.

5.15 Maidir le dara beart-tionscadal scoileanna a bhaineann le cúig scoil dara leibhéal agus scoil amháin chéad leibhéil agus arb é MPFI an comhpháirtí earnála príobháidí atá ann ina leith freisin, shroich sé céim an chonartha i Meitheamh 2010.

<sup>30</sup> Ní áirítear sna méideanna tuartha seo íocaíochtaí i leith tionscadal uisce/dramhuisce ná na costais a ghabhann le conarthaí oibríochta amháin LUAS.

## ***Tionscadal na Seirbhísí Mótarbhealaigh***

5.16 Sa bhliain 2005, d'iarr an tAire Iompar ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas maidir le limistéir sheirbhísí a sholáthar ar mhótarbhealaí agus ar charrbhealaí dhá rian ardchaighdeán ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Mar thoradh ar an athbhreithniú, d'fhógair an tÚdarás straitéis chun limistéir sheirbhísí a sholáthar ag eatrainmh tuairim is 50 go 60 km, i gcás é a bheith indéanta, trí theaghlaim saoráidí a bheadh suite ar-líne agus as-líne (i.e. ag idirmhalartuithe nó gar d'idirmhalartuithe). I Meán Fómhair 2006, d'fhógair an tÚdarás go mbeadh sé bainteach go díreach le saoráidí limistéar seirbhísí ar-líne a fhorbairt mar thionscadail CPP.

5.17 Baineann an chéad tionscadal faoin gclár le dearadh, tógáil, oibriú agus maoiniú trí limistéar seirbhísí mótarbhealaigh: dhá cheann ar mhótarbhealach M1. Agus ceann amháin ar mhótarbhealach M4. I gcás gach ceann de na suímh, fónfaidh saoráidí ar an dá thaobh den mhótarbhealach dóibh, nó tabharfar rochtain ar na seirbhísí ón dá thaobh den mhótarbhealach. Beidh ionad forleathan páirceála, bialann/easrais bhia, stáisiún breosla, saoráidí leithris agus limistéar forfheidhmiúcháin Garda san áireamh sna saoráidí. Tuillfidh an comhpháirtí príobháideach ioncam ó oibriú na seirbhísí éagsúla miondíola a bheidh ar fáil agus gheobhaidh an NRA cuid den ioncam sin.

5.18 Rinneadh fógra conartha don chéad tionscadal limistéir seirbhísí a chur isteach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an 1 Bealtaine 2007. I mí Dheireadh Fómhair 2009, thug an NRA an conradh CPP don Chuibhreannas Superstop a bhfuil forbairt á déanamh acu faoi láthair ar na saoráidí i mBaile an Ghearlánaigh agus i Lusca (ar an M1) agus sa Bhóthar Buí ar an M4. Táthar ag súil go gcuirfear tús le soláthar na seirbhísí sa chuid deiridh den bhliain 2010.

5.19 Tá sé daingnithe ag an NRA gurb é a bheidh sa ghealltanais airgeadais iomlán poiblí faoin gconradh ná €47 milliún ar mhodh ranníocaíocht chaipitiúil tar éis an tógáil a chríochnú. Ní shamhlaítear go mbeidh aon íocaíochtaí aonadacha ann agus gheobhaidh an NRA sciar leanúnach den ioncam foriomlán.

## **Tionscadail CPP a Mhaoiniú**

5.20 Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) sa bhliain 2003 chun comhairle a thabhairt don Stát maidir leis an tslí is fearr chun maoiniú a thabhairt do thionscadail mhórsála infheistíochta caipitiúla poiblí<sup>31</sup>. Sa bhliain 2007, leathnaíodh cúraimí na Gníomhaireachta agus tugadh sainordú di áirithiú agus soláthar tionscadal CPP i ngach earnáil, ar leith ó iompar agus rialtas áitiúil, a ghlacadh ar láimh. Oibríonn an GAFN faoi chúram Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

## ***Tionchar na Géarchéime Airgeadais ar Thionscadail CPP***

5.21 Roimh an ngéarchéim airgeadais, bhí sé mar cheanglas de chuid na socruithe le haghaidh na gcomórtas CPP go léir go ndéanadh gach ceann de na cuibhreannais a bhí ag déanamh tairisceana maidir leis an deis a dtéarmaí maoiniúcháin gheallta a thíolacadh tráth na tairisceana. Bhí litreacha tacaíochta ó bhainc ann in éineacht le tairiscintí, inar daingníodh na téarmaí baincéireachta a bhí beartaithe agus inar léiríodh sástacht na mbanc leis na doiciméid dhlíthiúla agus le gach gné theicniúil den tionscadal. De ghnáth, rinneadh na téarmaí baincéireachta a choimeád ansin go dtí an clabhsúr airgeadais – tréimhse éiginnte ach idir sé mhí agus 12 mhí i

<sup>31</sup> Rinneadh scála na dtionscadal a thagann faoi chúram an GAFN a shainiú ar dtús mar thionscadal a mbeadh luach caipitiúil measta €20 milliún nó níos mó acu. Leasaíodh an méid sin ina dhiaidh sin ionas gur tionscadail a mbeadh luach caipitiúil measta €30 milliún nó níos mó acu i gceist.

gcoitinne<sup>32</sup>. Ó tharla go raibh baint ag oibriú go heisiach de ghnáth chun tacú leis na tairiscintí arna dtíolacadh ag gach cuibhreannas, d'fhéadfadh líon suntasach banc a bheith i gceist i ngach comórtas. Bhí an cur chuige maidir le soláthar maoiniúcháin i gcomhréir le cleachtas idirnáisiúnta margaidh.

5.22 Tá dochar déanta ag an ngéarchéim airgeadais leanúnach don mhaoiniúchán do gach infheistíocht agus tá sí ina cúis le laghdú ar an líon banc atá toilteanach maoiniúchán fadtéarma a sholáthar do gach cineál tionscadail. I gcoitinne, níl na baint toilteanach anois téarmaí a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná trí mhí ar a mhéad, i gcás iad a bheith toilteanach ar chor ar bith, agus tá na méideanna atá á dtairiscint le haghaidh rannpháirtíocht i dtionscadail ar leithligh níos ísle, i gcoitinne, ná mar a bhí san am atá caite. Is é a leanann as sin ná go bhfuil gá le líon níos mó banc chun ag maoiniúchán riachtanach a chur le chéile. De bhreis air sin, níl socrúithe sindeacáite ar tríothu a fhrithgheallann banc amháin nó níos mó an fiach ar fáil a thuilleadh agus déanann gach banc téarmaí agus coinníollacha maoiniúcháin a chaibidil go leithleach agus tugtar club-infheistíochtaí (club deals) ar an nósmaireacht sin. Dá dheasca sin, níl tairgeoirí ionchasacha ábalta, i gcoitinne, téarmaí maoiniúcháin lán-gheallta a sholáthar tráth na dtairiscintí.

5.23 Tá sé ráite ag an GAFN go ndearna sí, ar mhaithe le déileáil leis an bhfadhb seo maidir le leachtacht, socrú le haghaidh “comórtas maoiniúcháin don tairgeoir is fearr” a thabhairt isteach i gcás tionscadal CPP a áirithíodh le déanaí, agus go ndearnadh amhlaidh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha i ndlínsí eile atá san iomaíocht maidir le maoiniúchán príobháideach teoranta CPP. Is é atá i gceist leis sin ná an ceanglas maidir le téarmaí maoiniúcháin gheallta a iarchur go dtí go gceaptar an tairgeoir is fearr tar éis tairiscintí a mheasúnú. Is é is éifeacht leis an gcur chuige sin ná laghdú a dhéanamh ar an bhfad ama ar lena linn nach mór téarmaí baincfeireachta a choimeád agus ar an líon banc nach mór gealltanais a fháil uathu. Measann an GAFN go mbeadh sé seo infheidhme go háirithe i gcás ina bhféadfadh bacainní pleanála a bheith ann don Chuideachta CPP.

5.24 D'fhéadfadh sé, mar gheall ar an gcur chuige maidir le comórtas maoiniúcháin don tairgeoir is fearr, go bhfadófaí an t-amscála i dtaca le teacht ar chomhaontú deiridh conartha. Nuair a dhéantar comparáid leis an rogha chun maoiniúchán geallta a lorg ag céim na tairisceana, tá baol ann freisin, mar gheall ar an gcur chuige seo, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le togra an tairgeora is fearr, ag céim na tairisceana, a chaibidil athuair tar éis scrúduithe díchill chuig ag baint. Sa chás is déanaí atá luaite, bheifí tar éis leasuithe ar an tionscadal, arna n-éileamh ag an mbanc/na baint, san áireamh cheana féin sa togra ag céim na tairisceana.

### ***Infheistíochtaí Cistí Pinsin i CPP-anna***

5.25 Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chun freastal ar an oiread is féidir de na costais ar an Státchiste de bharr pinsean leasa shóisialaigh agus pinsean seirbhíse poiblí a bheadh le híoc ó 2025 go dtí 2055 ar a laghad. Tá Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean freagrach as infheistiú an CNP de réir a bheartais reachtúil infheistíochta, is é sin, na fáлтаis airgeadais is fearr is feidir a lorg. Mar infheistíocht fhadtéarma, is ionann bonneagar agus aicme sócmhainne nádúrtha don CNP agus tá fonn air rochtain a fháil ar dheiseanna infheistíochta CPP i gcás ina sásaíonn na saintréithe riosca/fáлтаis a shainordú reachtúil infheistíochta tráchtála. Trí úsáid a bhaint as comórtais maoiniúcháin don tairgeoir is fearr, tá deis iontrála sa mhargadh ag an CNP.

<sup>32</sup>

De ghnáth, bheadh luaineachtaí sna rátaí margaidh san áireamh sna téarmaí a bhíonn á mbeartú, is é sin, idir an dáta a dtíolactar an tairiscint agus dáta an chlabhsúir airgeadais. Dá dhroim sin, bheadh riosca ráta úis á iompar ag an ngníomhaireacht urraíochta go dtí go síneofaí an conradh.

5.26 Oibríonn an GAFN agus an CNP araon faoi chúram Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Is comhlachtaí ar leithligh iad an GAFN agus an CNP, áfach, agus tá a gcuid bord féin acu mar aon lena gcúraimí dlíthiúla féin agus a bpróisis féin maidir le cinntí a dhéanamh. In aon pléití idir an dá chomhlacht, go háirithe maidir le comórtais maoiniúcháin CPP, tá oibleagáid dhian ann a chinntiú nach dtagann an CNP chun bheith i seilbh aon faisnéise a thabharfadh buntáiste di thar soláthróirí airgeadais ionchasacha eile.

5.27 Ní dócha go n-éireoidh deis ionchasach maoiniúcháin don CNP go dtí deireadh na bliana 2010 ar a luaithe.

## Conclúid

Meastar gurb é atá i ngealltanais iomlána neamhíoctha ranna agus ghníomhaireachtaí an Rialtais lárnaigh maidir le tionscadail CPP a ndearnadh conradh ina leith ná €4.1 billiún. Bhí líon suntasach eile tionscadal CPP á bhforbairt ag deireadh na bliana 2009 ach ní raibh siad ag céim an chonartha fós.

Á ghlacadh leis go rachaidh na tionscadail ar aghaidh de réir mar a bhí sceidealta i mí Iúil 2010, Tá an Roinn Airgeadais á mheas gurb é a bheidh sa chaiteachas ionchasach Iomlán ar thionscadail a bhfuil conarthaí ann ina Leith faoi láthair agus atá le tosú faoin mbliain 2016 ná suim tuairim is €24 bhilliún sa tréimhse ó 2010 go 2053. Táthar ag tuar gur é a bheidh sa mheánchaiteachas ná €730 sa bhliain thar an tréimhse 30 bliain ó 2010 go 2040.



## **Iarscríbhinn A    Caiteachas suas go deireadh 2009 agus gealltanais neamhíoctha ar chonarthaí mórthionscadal CPP, de réir gníomhaireachta earnaíla poiblí agus de réir tionscadail**

Sa tábla seo, liostaítear na tionscadail ar leithligh arna dtuairisciú ag na ranna/gníomhaireachtaí faoi seach. Níl san áireamh ach gealltanais/caiteachas i ndáil le tionscadail lena ngabhann luach measta forbartha caipitiúla €20 milliún nó níos mó.

Bhí achoimre ar na tionscadail ar leithligh a raibh conarthaí ann ina leith suas go deireadh na bliana 2008 sa áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2008 (leathanaigh 29 go 34).

### ***Boilsciú***

Is méideanna tuartha iad méideanna na ngealltanais ar an mbonn go nglactar leis gurb é a beidh sa mheánráta boilscithe ná 2% thar an gcuid atá fágtha de ré gach tionscadail. Tá CBL san áireamh i ngach méid (ach amháin i gcás ina luaitear a mhalairt)

### ***Scóip thionscadail CPP***

D'fhéadfadh gach ceann, nó roinnt, de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna gnéithe atá faoi réim scóip an tionscadail (de réir mar a thaispeántar sa tábla):

- D** dearadh na seirbhíse/an bhonneagair
- T** tógáil/foirgníocht/leathnú/athnuachan sócmhainní caipitiúla
- A** airgeadas a sholáthar (e.g. cothromas príobháideach agus iasachtaí a sholáthar/áirithiú; muirir úsáideoirí a bhailiú)
- O** sócmhainní a oibriú (e.g. saoráidí bainistíochta; foireann seirbhísí a fhostú)
- C** sócmhainní a chothabháil thar ré an chonartha.

| An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail                              | Scóip an tionscadail | Dátaí tábhachtacha sa chonradh |                  |                                | Caiteachas        |            |                               |                                 |
|-------------------------------------------------------------------------|----------------------|--------------------------------|------------------|--------------------------------|-------------------|------------|-------------------------------|---------------------------------|
|                                                                         |                      | Dáta sínithe an chonartha      | Tús na seirbhíse | Dáta críochnaithe an chonartha | Réamh -2009<br>€m | 2009<br>€m | Gealltanais sa todhchaí<br>€m | Caiteachas iomlán tuartha<br>€m |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna                                      |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| Beart píolótach scoileanna CPP                                          | DTOAC                | Samhain 2001                   | 2003             | 2027                           | 74.3              | 11.7       | 197.0                         | 283.0                           |
| An Coláiste Muirí                                                       | DTOAC                | Feabhra 2003                   | 2004             | 2029                           | 45.6              | 8.7        | 137.4                         | 191.7                           |
| Scoil Cheoil Chorcaí                                                    | DTOAC                | Meán Fómhair 2005              | 2007             | 2032                           | 19.3              | 9.0        | 190.7                         | 219.0                           |
| An chéad bheart scoileanna CPP <sup>a</sup>                             | DTOAC                | Márta 2009                     | 2010             | 2035                           | —                 | —          | larchoimeádta                 | larchoimeádta                   |
| An dara beart scoileanna CPP                                            | DTOAC                | Meitheamh 2010                 | 2011             | 2036                           | —                 | —          | larchoimeádta                 | larchoimeádta                   |
| An tSeirbhís Chúirteanna                                                |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla                                     | DTOAC                | Aibreán 2007                   | 2009             | 2035                           | —                 | —          | 634.1                         | 634.1                           |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt/Oifig na nOibreacha Poiblí |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| An Lárionad Náisiúnta Comhdhála                                         | DTOAC                | Aibreán 2007                   | 2010             | 2035                           | —                 | —          | 754.0                         | 754.0                           |
| An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta <sup>b</sup>                            |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| Cill Coca/Cionn Átha Gad                                                | Lamháltas            | Márta 2003                     | 2005             | 2033                           | 168.4             | 0.9        | 7.9                           | 177.2                           |
| Seachród Iartharach Dhún Dealgan                                        | Lamháltas            | Feabhra 2004                   | 2005             | 2034                           | 0.2               | 2.0        | 4.3                           | 6.5                             |
| Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí                                       | Lamháltas            | Meitheamh 2004                 | 2006             | 2034                           | 90.9              | 7.0        | 52.7                          | 150.6                           |
| Seachród Chathair Phort Láirge                                          | Lamháltas            | Aibreán 2006                   | 2009             | 2036                           | 94.5              | 12.5       | 95.5                          | 202.5                           |
| Tollán Luimnigh                                                         | Lamháltas            | Lúnasa 2006                    | 2010             | 2041                           | 115.6             | 44.9       | 88.7                          | 249.2                           |
| Cluain Aodha/Ceanannas                                                  | Lamháltas            | Aibreán 2007                   | 2010             | 2052                           | 111.2             | 124.1      | 479.7                         | 715.0                           |
| Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe                                          | Lamháltas            | Aibreán 2007                   | 2009             | 2037                           | 18.5              | 25.3       | 319.4                         | 363.2                           |



| An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail                               | Scóip an tionscadail | Dátaí tábhachtacha sa chonradh |                  |                                | Caiteachas        |            |                               |                                 |
|--------------------------------------------------------------------------|----------------------|--------------------------------|------------------|--------------------------------|-------------------|------------|-------------------------------|---------------------------------|
|                                                                          |                      | Dáta sínithe an chonartha      | Tús na seirbhíse | Dáta críochnaithe an chonartha | Réamh -2009<br>€m | 2009<br>€m | Gealltanais sa todhchaí<br>€m | Caiteachas iomlán tuartha<br>€m |
| Port Laoise/An Chúlchoill                                                | Lamháltas            | Meitheamh 2007                 | 2010             | 2037                           | 15.0              | 12.9       | 58.9                          | 86.8                            |
| Uasghrádú an M50                                                         | DTAOC                | Meán Fómhair 2007              | 2007             | 2042                           | —                 | —          | 961.5                         | 961.5 <sup>c</sup>              |
| Limistéir Sheirbhísí Mótarbhealaigh                                      | Lamháltas            | Deireadh Fómhair 2009          | 2010             | 2034                           | —                 | —          | 47.0                          | 47.0                            |
| <b>An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil<sup>d</sup></b> |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| <b>Tionscadail Chóireála Séarachta</b>                                   |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| Gléasra cóireála Bhá Bhaile Átha Cliath                                  | DTC                  | Márta 2001                     | 2003             | 2024                           | 194.8             | 6.4        | 15.5                          | 216.7                           |
| Gléasra cóireála Loch Garman                                             | DTOC                 | Iúil 1999                      | 2004             | 2026                           | 18.3              | —          | —                             | 18.3                            |
| Gléasra cóireála Chorcaí                                                 | DTOC                 | Nollaig 2001                   | 2004             | 2027                           | 65.2              | —          | —                             | 65.2                            |
| Gléasra cóireála Bhaile Brigín/na Sceirí                                 | DTOC                 | Meán Fómhair 2004              | 2006             | 2028                           | 23.8              | —          | —                             | 23.8                            |
| Grúpa ghléasra cóireála Thiobraid Árann Theas                            | DTOC                 | Márta 2003                     | 2007             | 2029                           | 11.9              | 1.3        | 0.4                           | 13.6                            |
| Gléasra cóireála Dhún Garbhán                                            | DTOC                 | Aibreán 2004                   | 2007             | 2029                           | 11.5              | —          | 2.2                           | 13.7                            |
| Gléasra cóireála Shligigh                                                | DTOC                 | Meán Fómhair 2006              | 2008             | 2030                           | 18.0              | —          | —                             | 18.0                            |
| Grúpa ghléasra cóireála Dhún na nGall (A)                                | DTOC                 | Meitheamh 2006                 | 2008             | 2030                           | 22.8              | —          | 1.3                           | 24.1                            |
| Gléasra cóireála Phort Láirge                                            | DTOC                 | Meán Fómhair 2006              | 2010             | 2033                           | 18.0              | 1.1        | 13.6                          | 32.7                            |
| Gléasra cóireála Phort Laoise                                            | DTOC                 | Nollaig 2006                   | 2009             | 2031                           | 16.0              | 2.1        | 1.5                           | 19.6                            |

| An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail  | Scóip an tionscadail | Dátaí tábhachtacha sa chonradh |                  |                                | Caiteachas        |            |                               |                                 |
|---------------------------------------------|----------------------|--------------------------------|------------------|--------------------------------|-------------------|------------|-------------------------------|---------------------------------|
|                                             |                      | Dáta sínithe an chonartha      | Tús na seirbhíse | Dáta críochnaithe an chonartha | Réamh -2009<br>€m | 2009<br>€m | Gealltanais sa todhchaí<br>€m | Caiteachas iomlán tuartha<br>€m |
| Grúpa ghléasra cóireála shráidbhailte na Mí | DTOC                 | Deireadh Fómhair 2007          | 2010             | 2032                           | 12.3              | 9.0        | 0.3                           | 21.6                            |
| Gléasra cóireála an Mhuillinn Ghearr        | DTOC                 | Aibreán 2008                   | 2010             | 2032                           | 6.4               | 9.7        | —                             | 16.1                            |
| Gléasra cóireála Chaisleán an Bharraigh     | DTOC                 | Meán Fómhair 2008              | 2010             | 2032                           | 0.6               | 4.8        | 6.0                           | 11.4                            |
| Gléasra cóireála Sheangánaí                 | DTOC                 | Meán Fómhair 2008              | 2010             | 2034                           | 6.7               | 19.9       | 25.5                          | 52.1                            |
| Gléasra cóireála Chill Mhantáin             | DTOC                 | Meán Fómhair 2007              | 2009             | 2031                           | 10.9              | 7.3        | 1.2                           | 19.4                            |
| <b>Scéim chóireála uisce</b>                |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| Tionscadal cóireála uisce Clareville        | DTOC                 | Nollaig 2006                   | 2010             | 2030                           | 22.5              | —          | —                             | 22.5                            |
| <b>Tionscadail forbartha limistéir</b>      |                      |                                |                  |                                |                   |            |                               |                                 |
| Athfhorbairt Fatima Mansions                | DTA                  | Meitheamh 2004                 | 2006             | 2009                           | —                 | —          | —                             | —                               |
| Forbairt chuain na gCloch Liath             | DTOA                 | Nollaig 2007                   | 2012             | 2012                           | —                 | —          | —                             | —                               |

## Nótaí:

- a Ar chúiseanna tráchtála, níl aon fhaisnéis á nochtadh go poiblí fós ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis na gealltanais tuartha airgeadais faoi na conarthaí seo.
- b I gcás conarthaí lamháltais de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, is ionann Luach Tuartha Iomlán na gConarthaí agus na híocaíochtaí iomlána a bhfuiltear ag súil lena ndéanamh leis na cuideachtaí CPP lena mbaineann thar ré an chonartha. Faigheann na cuideachtaí CPP tairbhe chomh maith ó mhuirir úsáideoirí, rud a rannchuidíonn lena gcostais chaipitiúla agus oibríochta. Mar chuid de na conarthaí, tá sásra comhroinnte ioncaim ann ar tríd a fhaigheann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta cuid den ioncam ó na dolaí.
- c Níl CBL san áireamh.
- d Níl sonraí údarás áitiúil san áireamh sna sonraí faoi chaiteachas/ghealltanais.

## Caibidil 6



### Rialtas Láir

### Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta



## Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta

6.1 Éilítear freagairtí comhbheartaithe beartais, rialála agus airgeadais phoiblí i gcónaí chun déileáil leis an ngéarchéim leanúnach sna margaí airgeadais domhanda agus na laigí struchtúrtha a nochtadh dá bharr in earnáil baincéireachta na hÉireann. Dhírigh na freagairtí tosaigh ar an ngéarchéim — ag deireadh 2008 agus ag tús 2009 — ar smacht a choimeád ar an bhfadhb, go príomha trí thacaíocht leachtachta agus ráthaíochtaí i gcomhair dliteanas bainc. Ó shin i leith, tá freagairtí beartais ag díriú níos mó ar bhunfhadhbanna sistéamacha a réiteach trí raon beart chun bainc a athstruchtú agus iasachtú bainc a spreagadh, lena n-áirítear iasachtaí anásta a cheannach, ráthaíochtaí leanúnacha ar dhliteanais bhaincéireachta agus instealltaí caipitil. Glacadh bearta chomh maith chun aghaidh a thabhairt ar na teipeanna ar rialáil agus dearmaid san earnáil airgeadais a chur le déine thionchar na géarchéime airgeadais domhanda in Éirinn.

6.2 Tá suim mhór chistí poiblí caite mar thoradh ar roinnt de na bearta cobhsaíochta airgeadais, nó tiomantais a dhéanamh do chaiteachas amach anseo. Éiríonn dliteanais shuntasacha theagmhasacha as bearta eile.

### Béim na Caibidle

Bhí gníomh ón Roinn Airgeadais, ón Rialtóir Airgeadais, ón nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus ó Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean i gceist le roinnt bearta a cuireadh i bhfeidhm. Cuirtear (nó cuirfear) na hidirbhearta airgeadais lena mbaineann agus na tiomantais a dhéantar chun cuntais ar roinnt bealaí éagsúla. Cuireadh an chaibidil seo le chéile chun forléargas a thabhairt ar na príomhbhearta a cuireadh i ngníomh agus ar na tionchair airgeadais go dtí seo, lena n-áirítear tiomantais airgeadais agus dliteanais theagmhasacha.

## Tábhacht na Cobhsaíochta Baincéireachta

6.3 Tá na bainc riachtanach maidir le feidhmiú an gheilleagair. Is príomhchuid den sásra íocaíochta do theaghlaigh agus do ghnólaigh iad na taiscí a choimeádann siad agus trí choigiltis a leithdháileadh ar iasachtaithe, cuireann siad fás eacnamaíoch chun cinn. D'fhéadfaí daoine aonair agus gnólaigh a fhágáil gan a bheith in ann aon rochtain ar choigiltis, airgead a choigilt ná íocaíochtaí leanúnacha a íoc mar thoradh ar theip mhórbhainc. Níl aon dul as ach go mbeidh tionchair dhiúltacha an-suntasacha ag teipeanna ar fud an chórais san earnáil bhaincéireachta ar an ngeilleagair i gcoitinne.

6.4 Tá bainc leochaileach ar dhá phríomhshlí

- cruthaíonn meascán dliteanas gearrthéarma (leachtach) agus sócmhainní téarma níos faide (neamhleachtacha) riosca ganntanais leachtachta
- meath más féidir le luach a sócmhainní éifeacht mór neamhréireach a bheith acu ar chaipiteal bainc (ó tharlaíonn nach féidir bearnúcháin a íoc ach le cúlchistí carntha).

6.5 I gcás ina dtagann saincheistean leachtachta nó sócmhainneachta chun cinn, ní mór do rialtais agus/nó bainc ceannais a ghníomhaíonn mar chaomhnóirí leas an phobail, idirghabháil a dhéanamh chun cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine a chosaint agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh drochthorthaí móra don gheilleagar iarbhír a sheachaint. D'fhéadfadh an idirghabháil sin a bheith i roinnt foirmeacha éagsúla idir scéimeanna árachais taisce agus feidhm iasachtóra na dála deiridh a ghabh an banc ceannais de láimh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar leachtacht chomh maith le ceannacháin Stát-urraithe sócmhainní anásta agus instealltaí caipitil glan amach chun dul i ngleic le saincheistean sócmhainneachta.

## Bearta Tacaíochta Leachtachta

6.6 Is éard a bhí sna príomhshásraí Stáit maidir le tacaíocht leachtachta a sholáthar do bhainc go dtí seo scéimeanna a ráthaigh aicmí áirithe dliteanas baincéireachta. Chomh maith leis sin, tá leathnú déanta ag an mBanc Ceannais ar chreidmheas comhthaobhach do bhainc na hÉireann faoi rialacha Córas Euro Bhanc Ceannais na hEorpa.

### Ráthaíochtaí Dliteanas Baincéireachta

6.7 Cuireadh ráthaíochtaí baincéireachta ar thacaigh an Stát leo i bhfeidhm faoi thrí phríomhschéim. Is éard a bhí iontu sin

- an Scéim reatha Ráthaíochta Taisce a leathnú, ar fógraíodh an 20 Meán Fómhair 2008 é, chun aghaidh a thabhairt ar údair imní dhealraitheacha a bhí ag tomhaltóirí faoi shlándáil a dtaiscí i bhforais chreidmheasa
- ráthaíocht Stáit dhá bhliain a sholáthar i leith raon leathan dliteanas bainc, arna fógairt an 30 Meán Fómhair 2008 (the CIFS Bank Guarantee scheme)
- ráthaíocht Stáit a cuireadh ar bun an 9 Nollaig 2009, a dhéanann socrú do chumhdach do raon níos cúinge dliteanas baincéireachta ach le haibíochtaí suas go cúig bliana, a thagann de réir scéimeanna arna gcur ar bun ag stáit eile Eorpacha agus arna gceadú faoi rialacha an AE maidir le statchabhair (an Scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha).

### An Scéim Ráthaíochta Taisce

6.8 Éilítear ar na forais chreidmheasa go léir atá creidiúnaithe chun taiscí a ghlacadh in Éirinn páirt a ghlacadh sa Scéim Ráthaíochta Taisce. Méadaíodh an teorainn chúitimh faoin scéim, mar mhodh chun slándáil taiscí a fheabhsú agus chun tomhaltóirí a spreagadh chun cistí a choimeád i bhforais Éireannacha, i mí Mheán Fómhair 2008 ó €20,000 go €100,000 in aghaidh an taisceora inghlactha i ngach foras<sup>33</sup>.

6.9 Éilítear ar fhorais chreidmheasa atá faoi réir fhorálacha na scéime cistí a chur i dtaisce i gCuntas Cosanta Taisce a dhéanann an Banc Ceannais riaradh air. Is é 0.2% de luach iomlán na dtaiscí reatha custaiméirí san fhoras a bhíonn i gceist leis an taisce a éilítear— ní luach na dtaiscí a ráthaítear amháin. I gcás go ndéanfaí foras creidmheasa a leachtú, is é an Banc Ceannais a chomhlíonfadh éilimh na dtaisceoirí ar an gcéad ásc, agus acmhainní an Chuntais Cosanta Taisce á n-úsáid. D'íocfaí aon easnamh as Ciste Láir an Stáitchiste, a ndéanfaí a fhorchúiteamh ansin ón earnáil bhaincéireachta. Níl aon éilimh déanta faoin scéim ó cuireadh tús léi.

6.10 Ag deireadh 2009, bhí thart ar 50 foras creidmheasa faoi réir fhorálacha na scéime. Ba é an t-iarmhéid a bhí sa Chuntas Cosanta Taisce €608 milliún (i gcomparáid le €526 milliún ag deireadh 2007 agus €669 milliún ag deireadh 2008).

6.11 Suas go mí Mheán Fómhair 2008, ní raibh forais chreidmheasa clúdaithe faoin scéim. Áiríodh foráil i leathnú na scéime go ndéanfaí taiscí comhair chreidmheasa a chumhdach ina dhiaidh sin, agus rinne an reachtaíocht foráil don mhéid sin. Níl ordú déanta fós, áfach, á gceangal ar fhorais chreidmheasa cistí a choimeád i gCuntas Cosanta Taisce. Tá pléití ar siúl go leanúnach faoi leibhéal an mhaoinithe a gceanglófar ar chomhair chreidmheasa a choimeád sa chuntas.

<sup>33</sup> Soláthraíodh an bonn dlíthiúil don athrú tríd an Acht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009.

## Scéim Ráthaíochta Bainc TAFC

6.12 Fógraíodh an Scéim Foras Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (ar a dtugtar an scéim Ráthaíochta Bainc TAFC) an 30 Meán Fómhair 2008<sup>34</sup>. Bhí rannpháirtíocht sa scéim ar bhonn deonach (faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe), agus roghnaigh seacht bhforas creidmheasa (lena n-áirítear fochuideachtaí áirithe) leas a bhaint as<sup>35</sup>.

6.13 Sholáthair an scéim ráthaíocht shealadach Stáit — go dtí an 29 Meán Fómhair 2010 — le haghaidh raon leathan dliteanas na bhforas clúdaithe an 30 Meán Fómhair 2008, nó arna dtabhú acu le linn na tréimhse ráthaíochta. Áirítear orthu sin

- na taiscí go léir sna forais chlúdaithe, a mhéid is nach gclúdaítear iad leis an Scéim Ráthaíochta Taisce
- fiachas neamhurráithe sinsearach
- urrúis faoi chumhdach sócmhainne agus
- fofhiachas dátaíthe.

Ní chumhdaítear urrúis faoi chumhdach sócmhainne agus fofhiachas dátaíthe a éisíodh tar éis do na forais chreidmheasa lena mbaineann clárú leis an scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha ag an scéim TAFC.

6.14 Éilítear ar na forais a bhfuil páirt á glacadh acu sa scéim íocaíochtaí ráithiúla a dhéanamh chun an Stát a chúiteamh as tionchar na scéime ar chostas an iasachtaithe Stáit.

6.15 Bunaítear an tsuim fhoriomlán atá le gnóthú trí íocaíochtaí ar an gcostas méadaithe measta a bhainfidh le fiachas an Rialtais a mhaoiniú mar thoradh ar sholáthar na ráthaíochta TAFC. Níl sé indéanta, i gcleachtadh, tionchar na ráthaíochta ar chostais mhaoinithe an Rialtais a scaireadh ó thionchar tosaí eile. Cuireadh san áireamh freisin, agus an tsuim á cinneadh, comh-acmhainn na bhforas cumhdaithe chun na muirir a íoc, i bhfianaise na gcoinníollacha as a d'éirigh an gá leis an ráthaíocht a thabhairt isteach. Bunaithe ar chomhairle ón nGníomhaireacht Bainistíochta an Chiste Náisiúnta, chinn an Roinn Airgeadais gur mhéadaigh an costas a bhain le fiachas an Rialtais a mhaoiniú faoi idir 0.15% agus 0.3% mar thoradh ar an ráthaíocht. Ar an mbonn sin, chinn an Roinn gur chóir go mbeadh €1 billiún i gceist leis an tsuim a bhí le bailiú thar dhá bhliain.

6.16 Bhí an tsamhail a úsáideadh chun leithdháileadh an mhuirir idir na forais a bhí cumhdaithe faoin ráthaíocht a ríomh bunaithe ar rátálacha creidmheasa fadtéarmacha mar tháscairí phróifíilí priacal na bhforas aonair. Ceanglaítear ar gach foras an méid atá le híoc i ngach ráithe a ríomh agus go ndéanfar an méid a fhíorú ag iniúchóirí seachtracha na bhforas.

6.17 Cuireadh cuntas speisialta ar bun ag an mBanc Ceannais ina ndéantar íocaíochtaí arna ndéanamh ag na forais chumhdaithe faoin scéim TAFC a lóisteáil. Tá an t-iarmhéid á choimeád mar chúlchiste d'aon íocaíochtaí atá le déanamh faoin scéim. Déanfar aon iarmhéid atá fágtha tar éis don scéim dul in éag a íoc leis an Státchiste.

<sup>34</sup> Soláthraíodh an bonn dlíthiúil don scéim tríd an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, ar síníodh sa dlí é an 2 Deireadh Fómhair 2008.

<sup>35</sup> AIB, Banc na hÉireann, An Banc Angla-Éireannach, *Irish Life and Permanent*, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann, an Cumann Oideach Foirgníochta agus *PostBank*.

6.18 Léiríonn Fíor 23 an méid a íocadh isteach sa scéim TAFC ó thús na scéime. Bhí €730 milliún ar an iomlán faighte suas go dtí deireadh mhí Iúil 2010.

**Fíor 23 Íocaíochtaí arna ndéanamh ag forais chumhdaithe faoin Scéim Ráthaíochta Baincéireachta TAFC, do Ráithe 4 2008 go Ráithe 2 2010**

|               | Íocaíochtaí<br>€ milliún |
|---------------|--------------------------|
| Ráithe 4 2008 | 110                      |
| Ráithe 1 2009 | 115                      |
| Ráithe 2 2009 | 70                       |
| Ráithe 3 2009 | 76                       |
| Ráithe 4 2009 | 177                      |
| Ráithe 1 2010 | 170                      |
| Ráithe 2 2010 | 12                       |
|               | <b>730</b>               |

Foinse: An Roinn Airgeadais

6.19 Déanann an scéim TAFC socrú don Aire Airgeadais, dá rogha féin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na muirir a tabhaíodh ar fhorais chumhdaithe. I bhfianaise na méideanna a íocadh i leith na tréimhse go dtí mí an Mheithimh 2009 (€295 milliún ar an iomlán), rinneadh athbhreithniú ar na muirir agus rinneadh iad a choigeartú suas i mí Mheán Fómhair 2009. Mar thoradh air sin, bhí na muirir i leith na ráithe deiridh den bhliain 2009 breis is dhá oiread níos airde ná an leibhéal a íocadh don ráithe dár críoch mhí Mheán Fómhair 2009.

6.20 Rinneadh an córas íocaíochta TAFC a leasú a thuilleadh chun na muirir scéime a thabhairt de réir na gcinn sin faoin scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha. San áireamh air sin, bhí aistriú ó íocaíocht roimh ré bunaithe ar dhliteanais chumhdaithe mheasta go dtí íocaíocht i riaráistí bunaithe ar dhliteanais chumhdaithe iarbhír. Mar thoradh air sin, chomh maith le gluaiseacht shubstainteach dliteanas cumhdaithe chuig an scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha, bhí leibhéal íocaíochta lagdaithe (€12 milliún) le haghaidh Ráithe 2 2010.

### *An Ráthaíocht Dliteanas Inghlactha*

6.21 Tugadh isteach an scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha i mí na Nollag 2009. Deartar é chun ráthaíocht níos fadtéarmaí a sholáthar maidir le dliteanais bhaincéireachta áirithe, agus chun struchtúr ráthaíochta bainc na hÉireann a thabhairt níos cóngaraí de réir ráthaíochtaí i mballstát eile den AE.

6.22 Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag déanamh riaradh ar an scéim, thar ceann an Aire. Tá rannpháirtíocht sé fhoras creidmheasa de na cinn atá cumhdaithe faoin Scéim Ráthaíochta Baincéireachta TAFC (agus roinnt fochuideachtaí áirithe ceadaithe dá gcuid) ceadaithe ag an nGníomhaireacht sa scéim nua. Is é an éifeacht a bhí leis seo, trí pháirt a ghlacadh ann, gur gheill na forais chreidmheasa rannpháirteacha a gceart chun dliteanais nua a eisiúint nó a thabhu faoin scéim TAFC.

6.23 Tar éis ceadú a fháil faoi rialacha an AE maidir le státhabhair, rinne an scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha socrú ar dtús d'fhorais chreidmheasa rannpháirteacha, sa tréimhse suas go deireadh mhí an Mheithimh 2010, chun urrúis féich inghlactha a eisiúint agus chun taiscí a ghlacadh lenar bhain aibíocht suas go cúig bliana, ar bhonn ráthaíochta nó ar bhonn neamh-ráthaíochta. Níl



fofhiach nua dátaithe agus urrúis nua faoi chumhdach sócmhainne a eisíodh tar éis d'fhoras rannpháirteach clárú leis an scéim inghlactha le haghaidh cumhdach ráthaíochta.

6.24 Ar an 29 Meitheamh 2010, cheadaigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh fadú na tréimhse a bhféadfadh dliteanas cumhdach a fháil laistigh di. Mar thoradh air sin, is féidir le forais chreidmheasa rannpháirteacha iarratas a dhéanamh ar chumhdach ráthaíochta agus an cumhdach sin a fháil

- go dtí an 29 Meán Fómhair 2010, le haghaidh taiscí corparáideacha nua agus dliteanas féich le haibíochtaí suas go trí mhí
- go dtí an 31 Nollaig 2010, le haghaidh dliteanas nua inghlactha eile le haibíochtaí suas go cúig bliana.

6.25 Íocann na forais a ghlacann páirt sa scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha táille ar an gclúdach a fhaigheann siad, ach ag leibhéal níos airde ná a ndéantar socrú dó faoin scéim TAFC. Deartar an praghsáil chun spreagadh a thabhairt do na forais a spleáchas ar thacaíocht Stáit a laghdú le himeacht ama.

6.26 Braitheann an leibhéal íocaíochta le haghaidh dliteanas ar thosca cosúil leis an bpróifíl aibíochta agus méid na ndlitéanas, agus tá sé bunaithe ar mholtaí Bhainc Ceannais na hEorpa maidir le ráthaíochtaí rialtais ar dhliteanas bhaincéireachta a phraghsáil. Mar shampla, bhaineann táille bhliantúil 0.5% le fiach gearrthéarmach (i.e. le haibíocht suas go bliain amháin). I gcás fiach lena mbaineann aibíocht níos faide, cuirtear táille bhreise (bunaithe ar rátáil bhabhtála mainneachtain chreidmheasa an fhorais roimh an ngéarchéim bhaincéireachta) i bhfeidhm freisin. Ón 1 Iúil 2010 i leith, baineann táillí breise eile idir 0.2% agus 0.4% (ag brath ar rátáil chreidmheasa an fhorais) le na dliteanas go léir atá faoi chumhdach.

6.27 Bhí €296 milliún ar an iomlán bailithe ó fhorais suas go deireadh mhí Iúil 2010 i gcomhair rannpháirtíocht sa scéim. Fabhraíonn íocaíochtaí don Státhiste ar bhonn leanúnach agus ní choimeádfar mar chúltaisce iad.

### *Luach Comhiomlán na nDlitéanas Clúdaithe*

6.28 Oibríonn na trí scéim ráthaíochta i gceangal lena chéile do na forais atá faoi chumhdachin. Léiríonn Fíor 24 luach iomlán measta na ndlitéanas atá faoi chumhdach ag na scéimeanna ag deireadh gach ráithe ó mhí na Nollag 2008 go dtí mí an Mhárta 2010.

**Fíor 24 Luach measta dhlíteanas ráthaithe na bhforas creidmheasa cumhdaithe, Nollaig 2008 go Márta 2010**

|                        | Dlíteanais bhaincéireachta cumhdaithe ag |                        |                                 | Luach iomlán na ndlíteanas faoi ráthaíocht |
|------------------------|------------------------------------------|------------------------|---------------------------------|--------------------------------------------|
|                        | Ráthaíocht Taisce <sup>a</sup>           | Ráthaíocht Bhainc TAFC | Ráthaíocht Dlíteanas Inghlactha |                                            |
|                        | € billiún                                | € billiún              |                                 | € billiún                                  |
| Deireadh Ráithe 4 2008 | 82                                       | 346                    | —                               | 428                                        |
| Deireadh Ráithe 1 2009 | 79                                       | 293                    | —                               | 372                                        |
| Deireadh Ráithe 2 2009 | 79                                       | 276                    | —                               | 355                                        |
| Deireadh Ráithe 3 2009 | 78                                       | 287                    | —                               | 365                                        |
| Deireadh Ráithe 4 2009 | 77                                       | 281                    | —                               | 359                                        |
| Deireadh Ráithe 1 2010 | 77                                       | 130                    | 139                             | 346                                        |
| Deireadh Ráithe 2 2010 | 78                                       | 103                    | 153                             | 334                                        |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta:

a Bainneann le taiscí inghlactha amháin sna forais atá cumhdaithe ag Scéim Ráthaíochta Bainc TAFC.

**Tacaíocht Leachtachta ón mBanc Ceannais**

6.29 Tá maoiniú substainteach curtha ar fáil ag an mBanc Ceannais, trína rannpháirtíocht in oibríochtaí beartais airgeadaíochta chóras an Euro, chun tacaíocht a thabhairt do leachtacht na hearnála baincéireachta, i bhfoirm réamhíocaíochtaí le forais chreidmheasa bunaithe in Éirinn (lena n-áirítear forais chreidmheasa bunaithe i Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann). Déantar na réamhíocaíochtaí a chur faoi úrrús le comhthaobhacht arna ceadú ag córas an Euro, a rinne leathnú ar chineál na sócmhainní a bhí inghlactha mar chomhthaobhacht in 2008. Laghdaíodh príomhrátaí úis BCE idir mí Dheireadh Fómhair 2008 agus mí an Mheithimh 2009. Tá an méid leachtachta a bhí ag teastáil ó na bainc á soláthar ag an mBanc Ceannais/córas na Euro, iarbhrí, ó mhí Dheireadh Fómhair i leith<sup>36</sup>.

6.30 Féadtar réamhíocaíochtaí faoi chóras an Euro a chur in dá chatagóir leathana


- Is éard atá sna PríomhOibríochtaí Athmhaoinithe (POA) tairiscintí seachtainiúla iasachtaí lena mbaineann aibíocht seachtain amháin agus (ó mhí Dheireadh Fómhair 2008) ag rátaí úis seasta.
- Is éard atá sna hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) go príomha tairiscintí míosúla iasachtaí lena mbaineann aibíocht three months agus (ó mhí Dheireadh Fómhair 2008) ag rátaí úis seasta chomh maith.

6.31 Sa bhliain 2008, cuireadh iasachtaí OAF lenar bhain aibíocht sé mhí leis sin chomh maith mar bheart sealadach. Sa bhliain 2009, cuireadh iasachtaí OAF lenar bhain aibíocht dhá mhí dhéag leis sin. Eisíodh na hiasachtaí aibíochta leathnaithe OAF i mí na Nollag 2009 (aibíocht bhliain amháin) agus i mí an Mhárta 2010 (aibíocht sé mhí) rinneadh iad a sceidealú a bheith ina saoráidí deiridh den sórt sin.

<sup>36</sup> Tá leibhéal iasachtaithe chóras an Euro teoranta, áfach, de réir an méid comhthaobhachta inghlactha atá ar fáil agus atá á choimeád ag na bainc.

6.32 Mar a léiríonn Fíor 25, tháinig méadú suntasach ar iasachtú Bhanc Ceannais chóras an Euro ó €38 billiún ag deireadh mhí an Mheithimh 2008, go dtí buaicphointe thart ar €130 billiún ag deireadh mhí an Mheithimh 2009. Ó shin i leith, tá leibhéal na tacaíochta leachtachta laghdaithe, ag athrú idir raon €80 billiún go dtí €100 billiún ó mhí Lúnasa 2009.

**Fíor 25 Iasachtú ón mBanc Ceannais/Córas an Euro le Forais Chreidmheasa, Eanáir 2008 go Meitheamh 2010**



Foinse: Bullaitíní Staidreamh Míosúla an Bhainc Ceannais

6.33 Baineann idir bhainc mhiondíola agus bhainc idirnáisiúnta leasa as leachtacht chóras an Euro. Thuairiscigh an Banc Ceannais go ndearnadh os cionn 65% den iasachtú ag deireadh mhí an Mhárta 2010 le bainc a raibh láithreachas láidir miondíola acu in Éirinn agus a rinne gnó shuntasaigh le teaghlaigh agus custaiméirí corparáideacha neamhairgeadais.

### Saoráidí Speisialta Leachtachta

6.34 Chomh maith le leachtacht a sholáthar laistigh d'oibríochtaí chóras an Euro, soláthraíonn an Banc Ceannais saoráidí speisialta leachtachta freisin nuair a éilítear. Ag deireadh 2009, tuairiscíodh i gclár comhardaithe an Bhainc Ceannais go raibh 'sócmhainní eile' ann arbh ionann iad ar an iomlán agus €12.8 billiún, suas ó €729 milliún ag deireadh 2008. Léirigh an méadú sin go príomha soláthar na saoráidí speisialta leachtachta.

6.35 D'eisigh an tAire Airgeadais litir shócúlachta an 30 Meán Fómhair 2008, mar thacaíocht d'iasachtaí an Bhainc Angla-Éireannaigh ón mBanc Ceannais faoi shocruithe speisialta leachtachta.

### Bainc a Athstruchtúrú

6.36 Cuireadh raon tionscnamh Stát-mhaoinithe nó curtha chun cinn chun bainc a athstruchtúrú agus é mar aidhm muinín a athnuachan maidir leis an gcumas atá acu oibriú mar ghnóthais leantaigh, agus gnáthiasachtú a atosú. Ba é an príomhfhócas ar díriodh air leibhéil chaipitil atá inghlactha sa mhargadh a bhaint amach sna bainc, go háirithe, tar éis dóibh a aithint go raibh caillteanais ollmhóra a tabhaíodh ar a bhforbairt agus punainn iasachta maoine ar aistriú na sócmhainní lagaithe chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA).

6.37 Ceanglaíodh ar na forais chreidmheasa a bhí á n-athchaipitliú ag an Stát mar chuid de phróiseas athbheithnithe státabhrach, pleananna maidir le hathstruchtúrú a chur le chéile agus a chur faoi bhráid Choimisiún an AE. Ní mór do na pleananna an chúis le deacrachtaí na bhforas a

aithint agus plean inmharthanachta, clár um bearta comhroinnte ualaigh agus clár beart chun saobhadh iomaíochta a theorannú a chur i láthair. Chuir na forais athchaipitlithe a bpleananna ar aghaidh ar dhátaí éagsúla idir mí Mhéan Fómhair 2009 agus mí an Mheithimh 2010. Cuireadh cinneadh in iúl i leith phlean Bhanc na hÉireann an 15 Iúil 2010. Tá plé leis an Aontas Eorpach ar siúl fós i leith na bpleananna eile.

### **Riachtanais Chaipitil a Mheasúnú**

6.38 Ag tús 2010, rinne an Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais athbhreithnithe ar riachtanais chaipitil trí fhoras chreidmheasa — Banc na hÉireann, Banc-Aontas na hÉireann agus an Cumann Oideach Foirgníochta — don tréimhse trí bliana go dtí 2012. Socraíodh leibhéil nua chaipitil do na forais bunaithe ar thorthaí na n-athbhreithnithe (ar a dtugtar Athbhreithnithe Measúnaithe Chaipitil Stuaamachta). Socraíodh an caipitil ag leibhéil a dearadh chun a chinntiú go mbeidh siad in ann caillteanais amach anseo a sheasamh, fiú faoi imthosca an-anásta. Ceanglaíodh ar na forais pleananna athchaipitlithe a ullmhú chun leibhéil chaipitil a chomhlíonadh faoi dheireadh 2010.

6.39 D'fhoill riachtanais chaipitil foras aonair a ríomh, shonraigh an Rialtóir Airgeadais riachtanas caipitil chroíshraith 1, a raibh 8% de na sócmhainní iomlána i gceist leis, le baint amach faoi dheireadh 2010. Ní mór an leibhéal caipitil seo a chomhlíonadh tar éis na caillteanais go léir amach anseo a ghlacadh san áireamh, ó phunainn NAMA agus ó phunainn neamh-NAMA. Ní mór don chaipitil seo a bheith i bhfoirm chothromais go príomha — ceanglas cothromais 7%. Ina theannta sin, ní fhéadfadh bainc dul faoi bhun leibhéal 4% de chaipiteal chroíshraith 1, fiú amháin in imthosca an-anásta ar fad.

6.40 Níor tugadh an próiseas measúnaithe chaipitil chun críche do na forais eile a ghlac páirt sna scéimeanna ráthaíochta Stáit. In dhá chás — An Banc Angla-Éireannach agus Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann — aithníodh leibhéil chaipitil a raibh gá leo chun éascaíocht a dhéanamh do na forais na híosriachtanais chaipitil reatha a chomhlíonadh. I ráiteas maidir le torthaí an chleachtaidh sin, chuir an tAire Airgeadais in iúl go mbeadh a thuilleadh caipitil ag teastáil ón mBanc Angla-Éireannach chun caillteanais amach anseo a chlúdach.

6.41 Níor cuireadh *Irish Life and Permanent* san áireamh i gcéad bhabhta na measúnuithe caipitil toisc nach bhfuil instealladh caipitil ón rialtas faighte aige agus nach bhfuil páirt a ghlacadh aige i NAMA.

6.42 Tugtar achoimre ar na riachtanais chaipitil bhreise d'fhorais chreidmheasa aonair i bhFíor 26.

#### **Fíor 26 Achoimre ar an gcaipiteal cothromais breise atá riachtanach, Márta 2010**

| Foras creidmheasa (Státurraithe)                 | Íosriachtanas caipiteal cothromais faoi dheireadh 2010 |
|--------------------------------------------------|--------------------------------------------------------|
|                                                  | € billiún                                              |
| Banc na hÉireann                                 | 2.7                                                    |
| AIB                                              | 7.4                                                    |
| An Cumann Oideach Foirgníochta                   | 0.875                                                  |
| An Banc Angla-Éireannach                         | 18.3 <sup>a</sup>                                      |
| Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann | 2.6                                                    |

Foinse: An Rialtóir Airgeadais

Nóta:

a Comhdhéanta de €8.3 billiún le freastal ar riachtanais chaipitil ag deireadh Márta 2010 agus meastachán de €10 billiún le caillteanais ina dhiaidh sin a chlúdach.

## Ceannach Sócmhainní Banc Lagtha

6.43 Bunaíodh NAMA i mí na Nollag 2009. Is é an cuspóir atá leis glacadh le hiasachtaí lagaithe óna bainc a bhaineann le réadmhaoin (sócmhainní banc). Is é an cuspóir foriomlán atá leis ná cobhsaíocht a thabhairt do chóras baincfeireachta na hÉireann trína hiasachtaí sin a bhaint ó chlár comhardaithe na mbanc.

6.44 Forordaíonn an tAcht um Ghníomhaireacht Bhainistiú Sócmhainní Náisiúnta 2009 (an tAcht) agus na rialacháin bhainteacha a rinne an tAire Airgeadais na cineálacha sócmhainní banc is féidir le NAMA a fháil agus conas a dhéanfar luacháil orthu. Rinne cúig institiúid airgeadais – iad sin atá léirithe i bhFíor 26 thuas – iarratas a bheith rannpháirteach sa scéim, agus d'ainmnigh an tAire iad ar fad mar bhainc rannpháirteacha.

6.45 Bunaithe ar threoir an Aire, tá NAMA ag ceannach sócmhainní banc incháilithe ag a luach eacnamaíoch fadtéarmach ó na bainc atá rannpháirteach. Theastaigh cead Choimisiún an AE ón scéim cheannacháin mar gheall go n-áirítear soláthar cabhrach Stát do na bainc atá rannpháirteach. Thug an Coimisiún cead le NAMA a bhunú an 26 Feabhra 2010. Shonraigh sé go ndéanfaí athmheasúnú ar an gcabhair a cheadaítear i bhfianaise dóthanacht na n-aistrithe sócmhainní fógartha iarbhair agus na bpleananna athstruchtúraithe a chaithfidh na bainc a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ní mór é a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le praghsanna aistrithe na sócmhainní banc.

6.46 Léirítear i bplean gnó NAMA, a foilsíodh i Meitheamh 2010, go bhfuil an Ghníomhaireacht ag súil go mbeidh thart ar 15,000 iasacht a thug na bainc do 1,5000 iasachtaí le fáil acu nuair a bheidh gach rud tugtha chun críche, le luach leabhar comhiomlán (lena n-áirítear ús a fabhraíodh) de thart ar €81 billiún. Tugtar briseadh síos i bhFíor 27 ar sprioc-shócmhainní na bhforas creidmheasa rannpháirteach, atá le fáil i dtráinsí. Tá sé mar aidhm ag NAMA na sprioc-shócmhainní ar fad a aistriú roimh mhí Feabhra 2011.

### Fíor 27 Luach measta na sócmhainní incháilithe atá le ceannach ag NAMA ó na Forais Chreidmheasa

| Foras Creidmheasa                                       | Luach na sócmhainní incháilithe<br>€ billiún |
|---------------------------------------------------------|----------------------------------------------|
| An Banc Angla-Éireannach                                | 36                                           |
| AIB                                                     | 23                                           |
| Banc na hÉireann                                        | 12                                           |
| Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS) | 9                                            |
| An Cumann Oideach Foirgníochta                          | 1                                            |
| <b>Iomlán</b>                                           | <b>81</b>                                    |

Foinse: Plean Gnó NAMA, Meitheamh 2010, leathanach 20.

6.47 Tugadh ceannach an chéad tráinse de shócmhainní banc – iasacht deichniúr de na hiasachtaí leis na fiacha ab airde chun críche mí Bhealtaine 2010. B'ionann agus €15.3 billiún (díreach faoi 19% den sprioc iomlán) luach carnach fiacha na n-iasachtaí sin do na forais chreidmheasa rannpháirteach. D'íoc NAMA €7.7 billiún ar na hiasachtaí - thart ar 50% den leabhar-luach. Do na forais chreidmheasa aonair b'ionann an tsuim a íocadh agus idir 35% go 58% de lascaine ar leabhar-luach na n-iasachtaí. Réimsigh an tsuim a íocadh ar iasachtaí aonair ó 0-100% den leabhar-luach.

6.48 B'ionann agus thart ar €7.5 billiún luach na réadmhaoine a bhí bainteach le sócmhainní banc a fuarthas, rud a chiallaigh gur ardaigh sé le 11% go €8.3 billiún tar éis a choigeartú i ndáil le luach eacnamaíoch fadtéarmach.

6.49 Glacann grúpaonán de chuid NAMA leis na hiasachtaí, fheithicil cuspóra speisialta faoi úinéireacht príobháideacha den chuid is mó ar a dtugtar Bainistiú Sócmhainní NAMA Teoranta. Eisíonn an t-aonán sin fiacha le maoiniú a dhéanamh ar an gcomaoin iníoctha. Fiacha a eisíodh le híoc as an gcéad tráinse de na híocaíochtaí comhdhéanta de:

- €7.3 billiún (95% den iomlán) in urrúis arna ráthú ag an Aire Airgeadais
- €0.4 billiún i bhfofhiach.
- Íocann urrúis ráthaithe ús ag ráta athraitheach, a athshocraítear dhá uair sa bhliain. Bhí an ráta don tréimhse go dtí 1 Meán Fómhair 2010 díreach faoi 1%. Tá ráta ús ag gabháil leis na fofhiachas atá ceangailte leis an toradh ar bhannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann. Braitheann íocaíocht úis ar an bhfhofhiachas agus ar a fhuascailt deiridh ar fheidhmíocht airgeadais NAMA.

6.50 Tá tuarascáil á ullmhú maidir leis an gcéad tráinse de shócmhainní banc lagaithe atá á bhfáil ag NAMA. Foilseofar é sin i dTuarascáil Speisialta uimhir 76 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### ***Infheistíocht Stáit i bhForais Chreidmheasa***

6.51 Faoi fhorálacha reachtaíochta go luath sa bhliain 2009, thug an tAire Airgeadais treoir don Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta a infheistiú i mBanc na hÉireann agus san AIB araon. Bhí an infheistíocht i ngach cás comhdhéanta de:

- Scaireanna tosaíochta neamhcharnacha buan <sup>37</sup> a íocann docht dhíbhinn neamhcharnaithe de 8%, iníoctha in airgead tirim nó a luach comhionann in ghnáthscaireanna ar dhiscreid an banc faoi seach. Féadfaidh an banc na scaireanna tosaíochta a athcheannach ar pharlúach (de €1 an ceann) laistigh den chéad cúig bliana agus ina dhiaidh sin ar €1.25 an ceann.
- Tugann barántais atá ceangailte leis na scaireanna tosaíochta, rogha don Chiste le gnáthscair chaipiteal <sup>38</sup> a suibscríobh sa bhanc. Féadfar leas a bhaint as na barántais an tráth is luaithe de (i) ná aon tráth idir chothromdháta cúig agus deich mbliana den dáta ar eisíodh an scair tosaíochta agus (ii) nó i gcás tairisceana ar an mbanc nó athrú ar rialú.

6.52 Chomh maith leis sin, de bhun infheistíochta, féadfaidh an tAire 25% de na stiúrthóirí a cheapadh do gach aon bhanc agus faigheann an Ciste 25% de ghnáthchearta vótála iomlán i leith athrú ar rialú agus ar cheapacháin boird.

6.53 D'íoc Banc na hÉireann díbhinn de €250 milliún a bhí dlite ar scaireanna tosaíochta, i bhfoirm gnáthscaireanna sa bhanc, an 19 Feabhra 2010. D'íoc AIB díbhinn de €280 milliún a bhí dlite ar scaireanna tosaíochta, i bhfoirm gnáthscaireanna sa bhanc, an 13 Bealtaine 2010.

<sup>37</sup> Is ionann **scaireanna tosaíochta** agus cineál scairchaipitil a thugann ceartha áirithe lena n-áirítear íocaíocht tosaíochta ar aon díbhinn. Rangaíonn infheistíochtaí díreacha i scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann agus an AIB pari passu (i.e. le ceartha comhionann) le gnáthscaireanna in aon leachtú, agus rangaíonn an díbhinn bhliantúil pari passu le héilimh dhíbhinne scaireanna tosaíochta eile agus roimh dhíbhinní gnáthscair.

<sup>38</sup> Socraíodh an praghas feidhmithe do bharántais Bhanc na hÉireann ag €0.52 do 177,213,784 scair agus €0.20 do 157,523,364 scair Is é praghas feidhmithe bharántais an AIB €0.975 do 155,780,375 scair agus €0.375 do 138,471,444 scair.

6.54 Rinneadh an íocaíocht sa dá chás i bhfoirm gnáthscaireanna mar geall gur éiligh an Coimisiún Eorpach nach n-íocfadh Banc na hÉireann agus an AIB íocaíochtaí cúpón lánroghnacha ar ionstraimí <sup>39</sup> caipitil leibhéal 1 agus uasleibhéal 2 go mbeadh breithniú plean athstruchtúraithe an dá bhanc breithnithe aige. Tar éis na scaireanna a eisiúint, choinnigh an Ciste 15.7% de ghnáthscaireanna Bhanc na hÉireann agus 18.6% de ghnáthscaireanna an AIB <sup>40</sup>.

6.55 Chun go mbeadh sé ábalta cuidiú leis an dá bhanc freastal ar a gcuid ceanglas rialacháin chaipitil a d'aithin an Rialtóir Airgeadais i gcleachtadh athchaipitilithe Mhárta 2010, d'fhógair an tAire Airgeadais go dtabharfadh an Stát tacaíocht dóibh chun caipiteal a bhailiú.

- I gcás Bhanc na hÉireann, cuirfear an tacaíocht sin ar fáil trí chuid de scaireanna tosaíochta an Chiste a athrú isteach ina ngnáthscaireanna.
- I gcás an AIB, cuirfear an tacaíocht ar fáil trí chuid nó na scaireanna tosaíochta ar fad (mar is gá) aistriú go gnáthchothromas. Dá dteastódh caipiteal breise, chuirfeadh an Coimisiún ar fáil é sin trí infheistíocht a dhéanamh i ngnáthscaireanna.

6.56 D'fhógair Banc na hÉireann plean le €3.4 billiún de chaipiteal cothromais a bhailiú trí láithriú scair agus eisiúint cearta i mí Aibreán 2010. Threoraigh an tAire an Coimisiún le bheith rannpháirteach sa tsaincheist de réir téarmaí an chomhaontaithe idirbheartaíochta le Banc na hÉireann. Is iad na tionchair airgeadais a bhí ann don Chiste ón idirbheartaíocht:

- seasann gnáthscairshealbhaíocht an Chiste i mBanc na hÉireann ag 36% anois, arbh ionann é agus luach margaidh de €1.3 billiún an 30 Meitheamh 2010.
- b'ionann agus €1.8 billiún parluach na scaireanna tosaíochta a bhí fanta
- fuair an Ciste €491 milliún i leith barántais a eisíodh i gcomhar le scaireanna tosaíochta
- fuair an Ciste €52 milliún i dtáillí idirbheartaíochta.

6.57 Tá an AIB ag leanúint lena chlár bailiú caipitil. Níl aon eisíocaíochtaí airgeadais eile tabhaithe ag an gCiste maidir leis an AIB go dtí seo.

### ***Tacaíocht Airgeadais d'Fhorais Chreidmheasa Náisiúnaithe***

6.58 Ó tháinig an ghéarchéim airgeadais chun cinn i Meán Fómhair 2008, tá trí fhoras creidmheasa tugtha faoi úinéireacht iomlán Stáit - an Banc Angla-Éireannach, an INBS agus an EBS. Tabhaíodh nó gealladh caiteachas mór Stát le fáil agus le tacú le feidhmiú leanúnach na dtrí fhoras sin.

### ***Náisiúnú an Bhainc Angla-Éireannaigh***

6.59 Bhí cinneadh Rialtais an 15 Eanáir 2009 sé sin an banc a chur faoi úinéireacht Stát mar thoradh ar easpa shoiléir muinín margaidh sa bhanc agus inní a bhí ag dul i méid faoi rialachas an bhainc.

6.60 Tugadh éifeacht don náisiúnú tríd an Acht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach 2009, a síníodh ina dhlí an 21 Eanáir 2009. Tá an banc ag feidhmiú mar chomhlacht tráchtála leathstáit ó shin. Tá an banc faoi réir rialaithe ón Rialtóir Airgeadais i gcónaí agus fanann sé mar 'fhoras faoi chumhdach' faoi théarmaí na scéime ráthaíochta bainc.

<sup>39</sup> Tagraíonn ionstraimí caipitil Leibhéal 1 do scairchaipiteal agus do ghnáthstoc atá íoctha suas. Tagraíonn caipiteal Uasleibhéal 2 d'fhothiachais áirithe lena n-áirítear na scaireanna tosaíochta atá i seilbh an dá bhanc.

<sup>40</sup> Áirítear air sin scairshealbhaíocht bheag atá i seilbh phortfóilió infheistíochta roghnach an Chiste cheana féin.

6.61 Rinneadh measúnú inmheánach mionsonraithe ar leabhar fiachais an Bhainc Angla-Éireannaigh don tréimhse suas go deireadh Mhárta 2009, agus rinne PriceWaterhouseCoopers athbhreithniú neamhspleách air. Mar thoradh air sin aithníodh go raibh lagú an-mhór ar iasachtaí áirithe, rud a d'fhág go raibh caillteanais réamhchánach de €4.1 billiún i gcuntais leathbhliana an bhainc a foilsíodh ag deireadh Bhealtaine 2009.

6.62 I bhfianaise na gcaillteanas, d'fhógair an tAire go gcuirfeadh sé caipiteal €4 billiún ar fáil don bhanc, faoi réir ag cead AE. Bhí cuid den instealladh caipitil le húsáid ag an mbanc chun fo-iasachtaí áirithe gan íoc a cheannach ar ais ó shealbhóirí bannaí, ag lacáiste suntasach ar a bparluach. Fuarthas cead ón AE d'instealladh caipitil an Rialtais an 26 Meitheamh 2009.

6.63 Le linn na bliana 2009, chuir an Rialtas caipiteal ar fáil don bhanc trí ghnáthscaireanna a cheannach sa bhanc. Íocadh suim de €4 billiún as an Lárchiste, faoi Alt 6 (9) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008.

6.64 Bhí ar an Stát tacaíocht airgeadais bhreise a chur ar fáil leis an mbanc a choimeád i ngnó in 2010 nuair a aithníodh go raibh tuilleadh caillteanais i bportfóilió iasachta an bhainc le linn na bliana 2009. Ba €18.3 billiún an meastachán sealadach de chaipiteal breise a theastaigh ón mbanc ag deireadh Mhárta 2010.

6.65 D'eisigh an tAire Airgeadais nóta gealltanais do luach 8.3 billiún don Bhanc Angla-Éireannach i Márta 2010 chun an tacaíocht chaipitil a chur ar fáil. Cuireadh €2 billiún le luach an nóta i mí Bhealtaine 2010, (le luach iomlán de €10.3 billiún). Scaipfidh an mheicníocht sin an íocaíocht thar líon blianta. Shonraigh an tAire go gcuirfear aon tacaíocht chaipitil eile a bheidh á chur ar fáil don bhanc ar fáil tríd an mheicníocht chéanna.

6.66 Ag deireadh an Mheithimh 2010, cuireadh moladh faoi bhráid Choimisiún an AE maidir le soláthar instealladh caipitil eile de €8.58 billiún don Bhanc Angla-Éireannach. Tá sé i gceist leis sin freastal ar riachtanais chaipitil an bhainc ó dheireadh an Mheithimh le deis a thabhairt dó freastal ar a cheanglais chaipitil íosta lárnach Leibhéal 1. D'fhéadfaí €10.05 billiún ar an iomlán a chur leis an instealladh caipitil, ag braith ar chóireáil cuntasaíochta bhannaí NAMA i gcuntais an Bhainc Angla-Éireannaigh. D'fhógair Coimisiún an AE údarú sealadach don instealladh caipitil sin an 10 Lúnasa 2010, faoi rialacha um chúnamh Stáit AE, go dtí go ndéanfar cinneadh deiridh ar phlean athstruchtúraithe don bhanc.

### ***Fáil Cumainn Foirgníochta***

6.67 Go traidisiúnta, dhírigh cumainn fhoirgníochta na hÉireann a bhfócas gnó ar mhorgaistí cónaithe do chustaiméirí in Éirinn. Le gairid anuas, bhí an INBS go háirithe (agus an EBS do líon a bhí níos teoranta) rannpháirteach in iasachtaí neamh-chónaithe. I gcás an INBS, bhí an cineál sin iasachtaí mar phríomhfhócas acu comhdhéanta de thart ar 80% dá ghnó iasachta. Mar thoradh air sin, thabhaigh siad caillteanais mhóra ar iasachtaí amhantrach do thalamh agus d'fhorbairt agus d'iasachtaí infheistíochta thráchtála. I gcás an INBS, aistreofar sócmhainní iasachta le luach bunaidh de €9 billiún chuig NAMA, agus i gcás EBS, aistreofar sócmhainní le luach bunaidh de thart ar €1 billiún.

6.68 Ba é an meastachán ag deireadh Mhárta 2010 gur theastaigh caipiteal breise de €2.6 billiún ón INBS le haghaidh a thabhairt ar chaillteanais caipitil a d'eascair ón gcéad tráinse dá iasachtaí maoine chuig NAMA. D'aithin an tAthbhreithniú Measúnaithe Caipitil Stuamachta an gá atá ann go mbaileodh an EBS caipiteal cothromais bhreise de €875 milliún.

6.69 Chun fáil a bheith acu ar thacaíocht chaipitil Stáit, rith an dá chumann foirgníochta réitigh a thug cead dóibh Scaireanna Infheistíochta Speisialta nua a eisiúint don Stát, a d'íoc €200 milliún ón Stáitchiste leis na scaireanna a fháil. Mar thoradh ar an infheistíocht, fuair an Stát úinéireacht



eacnamaíoch ar an dá chumann foirgníochta agus tá sé á rialú anois. D'eisigh an tAire Airgeadais nóta gealltanais don INBS an 31 Márta 2010, do luach €2.6 billiún.

6.70 Beidh leabhar iasachtaí beag, cónaithe go príomha, ag an INBS do luach thart ar €2 billiún tar éis an aistrithe pleanáilte sócmhainní le luach bunaidh de €9 billiún chuig NAMA. D'fhógair an tAire ina Ráiteas Bainc ag deireadh Mhárta 2010 nach bhfuil todhchaí mar aonán neamhspleách ann féin i ndán don INBS sna cúinsí sin. Shonraigh an Rialtas go bhfuil sé mar aidhm acu an INBS a dhíol go tapa, nó é a lánpháirtiú le haonán eile.

6.71 D'eisigh an tAire Airgeadais nóta gealltanais go luach €250 milliún i leith an EBS an 17 Meitheamh 2010. Bhailigh an cumann foirgníochta €88 milliún eile trí chleachtadh bainistíochta dliteanais. Mar aon le scair infheistíochta speisialta de €100 milliún, chuir sé sin €438 milliún i dtreo an riachtanais chaipitil de €875 milliún. Faoi láthair tá an cumann ag fiosrú fáil a bheith ar mhargadh caipitil príobháideach. Níl eolas á thabhairt faoin méid an chaipitil príobháidí, tiocfar ar an riachtanas caipitil atá fanta má eisíonn an Stát nóta gealltanais eile go hiomlán nó go páirteach don fhoras.

## Tarmligean Feidhmeanna Baincéireachta

6.72 I Márta na bliana 2010, tharmlig an Rialtas líon d'fheidhmeanna chórais bhaincéireachta an Aire Airgeadais chuig an NTMA, agus tá siad sin le déanamh de réir na dtreoracha a eisíonn an tAire. Bhain an tarmligean go háirithe le bainistiú leasa an Stát sna forais chreidmheasa atá faoi chumhdach ag ráthaíochtaí baincéireachta, idirbheartaíocht ar thacaíocht chaipitil do na forais sin agus forbairt inbhuanaithe na hearnála baincéireachta.

6.73 Is iad na príomhfheidhmeanna atá tarmligthe do NTMA agus na paraiméadair atá leagtha amach de réir treoracha an Aire:

- díospóireachta a stiúradh i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais agus leis an mBanc Ceannais agus leis an Rialtóir Airgeadais leis na forais chreidmheasa faoi chumhdach ar mhaithe leis na ceanglais chaipitil a d'fhéadfadh a bheith acu a chinneadh.
- idirbheartaíocht a dhéanamh leis na forais faoi chumhdach maidir leis na téarmaí agus leis na coinníollacha lena ndéanfar infheistíocht ar aon tacaíocht chaipitil a chuirfidh an Stát ar fáil.
- bainistiú a dhéanamh ar scairshealbhaíocht Aireachta nó aon leas úinéireachta eile sna forais sin
- na ról ar fad a éilíonn an tAire i leith aon chreat caidrimh a éilítear le haon fhoras creidmheasa faoi reacht a chomhlíonadh
- díospóireachtaí a stiúradh i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais, leis na páirtithe leasmhara ar fad ar chruth deiridh an 'tríú fórsa' agus aon athstruchtúrú eile ar an gcóras airgeadais.
- díospóireachtaí a stiúradh thar ceann an Aire le rannpháirtithe eile sa mhargadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, de réir mar is gá
- comhairle a thabhairt don Aire maidir lena chomhairliúcháin leis an Rialtóir Airgeadais faoi Scéim na bhForas Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) agus an Scéim Ráthaíochta Dliteanais Incháilithe
- tuairisciú agus cead agus treoir an Aire a lorg sula ndéanfar aon ghealltanais neamh-inchúlghairthe agus
- aon eolas a éilíonn an Roinn Airgeadais i leith aon cheann de na saincheisteanna thuas a sholáthar, go háirithe i gcomhthéacs na ndíospóireachtaí leis an gCoimisiún Eorpach ar chabhair stáit d'earnáil na baincéireachta.

6.74 Tá sé sonraithe ag NTMA go bhfuil sé ag díriú ag tús a chuid oibre i réimse na baincéireachta le hanailís a dhéanamh ar staid airgeadais Bhanc na hÉireann agus an AIB, agus ar eolas a sholáthar don Roinn Airgeadais ar shaincheistean a bhaineann le baincéireacht go sonrach. Tá sé sonraithe aige freisin go ndearna sé idirbheartaíocht i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais, le Banc na hÉireann agus leis an AIB, roimh ráiteas an Aire chun na Dála an 30 Márta 2010 inar leag sé amach ceanglais chothromais chaipitil na bhforas aonair agus an tacaíocht Stáit a d'fhéadfaí a chur ar fáil.

## Athchóiriú an Bhainc Ceannais

6.75 Ar iarratas ón Aire Airgeadais, thug Gobharnóir an Bhainc Ceannais faoi scrúdú a dhéanamh ar na bunchúiseanna a bhain le teip an chórais le gur theastaigh cabhair Stáit neamhghnách ó earnáil bhaincéireachta na hÉireann, agus cumhachtaí reachtúla, ról agus freagrachtaí faoi seach an Bhainc Cheannais agus an Rialtóra Airgeadais sa chomhthéacs sin. D'aithin sé ina thuarascáil a foilsíodh i mí an Bhealtaine 2010, trí phríomhfachtóir is cosúil a chuir leis na fadhbanna

- cur chuige rialála a bhí agus measadh a bheith i bhfad ró-dhifreálach agus ró-bháúil, agus nach raibh sách dúshlánach agus seasmhach.
- chiallaigh cur chuige a bhí gann in acmhainní i leith maoirseachta ar bhaincéireacht, agus a bheith ag brath ar nósanna imeachta rialachais agus bainistiú riosca i bhforais rialaithe, go ndearnadh faillí i measúnú cainníochtúil agus ar an gá a bhí ann lena chinntiú go raibh caipiteal dóthanach ann le déileáil leis na rioscaí a bhain le réadmhaoin a bhí ag dul i méid
- an drogall a bhí ar an mBanc Ceannais agus ar an Rialtóir Airgeadais tabhairt faoin riosca a bhí ann ón fhadhb a bhí ag teacht chun cinn agus déileáil leis in am trí chinneadh leordhóthanach a dhéanamh.

6.76 Síníodh an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 ina dhlí an 17 Iúil 2010. Foráiletar leis sin do struchtúr atá lánpháirtithe go hiomlán - Banc Ceannais na hÉireann – le cur in áit an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, an déstruchtúr atá ann cheana. Beidh Bord aonadach ag an mBanc, 'Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann' ar a mbeidh an Gobharnóir mar chathaoirleach, le sainfhócas ar fheidhmíocht rialála, lena n-áirítear feidhmíocht binseamhar a fhorbairt. Beidh an Banc freagrach as cobhsaíocht an chórais airgeadais a chothabháil, rialáil éifeachtach a dhéanamh ar mhargaí agus ar fhorais airgeadais agus as leas tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint. Scarfaidh sé lena feidhm reachtúil reatha sé sin forbairt thionscal na seirbhísí airgeadais laistigh den Stát a chur chun cinn.

6.77 Áirítear san Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 forálacha a thabharfaidh sainchumhachtaí don Bhanc le hoiriúnacht agus ionracas ainmnithigh do phríomhphoist laistigh de na forais airgeadais a chinntiú. Forálann sé freisin do mheicníochtaí chun cur le freagracht an Bhainc agus le maoirseacht an Oireachtais ar a chuid feidhmíocht rialála, lena n-áirítear:

- tá an Banc le ráiteas feidhmíochta bliantúil i ndáil lena feidhmeanna rialála a ullmhú, le cur i láthair an Aire agus le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais
- athbhreithnithe idirnáisiúnta piaraí maidir le feidhmíocht rialála le hullmhú gach uile ceithre bliana ar a laghad (atá ionchorpraithe i dtuarascáil feidhmíochta bliantúil na bliana ábhartha)
- foráil do choiste de chuid an Oireachtais le héileamh a dhéanamh go ndéanfaí scrúdú ar an nGobharnóir agus/nó ar Chinn Rialála agus ar an mBanc Ceannais i ndáil leis an tuarascáil feidhmíochta bliantúil.

6.78 Beidh Bille eile le foilsiú sa bhfhómhar a leagfaidh amach feidhmeanna agus cumhachtaí rialála feabhsaithe don Bhanc Ceannais athstruchtúraithe. Déanfaidh an tríú Bille comhdhlúthú ar na forálacha reachtúla ar fad atá ann cheana.

## Costais Riaracháin Tionscnamh Baincéireachta

6.79 Agus na bearta dírithe ar chobhsaíocht na hearnála baincéireachta á bhforbairt agus á bhfeidhmiú, chuaigh an Roinn Airgeadais, an Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta agus an Banc Ceannais go mór i muinín seirbhísí comhairleoirí eacnamaíochta, airgeadais agus dlí. Bhí sé seo riachtanach mar gheall ar na saincheisteanna thar a bheith teicniúla a tháinig chun cinn, agus mar gheall ar an ngá gnéithe den obair a thabhairt chun críche laistigh de chreat an-gherr. D'fhág práinn na hoibre freisin go raibh sé riachtanach roinnt seirbhísí a fháil gan dul i muinín próiseas iomaíoch. Tabhaíodh costais inmheánacha suntasacha maidir le daoine den fhoireann a bhí ag plé le dearadh agus le feidhmiú bearta cobhsaíochta freisin.

6.80 Is iad na príomhchonarthaí comhairliúcháin a shínigh comhlachtaí Stáit i ndáil le bearta cobhsaíochta baincéireachta

- **An Roinn Airgeadais** – conarthaí le Arthur Cox Solicitors do chomhairle dlí agus le PriceWaterhouseCoopers do chomhairle chuntasaíochta
- **An Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA)** — conarthaí le Merrill Lynch and Rothschild do chomhairle maidir le saincheisteanna an mhargaidh airgeadais
- **Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRFC)** — conarthaí le Arthur Cox Solicitors agus le PriceWaterhouseCoopers do chúnamh le próisis díchill chuí dlí agus airgeadais i ndáil le hinfheistíocht i mBanc na hÉireann agus san AIB agus le Sir Andrew Large <sup>41</sup> a bhí fostaithe mar ‘comhairleoir iontaofa’ chun cuidiú le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.
- **An Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais** – rinne an Banc Ceannais agus an Rialtóir Airgeadais coimisiúnú ar raon seirbhísí comhairliúcháin airgeadais i ndáil leis an Scéim Ráthaíochta Baint ó KPMG, PriceWaterhouseCoopers, Jones Lang LaSalle, Deloitte agus Ernst & Young.

6.81 B'ionann agus €33.76 milliún (féach Figure 28) caiteachas na ngníomhaireachtaí éagsúla ar sheirbhísí comhairleoireachta suas go deireadh Iúil 2010. Ba chóir a thabhairt ar aird nach dtógann an caiteachas sin san áireamh na seirbhísí comhairleoireachta a ndearna na forais airgeadais coimisiúnú orthu ar threoir ón Roinn agus/nó ón mBanc Ceannais agus ón Rialtóir Airgeadais faoi fhorálacha na Scéime Ráthaíochta Baint. D'íoc na forais chreidmheasa féin na costais chomhairleoireachta sna cásanna sin.

<sup>41</sup> Is iar Leas-Ghobharnóir ar Bhanc Shasana agus iarChathaoirleach ar an *UK Financial Services Authority* é Sir Andrew Large.

**Fíor 28 Caiteachas carnach ghníomhaireachtaí Stáit ar sheirbhísí comhairleoireachta do bhearta cobhsaíochta baincéireachta, go deireadh Iúil 2010<sup>a</sup>**

| Gníomhaireacht Coimisiúnaithe                  | Soláthróir Comhairleoireachta | Caiteachas go 31 Iúil 2010 |              |
|------------------------------------------------|-------------------------------|----------------------------|--------------|
|                                                |                               | €m                         | €m           |
| An Roinn Airgeadais                            | Arthur Cox Solicitors         | 9.66                       |              |
|                                                | PriceWaterhouseCoopers        | 0.12                       | <b>9.78</b>  |
| NTMA                                           | Merrill Lynch                 | 7.33                       |              |
|                                                | Rothschild                    | 4.54                       | <b>11.87</b> |
| NPRFC                                          | Arthur Cox Solicitors         | 1.95                       |              |
|                                                | PriceWaterhouseCoopers        | 1.58                       |              |
|                                                | Sir Andrew Large              | 0.12                       | <b>3.65</b>  |
| An Banc Ceannais/An Rialtóir Airgeadais        | PriceWaterhouseCoopers        | 4.95                       |              |
|                                                | KPMG                          | 2.01                       |              |
|                                                | Jones Lang LaSalle            | 0.84                       |              |
|                                                | Deloitte                      | 0.42                       |              |
|                                                | Ernst and Young               | 0.24                       | <b>8.46</b>  |
| <b>An tIomlán don comhairleoireacht ar fad</b> |                               |                            | <b>33.76</b> |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:

a Déileáiltear le comhairligh a cheaptar maidir le NAMA i dTuarascáil Speisialta 76.

b Tá caiteachas an NPRFC suas go deireadh mhí na Nollag 2009.

6.82 As na seirbhísí comhairleoireachta atá liostaithe i bhFíor 28, soláthraíodh an NTMA 3 cinn acu gan tairiscint iomaíoch in 2009 mar chuid de chleachtadh dícheall cuí i ndáil le hinfheistíochtaí díreacha an NPRFC i mBanc na hÉireann agus san AIB, eadhon PricewaterhouseCoopers, Arthur Cox agus Sir Andrew Large. Sa bhreis ar sin, mar gur ar bhonn socruithe táille socraithe a bhí na conarthaí sin agus na conarthaí i ndáil le comhairle bhaincéireachta ó Merrill Lynch agus Rothschilds, níl aon deimhniú mionsonraithe ann leis na muirir a cheangal le gníomhaíochtaí sainiúla. Mar fhreagra ar mo chuid fiosruithe, mhínigh Oifigeach Cuntasóireachta an NTMA gur mar gheall ar an ngá a bhí ann feidhmiú go tapa maidir le cleachtadh dícheall cuí agus ag tógáil an phráinn a bhain leis an gcás san áireamh nach raibh deis ag an nGníomhaireacht dul tríd a nósanna imeachta fála poiblí caighdeánach agus conarthaí á ndámhadh.

- Fostaíodh PricewaterhouseCoopers agus Arthur Cox le dícheall cuí a dhéanamh mar go raibh na gnólaigh sin fostaithe cheana féin ag an Rialtóir Airgeadais le mionstaidéir a dhéanamh ar leabhar sócmhainní an bhainc i gcomhthéacs scéim ráthaíochta an Rialtais. Chiallódh fostú a mhalairt de gnólaigh moilleanna suntasacha ó thaobh eolas a bhailiú arís eile.
- Fostaíodh Sir Andrew Large mar ‘comhairleoir iontaofa’ do ghnéithe áirithe maidir leis an bpróiseas díchill chuí lena n-áirítear an bhreithiúnais a bhí le déanamh i bhfianaise na dtuarascálacha deiridh mar gheall ar a chuid saineolais i réimse na baincéireachta.

## Gnóthú Costais Riaracháin

6.83 Go dtí seo, tá íocaíocht suas go dtí thart ar €3.3 milliún ó fhorais chreidmheasa faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta Bainc bunaidh i leith costais inghnóthaithe. Áirítear ar an iomlán sin €1.7 milliún i leith costais dlí gaolmhara. Ghearr an Banc Ceannais/an Rialtóir Airgeadais táilli €6.8 milliún in iomlán freisin ar na forais chuí suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2009.

## Conclúid

Suas go dtí deireadh Iúil 2010, bhí an Stát tar éis iomlán de €24.35 billiún a chaitheamh ar sholáthar díreach ar thacaíocht airgeadais do na forais chreidmheasa. Tá sé sin comhdhéanta de:

- infheistíocht de €7 billiún ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean san AIB agus i mBanc na hÉireann, agus mar chúiteamh ar sin rinneadh scairshealbhóir substaintiúil dó.
- caitheadh €4.2 billiún ar thacú leis an mBanc Angla-Éireannach agus leis an INBS agus an EBS a thabhairt faoi úinéireacht Stáit
- eisiúint nótaí gealltanais do luach €10.3 billiún don Bhanc Angla-Éireannach, €2.6 billiún don INBS agus €250 milliún eisithe don EBS – scaipfidh an mheicníocht sin íocaíochtaí airgid an Státchiste thar líon blianta amach anseo.
- Chomh maith leis sin, tá sé léirithe ag an Aire Airgeadais go bhfuil sé i gceist aige tuilleadh tacaíochta de €10 billiún a thabhairt don Bhanc Angla-Éireannach agus suas go €437 milliún a thabhairt don EBS, más gá.

Seachas instealladh caipitil d'fhorais airgeadais aonair, tá ráthaíochtaí substaintiúla soláthraithe ag an Stát i leith dliteanas baincéireachta. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2010, measadh gur sheas an méid dliteanais i leith na bhforas creidmheasa faoi chumhdach ag scéimeanna den sórt sin ag €334 billiún. Áirítear ar sin €78 billiún faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta Taiscí.

Tá roinnt maoinithe faighte ag an Stát in aghaidh na ráthaíochtaí atá curtha ar fáil aige i leith na ndliteanas banc. Faoi dheireadh Iúil 2010, bhí €1,026 milliún ar an iomlán bailithe aige in íocaíochtaí táille ráthaíochta. Tá méid beag de chostais a bhain le forbairt agus le riaradh na mbeart cobhsaithe baincéireachta faighte ar ais freisin óna forais a fuair an cumhdach ráthaíochta. Chomh maith leis sin bhí iarmhéideanna substaintiúla i seilbh sa Chuntas Ráthaíochta Taisce sa Bhanc Ceannais (€608 milliún ag deireadh 2009).

Tá na costais riaracháin a thabhaigh na gníomhaireachtaí Stáit i leith na mbeart cobhsaíochta baincéireachta substaintiúil i dtéarmaí iomlána, ach tá siad beag i bhfhianaise scála na gcostas, tiomantais airgeadais agus na rioscaí a bhaineann leis na bearta cobhsaíochta baincéireachta. Tá rochtain a bheith ar chomhairle thráthúil agus ghairmiúil ina ionchur ríthábhachtach do chinnteoireacht sa chomhthéacs sin. Ag an am céanna tá sé tábhachtach a chinntiú go leantar cleachtais iontaofa fála agus conraitheoireachta lena chinntiú nach mbíonn na speansais a thabhaítear níos mó ná mar is gá sna cúinsí sin.



## **Caibidil 7**

---

### **Rialtas Láir**

**An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2009**





## An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2009

7.1 Maoinítear buiséad an Aontais Eorpaigh lena acmhainní féin agus le roinnt fáltas breise. Ar a acmhainní féin áirítear

- fáltas dleachtanna custaim agus tobhaigh siúcra (dá ngairtear freisin a acmhainní traidisiúnta féin) lúide coinneáil 25% do chostais bhailiúcháin (13% de ioncam iomlán an AE)
- a acmhainn féin CBL-bhunaithe faoina ndéantar céatadán comhaontaithe a thobhach ar bhonn CBL na mballstát go léir in aghaidh na bliana (12% den ioncam iomlán)
- acmhainn dá chuid féin bunaithe ar ollioncam náisiúnta (GNI) faoina ndéantar an céatadán céanna a ghearradh ar GNI gach ballstát de réir rialacha AE (73% den ioncam iomlán).

7.2 Ar na fáltas bhreise i mbuiséad an AE áirítear ús, aisíocaíochtaí agus aon bharrachas a tugadh anonn ón mbliain roimhe (2% d'ioncam iomlán).

7.3 Is glantairbhí í Éire de mhaoiniú an AE agus leagtar amach fáltas agus íocaíochtaí do bhuiséad an AE le cúig bliana anuas i bhFíor 29.

**Fíor 29 Íocaíochtaí na hÉireann le Buiséad an AE agus Fáltas uaidh 2005 - 2009**

| Bliain        | Fáltas<br>Bhlíantúla | Íocaíocht<br>Bhlíantúil | Barrachas /<br>(Easnamh) |
|---------------|----------------------|-------------------------|--------------------------|
|               | € bn                 | € bn                    | €bn                      |
| 2005          | 2.4                  | 1.5                     | 0.9                      |
| 2006          | 2.2                  | 1.5                     | 0.7                      |
| 2007          | 2.1                  | 1.6                     | 0.5                      |
| 2008          | 2.1                  | 1.6                     | 0.5                      |
| 2009          | 1.8                  | 1.5                     | 0.3                      |
| <b>Iomlán</b> | <b>10.6</b>          | <b>7.7</b>              | <b>2.9</b>               |

Foinse: An Roinn Airgeadais

### Béim na Caibidle

Cuireadh an Chaibidil seo le chéile chun léargas a thabhairt ar na hidirbhearta airgeadais idir Éire agus an tAontas Eorpach, ar mhodhanna imeachta do dháileadh maoiní an AE agus na socruithe iniúchta éagsúla a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

## Ranníocaíocht le Buiséad an AE

7.4 Ba é €1.5 billiún ranníocaíocht na hÉireann le buiséad an AE do 2009. Léirítear comhghnéithe an iomláin seo i bhFíor 30.

**Fíor 30 Ranníocaíocht na hÉireann le Buiséad an AE 2009**

| Gné Ranníocaíochta                                  | Bonn Cinnidh 2009 <sup>a</sup>                 | Méid<br>€000     |
|-----------------------------------------------------|------------------------------------------------|------------------|
| Acmhainní Dílse Traidisiúnta                        | 75% den iomlán aistrithe isteach sa Státchiste | 176,598          |
| Ranníocaíocht CBL-bhunaithe                         | 0.3278% de bhonn CBL bunaithe                  | 163,005          |
| Ranníocaíocht GNI-bhunaithe                         | 0.5847% de GNI bunaithe                        | 1,000,612        |
| Sásra Ceartúcháin na Ríochta Aontaithe <sup>b</sup> |                                                | 114,884          |
| Laghdú NL/SE GNI <sup>c</sup>                       |                                                | 31,209           |
| <b>Iomlán</b>                                       |                                                | <b>1,486,308</b> |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:

- a Is iad na rátaí a chuirtear ar fáil do na ranníocaíochtaí CBL agus GNI na cinn sin a socraíodh ag tús bliain an bhuiséid. Féadfaidh athraithe teacht orthu seo i rith na bliana de réir mar a aontófar buiséid leasaitheacha.
- b Ó 1985 i leith, tá aisiocaíocht pháirteach faighte ag an Ríocht Aontaithe dá ranníocaíochtaí le buiséad an AE. Tá an aisiocaíocht maoinithe ag ranníocaíochtaí ó gach ballstát eile i gcomhréir lena gcéatadán náisiúnta de GNI an AE.
- c Don tréimhse 2007-13 amháin, faigheann an Ísiltír agus an tSualainn buntáiste as oll-laghdú ar a ranníocaíocht bhliantúil GNI de €605 milliún agus €150 milliún faoi seach thar an tréimhse. Maoinítear an aisiocaíocht trí ranníocaíochtaí ó gach ballstát eile i gcomhréir lena gcéatadán náisiúnta de GNI an AE.

## Fáltais ó Chistí Buiséad an AE

7.5 Fuarthas fáltais €1.8 billiún ón AE i 2009 ó Chistí agus ó Chláir ar leith de chuid an AE. Chuir Éire fáltais 2009 chun feidhme mar shuimeanna €384 milliún a vótáil Dáil Éireann, Íocaíochtaí Lárchiste de bhreis agus €82 milliún agus suimeanna a íocadh go díreach le Gníomhaireachtaí agus Tairbhíthe Forfheidhmiúcháin ar €1.3 billiún a suim mar a shainnítear i bhFíor 31.

**Fíor 31 Fáltais na hÉireann 2009 de réir Foinse**

| Foinse Fáltais an AE                                                       | Suim                | Úsáid Chistí an AE |               |                      |
|----------------------------------------------------------------------------|---------------------|--------------------|---------------|----------------------|
|                                                                            |                     | Vótaí              | Lár-chiste    | Díreach <sup>a</sup> |
|                                                                            | €000                | €000               | €000          | €000                 |
| <b>Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe</b>                                   |                     |                    |               |                      |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) <sup>b</sup>            | 1,318,985           | -                  | -             | 1,318,985            |
| An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Forbairt Tuaithe (EAFRD)                  | 329,171             | 329,171            | -             | -                    |
| An Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta <sup>c</sup> | 744                 | 744                | -             | -                    |
| <b>Cistí Struchtúracha<sup>d</sup></b>                                     |                     |                    |               |                      |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) <sup>e</sup>                 | 57,713 <sup>f</sup> | -                  | 57,156        | 557                  |
| Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF)                                            | 42,810              | 42,810             | -             | -                    |
| An Ciste Comhtháthaithe                                                    | 22,930              | -                  | 10,700        | 12,230               |
| <b>Cistí Eile/Fáltais</b>                                                  |                     |                    |               |                      |
| Fáltais Eile                                                               | 38,398              | 11,673             | 14,730        | 11,995               |
| <b>Iomlán</b>                                                              | <b>1,810,751</b>    | <b>384,398</b>     | <b>82,586</b> | <b>1,343,767</b>     |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:

- a Coinnítear na fáltais seo deighilte ó chistí Stáit nó Vótáilte agus íoctar le faighteoirí iad thar ceann an AE.
- b Is iad na príomhchodanna na hÍocaíochtaí Aonair Feirme ar fiú suas le €1.3 billiún iad.
- c Ó 2007, tháinig an EAGF agus EAFRD in áit An Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta.
- d Is éard atá i gceist leis na Cistí Struchtúracha ná ERDF, a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil d'fhorbairt agus do choigeartú struchtúrach geilleagar réigiúnacha, an ESF, a fhorálann do thacaíochtaí oideachais, oiliúna agus fostaíochta agus Maoiniú Comhtháthaithe do thionscadail infreastruchtúracha iompair agus comhshaoil. Níl Éire incháilithe níos mó do thacaíocht mhaoinithe Comhtháthaithe ó dheireadh 2003.
- e Áirítear ar an méid thuas fáltais €4.9 milliún ón gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas.
- f Áirítear ar an bhfigiúr seo suim €9.3 milliún i leith réamhíocaíochtaí, a choinnítear i gcuntas fionraí agus a úsáidtear chun tionscadail atá faofa do mhaoiniú ón AE a réamh-mhaoiniú.

7.6 Is éard atá sa €38.4 milliún i bhFáltais Eile a leagtar amach i bhFíor 31 ná an maoiniú a bhfuil cur síos air i bhFíor 32.

**Fíor 32 Fáltais Mheasta an AE ó Fhoinsí Eile<sup>a</sup>**

| Foinse Fáltais Measta Eile an AE                                        | Méid<br>€000  | Úsáid Chistí an AE |                   |                 |
|-------------------------------------------------------------------------|---------------|--------------------|-------------------|-----------------|
|                                                                         |               | Vótaí<br>€000      | Lárchiste<br>€000 | Díreach<br>€000 |
| Ionstraim Airgeadais um Threoraíocht lascaigh                           | 2,526         | 2,526              | -                 | -               |
| Cosaint lascaigh/ EAGF Margaí Éisc agus Caomhnú agus Bainistiú lascaigh | 617           | 617                | -                 | -               |
| An Ciste Eorpach lascaigh <sup>b</sup>                                  | 2,959         | -                  | 2,959             | -               |
| An Ciste Tréadliachta                                                   | 6,424         | 6,424              | -                 | -               |
| Cláir Oideachais                                                        | 11,858        | -                  | -                 | 11,858          |
| EEA/TENanna/Eile <sup>c</sup>                                           | 11,771        | -                  | 11,771            | -               |
| Cistí Eopacha um Dhídeanaithe/Lánpháirtíú/Gnóchan <sup>d</sup>          | 2,106         | 2,106              | -                 | -               |
| CSO – Fáltais Eurostat                                                  | 137           | -                  | -                 | 137             |
| <b>Iomlán</b>                                                           | <b>38,398</b> | <b>11,673</b>      | <b>14,730</b>     | <b>11,995</b>   |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:

- a Féadfaidh go n-íocfadh Coimisiún an AE roinnt de Chistí an AE ó fhoinsí eile go díreach le cuideachtaí príobháideacha nó le daoine aonair e.g. deontais taighde agus dá bharr seo úsáidtear an téarma measta.
- b Coinnítear réamhfócaíochtaí i gcuntas fionraí agus úsáidtear iad do réamh-mhaoiniú tionscadal atá faofa do mhaoiniú ón AE.
- c Baineann na fáltais seo go príomha le tionscadail iompair, fuinnimh agus teileacumarsáide.
- d Is éard atá sna fáltais seo ná €1.5 milliún i leith an Chiste Eorpaigh um Dhídeanaithe agus an Chiste chun Náisiúnaigh Tríú Tíortha a Lánpháirtíú agus is fáltais don Chiste Eorpach Gnóchan an t-iarbhéid.

**Dáileadh Cistí an AE**

7.7 Feidhmítear beartas buiséid an AE ar bhonn clárthréimhsí airgeadais ilbhliantúla. Is é 2007-13 an chlárthréimhse reatha agus aontaíodh an creat oibre airgeadais don tréimhse seo idir Parlaimint na hEorpa, An Chomhairle AE agus an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) faoi Chomhaontú IdirInstitiúideach ar glacadh leis i mBealtaine 2006. Tá rialacha mionsonraithe agus ginearálta d'fheidhmiú cuspóirí beartais an AE leagtha síos i Rialacháin an Choimisiúin agus na Comhairle AE. Aontaítear buiséad caiteachais agus fáltais bliantúil AE ansin.

7.8 Socraíonn an Chomhairle AE agus Parlaimint na hEorpa buiséad bliantúil an AE ar bhonn togra bhuiséadaigh ón gCoimisiún a bhfuil an fhreagairt orthu é a chur i bhfeidhm. Ar fud ballstáit uile an AE, is í an talmhaíocht agus forbairt tuaithe an eilimint aonair is mo de chaiteachas AE –i bhfoirm fócaíochtaí d'fheirmeoirí go príomha – arb 45% den bhuiséad é i 2009. Ba bheagnach 40% den bhuiséad é an cistiúchán comhtháthaithe.

7.9 Is iad cistí Forbartha Tuaithe agus Talmhaíochta agus Cistí Struchtúracha príomhfhoinsí maoinithe an AE d'Éirinn. Tá sciar na hÉireann de Chistí Struchtúracha ag dul i laghad thar na blianta. Rialaítear gach ceann díobh seo le rialacha difriúla do bhainistiú airgeadais, do rialú agus do fhreagracht. Tá difríocht mhór ann sa mhéid is go caithfear cuntais bhliantúla caiteachais, deimhnithe go neamhspleách, a chur isteach do chistí Forbartha Tuaithe agus Ráthúnas Talmhaíochta, cé go gcaithfear cuntais dheimhnithe do Chistí Struchtúracha a chur isteach ag deireadh na clárthréimhse.

## **Cistí Talmhaíochta**

7.10 Maoinítear caiteachas AE ar Thalmhaíocht agus ar Fhorbairt Tuaithe as dhá chiste

- an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF), a dhéanann íocaíochtaí cúnamh díreach d'fheirmeoirí a mhaoiniú go hiomlán, cé is moite de chúpla eisceacht, chomh maith le raon bearta tacaíochta margaidh
- an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD), a tugadh isteach i 2007 agus a úsáidtear chun bearta a feidhmíodh faoi Chlár Forbairt Tuaithe na hÉireann 2007-2013 a chómhaoiniú.

7.11 Íocann gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe<sup>42</sup> caiteachas EAGF agus EAFRD sna ballstáit. In Éirinn, is í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-aon ghníomhaireacht íocaíochta agus údarás bainistithe<sup>43</sup> don EAGF agus EAFRD. Tá an t-údarás íocaíochtaí forbairt tuaithe i leith beart sonracha de chuid EAFRD a bhaineann le LEADER<sup>44</sup> tairmligthe don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

7.12 Aisíoctar caiteachas EAGF ón AE ar bhonn míosúil. Aisíoctar caiteachas EAFRD in aghaidh an ráithe. Ag deireadh na bliana ní mór cuntais bhliantúla atá deimhnithe go neamhspleách a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ceanglaítear ar Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Ráiteas Urrúis a sholáthar gach bliain maidir le cuntais agus córais rialaithe EAGF agus EAFRD. I gcás EAFRD, cuireann an Roinn tuarascáil bhliantúil isteach ar a fheidhmiú.

7.13 Imréitíonn an Coimisiún an dá chuntas bliantúil in dhá chéim – trí chinneadh imréitigh bliantúil bunaithe ar dheimhniú neamhspleách na gcuntas bliantúil agus trí chinntí imréitigh ad-hoc ag éirí as obair iniúchta leantach ón gCoimisiún. Téann an Coimisiún i mbun clár bliantúil iniúchtaí ar scéimeanna agus ar réimsí sainiúla tar éis deimhniú na gcuntas bliantúil agus rinne cúig mhisean iniúchta i 2009.

## **Cistí Struchtúracha**

7.14 Ceanglaíonn na Rialacháin lena rialaítear na Cistí Struchtúracha ar bhallstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, cláir oibriúcháin a ullmhú agus a aontú chun tosaíochtaí straitéiseacha a fheidhmiú agus ceanglais bhainistiú airgeadais agus rialaithe, bainteach le forfheidhmiú cúnamh cómhaoinithe Cistí Struchtúracha, a fhorchur.

7.15 Ceanglaítear ar gach ballstát faoi na Rialacháin, Údarás Bainistíochta a ainmniú do gach Clár Oibriúcháin. Caithfidh an ballstát Údarás Iniúchta agus Údarás Deimhniúcháin a ainmniú do gach ciste freisin. Áirítear ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí na gcomhlachtaí seo iad seo a leanas

- Tá an tÚdarás Bainistíochta freagrach as bainistiú agus feidhmiú an chlár oibriúcháin de réir prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus as cinntiú go dtagann na gníomhaíochtaí a roghnaíodh don mhaoiniú le critéir an Chláir Oibriúcháin. Tá sé freagrach freisin as seachadadh tionscadal cómhaoinithe a fhóru, gur tabhaíodh iarmhír an

<sup>42</sup> Tá gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe ag ballstáit má chomhlíonann siad ceanglais ar leith ar shrian airgeadais agus ar fhreagracht maidir le caiteachas AE mar a leagtar síos i reachtaíocht an Chomhphobail (Rial.AE 885/2006).

<sup>43</sup> Tá an tÚdarás Bainistíochta freagrach as bainistiú agus feidhmiú an chlár ar bhealach ceart, éifeachtach agus éifeachtúil.

<sup>44</sup> Tá tionscnamh LEADER ceaptha cuidiú le forbairt pobal tuaithe inmharthana.

caiteachas a dhearbhaigh na tairbhíthe agus go gcomhlíonann sé Rialacha náisiúnta agus AE agus go bhfuil rian iniúchta imleor ann.

- Tá an tÚdarás Deimhniúcháin freagrach as dréachtadh agus cur isteach ráitis chaiteachais agus iarratais ar íocaíocht. Tá sé freagrach as cruinneas agus ionracas na ráiteas caiteachais seo a chinntiú.
- Áirítear ar fheidhmeanna an Údaráis Iniúchta a chinntiú go ndéantar iniúchtaí chun feidhmiú éifeachtach chórais bhainistithe agus rialaithe na gclár oibriúcháin a fhíorú. Caithfidh sé straitéis iniúchta a chur i láthair an Choimisiúin agus Tuarascáil Rialaithe Bhliantúil a chur isteach ag leagan amach torthaí iniúchtaí a rinneadh agus tuairim bhliantúil iniúcháin a sholáthar faoi cibé an bhfeidhmíonn na córais bhainistithe agus rialaithe go héifeachtach.

7.16 Tá freagracht bheartais fhoriomlán do na Cistí Struchtúracha ar an Roinn Airgeadais agus is í an tÚdarás Deimhniúcháin don ERDF freisin í. Tá dhá Údarás Bainistíochta ERDF sa chlárthréimhse 2007-13 – an Tionól Réigiúnach do réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus an Tionól Réigiúnach do réigiún an Deiscirt agus an Oirithir. Tá an phríomhfheagracht don ESF ar an Roinn Oideachais agus Scileanna<sup>45</sup>, mar Údarás Bainistíochta agus mar Údarás Deimhniúcháin.

7.17 Ceanglaítear ar Ard-Rúnaí gach roinn a bhfuil baint aici le feidhmiú tionscadal cómhaoinithe, dearbhú a shíniú gach bliain agus é a chur faoi bhráid na Roinne Airgeadais chun comhlíonadh rialúcháin is infheidhme an AE a dhearbhu. Cuireann gach Údarás Bainistíochta Tuarascáil Fhorfheidhmithe isteach chuig an gCoimisiún gach bliain, tuarascáil a leagann amach forfheidhmiú airgeadais na gclár oibriúcháin ó thaobh spriocanna agus tugann breac-chuntas ar na nósanna imeachta measúnaithe agus monatóireachta atá ann.

## **Iniúchadh Cistí an AE**

7.18 Tugtar breac-chuntas thíos ar na socruithe iniúchta atá ann laistigh de gach ceann de na ranna ábhartha maidir le cistí AE maraon le imlíne ar rólanna m'Oifige, Coimisiún an AE agus Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (ECA).

### ***Na hÚdaráis Iniúchta***

#### ***Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe***

7.19 Ceapann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia cuideachta d'iniúcháirí tráchtála chun teastas agus tuarascáil bhliantúil neamhspleách a chur ar fáil ar rialuithe inmheánacha don Choimisiún. Chomh maith leis seo chríochnaigh agus d'eisigh Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne seacht dtuairisc iniúchta córais ar scéimeanna a mhaoinigh an EAGF agus EAFRD i 2009.

<sup>45</sup>

Aistríodh freagracht le haghaidh ESF chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna an 1 Bealtaine 2010.

## *Cistí Struchtúracha*

7.20 Bunaíodh Údaráis Iniúchta ar a dtugtar Aonaid Rialaithe Airgeadais sa Roinn Airgeadais, Aonad Rialaithe Airgeadais ERDF agus sa Roinn Oideachais agus Scileanna, Aonad Rialaithe Airgeadais ESF. Ceanglaíodh ar na hAonaid Rialaithe seiceálacha fíoraithe bliantúla<sup>46</sup> d'íosmhéid 5% a dhéanamh ar chaiteachas incháilithe iomlán laistigh d'údaráis bhainistíochta, comhlachtaí idirmheánacha agus tairbhíthe i gcláir oibriúcháin sa chlárthréimhse 2000-06.

7.21 I 2009, rinne Aonad Rialaithe ERDF iniúchtaí i 34 eagraíocht agus le linn na n-iniúchtaí seo d'fhóirigh sé caiteachas de luach €88 milliún i leith na clárthréimhse 2000-06. Amhail 31 Nollaig 2009, tá an tAonad tar éis caiteachas €441 milliún a fhóirú, nó 12% de chaiteachas carnach €3.7 billiún a dearbhaíodh don Choimisiún. I 2009, d'fhóirigh an tAonad caiteachas an Chiste Comhtháthaithe<sup>47</sup> de luach €2 milliún agus go deireadh 2009 bhí an tAonad tar éis caiteachas €319 milliún as iomlán €777 milliún a dearbhaíodh don Choimisiún, a fhóirú.

7.22 Amhail 31 Nollaig 2009, d'fhóirigh Aonad Rialaithe ESF caiteachas carnach i leith na clárthréimhse 2000-06 de €222 milliún nó 11% den iomlán €1.9 billiún a dearbhaíodh don Choimisiún. I 2009, i leith na clárthréimhse 2007-13, rinne sé iniúchtaí fíoraithe ar 39 oibriúchán agus iomlán €43 milliún d'éilimh chaiteachais san áireamh iontu. Ba ionann é seo agus 25% den chaiteachas iomlán €175 milliún a éilíodh i 2007 agus i 2008.

7.23 Déantar iniúchtaí córasbhunaithe freisin ag gach leibhéal chun éifeachtacht na gcóras bainistithe agus rialaithe atá ann a fhóirú agus déanann an dá Aonad Rialaithe comhordú ar phlean bliantúil d'iniúchtaí córasbhunaithe le comhlíonadh ag Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí i gcomhlachtaí bainteach le bainistiú agus le riaradh na gclár oibriúcháin. Chomh maith leis seo déantar sraith de sheiceálacha córais agus seiceálacha comhlíontacha ó leibhéal an Údaráis Bhainistíochta síos go dtí an leibhéal tairbhíthe deiridh, ag teacht le rialacháin an AE<sup>48</sup>.

## *Iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

7.24 Sa chás ina ndearna mise iniúchadh ar Roinn nó ar Chomhlacht Stáit, déantar iniúchadh ar fháltas agus cur i bhfeidhm na gcistí ar an modh céanna le cistí náisiúnta agus le gach idirbheart eile atá déanta ag an gcomhlacht sin. Féachtar, mar chuid den phleanáil iniúcháireachta, do thascanna iniúcháireachta atá déanta ag comhlachtaí eile, lena n-áirítear an ECA agus an comhlacht deimhnithe do thacaíochtaí talmhaíochta. Áirítear ar an obair iniúcháireachta, tástáil chomhlíonadh na rialacha náisiúnta atá trasuite ó Threoracha agus Rialacháin an AE. Tá an próiseas trasúimh lasmuigh de shainchúram an iniúchta, áfach.

7.25 Scrúdaítear socruithe cigireachta a chuir an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in áit chun incháilitheacht feirmeora do theidlíochtaí na Scéime Íocaíochta Aonair a dhearbhu agus cros-chomhlíonadh maidir le bainistíocht feirme, cúinsí comhshaoil, leasa agus sláinte i gCaibidil 27.

7.26 D'fhiosraigh m'Oifig riaradh an chúnaimh a íoctar faoin Scéim Athstruchtúrach Siúcra i rith na bliana. Tá achoimre ar thorthaí an fhiosraithe seo le fáil in Iarscríbhinn A.

<sup>46</sup> Athraíodh an ceanglas do sheiceálacha fíoraithe 5% don chlárthréimhse 2007-13. Ceanglaíonn Rialacháin AE anois go bhfuil an sampla d'oibriúcháin a bhfuil iniúchadh le déanamh air gach bliain, bunaithe ar mhodh samplála staitistiúil randamach. Féadfar modh neamh-staitistiúil a úsáid i gcás go mbíonn líon na n-oibriúcháin neamhleor chun modh samplála staitistiúil a cheadú.

<sup>47</sup> Tá Aonad Rialaithe Airgeadais ERDF freagrach freisin as fóirú bliantúil d'íosmhéid 15% ar chaiteachas incháilithe maidir le maoiniú Comhtháthaithe.

<sup>48</sup> Airteagal 60 de Rialachán Ginearálta 1083/2006.

## ***Iniúchtaí a dhéanann Coimisiún an AE***

7.27 Tugann seirbhísí iniúcháireachta Choimisiún an AE faoi roinnt iniúchtaí gach bliain sna Ballstáit agus tá an ceart acu iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh nó féadfaidh siad iarraidh ar bhallstát iniúchadh a dhéanamh ar chláir nó ar thionscadail shonracha.

### ***Cúirt Iniúcháirí na hEorpa***

7.28 Rinne Éire ranníocaíocht de bheagnach €1.5 billiún i 2009 i leith buiséad iomlán an AE de thart ar €120 billiún arbh ionann agus thart ar 1% d'Ollioncam Náisiúnta na 27 ballstát. Toisc go gcuirtear ranníocaíocht airgeadais na hÉireann isteach leo siúd ó bhallstáit eile is spéis léi go ndéantar na cistí coiteanna a bhainistiú go héifeachtach. Tugann an ECA an dearbhú seo ag leibhéal an AE.

7.29 Ceanglaítear ar an ECA, Ráiteas Urrúis bliantúil (tuairim iniúcháir) a thabhairt maidir le hiontaofacht Chuntais an Aontais Eorpaigh agus dlíthíocht agus rialtacht na n-idirbheart a bhaineann leis na cuntais sin. Le linn dóibh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, tugann baill foirne ECA cuairt ar Bhallstáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta, córais rialaithe a thástáil agus imscrúdú mionsonrach a dhéanamh ar sampla d'iarratais a rinneadh mar thacaíocht le híocaíochtaí do thairbhíthe deiridh. Agus iniúchtaí á roghnú, cuireann an ECA roimhe ábhair iniúchta a shainaithint ar dóigh go mbeidh ardtionchar acu ó thaobh feabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith ann i mbarainneacht, in éifeachtúlacht agus in éifeachtacht chaiteachas an AE a aithint.

7.30 Déanann socraíochtaí idirchaidrimh soláthar do chuairteanna ECA ar Éirinn atá le heagrú ag m'Oifig agus cuirtear an comhfhreagras go léir, lena n-áirítear torthaí iniúcháireachta ECA agus freagairtí bainistíochta chuig m'Oifig le tarchur chuig an gcomhlacht iniúchta. Rinneadh ceithre chuairt dá leithéid i 2009. Déantar na torthaí a ionchorprú mar chuid de thuarascáil bhliantúil an ECA tar éis comhairliúcháin leis an Údarás Deimhniúcháin.

7.31 Don dara bliain as a chéile thug an ECA Ráiteas Urrúis dearfach, gan cháiliú, ar iontaofacht cuntas<sup>49</sup> 2008. Ach don cúigiú bliain déag i ndiaidh a chéile, níor thug an ECA Ráiteas Urrúis dearfach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht formhór chatagóirí caiteachais an AE. Thug sé tuairisc ar leibhéal ábharach earráidí<sup>50</sup> i measc ballstáit do chatagóirí caiteachais AE a chuimsíonn 53% de chaiteachas, lena n-áirítear na catagóirí Comhtháthaithe agus Forbairt Tuaithe.

7.32 Ach léirigh na torthaí foriomlána ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht idirbheart feabhas sobhraite i mbainistiú an bhuiséid le blianta beaga anuas go háirithe sa ghrúpa beartais is mó, Talmhaíocht agus Acmhainní Nádirtha. Bhain an ECA de thátaí as, gan Forbairt Tuaithe san áireamh, go raibh íocaíochtaí sa ghrúpa beartais seo dlíthiúl agus rialta i ngach gné ábharach agus don chéad uair thug sé tuairim choinníollach<sup>51</sup> agus ní tuairim chodarsnach<sup>52</sup>.

7.33 Ar an iomlán tá an leibhéal mírialtachta thar an AE ard i gcónaí i réimsí áirithe agus tugadh tuairim choinníollach ar an ngrúpa beartais, Gnóthaí Airgeadais agus Eacnamaíochta cé gur thug an ECA tuairimí codarsnacha ar thrí ghrúpa beartais eile a ndearna earráid difear ábhartha dóibh,

<sup>49</sup> Níl iniúchadh ar chuntais 2009 tugtha chun críche go fóill.

<sup>50</sup> Déileáilann an ECA le hearráid ábharach mar earráid sa bhreis ar 2% de chaiteachas iomlán i réimse beartais.

<sup>51</sup> Tugtar tuairim choinníollach nuair nach féidir tuairim neamhchoinníollach a léiriú ach níl éifeacht aon easaontas nó aon teorannú ar scóip chomh hábharach nó forleatach gur ghá tuairim chodarsnach nó séanadh tuairime.

<sup>52</sup> Tugtar tuairim chodarsnach nuair a bhíonn leibhéal na hearráide sna hidirbhearta bunúsacha ábharach agus forleatach, nó nuair nach mbíonn na cuntais iontaofa.



ach ag leibhéil dhifriúla. Orthu seo bhí an maoiniú Comhtháthaithe arb é an dara grúpa beartais is mó agus an réimse is mó a ndeachaidh earráidí i gcaiteachas ar fud an AE i bhfeidhm air, le 11% d'aisíocaíochtaí measta nár chóir a bheith íoctha.

7.34 Chinn an ECA gur chosúil go bhfuil rátaí earráide ag dul i laghad ar an iomlán ach gur toradh an leibhéal ard earráide a tuairiscíodh in a lán cásanna ar rialacha agus ar rialacháin atá róchasta agus is tosaíocht í an simpliú i gcónaí má tá tuilleadh laghdaithe inmharthana agus suntasacha i leibhéal na n-íocaíochtaí mírialta le baint amach.

## Mírialtachtaí, Aisghabháil agus Ceartúcháin Airgeadais

7.35 Tá ceangal ar bhallstáit suimeanna a cailleadh de thoradh mírialtachtaí a aisghabháil. Is féidir leis an mballstáit ceartúcháin<sup>53</sup> airgeadais a dhéanamh bunaithe ar nádúr agus ar imtharraingt aon mhírialtachtaí a aimsíodh agus méid agus impleachtaí airgeadais na n-easnamh.

7.36 D'fhéadfadh ceartúcháin airgeadais a bheith sna foirmeacha seo a leanas

- Ceartúcháin atá cainníochtaithe go sonrach i gcásanna ina n-aimsítear mírialtacht in oibriúchán aonair nó roinnt oibriúchán aonair agus in ar féidir an ceartúchán a chainníochtú.
- Ceartúcháin eachtarshuite i gcás gur féidir glacadh leis gur tharla mírialtacht, a aimsíodh i sampla ionadaíoch idirbheart, in athuair in oibríochtaí eile den chineál céanna.
- Ceartúcháin ar ráta comhréidh i gcás nach bhfuil sárúithe aonair no mírialtachtaí sistéamacha inchainníochtaithe iarbhír. Féadfaidh scálaí ceartúchán ar ráta comhréidh athrú ó 2% go 100% den chúnamh ag brath ar dhéine an tsáraithe ar na rialacháin.

7.37 Tá freagracht fhoriomlán ar Údaráis Deimhnithe do Chistí Struchtúracha do phróiseáil agus tuairisciú ceartúchán airgeadais. Go sonrach cuireann ceartúcháin cainníochtaithe a aimsíonn an tÚdarás Iniúchta le ráta earráide<sup>54</sup> na hÉireann. Leagtar an ráta earráide a chinneann an tÚdarás Iniúchta amach ina thuarascáil rialaithe bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin.

7.38 I gcás go ndéantar aon cheann de na cineálacha ceartúchán airgeadais thuas, féadfaidh an tÚdarás Deimhniúcháin gníomh ceartaitheach a mholadh agus cuirtear tuairisc ar an mírialtacht chuig an Coimisiún. Ach ní gá go mbeadh tionchar aige seo ar an tarraingt anuas foriomlán toisc gur féidir le ballstáit caiteachas incháilithe eile a úsáid. Ní féidir caiteachas incháilithe a chur in áit chaiteachais neamh-incháilithe ach amháin roimh dhúnadh Cláir Oibríochta<sup>55</sup> ar choinnioll go bhfuil éilimh incháilithe barrachais imleor ann.

7.39 Is ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia mar ghníomhaireacht íocaíochtaí do chistí EAGF agus EAFRD a bhfuil freagracht iomlán do phróiseáil agus do tuairisciú ceartúchán airgeadais uirthi. Toisc go bhfuil maoiniú EAGF maoinithe go hiomlán ag an gCoimisiún, íoctar suimeanna a aisghabháiltear de thoradh mírialtachtaí ar ais leis an gCoimisiún. Tá na rialacha ar aisghabháil do mhaoiniú EAFRD maidir le hathúsáid cistí ar aon dul leis an gcaoi a dhéileáiltear le Cistí Struchtúracha.

<sup>53</sup> Airteagail 98-100 de Rialachán 1083/2006 ón AE.

<sup>54</sup> Is éard is ráta earráide ná luach na n-earráidí cainníochtaithe a aimsíodh, á ríomh mar chéatadán de na hidirbhearta a sampláladh mar chuid den iniúchadh.

<sup>55</sup> Forálann Airteagal 98 (2) de Rialachán AE Uimh. 1083/2006 don chlárthréimhse 2007-13, gur féidir na hacmhainní ó chistí a scaoileadh mar thoradh ar cheartúcháin airgeadais a athúsáid ag comhlacht stáit go dtí 31 Nollaig 2015 don tréimhse oibríochtúil.

### **Ceartúcháin Airgeadais a rinne Coimisiún an AE**

7.40 I gcás Cistí Struchtúracha féadfaidh an Coimisiún ceartúcháin airgeadais<sup>56</sup> a dhéanamh trí aisghabháil suimeanna a íocadh nó trí chuid nó iomlán ranníocaíocht an Chomhphobail a chur ar ceal i gcás, tar éis scrúdú a dhéanamh, go gcinneann sé go bhfuil easnamh tromchúiseach i mbainistiú agus i gcóras rialaithe cláir nó go raibh caiteachas neamh-incháilithe i ráiteas deimhnithe caiteachais ballstáit agus nár ceartaíodh é.

7.41 De ghnáth tarlaíonn an cineál seo ceartúcháin airgeadais de chuid an Choimisiúin ag próiseas an chlabhsúir ag deireadh timthriall cláir nuair a bhíonn na héilimh dheireanacha curtha isteach ag an Údarás Deimhniúcháin agus ag an bpointe seo d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair an caiteachas neamh-incháilithe a ionadú.

7.42 Go dtí seo tá ceartúcháin airgeadais €48 milliún san iomlán déanta ag an gCoimisiún i leith na gCistí Struchtúracha. Bhí €5.6 milliún san iomlán i gceist sa mhaoiniú iomlán a cailleadh don Státchiste sa bhabhta maoinithe 1994-1999. Tharla na ceartúcháin seo i gcás scéimeanna soláthair uisce agus tionscadail bóthair. Sa bhabhta 2000-2006, dícheadaíodh<sup>57</sup> suim bhreise €13.4 milliún.

7.43 B'ionann agus beagán sa bhreis ar €29 milliún an tsuim a chaill Éire faoin mbabhta maoinithe 1994-1999 i leith an ESF. D'eascair €15.6 milliún de as trí chlár – an Clár Oibriúcháin Forbairt Acmhainní Daonna, an Clár Oibriúcháin Turasóireachta agus an Clár Oibriúcháin Tionscail – mar thoradh ar chinneadh iniúchta de chuid an Choimisiúin i 2000, arna dhaingniú le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i 2005. Sa chás seo, coinníodh airgead siar ag éirí as an tslí inar chuir Éire éilimh<sup>58</sup> ESF i láthair.

7.44 Ní dearnadh aon cheartúchán airgeadais i leith ERDF nó ESF do na chlárthréimhsí 2000-2006 agus 2007-13.

7.45 I gcás cistí Forbairt Tuaithe agus Talmhaíochta, déanann an Coimisiún cinntí imréitigh comhlíonta ad-hoc ar bhonn torthaí iniúchta de chuid an Choimisiúin. Diúltóidh an Coimisiún caiteachas neamh-incháilithe agus d'fhéadfadh go bhfeidhmeodh sé ceartúcháin airgeadais ag éirí as a obair iniúchta má chinneann sé go bhfuil easnaimh sna córais bhainistithe agus rialaithe.

7.46 Is éard a bhí i ndícheaduithe ad-hoc a ghearr an Coimisiún sa tréimhse 2000 to 2009 i leith caiteachais EAGF ná suim díreach faoi bhun €39 milliún. Fuair an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia íocaíochtaí EAGF €16.4 billiún sa tréimhse sin. Bhain an ceartúchán airgeadais aonair is mó leis an mbliain 2000 nuair a dícheadaíodh díreach faoi bhun €20 milliún ag éirí as dhá chinneadh<sup>59</sup>. Bunaithe ar ríomhanna na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, b'ionann dícheaduithe na hÉireann i dtaca le caiteachas a tabhaíodh sna blianta 1999-2008 agus thart ar 0.13% de mhaoiniú an AE. Léiríonn na ríomhanna seo freisin dícheadú céatadán comhfhreagrach de 1.44% do chaiteachas<sup>60</sup> iomlán AE-15 thar an tréimhse chéanna.

<sup>56</sup> Faoi Airteagal 99 de Rialachán AE 1083/2006.

<sup>57</sup> Bhain sé le dícheaduithe €8.9 milliún i leith oibreacha ag Stáisiún Heuston nach raibh maoinithe ag an Státchiste, cóiréail fuíolluisce i mBaile Átha Cliath agus Tionscadal Chlochrán-Halla an Leasáin.

<sup>58</sup> Ag éirí as eagrais neamhrialtasach cuidithe nár dhearbhaigh iomlán a mhaoinithe rialtais agus an mhodheolaíocht a d'úsáid an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta agus point Éireannacha á n-aistriú go ECUina.

<sup>59</sup> Cinneadh an Choimisiúin 1 Márta 2000 (2000/216/CE) bainteach le ceartúchán €6.4 milliún d'íocaíochtaí deireanacha agus rialú míshásúil san earnáil Phréimhe Feolal. Cinneadh ar cheartúchán airgeadais €13.4 milliún ar 5 Iúil 2000 (2000/449/CE) maidir le cúnamh foraoisithe nach raibh incháilithe agus líon neamhleor agus cáilíocht seiceálanna ar an láthair san earnáil barr curaíochta

<sup>60</sup> Tagraíonn AE-15 do na 15 ballstát san AE roimh aontachas deich dtír is iarrthóir 1 Bealtaine 2004.

## Conclúid

Rinne Éire ranníocaíocht €1.5 billiún le buiséad an AE i 2009 agus fuarthas €1.8 billiún ó chistí AE.

Tá Coimisiún an AE, ó 1994, tar éis ceartúcháin airgeadais €48 milliún a dhéanamh ar fháltais na hÉireann ó chistí Comhtháthaithe agus ESF. I gcás na gcistí forbairt tuaithe agus talmhaíochta measann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia gur dícheadaíodh, idir 1999 agus 2008, thart ar 0.13% de mhaoiniú AE a fuair Éire tráth a raibh meán-dícheadú 1.44% ar fud an AE -15.

Tá suim ag Éirinn, mar atá ag ballstáit eile, sa chaoi a n-úsáidtear buiséad an AE. Cé gur thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar aird feabhas i mbainistiú an bhuiséid ar fud an AE, ní raibh siad in ann deimhniú dearfach a thabhairt ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht an chuid is mo d'eilimintí caiteachais an AE. Ach d'aithin an Chúirt go n-eascraíonn na hearráidí i gcuid mhaith cásanna de thoradh castacht na rialacha.



## Iarscríbhinn A Athstruchtúráil Tionscal Siúcra an AE

I 2006, bhunaigh an AE ciste athstruchtúraithe (maoinithe ag na próiseálaithe a bhí ag fanacht laistigh de ghnó próiseála an tsíúcra) chun spreagadh a thabhairt do phróiseálaithe siúcra nach raibh chomh héifeachtach, an gnó a fhágáil. Shocraigh an t-aon phróiseálaí siúcra amháin in Éirinn, Siúicre Éireann Teo. (Greencore), éirí as an táirgeacht go hiomlán.

Bhí suim iomlán €145.5 milliún de chúnamh athstruchtúraithe ar fáil d'Éirinn agus €41 milliún de chúnamh athstruchtúraithe<sup>61</sup> aisghníomhach breise, rud a thug iomlán €186.5 milliún. Rinneadh íocaíochtaí le trí chineál tairbhíthe – an próiseálaí, táirgeoirí biatais agus conraitheoirí innealra. Cheadaigh an rialachán ábhahrtha<sup>62</sup> 10%<sup>63</sup> ar a laghad den chúnamh a choimeád le haghaidh táirgeoirí biatais agus conraitheoirí innealra lena gcaillteanais a chúiteamh leo. Níor leagadh síos aon íosleibhéal do phróiseálaithe.

### Cúiteamh don Phróiseálaí

Dáileadh suim iomlán €127 milliún ar Greencore. Ceanglaíodh ar Greencore plean athstruchtúraithe a chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun a cheadaithe. Chun íocaíochtaí a tharraingt anuas b'éigean do Greencore urrús 120% de mhéid na híocaíochta a lóisteáil de réir rialacháin an AE. Scaoiltear an t-urrús ina dhiaidh sin de réir mar a dhéantar dul chun cinn i bhfeidhmiú an phlean.

Tá breac-chuntas ar na híocaíochtaí agus ar urrús gaolmhar i bhFíor 33.

#### Fíor 33 Íocaíochtaí agus Urrús - Greencore

| Dáta na híocaíochta | Íocaíocht    | An tUrrús Lóisteáilte |
|---------------------|--------------|-----------------------|
|                     | €m           | €m                    |
| Meitheamh 2007      | 43.6         | 52.4                  |
| Feabhra 2008        | 83.4         | 100.0                 |
| <b>Iomlán</b>       | <b>127.0</b> | <b>152.4</b>          |

De réir mar a chuaigh feidhmiú an phlean chun cinn chuir Greencore tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar fáil agus d'fhóraigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an Roinn iad seo trí chuairteanna ar láithrean agus ansin chuir tuarascálacha cigireachta bliantúla ar fáil.

Scaoileadh an t-urrús don íocaíocht i Meitheamh 2007 in iomlán i bhFeabhra 2008 ar bhonn chéad tuarascáil chigireachta bhliantúil na Roinne. Deonadh scaoileadh páirteach den dara urrús i 2008 agus 2009 ach tá an Roinn ag coinneáil €9.6 milliún siar go dtí go mbeidh an plean athstruchtúrach comhlánaithe go sásúil.

<sup>61</sup> Forálann Rialachán na Comhairle 1261/2007 d'íocaíochtaí breise agus cuireadh iad seo i bhfeidhm go cúlghabhálach ar tháirgeoirí a d'fhág an margadh i 2006 agus 2007.

<sup>62</sup> Rialachán na Comhairle 320/2006.

<sup>63</sup> Leasaithe i nDeireadh Fómhair 2007, tráth a leagann sé amach uasmhéid 10% le dáileadh ar na táirgeoirí.

## Táirgeoirí Biatais

Bhí táirgeoirí a rinne biatas a sheachadadh go Greencore in aon cheann de na trí bliana tagartha (2001, 2002 agus 2004) incáilithe le haghaidh cúnaimh. Shocraigh an Roinn an cúnamh ar fad a íoc le táirgeoirí ar bhonn an méid biatas siúcra conraithe agus ní méid an bhiatais a sheachadadh.

Bhunaigh an Roinn bunachar sonraí 3,779 feirmeoir a raibh conradh do bhiatas siúcra acu le Greencore le linn bliain amháin ar a laghad de na blianta tagartha, bunaithe ar eolas a chuir Greencore ar fáil.

Sheiceáil an Roinn an t-eolas a cuireadh ar fáil ar mhaithe le cruinneas trí sampla randamach 5-7% ar chomhaid sna monarchana i gCeatharlach agus i Mala araon agus tríd an t-eolas ar an liosta a sheiceáil in aghaidh duillíní seachadta, conarthaí agus taifid droichead meáite<sup>64</sup>. Scríobh an Roinn chuig gach táirgeoir biatais á gcur ar an eolas faoin tonnáiste conraithe sonraithe. Iarradh ar tháirgeoirí dul i dteagmháil leis an Roinn le haon fhiosrúchán nó ceartúchán. Ní bhfuarthas aon fhreagraí. Bunaíodh na híocaíochtaí do gach táirgeoir ansin ar an eolas seo. De thoradh scrúdú a rinne an Roinn ar an mbunachar sonraí, fuarthas amach go raibh 3,515 táirgeoir biatais incháilithe chun páirt a ghlacadh sa scéim.

Le méid an chúnaimh iníoctha le gach táirgeoir a ríomh, roinn an Roinn líon iomlán na dtona conraithe do na táirgeoirí go léir ar an méid cúnaimh a bhí ar fáil le ráta in aghaidh an tona a fháil. Feidhmíodh an ráta seo anís in i leith an mhéid chonraithe do gach táirgeoir.

Rinneadh ceithre chineál íocaíochtaí le táirgeoirí biatais

- cúnamh athstruchtúraithe – íocaíochtaí chun spreagadh a thabhairt leis an tionscal a fhágáil.
- cúnamh éagsúlaithe faoi Airteagal 6 de Rialachán 320/2006 ón gComhairle – cúiteamh iníoctha le táirgeoirí faoi chomhair na gcostas a bhaineann leis an éagsúlú.
- cúnamh éagsúlaithe faoi Airteagal 7 de Rialachán 320/2006 ón gComhairle – cúnamh breise ar fáil de réir mar a tréigeadh méid an chóta siúcra ag gach ball.
- cúnamh athstruchtúraithe aisghníomhach – íocaíochtaí spreagtha breise chun imeacht ón tionscal a spreagadh, á bhfeidhmiú go haisghníomhach i leith táirgeoirí a d'fhág an tionscal i 2006 agus 2007.

Cuireadh cúnamh éagsúlaithe ar fáil do tháirgeoirí biatais mar ranníocaíocht do chostas an éagsúlaithe i ngníomhaíochtaí eile. De réir rialachán an AE, íocadh é in dhá thráthchuid – i Meán Fómhair 2007 agus Márta 2008. Comhlánadh an cúnamh éagsúlaithe ar an mbealach céanna leis an gcúnamh athstruchtúraithe.

Bhí táirgeoirí a fuair cúnamh athstruchtúraithe incháilithe agus tugadh orthu foirm a chomhlánú a léirigh go raibh sé i gceist acu éagsúlú agus cuntas a thabhairt ar cad a bhí i gceist san éagsúlú. De réir taifid na Roinne níor chuir 11 as an 3,515 táirgeoir an fhoirm éagsúlaithe ar ais.

64

Is seiceáil réasúntachta ar na méideanna conraithe a bhí i gceist anseo.

Tá mionsonraí íocaíochtaí do tháirgeoirí biatais leagtha amach i bhFíor 34.

#### Fíor 34 Íocaíochtaí do Tháirgeoirí Biatais

| An Cineál Íocaíochta                      | Buiséad<br>€m | Caite go Dáta<br>€m | % Caite       |
|-------------------------------------------|---------------|---------------------|---------------|
| Cúnamh Athstruchtúraithe                  | 12.35         | 12.28               | 99.43%        |
| Cúnamh Éagsúlaithe (Airt 6)               | 21.82         | 21.42               | 98.16%        |
| Cúnamh Éagsúlaithe (Airt 7)               | 21.82         | 21.77               | 99.78%        |
| Cúnamh Athstruchtúraithe<br>Aisghníomhach | 41.33         | 40.81               | 98.74%        |
| <b>Iomlán</b>                             | <b>97.32</b>  | <b>96.28</b>        | <b>98.93%</b> |

### Conraitheoirí Innealra

Toisc go bhfuil inneallra d'fheirmeoireacht biatas siúcra speisialaithe agus nach bhfuil sé inaistrithe go dtí réimsí eile den fheirmeoireacht, cuireadh €6 milliún den chúnamh athstruchtúraithe ar fáil chun conraitheoirí innealra a chúiteamh. D'éiligh rialacháin an AE go n-íocfaí 40% den chúnamh i Meitheamh 2007, agus an chuid eile i bhFeabhra 2008.

Shainnadh an Roinn cúig chinéal innill a d'fhéadfaí a rangú mar innealra biatais<sup>65</sup> speisialaithe agus iad incháilithe le haghaidh cúitimh. Rinne na conraitheoirí innealra iarratais ar chúiteamh ar fhoirmeacha iarratais caighdeánacha ag cur eolas pearsanta ar fáil agus eolas faoin inneall a raibh éileamh á dhéanamh ina leith. Le bheith incháilithe le cúnamh a fháil bhí ar gach iarratasóir a bheith tar éis an innealra biatais speisialaithe a úsáid le haghaidh cur an bhiatais, obair shabhála nó saothraithe le linn feachtas biatais 2004.

Rinneadh cigireachtaí allamuigh chun cruinneas an eolais a cuireadh ar fáil a fhíorú. Rinneadh cigireacht ar 123 den 384 iarratas bailí. Bhí de thoradh orthu seo go raibh íocaíochtaí laghdaithe i seacht gcinn de na cásanna inar tugadh eolas míchruinn ar an bhfoirm iarratais nó an áit inar diúscaíodh an t-inneall.

Íocadh iomlán €5.9 milliún le 384 conraitheoir. €15,384 a bhí sa mheándeontas a íocadh. Fuair 70% de na conraitheoirí €15,000 nó níos lú. Fuair thart ar 5% de na conraitheoirí €50,000 nó níos mó, breis agus €70,000 á fháil ag 7 conraitheoir (Ba é €99,966 an méid is mó a íocadh le haon chonraitheoir amháin).

<sup>65</sup>

Buainteoir, síoladóir, saothraí eadar-líne, lódálaí glantóir agus ciseán mairteola.

## **Cúrsaí Riaracháin**

### ***Ró-íocaíochtaí***

Rinne an Roinn ró-íocaíochtaí €26,454 le conraitheoirí innealra. In Aibreán 2010, bhí ró-íocaíochtaí €16,223 íoctha ar ais le seic nó aisíoctha trí fhritháireamh in aghaidh íocaíochtaí eile a bhí ag teacht ón Roinn. D'eascair ró-íocaíochtaí de bharr earráide riaracháin áit a ndearna an Roinn méid mícheart chúnamh a ríomh nó mírialtacht, áit ar thug an t-iarratasóir eolas míchruinn.

Bhí ró-íocaíocht amháin ann, a aisghabháladh ó shin, le táirgeoir i gcás gur íocadh an cúnamh ar bhonn a uimhir ID leithleach in áit an tonáiste conraithe. Bhí líon íocaíochtaí míchearta ann freisin ag éirí as cásanna cuimiscthe nó oidhreachta chomh maith le cásanna in ar cuireadh foirmeacha íocaíochta dúblála ar aghaidh le haghaidh próiseála.

### ***Dlíteanais Gan Íoc***

Níor íocadh na suimeanna dlite go léir le táirgeoirí ach níl an Roinn in ann an tsuim iomlán a chainníochtú. Is é an t-uasdlíteanas iarmharach do shuimeanna nár íocadh ná beagán sa bhreis ar €1 milliún. Áiríonn an Roinn nach mbeidh ach codán de seo i gceist sa mhéid deiridh is iníoctha. De bhrí go raibh an spriocdháta do mhaoiniú ón AE ann in Iúl 2009, caithfear aon íocaíochtaí eile do na táirgeoirí a theacht as maoiniú an Státchiste.

### ***Cúirt Iniúchóirí na hEorpa***

Measann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfoilseofar tuarascáil ar an Scéim Athstruchtúraithe Siúcra ar fud an AE i Samhain 2010.



## Caibidil 8

---

Rialtas Láir

Soláthar Poiblí



## Soláthar Poiblí

8.1 Is gné thábhachtach den chaiteachas poiblí ar an iomlán iad earraí, seirbhísí agus oibreacha tógála soláthartha ag comhlachtaí poiblí. Tugann meastacháin na Roinne Airgeadais, a bhí ullmhaithe i mí na Samhna 2009, le tuiscint gur caitheadh tuairim is €9.3 billiún ar sholáthar earraí agus seirbhísí, agus gur caitheadh €7 billiún eile ar oibreacha caipitiúla (féach Fíor 35).

### Fíor 35 Caiteachas measta ar sholáthar poiblí bliabtuil in aghaidh na hearnála, 2009

| Mír Chaiteachais                      | Méid<br>€ billiún |
|---------------------------------------|-------------------|
| Earnáil Sláinte <sup>a</sup>          | 4.7               |
| Earnáil an rialtais láir <sup>b</sup> | 2.0               |
| Earnáil an rialtais áitiúil           | 1.7               |
| Earnáil oideachais                    | 0.9               |
| Soláthar Earraí agus seirbhísí        | 9.3               |
| Oibreacha caipitiúla                  | 7.0               |
| <b>Soláthar Poiblí ina iomlán</b>     | <b>16.3</b>       |

Foinse: Anailís na Roinne Airgeadais (Samhain 2009)

Nótaí:

- a Caiteachas a bhaineann le drugaí, cógais agus táillí liachleachtóirí ginearálta agus cógaiseoirí san áireamh.
- b Ranna agus gníomhaíochtaí an Rialtais, lena n-áirítear Óglaigh na hÉireann agus an Garda Síochána.

8.2 De bharr an mhéid airgid a bhíonn caite ar sholáthar poiblí, is é polasaí an Rialtais a chinntiú go mbíonn forbairt struchtúr agus córas eagraíochtúil, nósanna imeachta agus scileanna i dtaca le soláthar poiblí ar aon dul leis an sprioc d'fhonn luach ar airgead a bhaint amach.

8.3 Caithfear soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanamh de réir riachtanas rialála an AE agus na tíre seo, agus faoi réir treorach a eisíonn an Roinn Airgeadais ó am go ham. De ghnáth, bíonn sé de dhualgas ar ranna an Rialtais próiseas iomaíochta a chur ar bun, atá reáchtáilte os comhair an phobail i slí neamhchlaonta agus shoiléir. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas seo luach is fearr ar airgead a fháil i leith soláthar poiblí.

8.4 Tá an Roinn Airgeadais freagrach as polasaí maidir le soláthar poiblí a fhorbairt taobh istigh de chreatlach dhlí an Aontais Eorpaigh agus i gcomhthéacs pholasaí an Rialtais maidir le roinnt earnálacha eile, lena n-áirítear polasaí maidir le caiteachas poiblí, luach ar airgead agus forbairt fiontar. Mar chuid den ról seo, tá an Roinn freagrach as treoir ghinearálta straitéiseach a shocrú i leith soláthar a chur i ngníomh. Tá an tAonad Náisiúnta um Polasaí Soláthair Phoiblí (NPPPU), a bunaíodh i 2002, freagrach as polasaí náisiúnta maidir le soláthar poiblí, reachtaíocht agus athchóiriú soláthair tógála.

8.5 Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS)<sup>66</sup> i Márta 2009 laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), agus ghlac sí le roinnt baill foirne agus feidhmeanna Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSA)<sup>67</sup>.

## Béim na Caibidle

Díríonn an Tuarascáil seo ar

- thionscnaimh atá á bhforbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS) d'fhonn luach níos fearr ar airgead a bhaint amach i leith soláthair earraí agus seirbhísí.
- chaitechas fógartha faoinar tugadh i 2009 mar gheall ar chonartha ina ndeachaigh gan phróiseas soláthair iomaíochta. Déantar anailís ar cúiseanna fógartha nár úsáideadh próiseas iomaíochta sna cásanna sin.

## Seirbhís Náisiúnta Soláthair

8.6 Is iad seo a leanas na aidhmeanna a bhí ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair:

- comhaontuithe creatlaí náisiúnta a bhunú ionas go mbeidh ranna agus oifigí lárnacha an Rialtais, gníomhaíochtaí agus comhlachtaí poiblí neamhthráchtála in ann earraí agus seirbhísí a bhíonn úsáidte go minic a sholáthar i slí níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus a bhaineann luach níos fearr as airgead.
- chun comhairle ghairmiúil maidir le soláthar a chur ar fáil don Rialtas láir agus comhlachtaí poiblí neamhthráchtála
- chun oiliúint chreidiúnaithe agus dírithe maidir le soláthar agus bearta oideachais a fhorbairt; agus
- ríomhsholáthar bunaithe ar an ngréasán a fhorbairt tuilleadh.

8.7 D'ainneoin go raibh sé molta ar dtús nach mbeadh ach ranna agus oifigí lárnacha an Rialtais faoi shainchúram na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair, socraíodh go mbeadh gníomhaíochtaí lárnacha an Rialtais, comhlachtaí poiblí neamhthráchtála, comhlachtaí na hearnála sláinte, institiúidí oideachais tríú leibhéal agus rialtas áitiúil faoina sainchúram chomh maith.

8.8 Rinne an Rialtas cinneadh go mbeadh an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair freagrach as ceannach earraí agus seirbhísí úsáidte i ngach roinn den tseirbhís phoiblí, mar shampla, trealamh oifige, troscán agus feistí, breosla, leictreachas, gás nádúrtha, clódóireacht, stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige, tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, éidí, taisteal agus flíteanna iompair. Soláthraíonn gníomhaíochtaí agus ranna earraí agus seirbhísí ar leith a bhaineann lena n-earnálacha (drugaí, soláthairtí míochaine agus trealamh míleata).

8.9 Thug an Roinn Airgeadais faoi deara nach raibh comhlachtaí faoi shainchúram Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSA) ag baint úsáide as a cuid seirbhísí ach idir amanna. Mheas siad go raibh thart ar €65 milliún (i 2007) i gceist le 'catagóirí coitianta soláthair' a bhí láimhseáilte ag Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais. De bharr go bhfuil níos mó faoi shainchúram na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair, mheas an Roinn go mbeadh tuairim is €300 milliún i gceist le hearraí agus seirbhísí coitianta a sholáthar in aghaidh na bliana (bunaithe ar 2009).

<sup>66</sup> Is é an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair an t-ainm nua atá ar an Aonad Náisiúnta Oibríochtaí um Sholáthar Poiblí

<sup>67</sup> Níor ghlac an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair le feidhmeanna na Seirbhísí Togcháin ná Sheirbhís Foilseachán an Rialtais.

8.10 Tá sé beartaithe go mbeidh thart ar 50 duine fostaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, ach níl ach 26 duine fostaithe i láthair na huaire, roinnt acu a bhí ag obair i nGníomhaireacht Soláthair an Rialtais agus ranna eile an Rialtais roimhe seo. Thug an Roinn Airgeadais cead don tSeirbhís Náisiúnta Soláthair 21 phost sa bhreis a líonadh, agus cuirfear tús leis an bpróiseas earcaíochta go luath. Aithníodh riachtanais oiliúna fhoireann na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus cuireadh tairiscint isteach ar na cúrsaí oiliúna bainteacha.

8.11 Ba é buiséad na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair i dtaobh caiteachais nár bhain le foireann €228,000 i 2009, ach níor caitheadh ach €100,000. Seo a leanas na cúiseanna a bhí leis an ngannchion caiteachais dar leis an tSeirbhís

- ní raibh an tSeirbhís faoi lánseol
- bhí moill ar uasghrádú beartaithe an chórais ríomhthairiscintí<sup>68</sup>. Táthar ag súil le caiteachas ar an tionscadal seo i 2010 agus 2011.

8.12 Cothaíodh naisc idir an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair agus an Rannóg Conarthaí Tráchtála in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (OPAS), a fhreastalaíonn ar riachtanais ranna lárnacha an Rialtais ó thaobh comhairle a bhaineann le soláthar. Tá OPAS, i comhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, tar éis cáipéisíocht maidir le gnáthchomórtas tairisceana agus gnáthchonradh a chur le chéile, a chuirfear ar fáil in am is i dtráth do gach roinn, oifig agus gníomhaíocht an Rialtais. Thug an Roinn Airgeadais cead d'OPAS beirt aturnaetha a thabhairt ar iasacht don tSeirbhís Náisiúnta Soláthair ar bhonn lánaimseartha.

8.13 D'fhorbair an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair dréachtráiteas straitéise a dhíríonn ar na trí cheist seo a leanas:

- **foinsiú straitéiseach**<sup>69</sup> d'fhonn éifeachtúlacht gach gníomhaíocht foinsithe a bharrfheabhsú agus luach níos fearr ar airgead a bhaint amach chun claint seirbhísí poiblí a chur ar chumas rochtain ar earraí agus seirbhísí den scoth d'fhonn tacú lena bpróisis ghnó, agus polasaithe an Rialtais a chur chun cinn agus a chothú trí sholáthar poiblí san áireamh.
- **oideachas agus treoir** chun deiseanna oideachais, forbartha agus treorach a chur ar fáil a bheadh mar chúnamh do cheannaitheoirí agus do sholáthraithe ionchasacha d'fhonn scileanna oiriúnacha a fhorbairt a chuirfidh ar chumas iad gach gnó a bhaineann le soláthar a bharrfheabhsú
- **Ríomhsholáthar** aidhmeanna a bhaineann le hardán Ríomhsholáthair den chéad scoth a chur ar fáil a chuirfidh feachtais sholáthair os comhair an phobail.

8.14 Cuirfidh ráiteas straitéise na Seirbhíse Náisiúnta Soláthar faoi bhráid bhord na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair, ar a bhfuil ionadaithe na bpáirtithe leasmhara bainteacha, an Roinn Airgeadais san áireamh.

8.15 Rinneadh dul chun cinn ar dhá bhun-tionscnamh de chuid na Seirbhíse le linn 2009

- tionscnaimh um chaiteachas a laghdú
- catagóirí is mó caiteachais a aithint.

Cuireadh tús leis na tionscnaimh seo d'fhonn coigilteas a bhaint amach go sciobtha i 2009 agus chun catagóirí soláthair i bpáirt comhlachtaí poiblí a aithint.

<sup>68</sup> Forbraíodh [www.eTenders.gov.ie](http://www.eTenders.gov.ie) mar chuid de straitéis Rialtas na hÉireann chun ríomhsholáthar a chur ar bun in earnáil phoiblí na hÉireann. Tá an suíomh ceaptha chun a bheith ina áis lárnach do gach údarás conraitheoireachta san earnáil phoiblí chun deiseanna soláthair agus fógraí bronnata a fhógairt.

<sup>69</sup> Is é an sainmhíniú atá ar fhoinsiú straitéiseach ná córais a bhunú chun mórchatagóirí soláthair a aithint ina mbeadh idirghabháil in ann luach sa bhreis ar airgead a bhaint amach.

### ***Tionscnamh um Chaiteachas a Laghdú***

8.16 I 2009, d'iarr an Rialtas laghdú caiteachas suas go 8% ar gach conradh i leith seirbhísí agus earraí ceannaithe ag ranna an Rialtais, gníomhaíochtaí, oifigí, institiúidí oideachais tríú leibhéal agus rialtas áitiúil. Bhí ar na grúpaí seo an coigilteas a fháil trí phraghsanna a laghdú agus/nó líon ceannaithe a laghdú.

8.17 I mí na Bealtaine 2009, sheol an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair comhairle chuig comhlachtaí poiblí atá faoina sainchúram maidir le conas idirbheartaíocht a dhéanamh le soláthraithe chun laghduithe caiteachais a chomhaontú. Chomh maith leis sin, d'iarr sí ar na comhlachtaí tuairisc mhíosúil a chur isteach a luann gach conradh i leith soláthair earraí agus seirbhísí ar a bhfuil luach níos mó ná €100,000, ó Mheitheamh 2009 ar aghaidh. Bhí spás ar an bhfoirm chun coigilteas comhaontaithe a chur in iúl maidir le gach conradh. Níor chuir an Tionscnamh aon chaiteachas táillí gairmiúla<sup>70</sup> ná aon chaiteachas a bhain le gníomhaíochtaí tógála san áireamh.

8.18 Bhí sé mar aidhm ag an tionscnamh seo coigilteas de €25 milliún a bhaint amach i 2009. Chuir na tuairiscí in iúl gur bhain coigilteas comhaontaithe de €27.3 milliún amach i dtaca le conarthaí reatha faoi Nollaig 2009.

8.19 Chomh maith leis an gcoigilteas comhaontaithe i dtaca le conarthaí reatha, tá an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair den bharúil gur bhain comhlachtaí poiblí coigilteas comhaontaithe suntasach amach trí thairiscintí earraí agus seirbhísí a ath-idirbheartú, agus trí shocruithe conarthacha ar phraghsanna níos ísle a bhaint amach. Tá an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair tar éis iarraidh ar údarásí chonraitheoireachta an coigilteas comparáideach seo a chur in iúl ar thuairiscí i 2010, más féidir.

### ***Catagóirí is mó Caiteachais***

8.20 Chomh maith leis an tionscnamh um chaiteachas a laghdú, thug an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair faoi shuirbhé gníomhaíochtaí faoina sainchúram, agus d'iarr sí orthu a 30 soláthruithe earraí agus seirbhísí is mó a chur in iúl i 2008, de réir luach an chaiteachais. Bhí orthu ainmneacha na soláthruithe agus cineál earraí agus seirbhísí a sholáthraíonn siad a chur in iúl freisin. Níor cuireadh cineálacha earraí agus seirbhísí ar leith san áireamh toisc nach raibh siad faoi shainchúram na Seirbhíse, mar shampla, táillí gairmiúla, gníomhaíochtaí tógála, costas a bhaineann le réadmhaoin a cheannach agus a ligean ar cíós agus costais phárolla.

8.21 D'iarr an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair ar 307 comhlacht poiblí an suirbhé a dhéanamh. Faoi dheireadh 2009, bhí 264 comhlacht (86%) tar éis an suirbhé a fhreagairt. Tá an tSeirbhís fós ag lorg freagairtí amuigh, ach tuigtear gur iad na gníomhaíochtaí beaga atá i gceist den chuid is mó, nach bhfuil caiteachas bliantúil suntasach earraí agus seirbhísí acu.

8.22 Leagann Fíor 36 catagóirí an chaiteachais amach ar chuntar go raibh luach an chaiteachais tuairiscithe €50 milliún agus níos mó.

<sup>70</sup> Bhí tionscnamh eile na Roinne Airgeadais ag lorg laghdaithe 8% ar leibhéil táillí gairmiúla; táillí íoctha do dhaoine gairmiúla san earnáil sláinte san áireamh

**Fíor 36 Catagóirí is mó Caiteachais (€50 milliún+ i 2008) mar a bhí curtha in iúl ag comhlachtaí poiblí faoi shainchúram na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair**

| <b>Catagóir Soláthair</b>                                         | <b>€m</b> |
|-------------------------------------------------------------------|-----------|
| Tomhaltáin TFC                                                    | 278       |
| Taisteal                                                          | 179       |
| Fuinneamh                                                         | 116       |
| Dramhaíl/athúsáid/athchúrsáil/diúscairt                           | 78        |
| Gléasra agus trealamh                                             | 70        |
| Uisce                                                             | 69        |
| Soláthairtí míochaine                                             | 66        |
| Fógraíocht/margaíocht/caidreamh poiblí/meáin/grianghrafadóireacht | 65        |
| Iompar                                                            | 64        |
| Teileafónaíocht                                                   | 62        |

Foinse: anailís na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair (Eanáir 2010)

8.23 Tá níos mó eolais á lorg ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair faoi láthair maidir leis na catagóirí is mó caiteachais a bhaineann le caiteachas i 2009.

**Forbairt Comhaontuithe Creatlaí**

8.24 Thug an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair faoi deara go mbeidís in ann comhaontuithe náisiúnta creatlaí i mbunreimsí a úsáid chun soláthar poiblí a fheabhsú. Tá na bunchatagóirí le haghaidh comhaontuithe creatlaí tar éis a bheith socruithe. Beartaíonn an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go bhfógrófar tairiscintí sa dara leath de 2010 de gheall ar chomhaontuithe creatlaí agus conarthaí láraithe a chur i bhfeidhm i leith:

- stáiseanóireacht (including paper and ICT consumables)
- leictreachas
- gás nádúrtha
- Gás peitríliam leachtach
- Seirbhísí bainistithe priontála
- catagóirí ar leith mótarfheithicle.

8.25 Tá an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair ag súil go mbainfidh cliaint leas as úsáid na gcomhaontuithe creatlaí de bharr na mbarainneachtaí scála a bhaintear as éileamh a chomhcheangal trí ualach riaracháin a bhaineann leis na catagóirí soláthair a laghdú. Dá ainneoin sin, glacann an tSeirbhís go bhfuil dúshlán amach roimpi ó thaobh feabhsaithe a bhaint amach tríd na comhaontuithe. Seo a leanas sampla de na dúshláin:

- beidh am ag teastáil ó chomhlachtaí poiblí chun deireadh a chur le conarthaí reatha.
- I go leor cásanna, beidh ar an tSeirbhís a léiriú go mbeidís in ann luach níos fearr ar airgead a bhaint amach i gcomparáid leis na comhlachtaí ina n-aonar sula nglacann siad leis an tSeirbhís. Fiú dá mbeadh an tSeirbhís in ann luach níos fearr ar airgead a bhaint amach de bharr barainneachtaí scála, d'fhéadfadh go dteastódh smacht ar a soláthar féin ó roinnt comhlachtaí.
- Nuair is féidir coigilteas a bhaint amach mar thoradh ar bhairinneachtaí scála, teastóidh buntáistí an choigiltis sin a choinneáil ón gcuid is mó de chomhlachtaí.

- Teastaíonn méid suntasach taighde ó anailís, forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí ar leith chun dul i ngleic le margaí. Caithfear é seo a dhéanamh go rianúil agus go cruinn d'fhonn saobhadh an mhargaidh a sheachaint, atá ina bhaol mór de bharr an mhéid airgid atá i gceist le soláthar poiblí sna catagóirí seo.

## Conclúid – Tionscnamh Soláthair

Ní mór don tSeirbhís Náisiúnta Soláthair a bheith faoi lánseol gan mhoill dá mba rud é go bhfuil siad ag iarraidh aon tionchar dearfach a imirt ar chostas soláthair phoiblí sa ghearrthéarma.

Anois, is féidir leis an tSeirbhís díriú ar chatagóirí caiteachais le haghaidh idirghabhála margaidh de bharr anailíse.

Ba chóir spriocanna straitéiseacha a leagan amach don tSeirbhís, agus ba chóir dul chun cinn agus feidhmíocht maidir leis na spriocanna sin a mhonatóiriú agus a chur in iúl don phobal. Ba chóir do na tomhais bunfheidhmíochta díriú ar catagóirí cosúil le praghas agus laghdú costais, leibhéil tomhaltais, agus cé chomh minic a bhaineann comhlachtaí poiblí, faoi shainchúram na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair, úsáid as soláthar atá éascaithe acu.

## Soláthar gan Próiseas Iomaíoch

8.26 Leagann treoracha an AE riachtanais fógraíochta agus nósanna imeachta soláthair amach le haghaidh conarthaí os cionn tairseacha luacha ar leith agus ní mór do gach comhlacht poiblí a bhfuil baint acu le soláthar cloí leis na riachtanais seo. Is féidir nósanna imeachta nach bhfuil chomh foirmiúil sin a úsáid nuair atá luach na gconarthaí nó na gceannachán faoi bhun na dtairseacha. Mar shampla

- Is féidir soláthairtí nó seirbhísí a bhfuil costas níos lú ná €5,000 orthu a cheannach tar éis meastachán ó bhéal a fháil ó sholáthraí amháin nó ó bheirt sholáthraithe, nó níos mó, atá in iomaíocht le chéile.
- Is féidir conarthaí soláthairtí nó seirbhísí a bhfuil luach idir €5,000 agus €50,000 orthu a bhronnadh tar éis freagairtí ar shonraíochtaí a fháil, trí fhacs nó ríomhphost, ó thriúr soláthraithe nó soláthraithe seirbhíse ar a laghad.

De réir treoir nua a d'eisigh an Roinn Airgeadais i Lúnasa 2010, ní mór gach conradh le haghaidh earraí nó seirbhísí ginearálta, a mbeidh luach ionchais €25,000 nó níos mó orthu, a fhógairt ar shuíomh Gréasáin ríomhsoláthair<sup>71</sup>.

8.27 Ceadáítear socrúithe eisceachtúla i gcásanna áirithe de réir rialacha na hÉireann agus an AE. Leagann Imlitir na Roinne Airgeadais 40/2002 amach an nós imeachta maidir le cásanna ina mbeartaíonn ranna an Rialtais conarthaí a bhronnadh gan próiseas iomaíoch.

8.28 De réir an nós imeachta a leagadh amach san Imlitir 40/2002, caithfear aon chonradh beartaithe, a bhfuil luach €25,000 (gan CBL) nó níos mó air, nach bhfuil faoi réir próiseas iomaíoch, a chur faoi bhráid Iniúchadh Inmheánach na Roinne/na hOifige baintí nó faoi bhráid oifigeach sinsearach oiriúnach nach raibh baint aige/aici leis an bpróiseas soláthair.<sup>72</sup> De réir na hImlitreach

<sup>71</sup> Imlitir na Roinne Airgeadais 10/10: Rannpháirtíocht gnóthas beag agus meánmhéide a éascú i soláthar poiblí (13 Lúnasa 2010).

<sup>72</sup> D'eisigh an Roinn Airgeadais forlíonadh d'Imlitir 40/2002 in Iúil 2003, a thug treoir d'oifigigh a bhí ag déanamh athbhreithniú ar an gcás maidir le bronnadh na gconarthaí seo.



- ní mór d'oifigigh chuntasaíochta ráiteas bliantúil a scríobh maidir le conarthaí neamhiomaíocha, agus é a chur faoi bhráid m'Oifige, agus cóip a sheoladh chuig an Roinn Airgeadais, faoi 31 Márta an bhliain dar gcionn. Ba chóir sonraí maidir le hábhar agus feidhm an chonartha, an luach atá air, agus cúiseanna nár cuireadh próiseas iomaíoch ar bun i dtaca leis, a lua sa ráiteas seo.
- ní mór do gach roinn/oifig taifead lárnach cothrom le dáta a choinneáil maidir le conarthaí neamhiomaíocha
- ní mór do gach roinn/oifig Oifigeach Soláthair a ainmniú chun an t-eolas maidir leis na conarthaí seo a bhailiú.

8.29 De réir na Roinne Airgeadais, tá an t-údarás conraitheoireachta agus an tOifigeach Cuntasaíochta bainteach (nó duine freagrach) freagrach as conarthaí a bhronnadh agus an caiteachas a bhaineann leo. Cuireann an tAonad Náisiúnta um Polasaí Soláthair Phoiblí (NPPPU) tuairiscí na himlitreach 40/2002 a fhaightear ó ranna agus gníomhaíochtaí faoi chaibidil d'fhonn aon easpa chórasach a aithint agus a réiteach. Téitear i ngleic le haon cheist a éiríonn as tuairiscí de chuid an Ard-Reachtaire Chuntas agus Ciste agus as iniúchtaí an Choiste um Chuntais Phoiblí, chomh maith le moltaí bainteacha. Tá ról maoirseachta ag an Roinn agus, nuair a théann eolas maidir le fadhbanna féideartha chun solais, ardaíonn siad an t-ábhar leis an roinn nó leis an ngníomhaíocht atá i gceist chun iad a chur ar an eolas maidir leis an dlí agus dea-chleachtas. D'fhéadfadh go ndéanfaidís athmheas agus athbhreithniú ar na treoirlínte chomh maith nuair is iomchuí.

### ***Tuairisc Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte***

8.30 Dúirt mé i mo thuarascáil i 2008 nár bhain an imlitir 40/2002 le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) cé go bhfuil sí maoinithe trí vóta. Chuir an Roinn Airgeadais in iúl ag an am go raibh sé beartaithe go gcuirfí san áireamh í.

8.31 I mí na Bealtaine 2009, chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí an Roinn Airgeadais in iúl go raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun forálacha na hImlitreach a chomhlíonadh. Fuarthas tuairisc i leith 2009 ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí na Bealtaine 2010. Thug an Fheidhmeannacht d'aire, nuair a chuir siad an tuairisc isteach, nach raibh ospidéal shaorálacha ná soláthróirí saorálacha seirbhíse a fhaigheann maoiniú nó cuid dá maoiniú ón bhFeidhmeannacht curtha san áireamh. Tar éis an tuairisc a scrúdú, tugadh faoi deara nár chuir an Fheidhmeannacht próiseas iomaíochta ar bun i gcás 26 chonradh/cheannachán i 2009 cé go raibh luach níos mó ná an tairseach orthu. Bhí €4.2 milliún i gceist leis na cásanna seo a bhain le 5 oifig áitiúla sláinte (32 san iomlán) agus ceannoifig FSS.

8.32 Dá éis sin, scríobh mé litir chuig Oifig Chuntasaíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun ceist a chur orthu maidir le hiomláine agus cruinneas na tuairisce. Mar fhreagra, d'inis an duine dom gur iarradh ar gach bainisteoir sinsearach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tuairisc maidir le conarthaí i 2009 a chur isteach ar aon dul leis an Imlitir agus gur é an tuairisc a chuir sé isteach liosta iomlán agus cruinn de na freagairtí a bhfuarthas ó na bainisteoirí sin.

### Scála Soláthair gan Próiseas Iomaíoch

8.33 Cuireann na tuairiscí 40/2002 bliantúla le haghaidh 2009 in iúl gur rinneadh íocaíochtaí ar 473 conradh a bhí curtha ar bun gan chomórtas. Ba é €69.1 milliún luach na gconarthaí ar an iomlán i 2009. Bhí laghdú ar líon agus luach na n-íocaíochtaí a bhain le soláthar neamhiomaíoch i 2009 i gcomparáid le 2008 (522 conradh a raibh luach €79.1 milliún orthu).

8.34 Léiríonn Fíor 37 líon na gconarthaí agus an caiteachas iomlán ar chonarthaí a bhí nochta i dtuairiscí na ranna.

8.35 Bhronn Seirbhís Príosún na hÉireann níos mó conarthaí gan próiseas iomaíoch ná aon roinn nó oifig eile. Chaith siad €22 milliún ar 154 conradh i 2009, agus €28 milliún i 2008. Cuireann an Roinn Airgeadais in iúl go bhfuil aird ar leith á dhíriú ar Sheirbhís Príosún na hÉireann faoi láthair, agus go bhfuil an tAonad Náisiúnta um Polasaí Soláthair Phoiblí (NPPPU) i dteagmháil le Seirbhís Príosún na hÉireann maidir leis. Deir Seirbhís Príosún na hÉireann gur chuir siad tús le conarthaí nua nuair a síneadh conarthaí reatha — ceist faoi leith a thug an tSeirbhís faoi deara nuair a bhí siad ag déanamh anailíse ar a gceannacháin. Táthar ag súil go mbeidh laghdú ar leibhéal an chaiteachais faoi chonarthaí nach bhfuil faoi réir tairiscint iomaíoch arís i 2010 agus ar bhonn leanúnach as seo amach.

**Fíor 37 Conarthaí a bronnadh gan chomórtas, 2009**

| Department/Office <sup>a</sup>               | Líon na gCásanna <sup>b</sup> | Caiteachas Iomlán Conartha €m |
|----------------------------------------------|-------------------------------|-------------------------------|
| Seirbhís Príosún na hÉireann                 | 154                           | 22.0                          |
| An Garda Síochána                            | 62                            | 8.1                           |
| Airgeadas                                    | 4                             | 6.0                           |
| Dlí, Ceart agus Athchóiriú Dlí               | 44                            | 5.7                           |
| Talmhaíocht, Iascach agus Bia                | 10                            | 5.5                           |
| Cosaint                                      | 40                            | 4.2                           |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte          | 26                            | 4.2                           |
| An tSeirbhís Chúirteanna                     | 20                            | 1.9                           |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha | 4                             | 1.6                           |
| Oideachas agus Eolaíocht                     | 3                             | 1.2                           |
| Turasóireacht, Cultúr agus Spórt             | 9                             | 1.2                           |
| Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil   | 9                             | 1.2                           |
| Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta      | 5                             | 1.1                           |
| Eile                                         | 83                            | 5.2                           |
| <b>Total</b>                                 | <b>473</b>                    | <b>69.1</b>                   |

Foinse: Tuairiscí na hImlíreach 40/02

Nótaí:

a Bhí 14 tuairisc nialasacha ó ranna agus oifigí.

b 8 gconradh a raibh luach ní ba lú ná €25,000 (gan CBL) orthu san áireamh

## Cúiseanna le Soláthar Neamhiomaíoch

8.36 Leagann Fíor 38 amach na cúiseanna a thug ranna agus oifigí nár úsáideadh an próiseas iomaíoch le linn an phróisis sholáthair.

**Fíor 38 Cúiseanna nár úsáideadh an próiseas iomaíoch, 2008 agus 2009**

| Cúis                                      | Líon na gCásanna |            | Luach ar na gConarthaí |             |
|-------------------------------------------|------------------|------------|------------------------|-------------|
|                                           | 2008             | 2009       | 2008<br>€m             | 2009<br>€m  |
| Práinn                                    | 21               | 16         | 8.7                    | 2.5         |
| Earraí dílsithe a cheannach               | 128              | 94         | 19.4                   | 17.3        |
| Síneadh/tar-rolladh conarthaí reatha      | 128              | 109        | 18.4                   | 16.7        |
| Seirbhís saineolaí/taithí ar an soláthraí | 53               | 56         | 8.3                    | 10.1        |
| Aon soláthraí oiriúnach amháin            | 89               | 85         | 12.8                   | 9.8         |
| Ceisteanna Slándála                       | 11               | 13         | 1.6                    | 2.6         |
| Cúiseanna Eile                            | 92               | 100        | 9.9                    | 10.1        |
| <b>Iomlán</b>                             | <b>522</b>       | <b>473</b> | <b>79.1</b>            | <b>69.1</b> |

Foinse: Anailís ar thuairiscí na hmlitreach 40/2002 de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

8.37 Léiríonn an anailís i bhFíor 38 nach raibh ach laghdú beag ar na bhfigiúirí i 2009 i gcomparáid le 2008, seachas cásanna práinneacha (síos €6.2 milliún) nach féidir a thuair.

### Eisceacht de bharr Práinne — €2.5 milliún

8.38 Ní mór do ranna agus oifigí beart a dhéanamh go práinneach ó am go ham. Tá eisceacht ann i gcás práinne ionas nach mbeadh dóthain ama ann chun próiseas iomaíoch a chur ar bun chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh nach mbeadh sé feiliúnach i leith bhainistíocht is fearr an ghnó phoiblí próiseas soláthair a chur ar bun os comhair an phobail de bharr cúiseanna rúndachta.

8.39 Is é an sampla is fearr den eisceacht seo i 2009 ná nuair a tharraing sainchomhairleoirí tionscadail siar ó thionscadal leasúcháin Bhéal Átha Gabhann. Bheartaigh an Roinn gur gá sainchomhairleoirí eile a fhostú ar chostas €1.5 milliún de bharr na mbuarthaí tromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta agus toisc nach raibh cead acu cur isteach ar obair ar an láthair.

### Eisceacht i leith Earraí Dílsithe — €17.3 milliún

8.40 De ghnáth, baineann ceannacháin neamhiomaíocha earraí dílsithe le táirgí ainmnithe nó brandáilte nó seirbhísí eisiacha. Uaireanta, baineann na soláthairtí seo le cothabháil earraí nó seirbhísí a bhí faighte roimh ré, uasghrádaithe nó ceannacháin bhreise. Tá an cleachtadh seo ar aon dul le treoir 2004/18/EC an AE a thugann cead d'údaráis chonraitheoireachta conarthaí poiblí a bhronnadh trí nós imeachta idirbheartaithe, nuair nach féidir an Conradh a bhronnadh ach ar aon oibreoir eacnamaíoch amháin mar thoradh ar chúiseanna teicniúla nó ealaíonta, nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha a chosaint. Soláthraítear earraí dílsithe nuair a roghnaítear branda faoi leith chun freastal ar riachtanas nó nuair atá fonn ar an údarás líon na dtáirgí difriúla a choinneáil faoi smacht ar mhaithe le cothabháil a shimpliú nó páirteanna spártha a choinneáil sa stoc.

8.41 Ceannaíodh earraí dílsithe i 94 cás de réir tuairiscí na ranna i 2009. Bhain 27 cás le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar chostas €8.6 milliún; 53 cás le ceannacháin an Gharda Síochána ar chostas €7.2 milliún. B'earraí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide nó córais chumarsáide iad na ceannacháin dílsithe den chuid is mó.

8.42 Nuair a roghnaíonn ranna agus oifigí earraí dílsithe, d'fhéadfadh nach mbainfí luach ar airgead amach de bharr nach raibh próiseas iomaíochta curtha ar bun. Cuireann costas na n-earraí dílsithe béim ar thábhacht costais lánsaol a mheas nuair atá soláthairtí teicniúla á bpleanáil.

8.43 Cuireann an Roinn Airgeadais in iúl go mbaineann cuid mhaith den chaiteachas ar earraí dílsithe le comhpháirteanna agus cothabháil threalamh an Gharda Síochána, Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, agus Óglaigh na hÉireann. Baineann cuid den chaiteachas le híocaíochtaí le haghaidh ceadúnais bhliantúla, cothabhála agus tacaíochta bogearraí, srl., maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar feadh roinnt blianta. Níl sé soiléir go raibh na socrúithe seo mar chuid de nósanna imeachta tairisceana faoi réir próisis iomaíochta ar dtús nó nach raibh. Tá sé beartaithe ag an Aonad Náisiúnta um Polasaí Soláthair Phoiblí (NPPPU) an cheist seo a ardú go díreach leis na comhlachtaí Stáit atá i gceist d'fhonn a mheas conas atá siad ag dul i ngleic leis na ceisteanna aitheanta, agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an tslí is fearr chun aon fhadhb chórasach a réiteach.

### *Eisceacht maidir le Síneadh/tar-rolladh conarthaí reatha — €16.7 milliún*

8.44 Cuireann tuairiscí in iúl gur bhain 109 cás le síneadh nó tar-rolladh conarthaí reatha i leith earraí agus seirbhísí. Bhí cuid de na conarthaí seo i bhfeidhm le blianta.

8.45 Seo a leanas na cúiseanna a thug ranna agus gníomhaíochtaí le leanúint ar aghaidh le socrúithe reatha conarthacha:

- bhí taithí faoi leith ag an gconraitheoir mar thoradh ar obair a rinne sé don Roinn roimhe seo
- ba é an conraitheoir is fearr a bhí in ann na seirbhísí/earraí a chur ar fáil gan chostas sa bhreis a chur ar an Státchiste
- ní rabhthar in ann próiseas iomaíochta a chur ar bun de bharr deacrachtaí soláthar foirne

8.46 Baineann beagnach gach Conradh sa chatagóir seo le soláthar seirbhísí. Mar shampla:

- Shín an Roinn Oideachais agus Scileanna Conradh maidir le scrúduithe Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile a bhain a cáilíocht mhúinteoireachta amach taobh amuigh den Stát, ar chostas €0.5 milliún.
- Lean an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, ceadaithe ag an Roinn Airgeadais, ar aghaidh leis an gconradh tar-rollta um sholáthar saoráidí stórála le haghaidh táirgí idirghabhála. Ba é €1.6 milliún an costas.
- Síneadh 7 gconradh éagtha, ar chostas €0.6 milliún, chun pacáistí cúraim sa teaghais a chur ar fáil i gceantar amháin oifig sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

8.47 Ní dhearnadh aon taifead sa tuairiscí ar cé acu an raibh na conarthaí tar-rollta seo curtha ar bun faoi réir próiseas iomaíoch ar dtús nó nach raibh. Is é an príomhriosca a éiríonn sa catagóir seo ná nach féidir luach ar airgead a bhaint amach mura meastar an margadh ar bhonn rialta.

8.48 Tugadh dálaí cásanna eile a bhain le síneadh conarthaí um sholáthar earraí agus seirbhísí faoi deara le linn iniúchadh an Chuntais Leithghabhála i 2009. Tugtar breac-chuntas ar na dálaí seo in Iarscríbhinn A.

### *Eisceacht de bharr Seirbhíse Saineolaí/Taithí ar an Soláthraí— €10.1 milliún*

8.49 Cuireann tuairiscí in iúl gur bheartaigh ranna agus oifigí i 56 cás dul i gconradh le daoine nó gnólachtaí a d'úsáid siad roimh ré, nó ag a raibh taithí ar leith i dtaca le riachtanais, gan aon phróiseas iomaíochta a chur ar bun. Ní chiallaíonn sé seo nach bhfuil aon soláthraí oiriúnach eile ann. Seo a leanas roinnt samplaí:

- D'fhostaigh an Roinn Airgeadais comhairleoirí dlí i dtaca le bearta cobhsaithe baincéireachta i 2009, ar chostas €5.9 milliún. Rinneadh teagmháil leis na comhairleoirí i 2008 i gcás fíorphráinne. Is de bharr thaithí an taisc sin agus a saineolais aitheanta gur leanadh leis an socrú i 2009.
- Comhairleoirí dlí a d'fhostaigh Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, ar chostas €0.3 milliún

### *Eisceacht toisc nach bhfuil ach aon soláthraí oiriúnach amháin ann — €9.8 milliún*

8.50 Baineann an chatagóir seo le soláthairtí nuair a dhéanann ranna agus oifigí cinneadh nach bhfuil ach aon soláthraí amháin oiriúnach chun an tseirbhís a sholáthar. Tabhaíodh caiteachas faoi 85 conradh aonsoláthraí le linn 2009.

8.51 Ba é an conradh is mó den chineál seo i 2009 ná nuair a d'fhostaigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, ar chostas €2.6 milliún, cuideachta chun broic galraithe ag eitinn a ghabháil ar fud an Stáit. Bheartaigh an Roinn gur í an chuideachta seo an t-aon chuideachta amháin a bhí in ann an tseirbhís seo a chur ar fáil ar aon dul le riachtanais na Roinne.

8.52 Luadh aon chonradh amháin, a raibh costas €1.2 milliún air, sa chatagóir seo i dtuairisc Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bhain sé seo le cliaint a athshuí i dteach altranais eile i gceantar oifige áitiúla sláinte amháin, toisc nach raibh aon soláthraí eile ar fáil sa cheantar.

### *Ceisteanna Slándála — €2.6 milliún*

8.53 Cuireann tuairiscí in iúl gur cuireadh teorainn le hiomaíocht ar mhaithe le slándáil i 13 chás. Bhronn an Roinn Cosanta an conradh a raibh an luach is mór air sa chatagóir seo chun córas cumarsáide a cheannach don tSeirbhís Chabhlaigh ar chostas €1 milliún.

### *Cúiseanna Eile — €10.1 milliún*

8.54 Cuireann tuairiscí in iúl gur bronnadh 100 conradh de bharr cúiseanna éagsúla eile. As an líon seo, bhronn Seirbhís Phríosúin na hÉireann 68 conradh ar chostas €4.8 milliún. Bhain cuid mhaith de na conarthaí seo le hearraí agus seirbhísí éagsúla a cheannach sa cheantar áitiúil, cosúil le seirbhísí glantacháin, lónadóireachta agus iompair, chomh maith le teilifíseáin agus trealamh leictreacha a cheannach.

## Conclúid – Eisceachtaí do Sholáthar Iomaíoch

Ó thaobh cuntasachta poiblí de, ní mór do sholáthar dhá chritéar a bhaint amach

- luach ar airgead a chinntiú
- gnó a dhéanamh os comhair an phobail i slí shoiléir agus fhollasach

De ghnáth, ní féidir luach ar airgead a bhaint amach gan iomaíocht agus a mhalairt de dhóigh. D’fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach, áfach, an próiseas iomaíoch a sheachaint i gcásanna eisceachtúla. D’fhonn a chinntiú nach dtarlaíonn sé seo ach nuair atá sé riachtanach, ní mór do cheannaitheoirí nósanna imeachta a bhunú chun a riachtanais sholáthair a aithint agus dul i ngleic leo go tráthúil. Tá seans ann go gcuireann líon na gcásanna ina bhfuil conarthaí sínithe in iúl go bhfuil ranna agus oifigí ag dul i ngleic le dálaí i slí phraiticiúil. Caithfear na cásanna seo a athbhreithniú go foirmiúil, áfach, agus taifead a dhéanamh ar na cinntí bainteacha chun a chinntiú go mbaintear luach ar airgead amach, nach leantar ar aghaidh leis na conarthaí seo gan ghá, agus nach seachnaítear modhanna iomaíochta soláthair ar mhaithe le háis riaracháin amháin

Tugadh le fios gur caitheadh níos mó ná €17 milliún ar earraí dílsithe i 2009 gan próiseas iomaíoch a úsáid. Tá sé tábhachtach nach luann ranna agus oifigí táirgí brandáilte nuair atá siad ag aithint a gcuid riachtanas. Ba chóir cur síos a dhéanamh ar shonraíochtaí i dtéarmaí cineálacha d’fhonn fíoriomaíocht a spreagadh. Cé gur minic a cheannaítear táirgí nó seirbhísí brandáilte tar éis an phróisis iomaíochta, ba chóir iarracht a dhéanamh chun “sonrú branda” a sheachaint agus a chinntiú nach gcuireann cinntí ar sholáthar tús le híocaíochtaí nach mbeidh smacht ag na ranna agus na hoifigí orthu sa todhchaí.

Ní mór don FSS nósanna imeachta breise a chur ar bun chun an méid agus a dhéantar soláthar gan iomaíocht a léiriú agus riachtanais iomlána Chiorclán na Roinne Airgeadais 40/2002 a chur i bhfeidhm.

## **Iarscríbhinn A Samplaí de Sholáthar bunaithe ar Shíneadh Conarthaí Reatha**

### ***Stair Oifig na nOibreacha Poiblí a Choimisiúnú***

In Eanáir 2002, tar éis tograí a ghairm ó pháirtithe leasmhara, chuaigh Oifig na nOibreacha Poiblí i gconradh 2 bhliain le staraí gairmiúil i leith taighde a dhéanamh ar stair Oifig na nOibreacha Poiblí ó 17ú haois go 2000 agus téacs a scríobh maidir leis. Ba í an táille iomlán a bhí i gceist leis an obair choimisiúnaithe seo €76,184, agus bhí sé beartaithe go mbeadh an obair a thabhairt chun críche faoi Eanáir 2004.

In Eanáir 2004, d'aontaigh Oifig na nOibreacha Poiblí le conradh 2 bhliain eile leis an údar ar chostas athbhreithnithe €78,470. Tugadh síneadh ama dó agus bhí sé beartaithe go mbeadh an téacs críochnaitheach réidh faoi Eanáir 2006. Ní dheachthas in aon chonradh sínithe tar éis an dáta seo.

Bhí an t-údar tar éis €341,714 a fháil faoi 31 Nollaig 2009 (€68,172 cáin shiarchoinnithe san áireamh). Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí dhá chaibidil críochnaithe le déanaí.

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag déanamh cíoradh ar théarmaí, coinníollacha agus torthaí na hoibre coimisiúnaithe seo faoi láthair agus mar thoradh air seo, níl siad in ann an costas deireanach a bheidh ar an tionscadal a mheas.

Maidir le bainistíocht na hoibre seo, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl, cé nach bhfuil an téacs curtha i gcrích go fóill, go raibh an obair a rinneadh ar chartlanna Oifig na nOibreacha Poiblí fiúntach agus mura raibh an staraí ann bheadh ar Oifig na nOibreacha Poiblí cartlannaithe gairmiúla a fhostú ar aon chaoi. Rinneadh obair ar thaifid a innéacsú, grianghraif a ghlacadh de phleananna foirgnimh agus iad a stóráil. Chuir an staraí seirbhís chomhairliúcháin chartlainne corruaire ar fáil d'fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí a bhí ag obair ar thionscadail athchóirithe agus caomhnaithe. Nuair a thugtar fiúntas na hoibre seo d'Oifig na nOibreacha Poiblí sa tréimhse ó 2002 ar aghaidh faoi deara, tá sí den bharúil gur seoladh an obair seo i slí éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch agus go mbeidh an táirge ina shárleabhar maidir le stair Rialtas na hÉireann agus riarachán na tíre.

### ***An Garda Síochána – Síneadh Conarthaí Soláthair***

#### ***Boinn a Sholáthar d'Fheithiclí an Gharda Síochána***

Thug iniúchadh inmheánach ar sholáthar sa Gharda Síochána<sup>73</sup> faoi deara nach raibh aon chonradh i bhfeidhm maidir le ceannach bonn d'fheithiclí an Gharda Síochána ag tráth an iniúchta. Thug sé faoi deara chomh maith gur caitheadh €1.58 milliún ar bhoinn i 2008.

Sheol Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais próiseas tairisceana, agus bronnadh an chonartha, i dtaca le boinn a sholáthar do chomhlachtaí poiblí go stairiúil. D'úsáid an Garda Síochána téarmaí na gconarthaí seo chun boinn a cheannach d'fhlít an Gharda Síochána. Toisc go ndeachaigh an conradh as feidhm, d'eisigh Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais iarratas ar thairiscint i leith boinn a sholáthar i 2008. Tar éis thús an phróisis, tugadh roinnt deacrachtaí praiticiúla agus dlíthiúla le fios agus chuir Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais an comórtas ar ceal. Is é an toradh a bhí air seo ná go raibh an Garda Síochána fós ag ceannach bonn faoi théarmaí conartha a bhí téite as feidhm.

---

<sup>73</sup> Is é an Garda Síochána an tseirbhís phóilíneachta in Éirinn.

D'fhonn treoirlínte soláthair na tíre agus an AE a chomhlíonadh agus chun aon mhoill eile a sheachaint, rinne an Garda Síochána cinneadh soláthar bonn a bhainistiú. Nuair a bhí an Stiúrthóireacht Airgeadais ag leagan amach na sonraíochtaí don iarratas ar thairiscint, chuir siad ceisteanna a d'éirigh as próiseas tairisceana na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair (NPS) san áireamh. Bhí taighde agus measúnú ar riachtanais oibríochtúla an Gharda Síochána i gceist leis seo. I mí na Nollag 2009, d'fhoilsigh an Garda Síochána iarratas ar thairiscint i dtaca le boinn a sholáthar agus bhronn siad an conradh ar aon soláthraí amháin ina dhiaidh sin.

### *Breosla a Sholáthar d'Fheithiclí Oifigiúla*

Thug tuairisc an iniúchta inmheánaigh faoi deara chomh maith nach raibh aon chonradh láraithe i bhfeidhm chun breosla a sholáthar d'fheithiclí oifigiúla. D'íoc €1.17 milliún d'aon soláthraí amháin le haghaidh breosla i 2008.

Sheol Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais próiseas tairisceana, agus bronnadh an chonartha, i dtaca le breosla a sholáthar do chomhlachtaí poiblí go stairiúil. I 2008, tar éis plé leis an Garda Síochána, d'eisigh Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais iarratas ar thairiscint i dtaca le soláthar breosla.

Tháinig saincheist maidir le meicníocht athbhreithnithe praghais an chonartha chun solais nuair a bhí Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais ag plé an chonartha leis an tairgeoir roghnaithe. Chuir sé seo moill shuntasach ar fhaomhadh an chonartha agus bhí ar an nGarda Síochána íocaíochtaí a dhéanamh idir an dá linn lasmuigh d'aon chonradh a bhí curtha ar bun trí phróiseas iomaíoch.

Bronnadh an conradh ar aon soláthraí amháin i Bealtaine 2009 agus tá sé faoi lánseol anois. Is conradh praghais athraithe é, ina ndéantar athbhreithniú ar na praghsanna gach seachtain. Cuireann an Garda Síochána in iúl gur laghdaíodh costais mar thoradh ar chur i bhfeidhm an chonartha seo.



## Caibidil 9



Rialtas Láir

Comhlachtaí Stáit a Bhainistiú



## Comhlachtaí Stáit a Bhainistiú

9.1 In athbhreithniú <sup>74</sup> “*Ireland Towards an Integrated Public Service*” (Aibreán 2008) leagadh béim ar an ngá le creat idirghníomhaíochta níos fearr a chruthú idir ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit. Cuireadh in iúl, go háirithe, go raibh gá le critéir fhoirmiúla chun caidrimh thuairiscithe a bhunú. Tarraingíodh aird san athbhreithniú freisin ar an ngá atá le béim nua a chur ar chumas na ranna a bhfeidhm mhaoirseachta a chomhlíonadh ag féachaint do nádúr sainiúil roinnt mhaith gníomhaireachtaí, conas a chuirtear acmhainní ar fáil dóibh agus conas a thomhaistear feidhmíocht. Anuas air seo tarraingíodh aird ar an ngá atá le treoir phraiticiúil a thabhairt maidir le gníomhaireachtaí a fhoirceannadh nuair atá a gcuid cuspóirí bainte amach.

9.2 Tá dhá phríomhaicme comhlachtaí Stáit in Éirinn – comhlachtaí Stáit neamhthráchtála agus comhlachtaí Stáit tráchtála. Tá níos mó saoirse ag comhlachtaí Stáit tráchtála ó thaobh a gcuid cuspóirí a bhaint amach toisc nach bhfuil siad freagrach go díreach do Dháil Éireann. Tríd is tríd, comhlíonann comhlachtaí neamhthráchtála chomh maith leis na hinstiúidí oideachais príomhfheidhmeanna an Stáit agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar fhormhór na rialtóirí. Tá siad freagrach do Dháil Éireann tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí as a gcuid gnóthaí airgeadais agus as barainneacht agus éifeachtúlacht a gcuid oibríochtaí.

9.3 Tá imní ar dhaoine ar na mallaibh go bhfuil an iomarca comhlachtaí Stáit san earnáil neamhthráchtála agus go bhfuil gá le maoirsiú lárnach a neartú le haghaidh na gcomhlachtaí Stáit ar fad. Mar thoradh ar na hábhair imní sin

- tugadh isteach clár cuíchóirithe le haghaidh comhlachtaí Stáit agus feidhmeanna na gcomhlachtaí Stáit
- rinneadh mionathruithe ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit
- rinneadh iarrachtaí dul i ngleic le monatóireacht feidhmíochta agus úsáid á baint as comhchreat.

### Béim na Caibidle

Cé go bhfuil roinnt comhlachtaí agus bord neamhfhoirmiúil éagsúil ag feidhmiú faoi choimirce ranna agus go bhfuil fochuideachtaí bunaithe ag roinnt comhlachtaí Stáit chun feidhmeanna gaolmhara a chomhlíonadh, díríonn an tuarascáil seo den chuid is mó ar na comhlachtaí a bunaíodh go foirmiúil mar chorparáidí faoi reachtaíocht ar leith nó a bunaíodh faoi phróiseas clárúcháin faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar

- stádas na socrúithe chun comhlachtaí Stáit agus roinnt gníomhaíochtaí eile a chuíchóiriú
- an dul chun cinn maidir le meicníochtaí níos fearr a bhunú chun feidhmíocht na gcomhlachtaí Stáit a mhaoirsiú agus a dheimhniú go bhfuil siad ag cloí le noirm rialachais.

Rinneadh scrúdú ar ghnéithe tábhachtacha den mhaoirseacht a dhéanann an Roinn Iompair ar ghrúpa cuideachtaí Chóras Iompair Éireann (CIÉ) agus den mhaoirseacht a dhéanann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ar an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, d’fhonn eolas a chur ar fáil don scrúdú.

<sup>74</sup> Na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta,

Pléitear comhtháthú agus imeascadh i scéimeanna forbartha pobail i gCaibidil 24. Déantar scrúdú i dTuarascáil Speisialta Uimhir 74, *inter alia*, ar an gClár Críochnaithe Scoile, an tSeirbhís Idirchaidrimh Scoile agus Baile agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta don Lucht Taistil a chomhtháthú faoi choimirce an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais.

## Comhlachtaí Stáit agus Gníomhaíocht Státurraithe a Chuíchóiriú

9.4 I nDeireadh Fómhair 2008, chomhaontaigh an Rialtas os cionn 60 eintiteas nó feidhm Stáit a chuíchóiriú trí mheán iad a chónascadh, a dhíothú, nó iad a thógáil isteach in eintitis a bhí bunaithe cheana féin nó i máthair-ranna. An plean a bhí ann ná líon na n-eintiteas a laghdú le 41 ceann ar a laghad ar dtús, agus obair bhreise a dhéanamh ar chuíchóiriú ina dhiaidh sin. Níor glacadh le haon sprioc ó thaobh coigiltis phoiblí. Bhí aon roinn déag i gceist sna pleananna cuíchóirithe agus bhí an Roinn Airgeadais le maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chlár fhoriomláin agus tuairisciú faoi.

9.5 Fíor 39 leagtar amach na cineálacha eintiteas agus feidhmeanna a ndírítear orthu sa chinneadh ón Rialtas a rinneadh i nDeireadh Fómhair 2008.

### Fíor 39 Eintitis agus Feidhmeanna a bhfuil Cuíchóiriú le déanamh orthu de réir Cineálacha

| Eintiteas/Feidhm          | Líon      |
|---------------------------|-----------|
| Comhlachtaí Stáit         | 32        |
| Rannóga Roinne            | 9         |
| Eintitis Neamhchorpraithe | 15        |
| Feidhmeanna Eile          | 5         |
| <b>Iomlán</b>             | <b>61</b> |

9.6 D'iarr mé ar gach Roinn a bhfuil freagracht uirthi as na heintitis nó na feidhmeanna a mhaoirsiú eolas a sholáthar faoina bhfuil déanta go dtí seo ó thaobh iad a chuíchóiriú. As an 61 eintiteas nó feidhm atá le cuíchóiriú, bhí cuíchóiriú déanta i gcás 33 ceann díobh faoi Mheitheamh 2010 mar atá leagtha amach i Fíor 40. I gcás an 33 eintiteas, bhí cuíchóiriú tar éis líon na n-eintiteas sin a laghdú go sé cinn. Tá stádas na mbeart cuíchóirithe a cuireadh i gcrích leagtha amach in Iarscríbhinn A.

### Fíor 40 Bearta Cuíchóirithe a Rinneadh<sup>a</sup>

| Eintiteas/Feidhm  | Iomlán    | Cónascadh | Díothaithe | Tógtha Isteach |
|-------------------|-----------|-----------|------------|----------------|
| Comhlachtaí Stáit | 20        | 12        | 1          | 7              |
| Rannóga Roinne    | 3         | -         | 2          | 1              |
| Neamhchorpraithe  | 7         | 1         | 4          | 2              |
| Feidhm a Aistriú  | 3         | 2         | -          | 1              |
| <b>Iomlán</b>     | <b>33</b> | <b>15</b> | <b>7</b>   | <b>11</b>      |

Nóta:

a Cuimsíonn an figiúr na trí eintiteas inar cuireadh cuíchóiriú i bhfeidhm ó thaobh cúrsaí riaracháin ach tá an reachtaíocht chomhfhreagrach fós os comhair an Oireachtais.

9.7 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán shainaithin Ranna maoirseachta coigilteas bliantúil €8.97 milliún a d'fhéadfaí a bhaint amach i gcás 25 eintiteas. Sainaithníodh €20,000 breise i gcoigiltis aon uaire i gceann amháin de na heintitis sin. Ba iad na tráachtaí a fuarthas ar na cásanna eile ná

- i gcúig chás déag bhí coigilteas ag brath ar an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach faoi struchtúir nua
- i gcúig chás bhíodhas ag súil le coigilteas a bhaint amach ach ní dhearnadh é seo a chainníochtú
- i gcúig chás níor luadh coigilteas
- in aon chás déag, ní rabhthas ag súil le coigilteas a bhaint amach.

9.8 Thug Ranna le fios go raibh 16 chás ann inar fabhraíodh costais tionscanta agus athstruchtúraithe. €4.24 milliún ar an iomlán a bhí sna costais sin. Sna cásanna eile, níor ríomhadh costais athstruchtúraithe nó níor sainaithníodh iad.

9.9 D'iarr mé eolas faoin méid a cuireadh éifeachtúlacht a bhaint amach tar éis an cuíchóirithe san áireamh sa phróiseas pleanála agus forfheidhmithe agus d'iarr mé ar Ranna a shainaithint conas a rinneadh nó a dhéanfar próisis ghnó a chur in oiriúint.

9.10 Tríd is tríd, níor thug Ranna aghaidh ar an gcineál athstruchtúraithe gnó a tharlódh tar éis cuíchóiriú a bheith déanta. I gcás inar sonraíodh bearta, bhain siad tríd is tríd le meicníochtaí riaracháin amhail an struchtúr bainistíochta beartaithe, buiséid nó reachtaíocht a dhréachtú. I roinnt cásanna, shonraigh Ranna nach dtiocfadh aon athrú ar bhunús an ghnó tar éis an cónascadh a bheith déanta.

9.11 Tugann an méid thuasluaite le tuiscint nach bhfuil na hathruithe bunúsacha ar phróisis ghnó atá le déanamh tar éis cuíchóiriú a bheith déanta sainaitheanta ag ranna fós. Bheadh an iarracht seo ag teastáil chun buntáistí barainneachta agus éifeachtúlachta a bhaint amach faoin struchtúr leasaithe.

9.12 Fíor 41 ar stádas an 28 eintiteas nó feidhm eile nár cuíchóiríodh faoi Mheitheamh 2010. As na cinn sin, níl cuíchóiriú beartaithe faoi láthair i ndeich gcás. San 18 gcás eile, tá Ranna ag súil go mbeidh cuíchóiriú lándéanta faoi dheireadh 2011.

#### Fíor41 Cuíchóiriú le Críochnú

| Eintiteas/Feidhm          | Iomlán    | Le Cónascadh | Le Díothú | Le Tógáil Isteach | Faoi Bhreithniú |
|---------------------------|-----------|--------------|-----------|-------------------|-----------------|
| Comhlachtaí Stáit         | 12        | 5            | -         | 2                 | 5               |
| Rannóga Roinne            | 6         | 1            | -         | -                 | 5               |
| Eintitis Neamhchorpraithe | 8         | 8            | -         | -                 | -               |
| Feidhm Eile               | 2         | 2            | -         | -                 | -               |
| <b>Iomlán</b>             | <b>28</b> | <b>16</b>    | <b>-</b>  | <b>2</b>          | <b>10</b>       |

9.13 Tá na heintitis agus feidhmeanna nár cuíchóiríodh fós liostaithe in Iarscríbhinn B.

## Tuairimí Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais

9.14 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais in iúl dom gur tionscnamh athchóirithe struchtúr a bhí sa phróiseas cuíchóirithe gníomhaireachtaí agus go raibh sé dírithe ar sholáthar seirbhísí a athchóiriú agus éifeachtúlacht agus dea-rialachas a chur chun cinn maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar. Nuair a bhí sé ag glacadh leis an bpróiseas cuíchóirithe a léiríodh i mBuiséad 2009, leag an Rialtas sraith shoiléir treoirphrionsabal amach a bhí mar bhonn taca faoin bpróiseas cinnteoireachta. Léirigh na prionsabail sin go raibh níos mó i gceist le cuíchóiriú ná iarracht a dhéanamh leibhéal seasta coigiltis a bhaint amach.

9.15 Dúirt sé go raibh sé an-deacair an coigilteas agus éifeachtúlacht a eascraíonn as cuíchóiriú a aicmiú agus a ríomh mar gheall ar thionchar na dtionscnamh coigilteas eile anuas ar an mbeart cuíchóirithe. Mar shampla, luaigh sé go raibh sé thar a bheith deacair an coigilteas ag eascraíocht a laghdú ar ráta pá, laghdúithe ginearálta ar líon foirne agus ciorruithe i gcomhairleacht a dhíchomhbhailiú. Cur chuige amháin ba ea cur chuige simplithe roimhe-agus-ina-dhiaidh a úsáid ina gcuirtear costais na Gníomhaireachta don bhliain ar fad roimh í a chuíchóiriú i gcomparáid leis na costais leanúnacha a bhaineann le feidhmeanna leantacha a sholáthar, a d'fhéadfadh a bheith athraithe freisin, ar feadh tréimhse tamall maith tar éis do na socruithe nua a bheith curtha i bhfeidhm.

### Conclúid – Cuíchóiriú

Tá obair fós ag dul ar aghaidh ar chuid mhór den chuíchóiriú agus beagnach a leath de na hathruithe atá tuartha fós le cur in éifeacht.

Deis atá sa chuíchóiriú chun éifeachtúlacht phróiseas a bhaint amach. B'fhéidir nach mbeadh sa chéim tosaigh ach feidhmeanna a bhí ina bhfeidhmeanna leithleacha roimhe sin a thabhairt le chéile, ach ina ainneoin sin, tá gá le Ranna a mhaoirsiú lena chinntiú go bhfuil plean athruithe cuimsitheach ag na feidhmeanna nua ar mhaithe le sainaithint conas a d'fhéadfaí na próisis ghnó a athstruchtú d'fhonn seirbhísí comhtháite a sholáthar agus an tsineirge is fearr is féidir a bhaint amach trí imeascadh agus comhtháthú.

Ba chóir do Ranna socruithe monatóireachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear amach na tairbhí inmhianaithe agus go mbeidh seirbhísí á soláthar ar chaighdeán shainithe agus go ndéanfar aon sócmhainní barrachais a shainaithint agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu nó iad a dhiúscairt.

## Comhlachtaí Stáit a Mhaoirsiú

9.16 Gan comhlachtaí beaga neamhrechtúla a áireamh, tá thart ar 316 comhlacht agus ciste Stáit neamhthráchtála in Éirinn agus tá 17 gníomhaireacht Státurraithe eile ann.<sup>75</sup> Tá comhlachtaí Stáit neamhthráchtála aicmithe i Fíor 42.

**Fíor 42 Comhlachtaí agus Cistí Stáit Neamhthráchtála a Aicmiú<sup>a</sup>**

| Cineál                                      | Líon       | Gníomhaíocht <sup>b</sup> |
|---------------------------------------------|------------|---------------------------|
|                                             |            | €                         |
| Rialú agus Eadráin                          | 52         | 613,736,457               |
| Forbairt Fiontar                            | 44         | 903,618,213               |
| Fochuideachtaí                              | 38         | 72,505,760                |
| Oideachas Dara Leibhéal                     | 34         | 1,367,021,621             |
| Oideachas Tríú Leibhéal agus Breisoideachas | 36         | 4,361,208,000             |
| Cultúrtha agus Teanga                       | 17         | 313,904,529               |
| Cistí                                       | 19         | 26,022,433,957            |
| Ospidéal agus Sláinte                       | 13         | 15,846,923,834            |
| Spórt agus Turasóireacht                    | 10         | 452,582,000               |
| Taighde                                     | 9          | 516,323,055               |
| Tithíocht agus Leas                         | 8          | 104,085,000               |
| Faisnéis agus Comhairle                     | 6          | 46,970,247                |
| Ilghnéitheach                               | 6          | 942,200,000               |
| Athnuachan                                  | 5          | 13,305,000                |
| Cur Chun Cinn na Sábháilteachta             | 5          | 82,588,000                |
| Comhlachtaí Parlaiminte                     | 4          | 135,700,000               |
| Dul Chun Cinn                               | 4          | 140,300,000               |
| Soláthar Bonneagair                         | 3          | 1,766,800,000             |
| Oiliúint                                    | 3          | 1,101,600,000             |
| <b>Iomlán</b>                               | <b>316</b> | <b>54,803,805,673</b>     |

Nótaí:

- a Níl an Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ná roinnt feidhmeanna bainistithe fiachais a riarann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar áireamh i Fíor 42. Bhí sreafaí airgid de thart ar €63 billiún acu.
- b Is ionann é seo agus láimhdeachas measta na gcomhlachtaí le haghaidh 2009. I líon beag cásanna, úsáidtear figiúirí láimhdeachais le haghaidh 2008.

9.17 Aithnítear go maith in Éirinn gur iomaí buntáiste a bhaineann le gníomhaireachtaí tiomnaithe a dhíríonn ar sheirbhísí ar leith a sholáthar. Ag an am céanna, toisc go bhfuil an oiread sin gníomhaireachtaí ann, bhí leibhéal cuí na stiúthóireachta agus na maoirseachta faoi chaibidil i roinnt tuarascálacha le déanaí.

<sup>75</sup>

Tá an Dara Sceideal, Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nuashonraithe chun stádas reatha na gcomhlachtaí atá liostaithe a léiriú. Ó ritheadh an tAcht, díoladh, díscáileadh nó leachtaíodh roinnt comhlachtaí. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chomhlachtaí a bhíodh ar an sceideal roimhe seo, i dtí chás.

9.18 I Samhain 2008, mhol an Tascfhórsa ar an tSeirbhís Phoiblí<sup>76</sup> (an Tascfhórsa) go bhforbrófaí creatlach rialachais nua maidir le gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí Stáit, chun a gcuid eifeachtúlachta agus éifeachtachta a fheabhsú agus ról agus feidhm faoi seach na Ranna agus na ngníomhaireachtaí maidir le ceapadh beartais agus treo straitéiseach a shoiléiriú.

9.19 Tá ábhar inní den chineál seo maidir le rialachas le sonrú i réimse na cuntasachta freisin mar a léiríonn an fhreagairt reachtach a tugadh ar easnaimh a sainaithníodh sna socrúithe chun an Foras Áiseanna Saothair (FÁS) a mhaoirsiú agus a rialú.<sup>77</sup> Tá na hathruithe tábhachtacha ar an reachtaíocht a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin leagtha amach i Fíor 43.

#### **Fíor 43 Struchtúr Rialachais Nua le haghaidh FÁS**

I mí Eanáir 2010, achtaíodh reachtaíocht nua<sup>a</sup> lena bhforáiltear do struchtúr cuntasachta agus rialachais i bhfad níos láidre ag FÁS. I measc na bpríomhnithe a ndírítear orthu sa reachtaíocht seo tá

- Bord FÁS a laghdú ó 17 go 11
- córas ceapacháin forásach chun an Bhoird a thabhairt isteach
- ceapacháin a dhéanamh chun an Bhoird tar éis comhairliúcháin agus sraith scileanna ar leith a léiriú
- deireadh a chur leis an gceart ann féin chun daoine aonair a ainmniú lena gceapadh chun an Bhoird ó chomhlachtaí nach bhfuil freagrach go díreach don cháinióicóir
- a cheangal ar Ard-Stiúrthóir FÁS a bheith freagrach don Oireachtas
- a cheangal ar Stiúrthóirí agus ar fhoireann FÁS coinbhleachtaí leasa a nochtadh
- cosc a chur ar stiúrthóirí agus ar fhoireann FÁS aon bhaint a bheith acu le nithe ina bhfuil coinbhleacht leasa acu agus socrú a dhéanamh maidir le stiúrthóirí a chur as oifig nó conarthaí foirne a fhoirceannadh má sháraítear é seo.
- cosaint a thabhairt do bhaill foirne ar ‘sceithirí’ iad a thuairiscíonn éagóir thromchúiseach san eagraíocht
- cead a thabhairt do stiúrthóirí a fheidhmíonn ar son an Aire nithe a thagann chun cinn a thuairisciú gan dualgais mhuiníne i leith na Gníomhaireachta a shárú.

Nóta:

a An tAcht um Áiseanna Saothair (Leasú), 2009.

9.20 D'iarr an Tascfhórsa creatlach feidhmíochta a sholáthar le haghaidh gníomhaireachtaí ina sainítear a raibh an Rialtas agus na hAíreí ag súil leis. Ba chóir socrú a dhéanamh i gcreatlach den chineál sin maidir le spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh agus táscairí feidhmíochta a fhorbairt bunaithe ar aschuir shoiléire lena n-áirítear garspriocanna chun soláthar a thomhas. Ba chóir úsáid níos mó a bhaint as táscairí aschuir agus toraidh agus ba chóir é seo a bheith mar bhunús d'idirphlé feidhmíochta nua idir Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit.

<sup>76</sup> Ag Cur Athrú ar Sheirbhísí Poiblí: An Saoránach sa Lár - Fócas ar an bhFeidhmíocht.

<sup>77</sup> Tuarascáil Speisialta Uimhir 10, "General Matters arising on Audits – Non-commercial State-sponsored Bodies, Health Sector Bodies and Vocational Educational Committees" (Caibidil 2), Bealtaine 2008, Tuarascáil Speisialta Uimhir 66, "Advertising and Promotion in FÁS", Meán Fómhair 2009 agus Tuarascáil Speisialta Uimhir 73, "Internal Control and Governance in FÁS", Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, Eanáir 2010 agus an Ceathrú Tuarascáil Eatramhach ar Thuairascáil Speisialta 10 an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus Cuntais 2007 FÁS, an Coiste um Chuntais Phoiblí, Feabhra 2009.



9.21 Mhol an Tascfhórsa gur chóir comhaontuithe seirbhíse a fhorbairt agus a úsáid go forleathan a bheadh mar chuid den chreatlach bainistíochta feidhmíochta níos leithne le haghaidh na gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le soláthar seirbhíse.

9.22 Mhol sé gur chóir breathnú ar tháscairí aschuir agus toraidh mar bhunús chun feidhmeanna breise a tharmligean ar ghníomhaireachtaí agus chun neamhspleáchas oibriúcháin breise a chruthú seachas mar rialú láraithe de chineál eile. Ba chóir do gach gníomhaireacht neamhthráchtála Ráitis Bhliantúla Aschuir a tháirgeadh de réir an chreata feidhmíochta nua.

9.23 Ar an iomlán, dhá phríomhchatagóir atá sna hábhair inní a d'ardaigh an Tascfhórsa agus a ardaíodh i raon tuarascálacha eile

- deimhniú go bhfuil noirm rialachais á gcomhlíonadh ag comhlachtaí Stáit
- deimhniú go gcomhlíonann comhlachtaí a gcuid feidhmeanna agus go soláthraíonn siad seirbhísí ar ardchaighdeán.

9.24 Bhí sé beartaithe i dTuarascáil an Tascfhórsa go mbeadh forbairt na n-eiseamláirí feidhmíochta agus rialachais faoi threoir na Roinne Airgeadais agus go mbeidís le críochnú laistigh d'ocht mí go 12 mhí ó fhoilsítear tuarascáil an Tascfhórsa. Ina dhiaidh sin, d'iarr Grúpa Stiúrtha Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar Ard-Rúnaí na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha tionscadal a stiúradh chun moltaí a fhorbairt maidir le Gníomhaireachtaí Stáit a rialú agus a bhunú.

## Dul chun cinn maidir le Forfheidhmiú

9.25 D'fhoilsigh an tAire Airgeadais Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit athbhreithnithe ('an Cód') i Meitheamh 2009 agus cuireadh in éifeacht láithreach bonn é. Bhí moill ag baint leis an dul chun cinn a rinneadh ar shaincheisteanna feidhmíochta.

## Rialachas

9.26 Athbhreithníodh an Cód seo roinnt uaireanta. Cé go mbíonn cur chuige 'comhlíon nó mínigh' ag roinnt mhaith cód dá leithéid, dualgas atá sa Chód Éireannach toisc nach gceadaítear ach cion beag solúbthachta do chomhlachtaí áirithe a mbeadh éifeacht dhíríreach ag comhlíonadh a cheanglas orthu mar gheall ar nádúr agus scála a gcuid gníomhaíochtaí. An cur chuige a bhí ann ná dualgais tuairiscithe bhliantúla a chur ar an mBord agus ar an gCathaoirleach. I measc phríomhghnéithe an chórais seo tá

- an ceanglas ráiteas bliantúil ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a ghlacadh
- an oibleagáid coistí iniúcháireachta agus coistí iniúcháireachta inmheánaí atá ag feidhmiú a bheith acu
- córas bainistíochta riosca a cheapadh le díriú ar rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin agus airgeadais.

9.27 Sna bearta nua nó athbhreithnithe a tugadh isteach i leagan 2009 leagtar béim

- ar phríomhfhreagrachtaí an Bhoird i réimsí na pleanála straitéisí agus as córas um rialú inmheánach an chomhlachta Stáit agus a chreat bainistíochta riosca
- ar cheanglais bhreise agus soiléiriú ar iompar gnó lena n-áirítear iniúchadh inmheánach, Coistí Iniúcháireachta, nósanna imeachta chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus nochtadh faoi rún

- ar fhreagrachtaí breise don chomhlacht Stáit sna príomhghnóthaí a bhaineann le feidhmiú sna réimsí seo a leanas; soláthar, taisteal, diúscairt sócmhainní, breithmheas ar infheistíocht, caingean dlí, lena n-áirítear imréiteach cánach a chomhlíonadh agus rialacháin maidir le conarthaí na hearnála poiblí
- ar cheanglais tuairiscithe bhreise an Chathaoirligh maidir lena thuarascáil bhliantúil chun an Aire agus nochtadh breise le déanamh i gcuntais bhliantúla na gcomhlachtaí Stáit agus tuairiscí ar thuarastal an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, táillí a íoctar le Stiúrthóirí agus speansais a íoctar leis an mBord
- ar fhreagrachtaí roinne nua as maoirseacht agus freagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta iad féin a shásamh go bhfuil ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh.

Tá breac-chuntas ar na príomhathruithe in Iarscríbhinn C.

9.28 Ar an iomlán, chuir na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm sa Chód ceanglais mhóra ar Chathaoirligh agus ar Stiúrthóirí na gComhlachtaí Stáit. Mhol an Cód freisin creatáí feidhmíochta a fhorbairt trí idirphlé idir an comhlacht Stáit agus an Roinn mar a mhol an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus mar a léirítear i dtuarascáil an Tascfhórsa freisin. Anuas air seo mhol sé go ndéanadh gach Roinn/Oifig ról a hOifigigh Chuntasaíochta agus ról na bPríomhfheidhmeannach sna comhlachtaí stáit faoina coimirce faoi seach a leagan amach i scríbhinn.

### ***Deis chun Tuairisciú faoi Rialachas a Fheabhsú***

9.29 Mar thoradh ar athbhreithniú na bliana 2009, tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na gnéithe rialachais d'fheidhmíocht na gcomhlachtaí Stáit. Rinneadh forbairt air seo trí oibleagáidí na mbord a leathnú agus comhlíonadh a dheimhniú i dtuarascáil bhliantúil a chuireann an Cathaoirleach faoi bhráid an Aire maoirseachta chomh maith le tuairisciú reatha ar rialú agus ar bhainistíocht riosca trí ráitis faoi rialú inmheánach airgeadais. San am atá le teacht, b'fhiú a bhreithniú

- cibé an bhféadfaí Ráiteas a chuimsíonn na rialuithe ar fad agus atá ar aon dul leis na ráitis atá i bhfeidhm i gcuideachtaí móra príobháideacha agus poiblí agus i gcuideachtaí in earnáil an rialtais sa Ríocht Aontaithe a chur in ionad an ráitis faoi rialú inmheánach airgeadais.
- cibé an bhféadfadh próiseas deimhnithe a bheith ann, i gcomhlachtaí atá níos mó ná méid shainithe ar a laghad, a chuirfeadh baill den bhoird ar a suaimhneas ó thaobh a gcuid dtuarascálacha a éilítear faoin gCód a eisiúint, próiseas a bheadh mar bhonn taca faoi ráitis bhliantúla na mbord agus an Chathaoirligh ar rialachas agus ar rialú.

9.30 I Márta 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn cód cleachtais nua chun rialachas corparáideach a mheasúnú le haghaidh cuideachtaí Éireannacha agus comhlachtaí Stáit<sup>78</sup>. Soláthraíonn an cód nua caighdeán dea-chleachtais chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar cibé an gcomhlíonann eagraíochtaí na cóid rialachais corparáidigh reatha amhail prionsabail na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an Comhchód um Rialachas Corparáideach agus an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

9.31 Tugann an tionscnamh SWiFT 3000 deimhniúchán do chuideachtaí agus do chomhlachtaí Stáit a chomhlíonann an caighdeán is gá tar éis measúnú neamhspleách a bheith déanta orthu.

<sup>78</sup>

SWiFT 3000: 2010 Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach a Mheasúnú in Éirinn.

9.32 Ábhar inní ar leith amháin a chuir isteach ar éifeachtúlacht na maoirseachta Stáit ab ea an tuiscint ghinearálta go bhfágann dualgas muiníne na stiúrthóirí i gcás na n-ainmnithe Stáit nach féidir le comhaltaí boird tuairisciú don Aire ar phríomhcheisteanna rialachais, rialtachta, ionracais agus feidhmíocht airgeadais.

9.33 Ós rud é go mbeadh sé an-chasta an reachtaíocht earnála ar fad a leasú agus toisc gur cuspóir teoranta an cuspóir, d'ullmhaigh an Roinn airgeadais, ar an gcéad dul síos, prótacal le haghaidh státseirbhíseach a ainmnítear mar chomhaltaí de Bhoird comhlachtaí Stáit neamhthráchtála le dul i ngleic leis an tsaincheist sin. Thug an Rialtas an prótacal dá aire ag a chruinniú ar an 13 Iúil, 2010 agus scaipeadh é ar chinn na Ranna agus na nOifigí Rialtais i gciortlár. Cuirfear é sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit freisin.

### **Cúrsaí Cuntasaíochta**

9.34 Cuid bhuntábhachtach de dhualgas na mBord Stáit ó thaobh a bheith cuntasach is ea na cuntais bhliantúla a dhéanamh. Tá formhór na gcuntas seo deimhnithe mar chuntais a thugann léargas fíor agus cothrom ag baint úsáide as córas iniúchta atá de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta iniúchóireachta.

9.35 Uaireanta cuirtear agúis i dtuarascálacha iniúcháir gan na tuairimí iniúcháir a bheith coinníollach. Ba chóir do ranna athbhreithniú a dhéanamh ar thábhacht na nithe a thugtar ar aird sna tuarascálacha iniúcháir sin ó am go ham. Cé gur nithe teicniúla iad roinnt mhaith de na nithe a thuairiscítear agus cé go dtagann siad chun cinn mar gheall ar Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais a chur i bhfeidhm go beacht maidir le comhlachtaí Stáit, is minic a leagann siad béim ar réimsí lena mbreithniú ag ranna stiúrtha lárnacha agus ranna maoirseachta.

9.36 Cuireadh agúis i dtuarascálacha iniúcháir roinnt comhlachtaí Stáit le blianta beaga anuas. I measc na saincheisteanna ar cuireadh agúis in iúl fúthu i dtuairimí sa tréimhse 2006 – 2009 bhí

- gan athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais
- gan cuntais a chur i láthair de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, maidir le costais phinsin agus dliteanais phinsin
- cásanna nár baineadh tairbhe as caiteachas lena n-áirítear caiteachas gan éifeacht, caiteachas míchuí (.i. caiteachas nach raibh de réir an údarais chuí) agus caiteachas nach caiteachas gnó é
- easnaimh nó éiginnteachtaí i ndáil le cuntasaíocht do dhímheas, luacháil infheistíochtaí agus diúscairt sócmhainní
- easnaimh i rialuithe airgeadais lena n-áirítear nósanna imeachta scoite

9.37 Tá achoimre ar chineálacha agus ar líon na n-agús a ardaíodh gach bliain sa tréimhse 2006 – 2009 leagtha amach i Fíor 44.

#### Fíor 44 Agús i dTuarascálacha Iniúcháir 2006 – 2009<sup>a</sup>

|                                                                                        | Bliain Chuntasaíochta |           |           |                   |
|----------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------|-----------|-----------|-------------------|
|                                                                                        | 2006                  | 2007      | 2008      | 2009 <sup>b</sup> |
| Gan Athbhreithniú a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais | 2                     | 14        | 18        | -                 |
| Nithe a bhaineann le Pinsin                                                            | 30                    | 31        | 28        | 5                 |
| Nithe a Bhaineann le Caiteachas                                                        | 2                     | 1         | 6         | 1                 |
| Luacháil agus Diúscairt Sócmhainní                                                     | 1                     | 1         | 2         | 1                 |
| Easnaimh i Rialuithe Airgeadais                                                        | 1                     | 1         | 2         | -                 |
| Nithe eile <sup>c</sup>                                                                | 5                     | 4         | 9         | 8                 |
| <b>Iomlán</b>                                                                          | <b>41</b>             | <b>52</b> | <b>65</b> | <b>15</b>         |

Nótaí:

- a Clúdaíonn sé sin tuarascálacha iniúcháir a síníodh sa tréimhse 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2010. Tríd is tríd, ó 2009 i leith, is é beartas an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gan tagairt do shaincheisteanna a thuairiscíonn comhlachtaí Stáit iad féin i nótaí a ghabhann le cuntais ná mar chuid dá Ráitis faoi Rialú Inmheánach Airgeadais mura meastar gur nithe ábhartha iad de bharr méid, nádúr nó comhthéacs na nithe.
- b Clúdaíonn sé sin tuarascálacha iniúcháir a síníodh sa tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2010.
- c Áirítear orthu nochtadh maidir le dlíthíocht, nithe a bhaineann le hioncam, saincheisteanna gnóthais leantaigh agus difríochtaí idir beartais chuntasaíochta agus Cleachtas a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

### Conclúid – Rialachas

D'fhéadfaí freagrachtaí na mbord as comhlachtaí Stáit a rialú a neartú tuilleadh trí thuairisciú ar rialú inmheánach a leathnú agus trí dheimhniúchán ar chaighdeán an Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann a bheith mar bhonn taca faoin bpróiseas a thacaíonn leis an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais a dhéanamh.

Ba chóir go gcabhródh an prótacal le haghaidh comhaltaí boird a dhréachtaigh an Roinn Airgeadais chun deireadh a chur le haon bhaic chumarsáide idir Airí agus na státseirbhísigh a cheapann siad chun comhlachtaí Stáit neamhthráchtála i réimsí an rialachais agus ionracais i gcás ina bhfuil baint ag na baic sin leis an dualgas muiníne comhchéimneach atá orthu i leith an chomhlachta Stáit.

Is iondúil go dtugtar tuairimí iniúcháir gan agús ar a gcuntais do chomhlachtaí Stáit. Is minic áfach, a tharraingítear aird i dtuarascálacha iniúcháir ar shaincheisteanna rialúcháin, bainistíochta, cuntasaíochta agus rialachais a thagann chun solais le linn an iniúchta. Anuas air sin, is minic a thuairiscíonn gníomhaireachtaí iad féin easnaimh i rialú nó i gcuntasaíocht atá faoi leibhéal áirithe ábharthachta.

Is maith an rud é go ndearnadh cuntasacht a inmheánú laistigh de Bhoird le blianta beaga anuas, trí choistí iniúchta agus feidhmeanna iniúchta inmheánaigh, agus faisnéis, aischothú agus comhairle faoi bhainistíocht a glár á gcur ar fáil acu. Chuir an cor seo a spreag an Cód Cleachtais feabhas ar dhearbhu cáilíochta ar an iomlán maidir le bainistíocht na glár poiblí.

## Bainistíocht Feidhmíochta

9.38 Cé go gcuimseodh creat bainistíochta feidhmíochta chuimsitheach na socrúithe rialachais chorparáidigh a dtagraítear dóibh thuas, bheadh feidhm aige freisin maidir lena chuid seirbhísí a bheith á soláthar ag comhlacht Stáit.<sup>79</sup> Ní dócha go bhféadfadh creat ar mhaithe le ‘haon bhail amháin a thabhairt orthu’ a bheith infheidhme maidir le comhlachtaí Stáit toisc go gcaithfear difríochtaí ó thaobh feidhme agus cuspóirí a aithint sna heintitis ar eintitis tráchtála amháin iad, sna heintitis tráchtála a bhfuil cuspóirí sóisialta acu agus sna gníomhaireachtaí a bhfuil feidhmeanna forbartha fiontar, bainistíochta fiachais, cur chun cinn, soláthair seirbhísí agus rialála acu. D’fhéadfaí roinnt gnéithe coitianta de mhaoirseacht Stáit a chur in iúl áfach. D’fhéadfaidís sin a bheith bunaithe ar an moladh gur chóir creat a bheith ann a mbeadh na gnéithe seo a leanas mar chuid dó má tá feidhmíocht gníomhaireachtaí Stáit le bainistiú go héifeachtach

- ráiteas soiléir maidir le misean reatha agus aidhm na gníomhaireachta a comhaontaíodh leis an Roinn
- comhaontú bliantúil a léiríonn an misean agus an cuspóir sin mar aidhmeanna agus spriocanna toraidh gaolmhara
- meicníocht tuairiscithe shainithe (a leagtar amach leis an gcomhaontú sin)
- socrú chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht ag tréimhsí rialta ina leagtar béim ar cibé an bhfuil na torthaí inmhianaithe nó beartaithe á mbaint amach agus a mhéid atá siad á mbaint amach.

9.39 Mar chéim tosaigh cuireadh de chúram ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha staidéar a dhéanamh ina leagfar amach aon tograí, lena n-áirítear creataí a d’fhéadfadh a bheith mar bhunús chun gníomhaireachtaí a bhunú<sup>80</sup> agus d’fheidhmeanna, rialachas corparáideach agus bainistíocht feidhmíochta gníomhaireachtaí. I measc na réimsí ar leith a leagtar béim orthu tá

- prionsabail a d’fhéadfadh a bheith mar fhoinse maidir le beartais a cheapadh chun gníomhaireachtaí a bhunú agus a choinneáil
- struchtúr agus rialachas gníomhaireachtaí
- tascanna agus tosaíochtaí de chuid gníomhaireachtaí a shocrú ag Airí agus ag Ranna (lena n-áirítear ath-shainordú agus feidhmeanna breise a dháileadh)
- socrúithe rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm
- maoirseacht na roinne ar ghníomhaireachtaí, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus ceisteanna acmhainne lena mbaineann
- feidhmíocht a thomhas ag gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Comhaontuithe Seirbhíse a úsáid.

9.40 D’iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar stádas reatha na hoibre sin. Chuir sé in iúl dom go raibh an staidéar tugtha chun críche agus curtha faoi bhráid Foghrúpa an Ard-Rúnaí ar Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí. Dúirt sé gur faoin bhfoghrúpa sin a bheidh sé socrú conas a dhéantar dul chun cinn maidir leis an staidéar agus ar an gcoinníoll go ndéanfar é seo, táthar ag súil gur faoin Rialtas a bheidh sé na moltaí sa staidéar a bhreithniú. Chuir sé i bhfios go láidir nach bhfuil i mbainistíocht agus measúnú feidhmíochta ach gné amháin den staidéar, mar atá leagtha amach thuas sna réimsí a leagtar béim orthu.

<sup>79</sup> Dírítear sa rannán seo ar fheidhmíocht oibríochtúil.

<sup>80</sup> Ag féachaint do threoir reatha faoi rialachas corparáideach agus aon treoir oibriúcháin ábhartha eile le haghaidh gníomhaireachtaí Stáit

9.41 Shonraigh sé gur dúshlán amháin a fhágann go bhfuil sé deacair monatóireacht feidhmíochta a chomhionannú is ea go bhfuil difear mór idir méid agus struchtúr na gcomhlachtaí Stáit neamhthráchtála agus go bhfuil feidhmeanna agus bunúis reachtúla éagsúla acu. Tá impleachtaí aige seo, ar a uain, do nádúr an chaidrimh leis an Aire agus an Roinn mhaoirseachta agus do chreataí rialachais agus measúnaithe feidhmíochta a chur i bhfeidhm. Thug sé le fios go raibh a staidéar dírithe den chuid is mó ar chreataí ginearálta iomchuí a bhaineann le feidhmíocht a thomhas, seachas ar shonraí na dteimpléad um thomhas feidhmíochta ar leith. Ba chóir go soláthródh creataí feidhmíochta reatha amhail Ráitis Straitéise, Ráitis Bhliantúla Aschuir agus Comhaontuithe Seirbhíse bunús ginearálta sásúil chun córas tomhaiste feidhmíochta láidir a chruthú. Tá sé rithábachtach áfach a chinntiú gur féidir córas tomhaiste feidhmíochta follasach a bheith ann de dhroim na bpróiseas seo, trí thagairt do tháscairí feidhmíochta ábhartha is féidir a thomhas - tá caighdeán seachas líon na dtáscairí seo rithábachtach freisin. Éilíonn sé sin ar a uain caidreamh gníomhach iomchuí a bheith idir Ranna agus comhlachtaí Stáit maidir le saintréithe an chórais tomhaiste feidhmíochta laistigh d'aon chreat ginearálta.

## Maoiniú agus Bainistíocht Airgid

9.42 Tuairiscíonn roinnt comhlachtaí agus institiúidí Stáit a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát iarmhéideanna airgid mhóra. Is ceann de phríomhghnéithe na monatóireachta é plean maoinithe na gníomhaireachta. Is príonsabal é barainneacht a bheith ann ó thaobh cistí Stáit a bhainistiú. Ba chóir, dá bhrí sin, monatóireacht dhlúth ar iarmhéideanna airgid agus bainistíocht staideanna creidiúnaí a thagann le hoibleagáidí maidir le híoc pras a bheith mar chuid de mhaoirseacht na Roinne. Leagann an cás a luaitear thíos béim ar an ngá le cur chuige dá leithéid a bheith ann.

### An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Ag deireadh na bliana 2009, thuairiscigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an tÚdarás) barrachas €12.87 milliún don bhliain agus iarmhéid bairc €12.21 milliún. Roimhe seo, níor iarr an Roinn Iompair sonraí na gcistí ar láimh tráth ar tharraing an tÚdarás maoiniú Stáit anuas. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gur féidir breathnú ar an gceanglas seo, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás, mar chuid den phróiseas tarraingthe anuas amach anseo.

Shonraigh sé go mbíonn a Roinn i dteagmháil leis an Údarás go minic agus gur tugadh fógra foirmiúil dó in Eanáir 2010 go raibh barrachas €12.87 milliún do 2009 á thuairisciú ag an Údarás. Ag cruinniú i mí Feabhra, míníodh gur eascair an barrachas seo as ioncam méadaithe an Údaráis nach ioncam ón Státchiste é (de bhreis ar an méid a ndearnadh foráil sa bhuiséad dó). Anuas air sin cuireadh deireadh le conradh tríú páirtí chun Ábhar Ard-Infheictheachta a sholáthar ar mhaithe le sábháilteacht ar an mbóthar toisc nach raibh an soláthraí in ann é a chur i gcrích, rud a d'fhág gur laghdáíodh caiteachas tuilleadh. Ar deireadh, mar a comhaontaíodh roimhe sin leis an Roinn, bhí €4.2 milliún chun clár Athchóirithe um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála a chistiú ar áireamh sa bharrachas freisin.

Shonraigh sé freisin go raibh sé beartaithe tús a chur leis an gclár thuasluaite le linn na bliana 2009, ach de bharr deacrachtaí éagsúla, lena n-áirítear faomhadh a fháil le haghaidh an tsoláthair foirne is gá, ní rabhthas ag súil go dtosódh sé go dtí i mbliana. Leithdháileadh an t-iarmhéid a bhí fágtha den bharrachas ar thionscadail chaipitil eile, lena n-áirítear Córas Tachagraif Dhigitigh ar Líne, Clár um Chárta Plaisteach chun Tiománaithe a Cheadúnú agus Clár Gabhála Sonraí ar Thástáil Tiománaithe. Lasmuigh de mhéid measartha beag maoinithe ón Roinn, cruinníonn an tÚdarás cistí dá Chlár Caipitil ó ioncam eile seachas ó ioncam ón Státchiste den chuid is mó. Bhí iarmhéid an bharrachais a bhain leis na cláir seo a leithdháileadh mar ábhar do phléití éagsúla idir an tÚdarás agus a Roinn in 2010.

9.43 Ar an iomlán, seachas leibhéal na ndeontas a íoctar a laghdú chun maoiniú Stáit an eintitis a chur i gcomhréir lena riachtanais airgid féin, b'fhéidir gurbh fhiú iarmhéideanna a chomhdhlúthú trí bhainistíocht státchiste níos gníomhaí.

## Idirghníomhú ó lá go lá

9.44 Ní fhéadfadh creat feidhmíochta athbhreithnithe brath ar thuairisciú foirmiúil amháin. Bheadh gá le creat feidhmíochta cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar na tosca ar chóir tuairisciú láithreach lasmuigh den phróiseas foirmiúil mar thoradh orthu.

9.45 D'fhéadfaí socrú raon saincheistanna den chineál sin agus leibhéal ábharthachta a bhreithniú. D'fhonn comhréiteach a bhaint amach idir freagracht an Bhoird as oibríochtaí ó lá go lá agus na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí atá maoinithe nó caipitlithe ag an Stát nó le comhlachtaí a bhfuil a gcuid feidhmeanna ainmnithe de réir an dlí, ba chóir an tairseach tuairiscithe a shocrú ag leibhéal réasúnta ard. I measc na saincheistanna tuairiscithe a d'fhéadfaí a áireamh tá

- teacht chun cinn dliteanas teagmhasach ábhartha
- éilimh dhlíthíochta mhóra a d'fhéadfadh dul i gcion ar staid airgeadais an chomhlachta
- easnamh i gcaipitil oibre ó thaobh an bhaoil nach mbeidh sé d'acmhainn ag an gcomhlacht a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh go ceann dhá mhí dhéag ar a laghad
- calaois nó mírialtacht ábhartha, nó calaois nó mírialtacht amhrasta, a théann i gcion ar an gcomhlacht
- uasteorainn iasachta arna ceadú ag an Roinn a shárú.

9.46 Tá sampla d'imeacht ar chóir tuairisc den chineál sin a bheith déanta mar thoradh air leagtha amach i Fíor 45.

### Fíor 45 Cúbláil i CIÉ

I ndeireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009, tar éis tuairiscí a bheith sna meáin ar fhiosrú faoi sholáthar bonneagair agus rialuithe inmheánacha in Iarnród Éireann a rinne Baker Tilly Ryan Glennon (BTRG), bhuail an tAire le Cathaoirleach CIÉ agus chuir sé in iúl dó go raibh inní air gur luadh tuarascáil BTRG lena Roinn den chéad uair sna laethanta roimhe sin, agus sin amháin, agus nár luaigh an Cathaoirleach é go sonrach ina ráitis bhliantúla faoi chomhlíonadh an Chóid Chleachtais riamh. Chuir an tAire in iúl freisin go raibh inní air faoi líon na n-eisceachtaí soláthair sna tuarascálacha sin. Thug sé le fios go gcaithfí dearbhú a chur ar fáil i dtuarascáil an Chathaoirligh a bhí le cur faoina bhráid i mí na Samhna 2009 maidir leis na soláthairtí ar fad a bhí á ndéanamh laistigh d'Iarnród Éireann.

D'admhaigh an Cathaoirleach gur chóir dó, ag féachaint siar, aird an Aire a tharraingt ar na cúrsaí soláthair ach bhí sé den tuairim nár ghá iad a lua go sonrach maidir leis sin, toisc go rabhthas ag déileáil leis na ceistanna a bhí ag teacht chun cinn. €2.6 milliún, a bheag nó a mhór, a bhí sa chaillteanas iarbhír.

Shonraigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair, gur thug an tAire le fios nuair a cuireadh in iúl dó go raibh tuarascáil BTRG ann ar an 9 Deireadh Fómhair, 2009, gur chóir an tuarascáil a bheith curtha faoi bhráid na Roinne nuair a críochnaíodh í. D'iarr sé ar Bhord CIÉ tuairisc iomlán a thabhairt ar na cúinsí inar tháinig an tuarascáil chun cinn, an méid dul chun cinn a bhí déanta maidir le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm agus na bearta a bhí á ndéanamh lena chinntiú go mbeadh rialuithe sásúla ann i réimsí caiteachais nár clúdaíodh sa tuarascáil. Phléigh sé an cheist le Cathaoirleach CIÉ ar an 23 Deireadh Fómhair 2009 freisin agus chuir sé in iúl dó go raibh inní air faoi na laigí a aithníodh agus toisc nár cuireadh é féin ná an Roinn ar an eolas faoin tuarascáil.

Chuir an Cathaoirleach an tAire ar an eolas faoi na saincheistean agus dhearbhaigh sé go raibh formhór mór na moltaí sa tuarascáil curtha i bhfeidhm cheana féin.

Fuarthas freagraí mionsonraithe ó CIÉ in Eanáir agus i Márta 2010 inar leagadh amach na céimeanna a glacadh chun beartas agus cleachtas soláthair a neartú, an méid a cuireadh moltaí BTRG i bhfeidhm agus go raibh an Bord sásta leis na rialuithe atá i bhfeidhm sna réimsí caiteachais nár clúdaíodh sa tuarascáil.

Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an Roinn sásta gur ghlac Bord CIÉ na bearta riachtanacha lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais soláthair atá sonraithe sa Chód Cleachtais.

## Acmhainn Mhonatóireachta na Ranna Maoirseachta

### Cód Cleachtais – Ceanglais<sup>a</sup>

Ba chóir d'Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a bhfuil comhlacht faoina choimirce a dheimhniú dó féin/di féin go bhfuil ceanglais an Chóid Rialachais á gcur i bhfeidhm agus má léirítear i dtuarascálacha go bhfuil fadhbanna ann, ba chóir dó a chinntiú go ndéanfar beart iomchuí a luaithis féidir.

Nóta:

a Tá sé seo leagtha amach i Rannán 13.4 de Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit na bliana 2009.

9.47 Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, caithfidh Oifigigh Chuntasaíochta a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil le monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar chomhlachtaí Stáit. Maidir leis seo, tá roinnt de na moltaí a rinne Roinn an Taoisigh faoi rialachas rialála chomh hábhartha céanna i gcás acmhainn rialachais na gcomhlachtaí Stáit, agus go háirithe, “*if performance indicators and reporting are to be effective, it is important that Departments have the analytical capacity and technical expertise to effectively scrutinise both outputs achieved and proposed targets.*”<sup>81</sup>

9.48 Tugadh faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm príomhfhórlacha an Chóid do bhabhta tuairiscithe 2009 le haghaidh dhá chomhlacht Stáit — CIÉ agus An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA). Tá seicliostaí inmheánacha forbartha ag an dá Roinn Mhaoirseachta le cinneadh cibé ar chomhlíon Cathaoirleach gach comhlachta na ceanglais tuairiscithe faoin gCód. Anuas air seo tá forbairt déanta ag an Roinn Iompair ar theimpléad chun cur chuige aonfhoirmeach struchtúrtha a chur chun cinn maidir le tiomsú thuarascálacha an Chathaoirligh ina leagtar amach na comhpháirteanna go léir atá le háireamh.<sup>82</sup>

<sup>81</sup> Rialáil níos Fearr, Roinn na Taoisigh, 2009.

<sup>82</sup> Chuir an Roinn an teimpléad seo chuig Cathaoirleach CIÉ i mí Iúil 2009 ag iarraidh go ndéanfaí a thuarascáil don bhliain de réir an teimpléid.



9.49 Aithníodh an méid seo a leanas san athbhreithniú ar an iniúchadh

- Tá seicliosta tugtha chun críche ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha bunaithe ar fhorálacha an Chóid. Seachas creat feidhmíochta gan a bheith acu, léiríonn an seicliosta gur chomhlíon an Gníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta forálacha an Chóid le haghaidh 2009.
- Cuireadh isteach tuarascáil an Chathaoirligh do CIÉ do 2009 faoi Chód Cleachtais níos sine na bliana 2001. D'iarr an Roinn go gcuirfí tuarascáil leasaithe isteach. Fuarthas é sin roimh dheireadh mhí Iúil 2010.

9.50 Cé gur chomhlíon an Gníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta ceanglais tuairiscithe maidir le cuntais a chur isteach go tráthúil do 2009, níorbh amhlaidh a bhí i gcás CIÉ.

- níor cuireadh cuntais neamhiniúchta eatramhacha don chéad leath de 2009 isteach go dtí lár mhí Dheireadh Fómhair 2009 (le bheith istigh faoi dheireadh mhí Lúnasa).
- fuarthas cuntais bhliantúla neamhiniúchta i dtús mhí an Mhárta 2010 (le bheith istigh faoi dheireadh mhí Feabhra)
- cuireadh tuarascáil bhliantúil agus cuntais do 2009 faoi bhráid an Rialtais i mí Iúil 2010 (le bheith istigh faoi dheireadh mhí Aibreáin 2010).

## Tuairimí na nOifigeach Cuntasaíochta

9.51 Shonraigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair gur chuir an tAire Iompair socruithe feabhsaithe i bhfeidhm i Samhain 2008, chun rialachas corparáideach a neartú laistigh de na gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le hIompar. Tháinig an tionscnamh seo i ndiaidh roinnt athbhreithnithe ar rialachas corparáideach a rinneadh laistigh den Roinn Iompair agus ar fud an chórais i gcoitinne. Shonraigh sé gur bhunaigh an tionscnamh nua – Athrú Meoin – socruithe nua chun cumarsáid a fheabhsú agus chun bonn níos foirmiúla a chur faoin gcaidreamh idir an tAire/Roinn agus gach aon ghníomhaireacht. I measc na socruithe nua tá cruinniú bliantúil idir an tAire agus an Bord agus is fóram é chun aon cheisteanna rialachais corparáidigh a thagann chun cinn a phlé. Bíonn cruinnithe nach bhfuil chomh foirmiúil ar siúl idir na Rúnaithe Cúnta lena mbaineann agus foireann na gcomhlachtaí Stáit ar bhonn leanúnach. Tugtar aon cheisteanna inniúntasacha a thagann chun cinn os a chomhair nó os comhair an Bhoird Bhainistíochta.

9.52 Léiríonn seicliosta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha comhlíonadh an chóid ar bhonn níos leithne sa mhéid is go gclúdaíonn sé gach réimse den Chód maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin laistigh den Gníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, seachas na gnéithe atá dearfa ag an gCathaoirleach go sonrach ina thuarascáil bhliantúil, agus sin amháin. Tá oifigeach Roinne ar Bhord na Gníomhaireachtaí Chúltaca Ola Náisiúnta, rud a chabhraíonn léi seicliosta iomlán maidir le comhlíonadh a chomhlánú i dtaobh fhorálacha mionsonraithe an Chóid.

9.53 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha in iúl dom gur leasaigh a Roinn a seicliosta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid tar éis don Chód nua a bheith foilsithe. Nuair a chuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais gach cuideachta/gníomhaireachta faoi bhráid na Roinne lena bhfaomhadh, bíonn Ráiteas an Chathaoirligh faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus ráiteas faoin gCód Cleachtais a Chomhlíonadh ag gabháil leo. Mar chuid d'athbhreithniú na Roinne ar an tuarascáil bhliantúil agus ar na cuntais, déantar anailís go mion ar ráitis an Chathaoirligh laistigh den Rannóg lena mbaineann agus déanann comhairleoir airgeadais na Roinne anailís orthu freisin. Tagann an Roinn le chéile le comhlachtaí atá faoina coimirce freisin le haghaidh seisiún faisnéisithe iomlán faoi na cuntais bhliantúla.

9.54 Shonraigh sé go bhfuil comhlíonadh gnéithe ar leith den Chód marcáilte ar an seicliosta, a shíníonn an Ceann Feidhme lena mbaineann agus a chuirtear faoina bhráid, in éineacht leis an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais. I gcás ina n-aithnítear neamhchomhlíonadh, iarrtar mínithe agus cuirtear ina cheart é nuair is cuí. Tá sé i gceist aige go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar oibriú an phróisis seo le cinntiú go gcomhlíonfar go héifeachtach an dualgas a chuirtear air faoin gCód Cleachtais.

## Conclúid – Monatóireacht Feidhmíochta

Is féidir leis an dá Roinn teacht go díreach nó go neamhdhíreach ar scileanna airgeadais, teicniúla, dlíthiúla, agus ar raon leathan scileanna ginearálaí chun a gcuid feidhmeanna maoirseachta a chur in éifeacht. Déanann an dá Roinn measúnú ar fheidhmíocht CIÉ agus ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta ar bhonn rialta le linn na bliana.

Tá socruithe foirmiúla idirchaidrimh i bhfeidhm ag an dá Roinn faoina mbíonn cruinnithe rialta á reáchtáil idir oifigigh thábhachtacha sa Roinn (lena n-áirítear an tAire) agus sa chomhlacht Stáit. Tá socruithe i bhfeidhm freisin maidir le hidirghníomhaíocht nach bhfuil chomh foirmiúil a bhíonn ar siúl ó lá go lá.

Ní féidir creataí feidhmíochta a thabhairt isteach go dtí go mbreithneofar tuarascáil foghrúpa ina bhfuil an t-ábhar sin agus ábhair ghaolmhara á mbreithniú agus go dtí go bpléifidh an rialtas ina dhiaidh sin é.

Ar an iomlán, sa dá chás a scrúdaíodh, ar an gcoinníoll go dtugtar aird mar is cuí ar nádúr a gcuid oibríochtaí, d'fhéadfadh creat bainistíochta feidhmíochta agus an próiseas forbartha lena mbaineann cabhrú le soláthar seirbhísí dírithe ar thorthaí a spreagadh. Níl aon chéimeanna glactha go dtí seo chun ráitis aschuir a thabhairt isteach i gcomhlachtaí Státturraithe neamhthráchtála.

Thabharfaí le tuiscint in athbhreithnithe ar iniúchtaí go bhféadfaí na socruithe monatóireachta a bhaineann le maoiniú agus bainistíocht airgid a athbhreithniú agus breathnú ar bhainistíocht cisteáin níos gníomhaí.

## Conclúid

B'fhiú treoir phraiticiúil a chur le chéile maidir le foirceannadh gníomhaireachtaí agus feidhmeanna a roghnaíodh lena gcuíchoiriú ionas gur féidir díriú ar choigilteas agus ar shineirgí oibríochtaí a uasmhéadú.

Tá comhthuisceant shoiléir ann bunaithe ar Athbhreithniú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, agus Tuarascáil an Tascfhórsa ar an tSeirbhís Phoiblí gur chóir Creat Bainistíochta Feidhmíochta do chomhlachtaí Stáit a bheith i bhfeidhm.

Tríd is tríd, tá dul chun cinn maith déanta chun réimeas a chruthú ina dtugtar deimhniú maidir le comhlíonadh comhlachtaí Stáit sa réimse rialachais agus cabhraíonn an bhaint atá aige leis an bpróiseas freagrachta le cinntiú go mbíonn cúrsaí comhréireachta ar chlár oibre na mBord.

Ní mór tabhairt faoi ghnéithe níos leithne de chomhlíonadh agus creat a fhorbairt a bhaineann comhréiteach amach idir neamhspleáchas oibriúcháin na gcomhlachtaí Stáit agus an gá le soláthar dírithe. D'fhéadfadh sé a bheith fóinteach díriú ar thorthaí a bhaint amach nuair a bhíonn an creat seo á cheapadh.

Caithfear nádúr an chreata atá le cur i bhfeidhm a chur in oiriúint le cúinsí ar leith gach comhlachta Stáit. D'fhéadfadh gá a bheith le leibhéil mhaoirseachta éagsúla, ag brath, mar shampla, ar cibé an bhfuil an comhlacht Stáit san earnáil tráchtála nó san earnáil neamhthráchtála, na leibhéil riosca a bhaineann leis an earnáil sin, taithí roimhe sin agus cibé an dtagann an comhlacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí ina cheart féin. Lena chois sin, tá gnéithe ar leith ag rialtóirí earnála neamhspleácha rud a chiallaíonn go gcaithfí an moladh seo a chur in oiriúint dá gcúinsí ar leith. D'fhéadfadh na tograí reachtaíochta a dhéileálann le rialáil airgeadais creat a sholáthar ionas gur féidir leis an bpobal feidhmeanna dá leithéid a iniúchadh níos mó lena n-áirítear pleannanna straitéiseacha gach trí bliana agus ráitis bhliantúla faoi fheidhmíocht rialála.

Tríd is tríd, ba chóir ráitis faoi fheidhmíocht a bheith sách cuimsitheach ionas gur féidir cuspoirí a shainaithint, dul chun cinn a rianú trí thuairisciú agus athbhreithniú rialta, agus gníomhaíocht cheartaiteach a éascú nuair nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh.

Ba cheart do Ranna machnamh a dhéanamh ar cheanglas a chur ar chomhlachtaí Stáit faoina gcoimirce iarratas a dhéanamh ar dheimhniúchán agus é a fháil faoi chód measúnaithe nua an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann laistigh de thráth réasúnta. Chuirfeadh an méid sin comhaltaí boird ar a suaimhneas go bhfuil bunús fianaise réasúnta ann chun tacú leis na dearbhuithe a leagtar amach i Ráitis bhliantúla faoi Rialú Inmheánach Airgeadais.



## Iarscríbhinn A Sceideal na gCinntí ar Chuíchóiriú a Cuireadh i bhFeidhm

| Gníomhaireacht/Tionscnamh                                                                       | Cónascadh | Díothaithe | Tógtha Isteach |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|------------|----------------|
| <b>An Roinn Iompair</b>                                                                         |           |            |                |
| Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath                                                                | √         |            |                |
| <b>An Roinn Coimirce Sóisialaí</b>                                                              |           |            |                |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh                                                             | √         |            |                |
| An Oifig um Chuimsiú Sóisialta                                                                  |           |            | √              |
| Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid <sup>a</sup>                                         | √         |            |                |
| An Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine                                                      |           |            | √              |
| <b>An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil</b>                                   |           |            |                |
| An Binse Cíos <sup>b</sup>                                                                      | √         |            |                |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha                                               | √         |            |                |
| <b>An Roinn Oideachais agus Scileanna</b>                                                       |           |            |                |
| An Coiste um Míbhuntáiste Oideachasúil                                                          |           | √          |                |
| An Cumann Náisiúnta um Oideachas Aosach                                                         |           | √          |                |
| An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige                                            |           | √          |                |
| <b>An Roinn Sláinte agus Leanaí</b>                                                             |           |            |                |
| An Bord Náisiúnta um Sheirbhís Scagtha Ailse                                                    |           |            | √              |
| An Chomhairle Náisiúnta Aosúcháin                                                               |           |            | √              |
| An Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí                                                      |           |            | √              |
| Comhairle Sláinte na mBan                                                                       |           |            | √              |
| An Gníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime                                                      |           |            | √              |
| An Bord Míochaine Fiaclóireachta Iarchéime                                                      |           |            | √              |
| <b>An Roinn Cosanta</b>                                                                         |           |            |                |
| Beairic an Longfoirt, Leifir agus Mhuineacháin                                                  |           | √          |                |
| Áras Chnoc na Carraige, Leitir Ceanainn                                                         |           | √          |                |
| <b>An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia</b>                                                 |           |            |                |
| An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise                                      |           |            | √              |
| Feidhmeanna Cur Chun Cinn/Margaíochta arna n-aistriú ón mBord Iascaigh Mhara chuig an mBord Bia |           |            | √              |
| <b>An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt</b>                                             |           |            |                |
| Cultúr Éireann                                                                                  |           |            | √              |
| <b>An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí</b>                                             |           |            |                |
| An Chomhairle Náisiúnta um Choireacht                                                           |           | √          |                |
| An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas                                                  |           | √          |                |
| An Oifig Cinsireachta Foilseachán                                                               | √         |            |                |
| An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán                                                  | √         |            |                |

**An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha**

|                                            |   |
|--------------------------------------------|---|
| An Príomh-Bhord Iascaigh                   | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir        | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt      | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne      | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach an Iar-Dheiscirt  | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt       | ✓ |
| Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair       | ✓ |

|               |           |          |           |
|---------------|-----------|----------|-----------|
| <b>Iomlán</b> | <b>15</b> | <b>7</b> | <b>11</b> |
|---------------|-----------|----------|-----------|

## Nótaí:

- a Rinneadh an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid a chónascadh leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
- b Tá an Binse Cíosa cónasctha leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

## Iarscríbhinn B Sceideal na gCinntí ar Chuíchóiriú nár Cuireadh i bhFeidhm Fós

| Gníomhairecht/Tionscnamh                                     | Sprioc do Chur i bhFeidhm Éifeachtach | Le Cónascadh | Le Tógáil Isteach/Cónascadh | Faoi Bhreithniú |
|--------------------------------------------------------------|---------------------------------------|--------------|-----------------------------|-----------------|
| <b>An Roinn Iompair</b>                                      |                                       |              |                             |                 |
| An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe                            | Deireadh na bliana 2010               | ✓            |                             |                 |
| Rialáil Busbhealaí                                           | Tríú Ráithe 2010                      | ✓            |                             |                 |
| An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid                     | Tríú Ráithe 2010                      | ✓            |                             |                 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí                          | Tríú Ráithe 2010                      | ✓            |                             |                 |
| An Bord um Imscrúdú Taisní Muirí                             | Tríú Ráithe 2010                      | ✓            |                             |                 |
| <b>An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil</b> |                                       |              |                             |                 |
| An Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil             | Tríú Ráithe 2010                      | ✓            |                             |                 |
| An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil                 | Tríú Ráithe 2010                      | ✓            |                             |                 |
| <b>An Roinn Oideachais agus Scileanna</b>                    |                                       |              |                             |                 |
| Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann                     | 2011                                  | ✓            |                             |                 |
| Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna        | 2011                                  | ✓            |                             |                 |
| Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna      | 2011                                  | ✓            |                             |                 |
| <b>An Roinn Sláinte agus Leanaí</b>                          |                                       |              |                             |                 |
| An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal               | Níl Spriocdháta Leagtha Síos          |              |                             | ✓               |
| Bord na Radharcmeastóirí                                     | Níl Spriocdháta Leagtha Síos          |              |                             | ✓               |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann                        | Níl Spriocdháta Leagtha Síos          |              |                             | ✓               |
| An Oifig um Rialú Tobac                                      | Níl Spriocdháta Leagtha Síos          |              |                             | ✓               |

| Gníomhairecht/Tionscnamh                                                             | Sprioc do Chur i bhFeidhm Éifeachtach | Le Cónascadh | Le Tógáil Isteach/Cónascadh | Faoi Bhreithniú |
|--------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------|--------------|-----------------------------|-----------------|
| Bord Leigheasra na hÉireann                                                          | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos |              |                             | √               |
| An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta                                     | Deireadh na bliana 2010               | √            |                             |                 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos | √            |                             |                 |
| Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí                                                   | Meán<br>Fómhair<br>2010               |              | √                           |                 |
| An Bord um an gClárann Náisiúnta Ailse                                               | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos |              | √                           |                 |
| <b>An Roinn Cosanta</b>                                                              |                                       |              |                             |                 |
| Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath                                             | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos |              |                             | √               |
| <b>An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt</b>                                  |                                       |              |                             |                 |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann                                                         | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos |              |                             | √               |
| Gailearaí Ealaíne Crawford                                                           | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos |              |                             | √               |
| An Chartlann Náisiúnta                                                               | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos | √            |                             |                 |
| Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann                                                 | Níl<br>Spriocdháta<br>Leagtha<br>Síos | √            |                             |                 |
| <b>An Roinn Díl agus Cirt agus Athchóirithe Díl<sup>a</sup></b>                      |                                       |              |                             |                 |
| An tÚdarás Comhionannais                                                             | Ag dul ar aghaidh                     |              |                             | √               |
| An Coimisiún um Chearta an Duine                                                     | Ag dul ar aghaidh                     |              |                             | √               |



---

**An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta**

An tÚdarás Iomaíochta 2011 √

An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí 2011 √

---

|               |           |           |          |           |
|---------------|-----------|-----------|----------|-----------|
| <b>Iomlán</b> | <b>28</b> | <b>16</b> | <b>2</b> | <b>10</b> |
|---------------|-----------|-----------|----------|-----------|

---

Nóta:

a Is faoin Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta atá sé tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

## **Iarscríbhinn C Oibleagáidí Breise faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009**

---

### **Soiléire maidir le Freagracht na mBord agus Nithe Gaolmhara**

---

An sceideal ábhar a chuirtear faoi bhráid an Bhoird amháin lena gcinneadh a leathnú chun leibhéal údarais tharmligthe, beartais bhainistíochta cisteáin agus riosca, pleanáil comharbais don Phríomhfheidhmeannach, ábhair a bhaineann go sonrach le soláthar foirne, ceanglais tuairiscithe don Aire le haghaidh comhlachtaí a oibríonn ar bhonn tráchtála – .i. is gnóthas leantach an gnó (cáilithe mar is gá) a chur san áireamh.

Freagracht an Bhoird as córas um rialú inmheánach an chomhlachta Stáit. Ba chóir dó athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a éifeachtacht, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus bainistíocht riosca. Tá dualgas ar an mBord a dhearbhu don Aire gach bliain go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.

Tá plean straitéiseach a ullmhú ar cheann de phríomhfheagrachtaí an Bhoird anois (an Comhlacht freagrach as roimhe sin). Ní hionann ceanglais phleanála straitéisí do chomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála anois. Ba chóir dréachtphleananna a chur faoi bhráid an Aire roimh iad a thabhairt chun críche agus a c(h)uid tuairimí a áireamh.

Ba chóir cinntí ar mhíreanna móra caiteachais a chur ar chomhréim le straitéisí meántéarmacha/fadtéarmacha agus ba chóir córas chun bainistíocht a thomhas a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht/toradh an chaiteachais a mheasúnú agus ba chóir é a thuairisciú don Bhord.

Ba chóir do gach comhlacht Stáit beartas Bainistíochta Riosca a fhorbairt. Ba chóir don Bhord an creat bainistíochta riosca a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Ba chóir dó athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais riosca ábhartha chomh maith agus gníomhartha na bainistíochta a thabhairt faoi deara nó a fhaomhadh de réir mar is cuí. Tá na rudaí seo a leanas le háireamh mar phríomhcheisteanna maoirseachta an Bhoird - bainistíocht riosca mar mhír sheasta ar an gclár cruinnithe, coiste riosca a bhunú (nó a áireamh i gcairt an Choiste Iniúcháireachta), saineolas/taithí bainistíochta riosca a áireamh in inniúlachtaí Stiúrthóra amháin nó comhairle sheachtrach a fhoinsiú, Príomh-Oifigeach Riosca a cheapadh nó an chumhacht a thabhairt nó rogha bainistíochta oiriúnach eile, athbhreithniú seachtrach ar an gcreat bainistíochta riosca ag tréimhsí rialta a éileamh.

Ba cheart don bhord déileáil leis na cúrsaí seo a leanas; éirí as post/dul ar scor, fostú, ceapadh, agus/nó comhairleacht Stiúrthóirí/fostaithe ag an earnáil phríobháideach agus monatóireacht a dhéanamh ar nós imeachta a cuireadh i bhfeidhm maidir leis seo.

Ba chóir don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta féin agus ar fheidhmíocht a choistí agus a stiúrthóirí ar leith.

### **Iompar Gnó**

---

An Cód Cleachtais um Iompar Gnó do Stiúrthóirí a leathnú le déileáil le cúrsaí coinbhleachta leasa agus gan doiciméadú a choinneáil le linn tréimhse oifige.

I measc na gceanglas atá ann anois don fheidhm iniúchta inmheánaigh tá socruithe maidir le bealaí eile le teacht ar an bhfeidhm nuair nach fiú aonad ar leith a bheith ann mar gheall ar mhéid nó ar riosca don Chomhlacht.

Soiléiriú go gcaithfidh comhlachtaí a bhfuil 20 fostaí nó níos mó acu Coiste Iniúcháireachta a bheith acu ar a mbeidh triúr stiúrthóirí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin ar a laghad. Ba chóir do chomhalta amháin ar a laghad taithí airgeadais ábhartha a bheith aige/aici a fuarthas le déanaí. Gan cead ag na comhlachtaí Stáit níos mó ná beirt chomhaltaí a bheith acu ar an gCoiste Iniúcháireachta. Chomh maith leis seo tugtar mar údarás do Choistí Iniúcháireachta athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh an Chomhlachta Stáit agus a chinntiú go gcuirtear nithe a thagann chun cinn in iúl don Bhord go luath.

Ba chóir don Bhord nósanna imeachta a bheith aige chun monatóireacht a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa féideartha maidir le lucht bainistíochta agus comhaltaí Boid agus iad a bhainistiú. Ba chóir dó freisin nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun déileáil le nochtadh faoi rún.

Saincheistean na ar chóir Stiúrthóirí nua a chur ar an eolas fúthu maidir le coinbhleachtaí leasa a leathnú agus liosta de cheanglais reachtúla a bhaineann leis an gcomhlacht a sholáthar.

Rialacha níos mine maidir le cumas na gComhaltaí Boird táillí a fháil nuair atá fochomhlachtaí nó comhlachtaí chomhlachaithe ann.

### **Cúrsaí Oibriúcháin Lárnacha**

Ba chóir do chomhlachtaí Stáit a bheith soiléir faoi na nithe atá tugtha mar údarás dóibh lena n-áirítear struchtúir oiriúnacha a aithint chun iad a sholáthar.

Nósanna imeachta feabhsaithe soláthair lena n-áirítear Fochoiste de chuid an Bhoird a bhunú (nó iad a áireamh i gCairt an Choiste Iniúcháireachta) nuair atá feidhm soláthair suntasach ann, caithfear cloí le prionsabail Chonradh an AE agus teoracha an AE a chomhlíonadh, Plean Soláthair Chorporáidigh a chur i gcrích.

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit a chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais Imréitigh Chánach 2006 agus rialacháin na Roinne Airgeadais ar Chonarthaí na hEanála Poiblí.

Níor chóir ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chathaoirligh a bheith ag duine amháin, ach amháin le toiliú an Aire.

Ba chóir do chomhlachtaí Stáit aird a bheith acu ar eiseamláireacha cuí i dtaobh infheistíocht a mheasúnú agus féachaint do dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le tograí infheistíochta a mheasúnú agus a bhainistiú. Caithfear cloí le Creataí Luach ar Airgead na Roinne Airgeadais i ngach cás.

Ba chóir do chomhlachtaí Stáit neamhthrachtála glacadh le rialacháin na Roinne Airgeadais ar thaisteal agus ar chothabháil. Ba chóir do chomhlachtaí Stáit thrachtála a aithint freisin go bhfuil gá le barainneacht agus éifeachtacht a bhaint amach maidir le caiteachas ar thaisteal oifigiúil.

Ba chóir do Bhoird na gcomhlachtaí Stáit a thabhaíonn caiteachas suntasach bliantúil ar thaisteal thar lear nósanna imeachta iomchuí a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na rialacha agus ceanglais ábhartha agus chun iad a thuairisciú agus a chur i bhfeidhm. Moltar Creat Beartais Taistil a sholáthar freisin ina gcuirtear prionsabail luach ar airgead san áireamh.

Ardaíodh an tairseach chun nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní a chur i ngníomh ó €70,000 go dtí €150,000. Níor chóir do stiúrthóirí a bhfuil baint acu le diúscairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith i láthair ag pléití an Bhoird.

Tugadh freagrachtaí nua isteach maidir le díospóidí dlí a bhfuil comhlachtaí Stáit eile páirteach iontu. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh idirghabháil, eadránú nó slí eile a lorg sula dtabhófar costais dlí mhóra. Ba chóir do chomhlachtaí Stáit liosta de saincheistean dlí a thabhairt don Roinn Airgeadais in éineacht le meastachán ar na costais dlí a tabhaíodh suas le dáta an eolais sin.

### **Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais agus Ceanglais Tuairiscithe an Chathaoirligh**

Ba chóir do chomhlachtaí Stáit sonraí faoi na táillí a íoctar le gach duine dá stiúrthóirí, na speansais a íoctar leis an mBord agus tuarastal an POF a fhoilsiú ina dtuarascálacha bliantúla. Tá freastal gach aon Chomhalta Boird ar chruinnithe Boird le tuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil. Ba chóir tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú ar an láithreán Gréasáin agus foilsiú ar líne a áireamh nuair is féidir costais a laghdú ar an dóigh sin.

Ba chóir foclaíocht a leasú maidir le toiliú an Aire chun spriocdhátaí ábhartha le haghaidh tuarascálacha bliantúla agus cuntais a fhoilsiú agus a thaisceadh a chur siar.

Go ndéanfaidh an Cathaoirleach cásanna nuair nár comhlíonadh oibleagáidí reachtúla a thuairisciú don Aire ar bhonn níos foirmiúla, agus na hiarmhairtí ar neamhchomhlíonadh agus na céimeanna a ghlacfar nó a glacadh chun an fhadhb a réiteach a leagan amach. I measc na nithe breise atá le háireamh ina thuarascáil bhliantúil tá - céimeanna le cosaint ar sháruithe ar rialuithe inmheánacha airgeadais a leagan amach (i gcás inar sáraíodh iad). Ba chóir dó/dí a dheimhniú freisin go bhfuil na ceanglais i mbeartas taistil an Rialtais á gcomhlíonadh agus a dhearbhu go bhfuil nósanna imeachta cuí do thaisteal á gcur i bhfeidhm.

---

Caithfidh an Cathaoirleach a dhearbhú go sonrach sa tuarascáil bhliantúil go bhfuil treoirínte na Roinne Airgeadais maidir le Breithmheas ar Infheistíocht Chaipitil 2005 á gcomhlíonadh.

---

Caithfidh an Cathaoirleach tuairisciú faoi chomhlíonadh sa Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire ag dearbhú go bhfuiltear ag cloí leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus Plean Soláthair Chorpáráidigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (an Plean seo le tabhairt chun críche ag gach comhlacht Stáit neamhthráchtála).

---

Ba chóir do Chathaoirligh gach fochuideachta tuairisciú go foirmiúil don Phríomhbhord ar an gcaoi chéanna agus a thuairiscíonn Cathaoirleach an Phríomhbhoird don Aire. Ba chóir an tuarascáil sin a bheith faighte sula dtugann an Príomhbhord tuairisc don Aire.

---

#### **Freagrachtaí na Ranna agus na nOifigeach Cuntasaíochta**

---

Molann an Cód go ndéanfaidh gach Roinn/Oifig ról a hOifigigh Chuntasaíochta agus ról na bpríomhfheidhmeannach sna comhlachtaí stáit faoina coimirce faoi seach a leagan amach i scríbhinn.

---

Caithfear freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta/an Duine atá freagrach don Oireachtas a idirdhealú ó fhreagrachtaí ginearálta an Bhoird i gcásanna áirithe.

---

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta seachas an Bord freagrach as na Cuntais Leithghabhála a ullmhú agus as nósanna imeachta airgeadais phoiblí gaolmhara.

---

Ba chóir d'Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a dheimhniú dó féin/di féin go bhfuil ceanglais an Chóid á gcur i bhfeidhm agus i gcás go bhfuil fadhbanna ann, ba chóir dó a chinntiú go ndéanfar beart iomchuí a luaithis féidir.

---

Tá socruithe maoirseachta nua leagtha amach i gcomhthéacs creataí feidhmíochta a bheith á bhforbairt.

---

## Caibidil 10

---

### Rialtas Láir

### Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



# Cuntais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

10.1 Tá roinnt feidhmeanna ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht)

- faigheann sí airgead ar iasacht thar ceann an Státchiste agus bhainistíonn sí Fiachas Náisiúnta na hÉireann.
- gníomhaíonn sí mar Bhainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
- bhainistíonn sí éilimh ar chúiteamh thar ceann gníomhaíochtaí Stáit
- comhlíonann sí feidhmeanna na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Náisiúnta
- ceannaíonn sí creidmheasanna carbóin atá ag teastáil chun oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh maidir le hathrú aeráide
- Soláthraíonn sí seirbhísí lárnacha cisteáin do ranna rialtais agus do gach comhlacht Stáit neamhthráchtála.

10.2 Le linn na mblianta 2009 agus 2010, cuireadh roinnt feidhmeanna agus seirbhísí breise le cúraimí na Gníomhaireachta, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta a sholáthar don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, Scéim na Ráthaíochtaí Cáilithe a oibriú agus feidhmeanna baincéireachta áirithe. Tá tuilleadh mionsonraí ina leith sin leagtha amach i gCaibidil 6.

10.3 Faoi fhorálacha an Achta um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar chuntais na Gníomhaireachta agus ceanglaítear orm freisin, le linn mo Thuarascáil Bhliantúil reachtúil a dhéanamh faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cirte na suimeanna a thugann an Gníomhaireacht ina cuntas sa bhliain lena mbaineann.

## Conclúidí maidir le Cuntais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Gníomhaireachta don bhliain 2009 agus rinneadh na cuntais, lena n-áirítear cuntas riaracháin agus cuntais a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta, a thíolacadh don Aire agus tá cóipeanna díobh leagtha faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas.

Tá mé sásta gurb ionann na cuntais agus léiriú cuí ar idirbhearta na Gníomhaireachta agus ar iarmhéideanna na Gníomhaireachta ag deireadh na bliana.

10.4 Léiríonn Caibidil 2 toradh ghníomhaíocht iasachta na Gníomhaireachta in 2009 agus méid agus comhdhéanamh Fhiachas Náisiúnta na hÉireann an 31 Nollaig 2009.

10.5 Cuireann Caibidil 11 athbhreithniú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta ó thaobh a feidhmeanna bainistíochta fiachais agus iasachta a chomhlíonadh i láthair.





## **Caibidil 11**

---

**Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin**

**Náisiúnta**



# Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

11.1 Is é príomhchuspóir Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) mar atá leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 *“an t-airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus ... an Fiachas náisiúnta a bhainistiú thar ceann an Aire Airgeadais agus faoi réir rialú agus mhaoirseacht ghinearálta an Aire Airgeadais.”*

11.2 Chuir Acht 1990 ar chumas an Rialtais feidhmeanna airgead a fháil ar iasacht agus bainistiú fiachais an Aire Airgeadais (an tAire) a tharmligean chuig an nGníomhaireacht. Bhí na feidhmeanna seo le comhlíonadh faoi réir na n-oibleagáidí agus na dtreoracha a thabharfadh an tAire. Faoi dheoidh, tá an fórsa agus an éifeacht chéanna ag oibleagáidí nó dliteanais a ghabhann an Gníomhaireacht de láimh i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna agus a bheadh dá mbeadh siad á ngabháil de láimh ag an Aire.

11.3 Tháinig méadú mór ar an méid airgid a ghlac an Gníomhaireacht ar iasacht le blianta beaga anuas chun freastal ar easnaimh sa bhuiséad agus roinnt reamh-mhaoiniú a dhéanamh ar bhainistiú rioscaí leachtachta. Sa bhliain 2009, fuair an Gníomhaireacht glaniasachtaí de os cionn €24 billiún, anuas ar os cionn €30 billiún fuarthas ar iasacht i 2008. Mar gheall ar ábharthacht na n-iasachtaí atá á ndéanamh anois ag an nGníomhaireacht thar ceann an Stáit, rinneadh athbhreithniú ar na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Gníomhaireacht le linn iniúchta.

## Béim na Caibidle

Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar na socruithe i bhfeidhm chun na nithe seo a leanas a chinntiú

- go mbíonn cláir iasachta na Gníomhaireachta bunaithe ar riachtanais chomhaontaithe iasachta agus go ndéantar costais fhadtéarmacha fiachais a íoslaghdú ar comhréir le bainistiú leachtachta agus rioscaí eile
- go ndéantar lamháltas riosca na Gníomhaireacht a shainathint, a mhonatóriú agus a mheasúnú go rialta
- go mbíonn feidhm acmhainn daonna chuí ann leis an leibhéal riachtanach scileanna I ngníomhaíochtaí próiseála, tuairisceoireachta agus monatóireachta.

Rinne an chaibidil athbhreithniú freisin ar thorthaí na monatóireachta feidhmíochta do 2009.

## Sonraíocht na nlasachtaí

Is ceart an leibhéal iasachta a dhéantar gach bliain a bheith faofa nó sonraithe go foirmiúil ag an Aire.

11.4 Go praiticiúil, ní bhíonn an leibhéal iasachta sonraithe roimh ré ag an Aire. Ar ordú an Rialtais tá sé d'fheidhm ag an nGníomhaireacht, a luaithe is féidir gach bliain, scéim a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire *a léiríonn, maidir leis an airgead atá beartaithe a fháil ar iasacht ag an nGníomhaireacht an bhliain sin thar ceann an Aire don Státchiste, an chuid de sin a mholtar a fháil ar iasacht in airgeadra an Stáit don bhliain sin.* Ó glacadh leis an euro, faightear formhór an airgid ar iasacht in airgeadra an Stáit.

11.5 Déanann an Ghníomhaireacht plean iasachta a dhréachtú. Is é Riachtanas Iasachta an Státchiste (RIS) atá tiomáinte ag cinntí an rialtais agus ag athmhaoiniú fiachais, agus a ndéanann an Ghníomhaireacht monatóireacht agus bainistiú air, príomhchinntitheach an mhaoiniúcháin atá molta. Le déanaí, tá an leibhéal iasachta faoi thionchar chruthú chúlstoc straitéiseach leachtachta. Tugann an plean forléargas de na foinsí foriomlána iasachta atá á dtuar. Cé go gcuirtear faoi bhráid an Aire é, níl a ábhar faoi réir ag faomhadh an Aire.

11.6 Déantar rialú agus maoirsiú ginearálta na n-iasachtaí a fheidhmiú trí Threoirlínte an Aire (na treoirlínte um bainistiú iasachta) a leagann síos treonna ar fheidhmiú fhreagrachtaí na Gníomhaireachta maidir le bainistiú an fhiach náisiúnta ó lá go lá agus oibriú Seirbhísí Lárnacha an Státchiste<sup>83</sup>. Tá forléargas de na treoirlínte bainistiú fiachais in iarscríbhinn A.

11.7 Tá na treoirlínte um bainistiú fiachais i bhfeidhm go dtí go gcuirtear treoirlínte eile ina n-áit. I dtréimhse luaineachta, is féidir le hathruithe móra tarlú sa riachtanas iasachta i rith na bliana. I bhfianaise an tseasaimh buiséid a bhí ag teacht chun cinn i 2008 leasaíodh na treoirlínte tríd an teorainn ar an iarmhéid airgid a d'fhéadfadh a bheith i seilbh na Gníomhaireachta a bhaint amach. Tar éis comhfhreagras a dhéanamh cheadaigh an tAire é seo go foirmiúil i mí na Nollag 2008 agus thug sé sin saoirse don Ghníomhaireacht níos mó ná €20 billiún níos mó ná mar a bhí ag teastáil chun easnaimh an bhuiséid<sup>84</sup> a shásamh a fháil ar iasacht.

## Conclúid – Leibhéal iasachtaíochta

Éilítear ar an nGníomhaireacht san fhoráil reachtúil maidir le hiasachtaí a fháil scéim a tháirgeadh a léiríonn an chuid den iasacht bhliantúil a fhaightear in airgeadra an Stáit. Go praiticiúil tá imeachtaí ar nós glacadh an euro mar airgeadra an Stáit, an t-airgead iomlán beagnach a bheith ar iasacht san airgeadra sin, agus cruthú an mhaoláin straitéisigh leachtachta le déanaí tagtha i bhfeidhm ina áit sin.

Cé go nglactar leis nach mór go mbeadh an tsaoirse tráchtála ag an nGníomhaireacht chun iasachtaí a fháil ar an margadh ag na hamanna agus sna suimeanna a mheasann sí a bheith cuí, fad a thugtar aird ar dhálaí foriomlána an mhargaidh, b'fhiú na modhanna atá ag an Aire Airgeadais chun rialú agus maoirseacht a dhéanamh go héifeachtúil ar leibhéal iasachta a mheas sna cúinsí nua.

Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasacíoitha go raibh smacht ag an Aire Airgeadais, go dtí le déanaí, ar leibhéal iasachtaíochta na Gníomhaireachta trí threoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire gach bliain faoin Acht um Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990. De ghnáth sna treoirlínte seo bhíonn teorainn uasta ar iarmhéideanna airgid a d'fhéadfadh bheith ag an nGníomhaireacht. Léiríonn an teorainn sin, má shuimítear é le méid an fhiachais ag teacht chun aibíochta le hathchistiú agus ceanglas iasachtaíochta an Státchiste arna leagan amach i ráiteas buiséid bliantúil an Aire, leibhéal iasachtaíochta faofa don bhliain i gceist.

<sup>83</sup> Glacann Seirbhís Lárnach an Státchiste (CLS) taiscí Údaráis Áitiúla, Coiste Gairmoideachais agus comhlachtaí neamhthráchtála Stáit agus tugann réamhiocaíochtaí dóibh. Is é cuspóir an SLS rogha iomaíoch don tionscal baincéireachta a sholáthar do na comhlachtaí seo dá ngnó cisteáin agus sábháil a dhéanamh don Státchiste.

<sup>84</sup> B'ionann meánmhéid an mhaoláin agus €24 billiún i 2009. Úsáidtear €20 billiúnmar fhigiúr ar fud na tuarascála mar aitheantas go bhfuil iarmhéid Státchiste suas le €4 bhilliún á choinneáil go traidisiúnta.

Cibé scéal é, le coinníollacha atá thar a bheith éiginnte agus luaineach i réim sna margaí caipitil ó 2008 i leith, chinn an tAire go mbeadh an rogha ag an nGníomhaireacht leibhéal na n-iarmhéideanna airgid thirim a chinneadh, arb iadsan na leibhéil ab iomchuí, agus dá réir sin, ní dhearbhaíonn treoirlínte an Aire faoi láthair teorainn ar iarmhéideanna airgid thirim. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go meastar, de réir mar a thagann coinníollacha an mhargaidh chucu féin arís, go dtabharfaí ar ais teorainn ar iarmhéideanna airgid thirim. Bheadh athbhunú, mar chuid de threoirlínte an Aire, na teorann airgid thirim ar thoise iarmhéideanna an Státchiste ina bhealach éifeachtach caidhp a chur ar theorainn iasachtaíochta.

## Bainistiú Leachtachta

Ní mór go mbeadh leachtacht chuí ag an Stát chun freastal ar gach dliteanas de réir mar a éiríonn siad. Éilíonn prionsabal barainneacht na n-iarmhéideanna airgid, nuair a bhíonn gach rud eile cothrom, gur cheart méid an fhiachais a íoslaghdú agus cothromas a dhéanamh idir méid aon mhaoláin leachtachta agus a chostais don cháiniócoir.

11.8 Tá nósanna imeachta<sup>85</sup> ag an nGníomhaireacht le cinntiú go ndéanann sé uainiú agus méid na heisiúna a bhainistiú d'fhonn go leor leachtachta a chinntiú. Tiomsaíonn Aonad Riosca na Gníomhaireachta pleananna maoinithe agus próifílí riosca leachtachta a ndéantar nuachóiriú rialta orthu ag freagairt don easnamh Státchiste atá ag teacht chun cinn agus do luaineacht na margaí le cinntiú go ndéantar iarmhéideanna leordhóthaineacha a chothabháil agus go mbíonn an Gníomhaireacht ag cloí le treoirlínte um bainistiú fiachais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais. Déantar an sprioc airgid a mhiondealú de réir táirge sa phlean bhliantúil maoinithe. Bíonn idirbheartaíocht ag an nGníomhaireacht leis an Roinn Airgeadais agus leis na Coimisinéirí Ioncaim araon maidir le bainistiú na n-iarmhéideanna airgid mar chuid d'oibríochtaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh d'fhonn a chinntiú go ndéanfar iad a chothabháil laistigh de theorainneacha áirithe.

11.9 Luaigh an Gníomhaireacht gurb é seasamh airgeadaíochta bheartas an Bhainc Ceannais Eorpaigh an cúlra a úsáidtear chun oibríochtaí iasachta a fheidhmiú. Ó tharla gan aon ionchur a bheith ag an nGníomhaireacht i mbeartas sa réimse seo agus gan aon tionchar a bheith aici ar an toradh is bunphrionsabal é a dtugann sí aird air agus cinntí á ndéanamh.

11.10 I bhfianaise éagobhsaíocht na margaí airgeadais cuireadh maolán breise leachtachta le chéile go déanach i 2008, trí fhiach gearrthéarmach den chuid is mó, a bailíodh faoi chlár páipéar tráchtála na Gníomhaireachta. Chuir tiomsú an mhaoláin leachtachta seo leis an méadú i gcostais fiachais ghearrthéarmacha na Gníomhaireachta de €593 milliún i 2009 (€215 milliún: 2008). Fuarthas ús de €319 milliún i 2009 (€368 milliún: 2008) ar an airgead a bhí ar láimh, agus cuireadh a fhormhór sa Bhanc Ceannais.

11.11 Tagann athrú ar chostais úis an chineáil seo fiachais de réir na tréimhse chun aibíochta agus dálaí an mhargaidh. Bhí tabhairt anonn mór d'oibleagáidí seirbhíse ag an nGníomhaireacht ó 2008 ag tús na bliana 2009. Bhí timpeall €11.2 billiún faighte ar iasacht faoi Chlár an Pháipéir Tráchtála sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Deireadh Fómhair 2008 nuair a bhain costais arda iasachta le fiachas den chineál seo mar gheall ar theip Lehman Brothers agus teacht an ghéarchéim airgeadais. Íocadh €323 milliún in ús ar an airgead seo a fháil ar iasacht.

<sup>85</sup> Tagraíonn siad seo do phróifílí aibíochta, próifílí caiteachais na Roinne Airgeadais agus próifílí loncaim a athbhreithnítear go míosúil i rith na bliana agus níos minice i dtreo dheireadh na bliana.

11.12 Nuair a dhéantar é a thomhas ar bhonn fabhráithe, measann<sup>86</sup> an Gníomhaireacht gur bhain costas timpeall €100 milliún le hiarmhéideanna ardaithe airgid a chothabháil i 2008 agus 2009. Luaigh an Gníomhaireacht gur úsáid sí fiachas gearrthéarmach mar mhaoiniú idirlinne chun an RIS a chlúdach idir eisiúint bannaí agus chun an maolán leachtachta a thógáil. Luaigh an Gníomhaireacht freisin gur thug tógáil an mhaoláin faoiseamh d'infheisteoirí chomh maith le cabhrú léi in uainiú na n-eisiúintí bannaí chun na dálaí ba shuaite sna margáí a sheachaint. Luaigh sí go mbeadh torthaí i bhfad níos airde ar eisiúint bannaí mura mbeadh an maolán ann, agus gan é go mbeadh an tionchar airgeadais ar an sheasamh an Státchiste i bhfad níos mó ná costas an mhaoláin.

11.13 Faoi dheireadh na bliana 2009, bhí maolán leachtachta €21 billiún tógtha den chuid is mó as

- Billí Státchiste (€8 mbilliún)
- Clár Páipéar Tráchtála SAM (€4 bhilliún)
- Clár Páipéar Tráchtála Euro (€3 bhilliún)
- Fiachas gearrthéarmach eile (€1 bhilliún)
- Eisiúint Bannaí Rialtas na hÉireann (€5 bhilliún).

11.14 Le méadú sa bhfiachas fadtéarmach tá costas an mhaoláin méadaithe tuilleadh.

---

<sup>86</sup> Bunaithe ar raon difríochta meánchostas méaithe iasachtaí gearrthéarmacha a ríomh thar an ráta taisce (EONIA) agus é a chur i bhfeidhm do mheánleibhéal an mhaoláin.

## Conclúid – Leachtacht

Tá bainistiú déanta ag an nGníomhaireacht ar a chlár iasachta le cinntiú go mbíonn na hacmhainní leachtacha ag an Státchiste chun freastal ar éilimh airgid a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas agus lena chois sin, tá réamh-mhaoiniú de mhéid timpeall €20 billiún déanta ar bhuiséad an Stáit I rith na bliana 2009.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é ceann de chuspóirí an bhainistithe leachtacha i ndálaí margaidh faoi strus a bheith in ann eisiúint a dhéanamh sna margaí ar bhonn deisiúil nuair a cheadaíonn na dálaí amhlaidh. Tá na margaí agus na gníomhaireachtaí rátála ag breathnú go fabhrach ar an maolán airgid agus bhain an Gníomhaireacht leas as le taispeáint d'infheisteoirí nach bhfuil aon fhadhb leachtachta ag Éirinn mar a mheastar a bheith ag tíortha eile i limistéar an Euro. Níor chóir an rogha atá ag an nGníomhaireacht i mbainistiú maolán leachtachta an Státchiste ar an dóigh is fearr dar léi féin a chinnteoidh rochtain leanúnach ar na margaí a chur i gcontúirt, agus is ionann costas an mhaoláin agus 'préimh árachais' ar fiú go mór í a íoc.

Bhain glanchostas timpeall €100 milliún leis na hiarmhéideanna ardaithe airgid a chothabháil i 2008 agus 2009. Cé go nglactar le críonnacht an chuir chuige réamh-mhaoinithe i bhfianaise luaineacht an mhargaidh, baineann an costas a ghabhann leis le hábhar. Dá bhrí sin ní mór don Gníomhaireacht athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chostais agus ar shochair an mhaoláin i bhfianaise na ndálaí margaidh a thagann chun cinn.

Is ceart comhaontú foirmiúil a dhéanamh leis an Aire Airgeadais ar bhonn rollála ag eatraimh chuí chomh maith, i gcomhar le faomhadh ginearálta na leibhéal iasachta, mar gheall ar chostas substaintiúil an mhaoláin leachtachta.

Maidir le iasachtaíocht, an bealach is éifeachtaí tríd is tríd seo a bhaint amach ná teorainn iarmhéid airgid thirim an Státchiste a athbhunú laistigh de threoirlínte an Aire faoi línte a bhí i bhfeidhm go dtí 2008.

## Gníomhaíocht iasachtaíochta

Ba chóir gníomhaíocht iasachtaíochta a dhéanamh de réir pleananna maoinithe agus úsáid a bhaint as próisis iomaíocha.

11.15 Go praiticiúil, déanann an Gníomhaireacht plean maoinithe a dhréachtú a leasaítear de réir gluaiseachtaí san RIS. Cuirtear spriocanna athmhaoinithe agus leachtachta san áireamh. Déanann an Gníomhaireacht é a dhréachtú nuair a bhíonn a RIS sealadach curtha ag an Roinn Airgeadais chuig an nGníomhaireacht i mí a n Mheithimh gach bliain de ghnáth. Déantar coigeartú ar an bplean de réir mar a leasaíonn an Roinn an RIS. Is é an RIS an príomh-bhonn don phlean maoinithe. I gcomhréir le haibíochtaí uile na bliana a áiríonn an Gníomhaireacht, is ionann é seo agus an riachtanas maoinithe. Cinneann an Gníomhaireacht foinse an riachtanais leachtachta ansin i.e. fiachas miondíola, gearrthéarmach agus fadtéarmach.

## ***An Timpeallacht don Bhainistiú Fiachais***

11.16 Thug an Ghníomhaireacht le fios dom go dtagann príomhfhoinsé faisnéise na Gníomhaireachta óna láithreachta sna margaí agus ó na díospóireachta a bhíonn aici go rialta agus go minic le príomhbhainc déileála agus le hinfheisteoirí. Faigheann sí faisnéis freisin óna fhreastal ar fhórais idirnáisiúnta do bhainisteoirí fiachais agus d'infheisteoirí a eagraíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an ECFE, an AE, an CAI agus an Banc Domhanda.

11.17 Coinníonn sí í féin ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú sna margaí i gcónaí. Cuireann sé seo ar a cumas an leas is mó is féidir a bhaint as idirbheartaíocht sna margaí agus ócáidí a sheachaint ina mbíonn cuid mhór eisitheoirí sna margaí ag an am céanna, rud a dhéanann dochar do chách. Tá nós imeachta neamhfhoirmiúil i ngrúpa eisitheoirí an AE chun an riosca seo a íoslaghdú.

11.18 Tá teagmháil leanúnach ag an nGníomhaireacht le grúpa príomhdhíoltóirí ina bhfuil beagnach gach mórthrean idirnáisiúnta infheistíochta. Cuireadh in iúl dom go bpléitear roghanna maoinithe leis na bainc seo ar bhonn leanúnach, agus dá réir sin, go mbítear ar an eolas i gcónaí agus an straitéis maoinithe á thiomsú faoi dhálaí an mhargaidh agus faoi dheiseanna maoinithe i bpríomh-mhargadh bannaí limistéar an Euro agus i margaí eile.

11.19 Bíonn an Ghníomhaireacht i dteagmháil go minic freisin leis na gníomhaireachtaí rátála, go honnghníomhach, á gcoinneáil ar an eolas go hiomlán faoi gach forbairt nua san eacnamaíocht agus san airgeadas poiblí agus trí dhíospóireachta mionsonracha a eagrú idir iad agus príomhaonáin phríobháideacha agus earnála poiblí le linn a gcuartheanna ar Éirinn. Tá fórais ag an AE agus ag ECFE araon ina dtagann bainisteoirí fiachais ceannasacha le chéile chun na forbairtí is déanaí sa mhargadh a phlé. Foilsíonn Ballstáit an AE sceidil ceantála ar a láithreáin gréasáin féin agus ar láithreán gréasáin an AE<sup>87</sup>. Chomh maith leis sin, tá comhaontú neamhfhoirmiúil ag bail an AE a chur in iúl do Choimisiún an AE agus dá chéile nuair a bhíonn sé beartaithe acu beartaíocht bannaí sindeacáite a sheoladh.

## ***Straitéis Iasachtaíochta***

11.20 Is í príomhstraitéis na Gníomhaireachta airgead a fháil ar iasacht trí urrúis fiachais ainmnithe in Euro a eisiúint i margadh limistéar an Euro mar arb ionann Éire agus 2% den mhargadh iomlán. Is iad trédhearcacht agus intuathacht na gnéithe tábhachtacha a lorgaíonn infheisteoirí sna margaí seo. Dá réir sin, cuireann an Ghníomhaireacht a fhéilire ceantanna bannaí don bhliain sin in iúl don mhargadh ag tús gach bliana agus tugann léargas de mhéid gach ceant.

11.21 Úsáidtear córas ceantála Bloomberg le haghaidh gach ceant faoi láthair mar a nglactar le tairiscintí go leictreonach bunaithe ar bhonn tairisceana don phraghas is fearr. Déanann Aonad Maoinithe agus Bainistiú Fiachais na Gníomhaireachta athbhreithniú ar thorthaí sula nglactar leis na tairiscintí. Chomh maith leis sin, bíonn ceant neamhiomaíoch ann díreach tar éis torthaí an cheant iomaíoch a fhógairt. Glactar le tairiscintí ó phríomhdhíoltóirí ag meánphraghas meáite an cheant iomaíoch agus bíonn an trí phríomhdhíoltóir a mheasann an Ghníomhaireacht arb iad is fearr a shásaigh a n-oibleagáidí luaite sa mhí féilire roimhe sin i dteideal cionroinnt ceant neamhiomaíoch de 5% de mhéid gach banna a díoladh sa cheant iomaíoch. Cuirtear 15% de mhéid gach banna a díoladh sa cheant iomaíoch ar fáil agus bíonn an teidlíocht seo roinnte i measc na bpríomhdhíoltóirí I gcomhréir lena gcionroinnt sa cheant iomaíoch.

11.22 D'fhoill méideanna níos mó ná mar a d'fhéadfaí a bhailiú i gceant a bhaint amach áfach, go háirithe ar son banna nua a sheoladh ina mbíonn an leachtacht tosaigh (a bhraitheann den chuid is

<sup>87</sup> Láithreán gréasáin an Choiste Eacnamaíochta agus Airgeadais - Fochoiste um Billí Rialtais AE agus Margaí Bannaí [http://ec.europa.eu/economy\\_finance/efc\\_en.htm](http://ec.europa.eu/economy_finance/efc_en.htm)



mó ar mhéid an bhanna) tábhachtach eisíonn an Ghníomhaireacht bannaí ó am go ham trí phróiseas sindeacáitithe nuair a fheiceann sí deis chuí sna margaí. Nuair a eisítear bannaí trí phróiseas sindeacáitithe roghnaítear banc tosaigh nó comh-bhainc tosaigh le tairiscintí a lorg ó infheisteoirí do mhéideanna laistigh de raon torthaí sonraithe. Cinntíonn an Ghníomhaireacht go mbíonn praghsanna iomaíocha ann i gcónaí trí raon torthaí a fhaomhadh roimh ré leis an mbanc tosaigh.

11.23 I 2009, bailíodh €23 billiún trí shindeacáitiú agus beagnach €11 billiún i gceantanna. Ar deireadh thiar, is cúinse de chuid dálaí an mhargaidh ag an am an rogha modh agus costais. Tá toradh 2009 leagtha mach i Fíor 46.

#### Fíor 46 Fiachas a Bailíodh i 2009

| Modh         | Fiachas Ainmniúil<br>€m | Airgead Tirim Faighte<br>€m |
|--------------|-------------------------|-----------------------------|
| Ceant        | 10,763                  | 10,746                      |
| Sindeacáitiú | 23,000                  | 22,908                      |

Foinse: GBFN

11.24 De bhreis air sin, eisíonn an Ghníomhaireacht táirgí nua. I 2009, eisíodh banna fadtréimhseach nua le haibíocht 15 bliain i mí na Samhna, chomh maith le clár nua Bille Státhchiste a tosaíodh i Márta agus tugadh clár nua Páipéar Tráchtála Dollar SAM isteach i mí Iúil. Dearadh na táirgí seo chun infheisteoirí nua a mhealladh. I gcás chlár Pháipéar Tráchtála SAM, ní bheadh fiachas rialtais Éireannach ag aon cheann de na hinfeisteoirí. Mhínigh an Ghníomhaireachta gur dearadh an t-athrú seo chun sochar a bhaint as foinsí breise maoinithe a aithníodh ó aiseolas margaidh. Sna cásanna seo, déantar riosca airgeadra a íoslaghdú trí fhálú láithreach<sup>88</sup>.

### Conclúid – Gníomhaíocht Iasachtaíochta

Tarraingíonn an Ghníomhaireacht as pleananna maoinithe a chuireann an RIS, riachtanais athmhaoinithe agus le déanaí an maolán leachtachta san áireamh.

Cabhraíonn soláthar iomaíoch cistí fadtéarmacha trí phróisis ceantála agus sindeacáitithe le hairgead a fháil ar iasacht ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costais.

### Fónamh don Fhiachas Náisiúnta

Is ceart costas fónaimh a íoslaghdú.

11.25 Bíonn buiséad bliantúil d'fhónamh don fhiachas faoi chaibidil leis an Roinn Airgeadais mar chuid den phróiseas Buiséid Ilbhliantúil a thosaítear i mí an Mheithimh agus a gcuirtear bailchríoch air timpeall mí na Samhna gach bliain. Bhí trí bhuiséad fónaimh fiachais ann sa bhliain 2009. Aontaíodh an chéad bhuiséad leis an Roinn don bhuiséad luath a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2008 nuair a measadh costais fhónamh an fhiachais ag €3.9 billiún. Mar gheall ar mhéadú sa RIS agus rátaí úis níos airde aontaíodh figiúr leasaithe €4.5 billiún dá éis sin d'aguisín an bhuiséid a eisíodh i mí Eanáir 2009 agus aontaíodh buiséad deiridh fónaimh fiachais don Bhuiséad

<sup>88</sup>

Is ionann fálú agus tacar straitéisí agus próisis a fhorfheidhmiú atá deartha chun tionchair luaineachtaí i bpraghas creidmheasa nó malartáin eachtracha ar Fhiachas nó ar infheistíochta na Gníomhaireachta a theorannú nó a bhaint amach.

Forlíontach a eisíodh i mí Aibreáin 2009. Leasaíodh é sin arís go €3.9 billiún de thoradh sábhála a raibh súil ag an nGníomhaireacht léi.

11.26 Ag deireadh na bliana 2009, bhí an toradh iarbhír €686 milliún níos ísle ná an buiséad comhaontaithe, agus é sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar gur bhain an Gníomhaireacht rátaí úis níos ísle amach ná na rátaí a bhí i réim ag an am ar aontaíodh an Buiséad Forlíontach agus chomh maith leis sin de bharr cúinsí uainíochta a bhain le híocaíocht na gcúpón ar fhiach a eisíodh i 2009. Déanann Aonad Riosca na Gníomhaireachta cothabháil ar réamhfhaisnéis rollach agus déantar athbhreithniú ar thoradh i gcomparáid le próifíl. Cuirtear anailís mhíosúil den fheidhmíocht i gcomparáid le próifíl ar fáil don bPríomhfheidhmeannach agus don Stiúrthóir Maoinithe agus Bainistithe Fiachais.

## Conclúid – Fónamh don Fhiachas Náisiúnta

Is é an méid a éiríonn leis an nGníomhaireacht i gcruinniú an fhiachais nua ag rátaí atá faoi bhun ghnáthráta an mhargaidh san am an príomhtháscaire d'íoslaghdú costais. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh soláthar iomaíoch trí cheantanna agus sindeacáitiú na rátaí is fearr a bhaint amach. Cuidíonn leasuithe buiséid an fócas a choinneáil ar an srpiocthoradh.

Tugann torthaí tagarmharcála le fios go bhfuil ag éirí leis an nGníomhaireacht fiachas nua a chruinniú ag rátaí iomaíocha.

## Lamháltas Riosca

Is ceart go mbeadh creat cuimsitheach spriocanna agus lamháltais riosca le haghaidh bainistiú fiachais agus airgid ann a bheadh faofa ag an Aire.

11.27 Seachas an riachtanas foriomlán leachtacht a bhainistiú is féidir na rioscaí a bhíonn ann don Gníomhaireacht a rangú mar riosca margaidh, riosca creidmheasa céile conartha agus riosca oibriúcháin. Socraítear lamháltais riosca ar bhonn na punainne atá beartaithe don bhliain.

11.28 Is mar seo a leanas atá an treoir lamháltas riosca sna treoirlínte um bainistiú fiach

- glan-nochtadh suas le 3% i leith sterling, glan-nochtadh i leith Dollar SAM, Franc na hEilvéise agus an Yen suas le 2%, agus glan-nochtadh suas le 1% i leith airgeadraí eile ach nochtadh foriomlán de 3% i leith gach airgeadra iasachta
- síleáil 45% ar fhiach comhlúthach rátaí úis
- teorainn 75% de ghlanfhiach le níos lú ná cúig bliana chun aibíochta.

11.29 Baineadh amach na torthaí seo don bhliain 2009

- ní raibh aon ghlan-nochtadh ag an nGníomhaireacht i leith airgeadraí eile mar fheall ar fhálú na n-iasachtaí go léir in airgeadraí eachtranacha
- bhí an chuid den fhiach le ráta comhlúthach úis cothrom le timpeall 5%
- bhí an chuid den ghlanfhiach le níos lú ná cúig bliana go haibíocht cothrom le 44%.

Dá bhrí sin bhí na teorainneacha i leith nochta laistigh de na leibhéil atá sonraithe sna Treoirlínte.

## ***Riosca Margaidh***

11.30 I gcás riosca margaidh, tá tacar nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun tionchar na ghluaiseachtaí i rátaí úis agus i rátaí malartáin eachtracha a thomhas. Áirítear ina measc córais chun cainníochtú a dhéanamh ar íogaireacht na gcostas fónaimh fiachais, sa bhliain reatha agus sna blianta atá romhainn, i leith gluaiseachta i rátaí margaidh.

11.31 Déanann an tAonad Riosca tástálacha struis mar fhorlíonadh ar na bearta seo trí mheasúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag dálaí foircneacha margaidh ar an mbuiséad fónaimh fiachais. Úsáidtear samhail Costas i Riosca<sup>89</sup> freisin chun riosca an bhuiséid fónaimh fiachais a mheasúnú faoi straitéisí éagsúla maoinithe agus raon rátaí úis.

11.32 Déanann an Príomhfheidhmeannach teorainneacha fioscacha maidir le nochta i leith gluaiseachtaí ionchasacha i rátaí úis agus i rátaí malartáin a fhaomhadh go bliantúil. Tuairiscíonn Aonad Riosca na Gníomhaireachta go míosúil ar nochtadh i leith na dteorainneacha réamhshocraithe.

11.33 Ó tugadh isteach an Euro, déantar an fiachas náisiúnta uile a ainmniú nó a bhabhtáil isteach in Euro. Nuair a thiomsaítear bearta in airgeadra neamh-Euro, m.sh. faoi chláir páipéar tráchtála, forálann an tuairisc táirge ábhartha go ndéantar fálú láithreach ar an nochtadh. Déanann Aonad Riosca na Gníomhaireachta monatóireacht ar ghéilliúntas agus cinntíonn sé go bhfuil fál malartán eachtrach comhfhreagrach i bhfeidhm.

## ***Riosca Contrapháirtí***

11.34 Déantar monatóireacht laethúil ar nochtadh creidmheasa chéilí conartha, a éiríonn as socrú taiscí chomh maith le bearta i ndíorthaí, i gcoinne teorainneacha faofa. Tá córas cuimsitheach ag an nGníomhaireacht chun bainistiú a dhéanamh ar a riosca creidmheasa le hinstitiúidí airgeadais eile. Tomhaistear nochtadh ar bhonn comhiomlán thar punanna éagsúla na Gníomhaireachta le córas<sup>90</sup> a chuireann faisnéis fíoraima ar fáil ar theorainneacha agus ar a n-úsáid. Déantar monatóireacht leanúnach ar chéilí conartha le haghaidh aon teagmhais a chuirfeadh isteach ar a gcreidiúnacht agus bíonn na teorainneacha céile conartha uile faoi réir ag próiseas athbhreithnithe laethúil.

11.35 Leagann na treoirlínte bainistiú fiachais amach riachtanais íosta cáilíochta do chéilí conartha. Tá córais agus próisis bunaithe ag an nGníomhaireacht chun a riosca creidmheasa céile conartha a shainiú, a thomhas, a mhonatóireacht, a rialú agus a thuairisciú. Is é cuspóir an chreata um bainistiú riosca creidmheasa seo sa chéad áit airgead agus infheistíochtaí a chosaint, agus sa dara háit, uasmhéadú a dhéanamh ar ráta toraidh infheistíochtaí airgeadais sna margaí.

<sup>89</sup> Tomhaiseann Costas i Riosca an t-ardú uasta i gcostais ainmniúla úis ar féidir a bheith ag súil leis thar tréimhse ainmnithe ama laistigh de leibhéal sonraithe dóchúlachta.

<sup>90</sup> Is córas cisteáin é an córas SPRINT a forbraíodh intí chun faisnéis a bhailiú agus a thuairisciú le gníomhaíocht fiachais a thomhas agus a bhainistiú. Tá sé nasctha le foinsí inmheánacha agus seachtracha a cheadaíonn tascanna éagsúla bainistiú fiachais a uathobriú ó ghnáthríomh go tiomsú agus deimhniú beart.

11.36 Bhunaigh an Gníomhaireacht Coiste um Riosca Creidmheasa Céilí Conartha<sup>91</sup> le déanaí chun cúnamh a thabhairt do Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta, le Coimisiún an CNP agus le Bord NAMA a bhfreagrachtaí maidir le rioscaí agus nochtadh céilí conartha a chomhlíonadh go héifeachtúil. Is iad seo a leanas a phríomhchuspóirí

- a chinntiú go mbíonn creatlach cuí ann chun bainistiú a dhéanamh ar riosca creidmheasa céilí conartha
- a chinntiú go bhfeidhmítear oibríochtaí infheistíochta agus stáitchiste laistigh de réimse na creatlaí sin
- a chinntiú go dtugtar aird chuí ar ghéilliúntas agus ar shaincheisteanna bainistiú riosca céilí conartha.

11.37 Tá bainistiú riosca creidmheasa faoi threoir ag na beartais ghinearálta seo a leanas

- is le céilí conartha faofa amháin a stiúrtar agus a théitear isteach i mbearta in ionstraimí airgeadais tar éis do theorainneacha creidmheasa a bheith údaraithe
- bíonn gach teorainn creidmheasa molta anois ag an gCoiste Creidmheasa Céilí Conartha le faomhadh Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta a fháil
- déantar monatóireacht rialta ar úsáid teorainneacha creidmheasa
- déantar marcáil-ón-margadh ar gach nochtadh díorthach
- déantar glanluachálacha de réir téarmaí agus coinníollacha na gcomhaontas bunúsacha trádála<sup>92</sup>
- déantar bainistiú chomhchruinniú riosca creidmheas trí theorainneacha riosca creidmheasa a shocrú ag leibhéal atá sonrach don chéile conartha.

11.38 Is leis an mBanc Ceannais a dhéanann an Gníomhaireacht formhór mór a ghníomhaíocht taisce. Ar an meán bhí €24.2 billiún ar láimh in airgead tirim i rith na bliana 2009. Faigheann taiscí airgid a choinnítear sa Bhanc Ceannais toradh atá bunaithe ar ráta EONIA an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

## **Riosca Oibriúcháin**

11.39 Bíonn riosca oibriúcháin faoi stiúir ag beartais agus nósanna imeachta a rialaíonn íocaíochtaí agus ag próisis inmheánacha eagrúcháin ar nós idirdhealú dualgas, de réir an chleachtais is fearr san earnáil airgeadais. Bíonn gach aonad gnó freagrach as riosca oibriúcháin a bhainistiú agus forlíonadh á dhéanamh orthu ag obair aonaid Rialaithe agus Comhlíontacháin na Gníomhaireachta agus ag an iniúchóir inmheánach.

## **Díorthaigh**

11.40 Faoi bheartais oibriúcháin na Gníomhaireachta níor chóir dul isteach i mbabhtálacha rátaí úis ach amháin chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca ráta úis a ghabhann leis an bhfiachas agus le babhtálacha tras-airgeadra a dhéantar d'fhonn bainistiú a dhéanamh ar an riosca malartáin a bhaineann leis an bpunann iasachta eachtrach. Déanann an Gníomhaireacht fálú ar aon nochtadh airgeadra eachtraigh in iasachtaí gearrthéarmacha trí úsáid a bhaint láithreach as réamhconarthaí. Déantar feidhmíocht conarthaí díorthacha a thomhas faoi rialacha tagarmharcála atá aontaithe leis

<sup>91</sup> Cuireadh é seo i bhfeidhm go luath sa bhliain 2010.

<sup>92</sup> Go ginearálta, ní úsáidtear comhaontais máistir glan-luachála. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht áfach ar a n-úsáideacht i bhfianaise oibríochtaí breise a eascraíonn as bunú NAMA.

an Aire. Úsáidtear tuarascálacha Luach ar Riosca<sup>93</sup> freisin chun rioscaí a chainníochtú faoi chonarthaí babhtála.

11.41 Tá soláthar sa buiséad Fónaimh Fiachais le haghaidh íocaíochtaí agus fálaí faoi dhíorthaigh, miondealaithe de réir táirge. Tomhaistear an toradh go míosúil i gcoinne an bhuiséid agus déantar anailís ar aon difríocht. Déanann an Ghníomhaireacht monatóireacht mhíosúil ar luach margaidh na mbabhtálacha rátaí úis agus tras-airgeadra. Ar an iomlán, tá tuairiscí ar ghéilliúntas do na treoirlínte um bainistiú fiachais deartha le cinntiú go mbíonn na díorthaigh a dtéitear iontu éifeachtúil ó thaobh fálú a dhéanamh ar riosca airgeadra agus rátaí úis de réir mar a bhíonn siad riachtanach.

## **Rioscaí Eile**

11.42 Déanann an Ghníomhaireacht cothabháil ar dhá chlár riosca. Tá clár riosca ginearálta ann a dhíríonn ar rioscaí teicneolaíocht faisnéise agus daoine agus clár maoinithe agus bainistithe fiachais. Cuimsíonn siad seo clár de riosca ginearálta ag díriú ar theicneolaíocht faisnéise agus rioscaí daoine agus clár riosca maoiniúcháin agus bainistithe riosca. Déantar tuairisciú, rangú, (airgeadas, oibriúchán, clú agus rialachán) agus measúnú ar gach riosca ag baint úsáide as leibhéal trí shraith maidir lena dhóchúlacht agus a thionchar. Tá obair fheidhm rialaithe agus iniúchadh inmheánach na Gníomhaireachta bunaithe ar na rioscaí a bhfuil an Ghníomhaireacht nochta dó agus tuairiscíonn an dá fheidhm chuig an gcoiste iniúchta.

11.43 Tá sraitheanna éagsúla de phleanáil theagmhach agus de bhainistiú riosca teagmhais ann. Cinntíonn an Ghníomhaireacht go bhfuil líon mór bairc phríomhdhíoltóra aici dá chlár eisiúna fhadtearmacha agus ghearrthéarmacha ionas nach gcuirfidh neamhláithreacht roinnt díoltóirí bailíocht na gclár i mbaol. Déantar cothabháil freisin ar chlár éagsúla iasachta - trí chlár gearrthéarmacha páipéir<sup>94</sup> agus dhá chlár fhadtearmacha eisiúna. Chomh maith leis sin, tá caidreamh déthaobhach ag an nGníomhaireacht le líon mór banc ar mhaithe le socrúchán príobháideach ionstraimí fiachais a áisiú má bhíonn siad ag teastáil.

## **Conclúid – Lamháltas Riosca**

Tá córas bainistiú riosca neadaithe inmheánach go maith sa Ghníomhaireacht.

Cé go raibh na teorainneacha i leith nochta laistigh de na leibhéil atá sonraithe sna Treoirlínte d'fhéadfadh fiúntas a bheith i dteorainneacha níos sínte a shocrú ar mhaithe le rialú le níos mó brí a dhéanamh ar nádúr na ndlíteanas fiachais. B'fhearr dá ndéanfaí athbhreithniú agus comhaontú orthu go leathbhliantúil chun dálaí margaidh a chur san áireamh.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é cuspóir na dtreoirlínte bainistiú fiachais paraiméadair leathana a shocrú le haghaidh iasachtaí tarmilgthe na Gníomhaireachta agus a feidhmeanna bainistiú fiachais. Is é a thuairim go bhfuil na treoirlínte bliantúla cuí sa chomhthéacs sin.

<sup>93</sup> Cuirtear Luach ar Riosca in iúl mar an caillteanas sa chás is measa a d'fhéadfaí a thabhaigh phunann áithe de thoradh gluaiseachta i bparaiméadair aitheanta riosca, thar tréimhse ainmnithe ama laistigh de leibhéal sonrach dóchúlachta.

<sup>94</sup> Páipéar Tráchtála SAM, Billí Stáitchiste agus Páipéar Tráchtála Euro.

## Cumas agus Rialú Oibriúcháin

Is ceart go mbeadh an inniúlacht ag an nGníomhaireacht ó thaobh acmhainní daonna agus nósanna imeachta caighdeánacha chun a shainordú a chomhlíonadh laistigh de thimpeallacht rialaithe oibriúcháin.

11.44 Tá mionsonraíocht poist ann do gach ról sa Ghníomhaireacht. Dúirt an Ghníomhaireacht liom go ndéantar baill foirne a earcú ó raon leathan disciplíní agus ag na leibhéil saineolais agus tiomantais ghairmiúla is airde de réir na sonraíochtaí sin. Críochnaíonn iarrthóirí tástálacha siciméadracha lena n-áirítear tástálacha inniúlachta, déantar moltóirí a sheiceáil agus scrúdaítear cáilíochtaí oideachais.

11.45 Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar an soláthar foirne agus ainmnítear aon easnamh scileanna a bhíonn ann. Meastar comharba le linn an timthrialla athbhreithnithe feidhmíochta agus cuireadh leis an bhfoireann le déanaí le cinntiú go mbíonn roghanna comharba ar fáil. Tugtar obair tionscadail shonrach do bhaill foirne de réir mar a thagann deiseanna chun cinn ar mhaithe lena scileanna a mhéadú agus deiseanna forbartha a chur ar fáil.

11.46 Tá cuspóirí ann do gach ball foirne le béim ar aiseolas feidhmíochta, dialóg agus forbairt. Cuirtear cláir oiliúna agus forbartha i bhfeidhm le cabhrú le feidhmíocht, obair foirne agus gnóthachain na foirne agus iad a choinneáil ar thús cadhnaíochta ina ndisciplíní. Déantar luacháil ar fheidhmíocht i rith gach bliana agus is cuid den athbhreithniú bliantúil ar luach saothair í an luacháil a bhíonn faoi threoir Chathaoirleach Choiste Comhairleach na Gníomhaireachta.

11.47 Tá Treoracha Oifige agus Tuairiscí Táirge ag an nGníomhaireacht ina leagtar amach na rialacha um iontráil, phróiseáil agus thuairisciú bearta. Beirtear ar idirbhearta i gcóras a áisíonn próiseáil dhíreach agus cothabháil rian iomlán iniúchta. Tá córas cuimsitheach deimhnithe treaspháirtí agus imréitigh ag an nGníomhaireacht chun iontaobhas na sonraí a chinntiú. Braitheann an córas rialaithe inmheánach ar neamhspleáchas dian eagrúcháin na bhfeidhmeanna monatóireachta agus rialaithe, ar idirdhealú dualgas agus ar phrionsabal an déantóra/seiceálaí a fheidhmiú i ngach gníomhaíocht.

11.48 Feidhmíonn Coiste Iniúchta faoin gcairt scríofa agus áirítear i measc a phríomhdhualgas athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar shocruithe um bainistiú riosca, athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na rialuithe inmheánacha, measúnú a dhéanamh ar na torthaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis bhliantúla airgeadais. Tá ceathrar ar an gcoiste, beirt acu ina gcomhaltaí de Choiste Comhairleach na Gníomhaireachta, duine ina chomhalta de Bhord an Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus duine atá ina chomhalta neamhspleách seachtrach.

11.49 Déanann Aonad Rialaithe agus iniúcháir inmheánach na Gníomhaireachta monatóireacht ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta. Aontaíonn an coiste iniúchta pleananna iniúchta atá deartha le tabhairt faoi gach réimse ábhartha riosca.

11.50 Soláthraítear tuarascálacha bainistíochta don bhainistíocht shinsearach go laethúil lena n-áirítear seasamh maoinithe agus leachtachta, iarmhéideanna airgid, próifíl aibíochta, nochtadh i leith airgeadra eachtrach, teorainneacha creidmheasa céilí conartha, toradh seirbhísiú fiachais, RIS i gcoinne próifíl agus feidhmíocht i gcoinne tagarmhairc. Eisítear tuarascálacha faoi chomhlíonadh teoracha bainistiú fiachais agus íogaireacht i leith gluaiseachtaí úis go míosúil chuig an bPríomhfheidhmeannach.

11.51 Cuirtear trí thástáil iomlána téarnaimh tubaiste i gcrích gach bliain ag láthair leanúnachais gnó na Gníomhaireachta i gCampas Gnó Sord. Téann ionadaithe ó gach Stiúrthóireacht chuig an láthair agus deimhníonn siad infhaighteacht na bpríomhchóras. Mar chuid den tástáil múchtar an nasc criptithe ardluais ó Ard-Oifig na Gníomhaireachta chun samhlacha a thabhairt de chailliúint iomlán na saoráide. Bíonn Aonad Rialaithe na Gníomhaireachta i láthair ag gach tástáil chun láithreach rialaithe agus iniúchta a sholáthar. Bíonn an fheidhm Acmhainní Daonna ag freastal chomh maith. Comhlánaíonn gach tástálaí doiciméadúchán struchtúrtha agus coinnítear iad ar son cuspóirí iniúchta. Aistrítear an príomh-mhalartán teileafóin freisin ar ócáid amháin gach bliain chuig láithreán Shord mar chuid de sheirbhís Suretel Hp/Eircom<sup>95</sup> ar féidir le pearsanra údairithe í a thruicearú laistigh de roinnt nóiméad má chailleann an Gníomhaireacht feidhmiúlacht na hArd-Oifige go tubaisteach. Déantar nuachóiriú ar an bplean leanúnachais gnó go leanúnach le hathbhreithnithe struchtúrtha ráithiúla.

11.52 Déanann an tAonad Rialaithe agus an t-iniúcháir inmheánach athbhreithniú ar fhaisnéis bainistíochta agus ar rialuithe inmheánacha. Feidhmítear an t-iniúchadh inmheánach de réir Chreachód na gCleachtas is Fearr mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit. Déantar an obair iniúchta inmheánaigh a threorú ag anailís ar an riosca a bhfuil an Gníomhaireacht nochta dó, agus bíonn pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Bíonn an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh ceadaithe ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag na Stiúrthóirí agus faofa ag an gCoiste Iniúchta. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuairisc ar ghníomhaíocht an iniúchta inmheánaigh ar fáil do lucht bainistíochta Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Coiste Iniúchta GBCN uair amháin sa bhliain ar a laghad. Áirítear sa tuairisc tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh i leith dóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

11.53 Ullmhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais i gcomhar le cur faoi bhráid Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta, agus déanaimse athbhreithniú air le linn mo chuid iniúchta. Tugann an Ráiteas forléargas ar na príomhrialuithe airgeadais atá i bhfeidhm agus atá deartha chun riosca a mhaolú agus dearbhaítear ann go ndéantar athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais go bliantúil.

## **Conclúid – Cumas agus Rialú Oibriúcháin**

Tá caighdeánú déanta ag an nGníomhaireacht ar a nósanna imeachta oibriúcháin agus déantar measúnú ar na príomhrialuithe le linn gach iniúchta bhliantúil. Níl aon rud tagtha chun solais a chaitheann amhras ar an deimhniú agus ar an dearbhú a thugtar i Ráiteas na Gníomhaireachta ar Rialú Inmheánach Airgeadais.

<sup>95</sup>

Is saoráid é Plean Suretel Eircom atá bainistithe thar ceann na Gníomhaireachta ag HP Business Continuity Services a shocraíonn aistriú an mhalartáin teileafóin chuig suíomh leanúnachais gnó na Gníomhaireachta ag HP i Sord.

## Tomhas agus Tuairisciú Feidhmíochta

Is ceart caighdeán oibiachtúla a úsáid le feidhmíocht na Gníomhaireachta ó thaobh bainistiú fiachais a thomhas agus a thuairisciú.

11.54 Faoi na treoirlínte um bainistiú fiachais, ní mór don Ghníomhaireacht nuashonrú ráithiúil dá fheidhmíocht a sholáthar don Aire arna thomhas de réir tagarmharc aontaithe. Aontaítear rialacha tagarmharcála leis an Roinn Airgeadais agus iad bunaithe ar pharaiméadair bainistiú fiachais atá leagtha amach sna treoirlínte bainistiú fiachais, an riachtanas maoinithe atá leagtha amach sa Bhuiséad agus dálaí reatha an mhargaidh. Is é Aonad Riosca na Gníomhaireachta a dhéanann cothabháil ar an tsamhail tagarmharcála. Cé go ndéantar tuairisciú laethúla, is go ráithiúil a dhéantar tuairisciú foirmiúil don bhainistíocht shinsir. Tugtar an nuashonrú ráithiúil trí mhionteagasc ó bhéal chuid an Aire.

11.55 Tá cuideachta cuntasóirí fostaithe chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar thorthaí na tagarmharcála. Deimhníonn siad na nithe seo a leanas san iniúchadh

- go bhfuil ionchur na mbeart iarbhrí punainne i rith na bliana ag teacht le taifid na Gníomhaireachta
- go bhfuil bearta tagarmharcála na punainne foirmlithe de réir na rialacha a aontaíodh leis an Aire Airgeadais maidir le punann ábhartha maoinithe agus go bhfuil siad inchurtha go cruinn sa chóras
- go bhfuil luachálaithe na bpunann tagarmharcála agus na bpunann iarbhrí, agus ríomh na dtáillí punainne, de réir na rialacha tagarmharcála agus go bhfuil cuma réasúnta orthu

### Tagarmharc an Fhiachais Náisiúnta

Léiríonn Tagarmharc an Fhiachais Náisiúnta aidhmeanna bainistíochta fiachais meántéarmacha an Státchiste agus léiríonn sé punann le próifíl úis, fad agus struchtúr aibíochta atá comhsheasmhach le treoirlínte atá leagtha amach ag an Aire Airgeadais. Cuireann an córas tomhais tagarmharcáil feidhmíochta na staideana carntha airgid tirim agus glanluach láithreach gach sreabhadh airgid amach anseo. Ríomhtar ann tionchar ghníomhartha na Gníomhaíochta sa bhliain atá faoi athbhreithniú, bunaithe ar a dtionchar réamh-mheasta thar saol iomlán an fhiachais.

Is é cuspóir na rialacha feidhmíochta an breisluach a chuireann an Ghníomhaireacht leis a thomhas trí chomparáid a dhéanamh idir costas an mhaoiniú a baineadh amach ar bhonn beart le beart le praghas tagarmharcála ón margadh. Mar shampla, déantar tagarmharcáil ar chostas maoiniú bannaí rialtais i gcoinne bannaí ceannasacha rialtais Euro eile; cuirtear costas páipear tráchtála I gcomparáid le Euribor.

Ghéill mé d'iarratas na Gníomhaireachta gan sonraí na rialacha um thomhas feidhmíochta a thabhairt mar go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sheasamh margála na Gníomhaireachta trína nochtadh a dhéanamh ar a spriocanna praghsála.



## Torthaí Tagarmharcála

1.56 Cuirtear costas eacnamaíoch gníomhaíochta na Gníomhaireachta san áireamh i ngach babhta bliantúil tagarmharcála, a dhéantar i rith na bliana, thar saol iomlán na mbearta sin. Déantar comparáid ansin idir an toradh agus an costas a bheadh tabhaithe ag úsáid na luachanna tagarmharcála. I gcomparáid leis sin, déanann an costas seirbhísiú fiachais a thuairiscítear i Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta iarmhairtí airgid na mbeartas sa tréimhse dhá mhí dhéag a thomhas agus tá siad faoi réir ag athruithe de bharr cúinsí uainíochta agus an fíoras nach mbeireann siad ar éifeacht na ngnéithe neamhairgid ar nós lascainí. Tugtar forléargas ar thorthaí na tagarmharcála I bh Fíor 47.

### Fíor 47 Feidhmíocht i gcomparáid le tagarmharc do 2009

| Catagóir Fiachais                                         | Toradh Feidhmíochta |               |
|-----------------------------------------------------------|---------------------|---------------|
|                                                           | €m                  | €m            |
| <b>Fadtéarmach</b>                                        |                     |               |
| Billí Státhchiste                                         | 28.81               |               |
| Nótaí Státhchiste                                         | 1.42                |               |
| Alt 69 Agus Páipéar Tráchtála                             | <u>31.67</u>        | 61.90         |
| Bainistíocht Airgid agus<br>Socrúcháin Taisce Státhchiste |                     | 4.21          |
| Comhaontuithe athcheannaigh                               |                     | <u>0.05</u>   |
|                                                           |                     | <b>66.16</b>  |
| <b>Fadtéarmach agus<br/>Meántéarmach</b>                  |                     |               |
| Ceantanna                                                 | 19.40               |               |
| Sindeacáitithe                                            | 50.80               |               |
| Eile                                                      | 0.08                | <b>70.28</b>  |
| <b>Foriomlán</b>                                          |                     | <b>136.44</b> |

## Conclúid – Feidhmíocht tagarmharcála

Le haghaidh 2009, léiríonn na torthaí tagarmharcála gur fheidhmigh an Gníomhaireachta thar an tagarmharc i ndáil le bainistiú an Fhiachais Náisiúnta. Go praiticiúil, reáchtáladh an ghníomhaíocht maoiniúcháin agus bainistíochta ag costas arb ionann é agus €136.44 milliún lúide an costas a thabhófaí ag baint úsáide as sprioc-rátaí a bheadh ina mbunchuid den tagarmharc.

## Conclúid

Déanann an Gníomhaireachta pleananna Iasachtaíochta a dhréachtú roimh thús gach bliana agus leasaítear iad de réir mar a thagann riachtanais agus coinníollacha an mhargaidh chun cinn.

D'athraigh an timpeallacht iasachtaíochta ó bhunú na Gníomhaireachta go háirithe toisc gur glacadh an euro agus na hiarmhairtí a d'eascair uaidh sin d'fhormhór na gcistí in airgeadra an Stáit. De bhreis air sin, mar thoradh mhíshocracht na margáí airgeadais le déanaí bhí ar an nGníomhaireacht níos mó ná na riachtanais láithreacha a fháil ar iasacht d'fhonn maolán leachtachta straitéiseach de bhreis is €20 billiún a chruthú.

Sna coinníollacha mar atá, d'fhéadfadh fiúntas a bheith le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhodhanna faofa atá ina mbonn agus taca le maoirseacht agus rialú ginearálta a dhéanann an tAire go háirithe faomhadh foirmiúil na leibhéal iasachtaíochta agus, go háirithe, leibhéal an mhaoláin straitéisigh. Bheadh athbhunú na teorann airgid thirim ar iarmhéideanna bainc an Státchiste mar chuid de threoirlínte an Aire ina bhealach éifeachtach an rialú sin a bhaint amach. Go praiticiúil, bheadh gá ag aon teorainn a shocrófaí a bheith docht a dhóthain chun teorainn éifeachtach a bhunú ach fós dóthain saoirse a cheadú don Gníomhaireacht, laistigh den teorainn sin, a hiasachtaíocht a dhéanamh agus a feidhmeanna bainistíochta fiachais a chur i gcrích.

Ó dhearcadh an rialaithe agus an bhainistithe inmheánaigh de, tá cleachtais chaighdeánacha oibriúcháin thaifeadta ag an nGníomhaireachta, córas rialaithe agus socruithe atá leabaithe go maith do thuairisciú ar idir chomhfhreagrachta agus fheidhmíocht.

Le haghaidh 2009, d'fheidhmigh an Gníomhaireacht thar an tagarmharc i ndáil lena bhainistiú ar an bhFiachas Náisiúnta. Go praiticiúil, reáchtáladh an ghníomhaíocht maoiniúcháin agus bainistíochta ag costas arb ionann é agus €136.44 milliún lúide an costas a thabhófaí ag baint úsáide as sprioc-rátaí a bheadh ina mbunchuid den tagarmharc.

## **Iarscríbhinn A      Treoirlínte do Bhainistiú Fiachais**

Cuimsíonn na treoirlínte do bhainistiú fiachais idir threoirlínte sonracha agus threoirlínte ginearálta.

### ***Treoirlínte Sonracha***

Ceapadh na treoirlínte sonracha a bhaineann le 2009 leis na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go mbeadh an glan-nochtadh d'airgeadraí eachtracha laistigh de theorainneacha forordaithe
- go mbeadh an fiachas le rátaí úis comhlúthacha mar chéatadán den fhiachas náisiúnta faoi bhun an uasmhéid forordaithe
- go mbeadh céatadán an ghlanfhiachais ag aibiú laistigh den tréimhse shonraithe faoin uasmhéid forordaithe
- nach n-eiseofaí bannaí ag lascaine níos mó ná an céatadán sonraithe
- nach rachadh cúlchiste Bhanc Taisce an Phoist faoi bhun €5 mhilliún
- go mbeadh iarmhéid deiridh bliana an Chuntais Chaipitil Seirbhíse Fuascailte faoi bhun €1mhilliún

I bhfianaise na gcoinníollacha margaidh atá i réim, níor socraíodh aon teorainn fhoirmiúil d'iarmhéideanna iomlána airgid thirim ag deireadh na bliana.

### ***Treoirlínte Ginearálta Oibriúcháin***

Socraítear na ceanglais seo a leanas faoi na treoirlínte ginearálta oibriúcháin

- Ach amháin na taiscí i mBanc Taisce an Phoist, tá aon togra d'athruithe ar théarmaí luacha saothair nó teorainneacha infheistíochta i scéimeanna taiscí náisiúnta faoi réir fhaomhadh an Aire, cosúil le tograí in aon ghné eile de scéimeanna a bhfuil impleachtaí soiléire acu d'fháltais cánach do scéimeanna nua taiscí náisiúnta.
- Tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht tuairisciú don Aire gach ráithe faoin bpríomh-iasachtaí agus faoi idirbhearta bainistíochta fiachais na Gníomhaireachta a rinneadh le linn na tréimhse, ar eolas chun dáta faoi fheidhmíocht na Gníomhaireachta arna mheas mar thagarmharc comhaontaithe agus sonraí na punainne iarbhir den fhiachas ag deireadh na ráithe.
- Tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht a chinntiú go bhfuil a córais faisnéise agus rialaithe leordhóthanach agus iomchuí chun go bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an riosca, ag cur san áireamh babhtálacha, todhchaithe agus táirgí díorthaigh eile, a bhfuil an Státchiste nochta dóibh mar thoradh ar oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéanann an Gníomhaireacht. Tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an riosca leis an mhinicíocht iomchuí do gach cineál riosca agus an cleachtas is fearr sa tionscal a cheadú. Féadtar úsáid a bhaint as díorthaigh chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta agus, gan eisceacht, ba chóir go mbeadh sin bunaithe ar fhiachas bunúsach.

Ní foláir don Gníomhaireacht córas a bheith i bhfeidhm chun riosca contrapháirtí a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh air. Seachas roinnt cásanna thar a bheith teoranta tá an Gníomhaireacht sásta maidir leis an nochtadh riosca atá i gceist, gur chóir nochtadh riosca a sháraíonn bliain amháin a theorannú do chontrapháirithe le rátáil fhadtéarmach ó Moodys de ar a laghad Aa3 (nó coibhéiseach le ceann Poor's nó Fitch, i.e. AA), agus ba chóir nochtadh gearrthéarmach a theorannú do chontrapháirithe le rátáil fhadtéarmach ó Moodys de ar a laghad A3

(nó coibhéiseach le ceann Poor's nó Fitch, i.e., A-) nó rátáil ghearrthéarmhach ó Moodys de ar a laghad Prime 1 (nó coibhéiseach le ceann Poor's nó Fitch, i.e., A1/F1).

## **Caibidil 12**

---

**Ioncam**

**Bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim**



## Bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim

12.1 Déantar scrúdú sa Chaibidil seo ar na nithe seo a leanas

- feidhmíocht na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le bailiú sa bhliain 2009
- an cháin a bhí gan íoc an 31 Márta 2010
- an méid cánach a díscríobhadh sa bhliain 2009
- torthaí an iniúchta ar Chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Bailiú agus Aisíoc ag na Coimisinéirí Ioncaim

12.2 Laghdaíodh ar an méid comhlán a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim ó €60.1 billiún sa bhliain 2008 go €50.7 billiún sa bhliain 2009. Nuair a dhéantar na méideanna a bailíodh thar ceann Ranna eile agus gníomhaireachtaí a eisiámh, bhí €41.3 billiún de bhailiú comhlán 2009 inchurtha i leith phríomhioncam an Stáit (€50.1 billiún sa bhliain 2008).

12.3 Aisíocadh €8.1 billiún den bhailiú comhlán le cáiníocóirí sa bhliain 2009 (€9.2 billiún sa bhliain 2008). B'ionann na haisíocaíochtaí sin agus 20% de chomhlán na gcánacha agus na ndleachtanna a bailíodh (18% sa bhliain 2008). Baineann 98% de na haisíocaíochtaí go léir le trí chineál cánach — Cáin Bhreisluacha (CBL), Cáin Ioncaim agus Cáin Chorporáide. Déantar scrúdú ar aisíocaíochtaí i gCaibidil 16.

12.4 Tugtar achoimre i bh Fíor 48 ar an mbailiú comhlán iomlán, ar na méideanna is inchurtha i leith gníomhaireachtaí eile agus ar aisíocaíochtaí.

**Fíor 48 Bailiú agus Aisíocaíochtaí Ioncaim Stáit**

|                                                                            | 2008    | 2008          | 2009    | 2009          |
|----------------------------------------------------------------------------|---------|---------------|---------|---------------|
|                                                                            | €m      | €m            | €m      | €m            |
| Bailiú Comhlán                                                             |         | 60,061        |         | 50,744        |
| <i>Lúide</i> an Méid is Inchurtha i leith Ranna agus Gníomhaireachtaí eile |         |               |         |               |
| ASPC <sup>a</sup>                                                          | (9,779) |               | (9,291) |               |
| Tobhach Tobac <sup>b</sup>                                                 | (168)   |               | (168)   |               |
| Tobhach Comhshaoil                                                         | (26)    |               | (24)    |               |
| Eile                                                                       | (5)     | (9,978)       | (3)     | (9,486)       |
| <b>Comhlán na gCánacha agus na nDleachtanna a Bailíodh</b>                 |         | <b>50,083</b> |         | <b>41,258</b> |
| <i>Lúide</i> Aisíocaíochtaí Cánacha agus Dleachtanna                       |         | (9,178)       |         | (8,148)       |
| <b>Glanmhéid na gCánacha agus na nDleachtanna a Bailíodh<sup>c</sup></b>   |         | <b>40,905</b> |         | <b>33,110</b> |

Nótaí:

- a Is é atá in Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ASPC) ranníocaíocht árachais shóisialaigh, tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna agus an tobhach sláinte. Áirítear freisin méideanna iarmharacha den tobhach fostaíochta agus oiliúna ar cuireadh deireadh leis. €9,209 milliún na glanfáltais (€9,708 milliún sa bhliain 2008) tar éis aisíocaíocht €82 mhilliún (€71 mhilliún sa bhliain 2008).
- b Déantar foráil le halt 3 den Acht Leithreasa 1999 (arna leasú) go ndéanfar méid a chinnfidh an tAire Airgeadais a íoc gach bliain le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as fáltais ó mhál tobac. Tugtar an tobhach tobac air sin agus chinn an tAire Airgeadais gurb é an méid is iníoctha an méid uasta is incheadaithe faoin Acht, mar atá – €167,605,000.
- c Áirítear €114 mhilliún éigin sa bhliain 2009 mar chuid de na himscrúdaithe speisialta éagsúla atá á ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim (féach Caibidil 14).

12.5 Leagtar amach i bh Fíor 49 an bailiú comhlán, na haisíocaíochtaí agus an bailiú glan le haghaidh gach cineál cánach mar aon leis an athrú de réir céatadán ar ghlanfháltais sa bhliain. Ar áireamh ar fháltais Cánach Ioncaim sa bhliain 2009 tá méid measta €1.1 billiún i leith an tobhaigh ioncaim a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2009<sup>96</sup>. Ar áireamh ar aisíocaíochtaí cánach ioncaim tá €216 mhilliún i leith creidmheasa cánach árachais sláinte a bhaineann le haois a tugadh isteach sa bhliain 2009<sup>97</sup>. Déantar fritháireamh ina leith sin go páirteach trí thobhach gaolmhar ar chuideachtaí árachais sláinte a thabhairt isteach a bhfuil fáltais €197 milliún uaidh ar áireamh ar Dhleachtanna Stampa<sup>98</sup>. Is bearta sealadacha iad an creidmheas agus an tobhach gaolmhar don tréimhse trí bliana go dtí 2011 agus beartaítear go mbeidh siad neodrach ó thaobh ioncaim de thar an tréimhse sin.

**Fíor 49 An Cháin a Bailíodh agus a Aisíocadh de réir an Chineáil Cánach**

| An Cineál Cánach                   | 2009<br>Fáltais<br>Chomhlána<br>€m | 2009<br>Aisíocaíochtaí<br>€m | 2009<br>Glanfháltais<br>€m | 2008<br>Glanfháltais<br>€m | An tAthrú<br>de réir<br>Céatadán |
|------------------------------------|------------------------------------|------------------------------|----------------------------|----------------------------|----------------------------------|
| Cáin Ioncaim <sup>a</sup>          | 15,068                             | (3,229)                      | 11,839                     | 13,195                     | (10%)                            |
| Cáin Bhreisluacha                  | 13,963                             | (3,325)                      | 10,638                     | 13,432                     | (21%)                            |
| Mál                                | 4,782                              | (48)                         | 4,734                      | 5,432                      | (13%)                            |
| Cáin Chorporáide                   | 5,335                              | (1,445)                      | 3,890                      | 5,071                      | (23%)                            |
| Dleachtanna<br>Stampa <sup>b</sup> | 1,024                              | (23)                         | 1,001                      | 1,763                      | (43%)                            |
| Dleachtanna Custaim                | 212                                | (4)                          | 208                        | 245                        | (15%)                            |
| Cáin Fháltas<br>Caipitiúil         | 268                                | (12)                         | 256                        | 343                        | (25%)                            |
| Cáin Ghnóchan<br>Caipitiúil        | 606                                | (62)                         | 544                        | 1,424                      | (62%)                            |
| <b>Iomlán</b>                      | <b>41,258</b>                      | <b>(8,148)</b>               | <b>33,110</b>              | <b>40,905</b>              | <b>(19%)</b>                     |

Nótaí:

- a Baineann €8.5 billiún de na glanfháltais cánach ioncaim le hÍMAT (íoc mar a thuillir) (€10.1 billiún sa bhliain 2008).
- b Rinneadh foráil leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008 maidir le scéim dreasachta chun go spreagfaí ionstraimí a thíolacadh lena stampáil nár tíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de na teorainneacha ama a cheanglaítear. Ar choinníoll go ndearnadh na hionstraimí sin a thíolacadh lena stampáil agus gur íocadh an dleacht agus an t-ús a bhí dlite laistigh de 56 lá tar éis an tAcht a rith, ní raibh aon phionós eile infoctha. An 17 Feabhra 2009 an spriodhata. Faoin Scéim tíolacadh líon iomlán 4,036 ionstraim do na Coimisinéirí Ioncaim agus mar thoradh bailíodh €64.9 milliún (lena n-áirítear ús €12 mhilliún), fuarthas an chuid is mó de sin sa bhliain 2009.

<sup>96</sup> Alt 2, an tAcht Airgeadas, 2009.

<sup>97</sup> Alt 22, an tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

<sup>98</sup> Alt 26, an tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.



## Íocaíocht leis an Státchiste

12.6 €33.1 billiún na glanfháiltais a bhí ar fáil don Státchiste don bhliain (€40.9 billiún sa bhliain 2008). Íocadh €33 bhiliún leis an Státchiste<sup>99</sup> sa bhliain 2009; laghdú de thart ar €8 billiún thar 2008 (€40.8 billiún).

12.7 Rinneadh cuid mhór den laghdú sin a réamh-mheas agus socraíodh sprioc an Státchiste i gCáinainneis Fhorlíontach 2009 ag €34.4 billiún. Mar a tharla, bhí easnamh €1.4 billiún ann ó thaobh ioncaim ó cháin i leith an mhéid a tuaradh. Leagtar amach an t-easnamh de réir an chineáil cánach aonair i bh Fíor 50. Bhí easnamh €1,585 mhilliún ann i leith an mhéid a tuaradh i gcás sé chineál cánach. Bhain 88% den easnamh sin le Cáin Ioncaim agus le CBL. Bhí barrachas ann i leith an mhéid a tuaradh i gcás Máil (€68 milliún) agus Cánach Corparáide (€160 milliún).

**Fíor 50 Ioncam ó Cháin a Íocadh leis an Státchiste i gComparáid leis an Méid a Tuaradh sa Bhliain 2009**

| An Cineál Cánach         | An Méid a Tuaradh<br>€m | Íocaíochtaí leis an Státchiste<br>€m | Barrachas/(Easnamh) |             |
|--------------------------|-------------------------|--------------------------------------|---------------------|-------------|
|                          |                         |                                      | €m                  | %           |
| Cáin Ioncaim             | 12,475                  | 11,835                               | (640)               | (5%)        |
| Cáin Bhreisluacha        | 11,420                  | 10,670                               | (750)               | (7%)        |
| Mál                      | 4,634                   | 4,702                                | 68                  | 1%          |
| Cáin Chorporáide         | 3,740                   | 3,900                                | 160                 | 4%          |
| Dleachtanna Stampa       | 980                     | 930                                  | (50)                | (5%)        |
| Dleachtanna Custaim      | 230                     | 209                                  | (21)                | (9%)        |
| Cáin Fháiltas Caipitiúil | 295                     | 254                                  | (41)                | (14%)       |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil | 625                     | 542                                  | (83)                | (13%)       |
| <b>Iomlán</b>            | <b>34,399</b>           | <b>33,042</b>                        | <b>(1,357)</b>      | <b>(4%)</b> |

12.8 Ullmhaíonn an Roinn Airgeadais tuartha cánach le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tugtar tuar i leith gach cineál cánach ar leithligh trí mheastacháin ar thosca treallúis maicreacnamaíochta iomchuí agus, más cuí, tosca solúbthachta. Is é an mhodheolaíocht bhunúsach buntáirgeacht na bliana le haghaidh gach cineál cánach a mheas, coigeartú a dhéanamh i leith tosca aonuaire is eol a bheith ann agus tuar a chur i bhfeidhm i leith na dtosca treallúis maicreacnamaíochta maidir leis an táirgeacht choigeartaithe sin. Ar áireamh ar thosca treallúis maicreacnamaíochta tá, mar shampla, an t-athrú réamh-mheasta ar thomhailt phearsanta i gcás CBL agus na hathruithe réamh-mheasta ar thuilleamh agus ar fhostaíocht le haghaidh ÍMAT. Is iad na tuartha i leith na dtosca treallúis maicreacnamaíochta iomchuí a úsáidtear na tuartha sin a tháirgeann an Roinn Airgeadais. Chun na tuartha i leith na gcineálacha cánach aonair a sheiceáil, déantar meastachán ar an athrú ar cháin chomhiomlán trí úsáid a bhaint as caidreamh aon ar aon le tuartha ar an athrú ar leibhéal ainmniúil na hOlltáirgeachta Intíre.

<sup>99</sup> Cuirtear i gcountas sa mhéid a íoctar leis an Státchiste thar thréimhse ama iarmhair ar feitheamh i gcásanna inar íoc cáiníocóir cánacha ach nár leithroinneadh iad. €132 milliún an méid a réamhiocadh faoin 31 Nollaig 2009 (€200 milliún a réamhiocadh faoin 31 Nollaig 2008).

12.9 Níl faisnéis maidir leis na caillteanais iomlána atá á dtabhairt ar aghaidh le haghaidh faoisimh amach anseo ar fáil go réidh (féach Caibidil 17). Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach bhféadfaí an fhaisnéis sin, dá mbeadh sí ar fáil, a chomhtháthú ar mhodh éasca iontaofa leis an modheolaíocht tuartha Cáinainéise chun meastachán a dhéanamh, mar shampla, ar an éifeacht is dóigh a bheadh ag aon bharrachas i leith caillteanas ar bhailiú cánach amach anseo toisc go mbeidh caillteanais a thugtar ar aghaidh ar fáil lena bhfritháireamh amach anseo thar thréimhse dhochinntithe agus nach mbeidh an miondealú idir bliain amháin agus bliain eile ar eolas. Anuas air sin, is é is bonn leis an tuar i leith an toraidh cánach gan athrú ar bheartais don bhliain dar gcionn (roimh réamhtháscairí maicreacnamaíochta cuí agus tosca eile a chur i bhfeidhm) an toradh ionchais don bhliain reatha a léiríonn cheana féin na caillteanais a úsáideadh.

12.10 Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ó fhaireachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar na cuideachtaí is mó, áfach, rinneadh socrú le haghaidh laghdú ionchais €500 milliún ar cháin chorparáide gach bliain a chur san áireamh sna tuartha do na blianta 2009 agus 2010 mar gheall ar na caillteanais de dhroim ghéarchéim airgeadais 2008 nó ina dhiaidh sin. Cuireadh san áireamh freisin coigeartú chun socrú a dhéanamh sna tuartha chun €50 milliún den chostas sin a ghnóthú sa bhliain 2011 agus €100 milliún breise a ghnóthú sa bhliain 2012.

12.11 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh cuid mhór de na laghduithe a bhí ann, bliain ar bhliain, a réamh-mheas sa tuar cáinainéise ach mar sin féin go raibh easnamh €1.4 billiún ann. I gcás ina raibh easnamh ann in aghaidh an tuair le haghaidh na gcineálacha cánach aonair, ba ann dóibh mar gheall ar na tosca seo a leanas, nach ndearnadh a dtionchar a réamh-mheas go hiomlán le linn an tuar a cheapadh

- cúinsí a bhaineann le margadh saothair lag
- leibhéal íseal caithimh ag tomhaltóirí
- laghdú breise ar luach maoine agus scaireanna.

12.12 Ba mhó íocaíochtaí leis an Státchiste ná an méid a tuaradh le haghaidh an dá chineál cánach seo a leanas

- Cáin Chorparáide - bhain an barrachas go príomha le híocaíocht mhór aonuaire, agus
- Mál - ba mhó é ná an sprioc le haghaidh gach cineál dleachta ach amháin Cáin Cláraithe Feithiclí agus dleacht ar bhiotáille.

## **Cánacha agus ASPC gan íoc**

12.13 Taispeántar i bh Fíor 51 an méid cánach gan íoc le haghaidh gach earnáil cánach agus tugtar achoimre ann ar na muirir a cruinníodh, na híocaíochtaí a rinneadh agus na méideanna a díscríobhadh sa tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Márta 2010. Méadaíodh ar an méid iomlán cánach gan íoc ag deireadh Mhárta 2010 de €251 mhilliún go €2,112 mhilliún nó 13% os cionn an mhéid a bhí gan íoc i Márta 2009.

## Fíor 51 Cánacha agus ASPC gan íoca

| An tIarmhéid an 31 Márta 2009 | An Cháin nó an Tobhach                            | Na Glanmhuirir a Cruinníodh <sup>b</sup> | An Méid a Íocadh | An Méid a Dí-scríobhadh | An tIarmhéid an 31 Márta 2010 | Anailís ar an Iarmhéid an 31 Márta 2010 |                      |
|-------------------------------|---------------------------------------------------|------------------------------------------|------------------|-------------------------|-------------------------------|-----------------------------------------|----------------------|
|                               |                                                   |                                          |                  |                         |                               | Faoi Achomharc                          | Ar fáil lena bhailiú |
| €m                            |                                                   | €m                                       | €m               | €m                      | €m                            | €m                                      | €m                   |
| 461                           | CBL                                               | 10,036                                   | 9,756            | 108                     | 633                           | 119                                     | 514                  |
| 150                           | ÍMAT                                              | 11,644                                   | 11,596           | 25                      | 173                           | 13                                      | 160                  |
| 212                           | ASPC                                              | 9,372                                    | 9,292            | 38                      | 254                           | 3                                       | 251                  |
| 363                           | Cáin Ioncaim (gan ÍMAT a áireamh)                 | 2,379                                    | 2,304            | 12                      | 426                           | 139                                     | 287                  |
| –                             | Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)               | 562                                      | 562              | –                       | –                             | –                                       | –                    |
| 364                           | Cáin Chorpáraide                                  | 4,114                                    | 4,158            | 5                       | 315                           | 247                                     | 68                   |
| 251                           | Cáin Ghnóchan Caipitiúil                          | 511                                      | 515              | 3                       | 244                           | 140                                     | 104                  |
| 3                             | Cáin Fháiltas Caipitiúil                          | 256                                      | 256              | –                       | 3                             | –                                       | 3                    |
| 5                             | Cánacha ar Cuireadh Deireadh Leo                  | –                                        | –                | –                       | 5                             | –                                       | 5                    |
| 52                            | Cáin Conarthaí Iomchuí <sup>c</sup>               | –                                        | (27)             | 20                      | 59                            | 8                                       | 51                   |
| <b>1,861</b>                  | <b>Iomlán</b>                                     | <b>38,874</b>                            | <b>38,412</b>    | <b>211</b>              | <b>2,112</b>                  | <b>669</b>                              | <b>1,443</b>         |
| <b>4.2%</b>                   | <b>Fiach mar % de na glanmhuirir a cruinníodh</b> |                                          |                  |                         | <b>5.4%</b>                   | <b>1.7%</b>                             | <b>3.7%</b>          |

Nótaí:

- a Meastar cáin a bheith gan íoc ón dáta a chuirtear an dliteanas ar thaifead an cháiniócóra - mar thoradh ar thuairisceán a fháil nó meastachán a ardú de ghnáth.
- b €44,700 milliún na glanmhuirir a cruinníodh sa bhliain go dtí Márta 2009.
- c Is é atá sna glanmhuirir a cruinníodh i leith Cánach Conarthaí Iomchuí measúnachtaí agus dearbhuithe €367.3 milliún a bhaineann le príomhchonraitheoirí, lúide éilimh €367.7 milliún ó fhochonraitheoirí. Is é atá sa ghlanaisíocaíocht €27 milliún €345.4 milliún a fuarthas ó phríomhchonraitheoirí agus €372.6 milliún a aisíocadh le fochonraitheoirí (nó a rinneadh a fhritháireamh i gcoinne dliteanas eile cánach).

12.14 As an gcáin iomlán atá gan íoc, tá €669 milliún ina ábhar achomhairc ag an gcáiníocóir agus, fad atá na hachomhairc á gcur de láimh, tá cosc ar na Coimisinéirí Ioncaim iarracht a dhéanamh an cháin sin a bhailiú. Méadú €41 mhilliún nó 7% is ea é thar an méid a bhí faoi achomharc dhá mhí dhéag roimhe sin. Méadaíodh ar an iarmhéid €1,443 mhilliún atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim lena bhailiú de €210 milliún nó 17% thar an méid a bhí i gceist i Márta 2009.

12.15 Leagtar amach i bh Fíor 52 anailís aosaithe ar an iarmhéid a bhí gan íoc an 31 Márta 2010 agus taispeántar ann gur bhain 26% den mhéid a bhí gan íoc leis an tréimhse cánach is déanaí (2009). I Márta 2009, b'ionann an méid a bhí gan íoc don tréimhse cánach ba dhéanaí an tráth sin (2008) agus 30% den mhéid iomlán a bhí gan íoc. Baineann 57% éigin den mhéid atá gan íoc le tréimhsí cánach roimh 2008.

**Fíor 52 Anailís Aosaithe ar Fhiach an 31 Márta 2010**


| An Cineál Cánach                 | An Cháin Iomlán gan Íoc an 31 Márta 2010 | Méideanna gan Íoc don Bhliain 2009 | Méideanna gan Íoc don Bhliain 2008 | Dlite don tréimhse 2005 go 2007 | Dlite do thréimhsí roimhe sin (.i. > 5 bliana d'aois) |
|----------------------------------|------------------------------------------|------------------------------------|------------------------------------|---------------------------------|-------------------------------------------------------|
|                                  | €m                                       | €m                                 | €m                                 | €m                              | €m                                                    |
| CBL                              | 633                                      | 274                                | 137                                | 121                             | 101                                                   |
| ÍMAT                             | 173                                      | 89                                 | 32                                 | 32                              | 20                                                    |
| ASPC                             | 254                                      | 148                                | 54                                 | 37                              | 15                                                    |
| Cáin Ioncaim                     | 426                                      | 3                                  | 86                                 | 136                             | 201                                                   |
| Cáin Chorporáide                 | 315                                      | 23                                 | 23                                 | 44                              | 225                                                   |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil         | 244                                      | 2                                  | 22                                 | 77                              | 143                                                   |
| Cáin Fháiltas Caipitiúil         | 3                                        | -                                  | -                                  | -                               | 3                                                     |
| Cánacha ar Cuireadh Deireadh Leo | 5                                        | -                                  | -                                  | -                               | 5                                                     |
| Cáin Conarthaí Iomchuí           | 59                                       | 11                                 | 9                                  | 31                              | 8                                                     |
| <b>Iomlán</b>                    | <b>2,112</b>                             | <b>550</b>                         | <b>363</b>                         | <b>478</b>                      | <b>721</b>                                            |
| Comparadóir <sup>a</sup>         | 1,861                                    | 559                                | 276                                | 531                             | 495                                                   |

Nóta:

a Is é atá iontu sin na figiúir chomhréireacha don mhéid a bhí gan íoc dhá mhí dhéag roimhe sin.

12.16 Méadaíodh ar an gcáin iomlán gan íoc thar an tréimhse mar a léirítear i bh Fíor 53 ina dtaispeántar freisin an ghluaiseacht gach mí sna tréimhsí dhá mhí dhéag go dtí Márta 2008 agus Márta 2009.

**Fíor 53 Fiach gan Íoc Gach Mí**



12.17 Baineann an méadú ar an méid cánach atá gan íoc sna míonna deireanacha gach bliain go príomha le méaduithe ar Cháin Ioncaim agus ar Cháin Ghnóchan Caipitiúil i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna nuair atá tuairisceáin le haghaidh an dá cháin dlite. Ar an gcaoi chéanna, méadaítear ar an méid ÍMAT agus ASPC i mí Feabhra nuair atá an tuairisceán bliantúil P35 dlite.

12.18 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur timpeallacht thar a bheith dúshlánach an timpeallacht airgeadais ina bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim agus a gcuid custaiméirí ag oibriú le blianta beaga anuas. Dúirt sí gur léiriú ar an anacair airgeadais atá á fulaint ag go leor gnóthaí é an méadú 91% ar an méid cánach atá gan íoc ó €1.1 billiún i Márta 2007 go €2.1 billiún i Márta 2010.

## Cáin agus ASPC a Dhíscríobh

12.19 I gcás nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim in ann cáin gan íoc a bhailiú nó i gcás ina measann siad go bhfuil an costas a ghabhfadh le bailiú díréireach, déantar na méideanna gan íoc a dhíscríobh. Ó thaobh riaracháin de, fanann an cháin go léir gan íoc ar thaifead an cháiníocóra ach cuirtear marcóir díscríofa ar thaifead ríomhaire an cháis a bhfuil d'éifeacht leis deireadh a chur le gníomhaíocht eile a dhéanamh chun an cháin a bhailiú. Déantar liostaí de na cásanna uile a bheartaítear a dhíscríobh a chur faoi bhráid Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim lena gceadú. Má thagann athrú ar imthosca cáis, baintear an marcóir díscríofa den taifead agus féadfar tosú arís ar iarrachtaí chun an cháin a bhailiú. Sa bhliain 2009, baineadh an marcóir díscríofa in 52 chás inar díscríobhadh €1.8 milliún roimhe sin.

12.20 Rinneadh €222 mhilliún de chánacha agus d'ASPC a dhíscríobh le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2009, méadú €93 mhilliún thar 2008. Baineann 90% de sin le méaduithe ar na méideanna a díscríobhadh le haghaidh CBL, ÍMAT agus ASPC. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur léiriú é an méadú ar an méid a díscríobhadh ar mhéadú ar ghnóthaí a dteipeann orthu.

12.21 Rinneadh measúnacht ar €220 milliún den díscríobh iomlán cás i ndiaidh a chéile. Rinneadh an €2 mhilliún eile, a bhaineann le 74,111 chás ina bhfuil iarmhéideanna is lú ná €1,000 i gceist agus a measadh nach mbeadh sé barainneach coinneáil leo, a dhíscríobh ar bhonn uathoibríthe. Taispeántar miondealú de réir an chineáil cánach ar an méid iomlán a díscríobhadh i bh Fíor 54. As an €222 mhilliún a díscríobhadh sa bhliain, bhain €204 mhilliún nó 92% le cánacha muiníneacha<sup>100</sup>.

#### Fíor 54 Cánacha a Díscríobhadh

| An Cineál Cánach         | 2008<br>€000   | 2009<br>€000   |
|--------------------------|----------------|----------------|
| Cáin Bhreisluacha        | 57,710         | 101,530        |
| ÍMAT                     | 19,831         | 37,145         |
| ASPC                     | 25,438         | 47,610         |
| Cáin Conarthaí Iomchuí   | 12,581         | 16,617         |
| Cáin Ioncaim             | 5,310          | 10,305         |
| Cáin Chorparáide         | 3,016          | 3,889          |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil | 985            | 2,610          |
| Díscríobh Uathoibríthe   | 4,125          | 1,842          |
| <b>Iomlán</b>            | <b>128,996</b> | <b>221,548</b> |

12.22 Déantar an chúis le haghaidh gach díscríobh a thaifeadadh agus leagtar amach i bh Fíor 55 an líon cásanna agus an méid a díscríobhadh le haghaidh gach earnáil. Bhain thart ar 88% (€195 mhilliún) den mhéid a díscríobhadh le gnóthaí ar scoireadh díobh nó a raibh deacrachtaí acu. Baineann an t-iarmhéid €27 milliún le cásanna nár bailíodh an méid gan íoc iontu mar gheall ar thosca amhail gan a bheith in ann a fháil amach cá raibh an cáiníocóir, cinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh bonn le hacmhainní a shannadh chun an méid gan íoc a bhailiú agus forais atruacha. Baineann 93% den mhéadú ar an méid a díscríobhadh le trí earnáil – leachtú/glacadóireacht/féimheacht, cásanna inar scoireadh de thrádáil agus cásanna nach raibh sé barainneach coinneáil leo.

<sup>100</sup>

Is iad na cánacha muiníneacha CBL, ÍMAT/ASPC, agus Cáin Conarthaí Iomchuí agus bailíonn gnóthaí iad thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus coinnítear iad in iontaobhas go dtí go n-íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad.

**Fíor 55 Cúiseanna le Díscriobh**

| An Chúis                                                                  | 2008            | 2008                           | 2009            | 2009                           |
|---------------------------------------------------------------------------|-----------------|--------------------------------|-----------------|--------------------------------|
|                                                                           | An Líon Cásanna | An Méid a Díscriobhadh<br>€000 | An Líon Cásanna | An Méid a Díscriobhadh<br>€000 |
| <b>Scor de Ghnó/Deacracht</b>                                             |                 |                                |                 |                                |
| Leachtú/Glacadóireacht/Féimheacht                                         | 728             | 78,041                         | 1,260           | 131,876                        |
| Scor de thrádáil – gan aon sócmhainní                                     | 709             | 26,633                         | 1,000           | 47,533                         |
| Gan a bheith inbhailithe mar gheall ar imthosca airgeadais an cháiníocóra | 134             | 3,752                          | 233             | 7,148                          |
| Scrúdaitheoireacht                                                        | 24              | 4,839                          | 28              | 7,497                          |
| Éagtha agus an tEastát a Bheith Dócmhainneach                             | 26              | 355                            | 49              | 746                            |
| <b>Cúiseanna Eile</b>                                                     |                 |                                |                 |                                |
| Ní féidir a fháil amach cá bhfuil an cáiníocóir/ Lasmuigh den Dlí nse     | 199             | 6,491                          | 209             | 6,409                          |
| Gan É a Bheith Barainneach Coinneáil Leo <sup>a</sup>                     | 240,445         | 7,404                          | 76,067          | 18,961                         |
| Forais Atruacha                                                           | 101             | 1,323                          | 76              | 1,197                          |
| Dlíteanas gan Bhunús                                                      | 32              | 158                            | 20              | 181                            |
| <b>Iomlán</b>                                                             | <b>242,398</b>  | <b>128,996</b>                 | <b>78,942</b>   | <b>221,548</b>                 |

Nóta:

a Lena n-áirítear 74,111 chás a rinneadh a dhíscriobh go huathoibríoch (239,909 sa bhliain 2008).

12.23 €3.46 milliún i leith CBL agus ÍMAT/ASPC an méid aonair is mó a díscriobhadh sa bhliain 2009. Bhí 15 chás eile ann ar mhó an méid a díscriobhadh ina leith ná €1 mhilliún.

12.24 Déanann Craobh Iniúchta Inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim scrúdú bliantúil ar dhíscriobh cánach a ghabháil de láimh. Rinneadh scrúdú ina hiniúchadh sa bhliain 2009 ar shampla de 269 gcás, arb ionann iad agus 30% (€65 mhilliún) de luach an dísríofa neamh-uathoibríthe (€220 milliún). Bhí an Chraobh Iniúchta Inmheánaigh sásta go raibh gach dísríobh de réir na gcritéir arna bhforordú. Rinne an Chraobh Iniúchta Inmheánaigh scrúdú freisin ar thorthaí an dísríofa uathoibríoch sa bhliain 2009 agus d'fhóirigh sí go ndearnadh na critéir roghnóireachta údaraithe a chur i bhfeidhm go cuí.

## Iniúchadh ar an gCuntas Ioncaim Stáit

12.25 Ceanglaítear orm faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 na nithe seo a leanas a dhéanamh

- cibé scrúduithe a dhéanamh is dóigh liom is cuí d'fhonn a fháil amach ar bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach ar mheasúnú, bailiú agus leithroinnt chuí ioncaim an Stáit a áirithiú agus chun a dheimhniú dom féin go ndéantar iad a úsáid agus a chur chun feidhme ar mhodh leordhóthanach
- scrúdú a dhéanamh ar chuntas an ioncaim stáit a fuair na Coimisinéirí Ioncaim agus a d'íoc siad leis an Státchiste (Cuntas na gCoimisinéirí Ioncaim) d'fhonn a dheimhniú dom féin go bhfuil sé críochnúil cruinn agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le torthaí an scrúdaithe sin.

12.26 Déanaim scrúdú ar bhonn timthriallach ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim chun cáin a mheasúnú agus a bhailiú.

12.27 Tagaim ar thuairim maidir le críochnúlacht agus cruinneas an Chuntais Ioncaim Stáit ar bhonn an scrúdaithe agus ar bhonn tástáil a dhéanann m'Oifigse ar na córais éagsúla a bhaineann le hadmhálacha, aisíocaíochtaí agus cuntasáíocht laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Téim i muinín na hoibre de réir córas dá dtagraítear thuas.

### Conclúid an Iniúchta

Leagtar amach in iarscríbhinn A an Cuntas Ioncaim Stáit mar aon le mo thuairim air. Thug mé tuarascáil shoiléir ar an gcuntas sin.



# **Iarscríbin A      Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009**

## **Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

### ***Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

### ***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

### ***Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

### ***Iniúchadh Inmheánach***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí

airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

***Josephine Feehily***

***Oifigeach Cuntasaíochta***

***Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim***

***31 Márta 2010***

## **Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009**

### **Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá imscrúdú déanta agam ar na ráitis airgeadais a bhaineann le fáil agus diúscairt Ioncaim an Stáit i rith na bliana 2009 a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam a leagtar amach ar leathanaigh 178 go 183 faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá anseo, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas ar Fháil agus Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh agus na nótaí lena mbaineann.

### ***Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Faoi Seach***

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Is í an fhreagracht atá ormsa ná na ráitis airgeadais a scrúdú faoi réir ag na riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla bainteacha agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais curtha i láthair i gceart de réir na mBeartas Cuntasaíochta i mo thuairim nó nach bhfuil. Tuairiscím freisin ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás a bhaineann le hábhar nuair nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche m'iniúchta.

### ***Bunús Tuairime***

Ag cleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi scrúdú ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir le hiad a bhainistiú agus a fheidhmiú. Thug mé faoi m'imscrúdú ar bhonn trialach a rinne athbhreithniú ar fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus don nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sna ráitis airgeadais. Chuimsigh sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus an raibh na beartais chuntasaíochta oiriúnach, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh go leordhóthanach.

Rinne mé pleanáil ar m'iniúchadh agus thug mé faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir, faisnéis agus sainmhínithe a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán de chur i láthair faisnéise sna ráitis airgeadais.

### ***Tuairim***

Is í an tuairim atá agam ná go dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn ar an gcuntas fáltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 agus ar na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin.

Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag aontú leo.



***Seán Ó Buachalla***

***An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste***

***10 Meán Fómhair 2010***

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 Beartais Chuntasaíochta

Cuireann na cuntais seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, ag aistriú na bhfáltais chuig an Státchiste. Ullmhaíodh na cuntais seo faoi réir Alt 3 (9) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Níl muirear ar bith san áireamh sna cuntais seo le haghaidh costais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí don chuspóir sin a vótáil agus tá cuntas orthu sa Chuntas Leithreasáil bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugtar suimeanna a fuarthas i leith pionóis agus ús a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim chun cuntais leis na socrúithe cánach agus dleachta bainteacha. Tugtar fíneálacha agus pionóis cúirte chun cuntais mar Leithreasáil i gCabhair de chuid Vóta 9.

Cuireann na cuntais seo na fáltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais eile i láthair mar seo a leanas:

- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Ranníocaíocht ÁSPC).
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Tobhach Sláinte agus Tobhach Tobac).
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha).
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna).
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Soilse).
- An Roinn Iompair (Táillí Muirí).
- Íoctar Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána agus Stampaí Táille i leith Táillí um Chlárlú Cuideachtaí leis an Státchiste.

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirear chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha agus Dleachtanna Soilse a bhailiú. Níl suimeanna a fuarthas i leith na muirir seo san áireamh sna cuntais seo ach tugtar cuntas orthu mar Leithreasáil i gCabhair de chuid Vóta 9.

Ullmhaíodh na cuntais seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail de Chuntasaíocht Rialtais. Ach amháin san áit a déantar cur síos air in alt 7, taispeánann na cuntais na suimeanna iarbhir a fuarthas agus a íocadh sa bhliain. Sa chás go bhfaightear suimeanna breise cánach, dleachta srl. i mblianta ina dhiaidh sin nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na nithe sin a thaifeadadh sa bhliain a fhaightear nó a aisíoctar iad.

Tugtar cuntas ar dhleachtanna custaim agus máil áirithe agus CBL ar iompórtálacha ar bhonn fabhrúithe sa mhéid is go ndéantar iad a thaifead mar fháltais sa bhliain lena mbaineann siad cé nach bhfaightear iad go dtí deireadh na bliana. Taispeántar an tsócmhainn chomhfhreagrach mar ioncam fabhrúithe i Ráiteas na nIarmhéideanna.

Tá fritháirimh san áireamh sna figiúirí d'fháltais agus aisíocaíochtaí comhlán do gach ceannteideal cánach i.e. cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar é a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile atá gan íoc.

## Cuntas ar an loncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí loncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

| Cuntas ar Fháltas agus ar Dhiúscairt an loncaim a Bailíodh                                    |       |                     |                     |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------|-------|---------------------|---------------------|
|                                                                                               | Nótaí | 2009<br>€000        | 2008<br>€000        |
| <b>Oilfháltais</b>                                                                            |       |                     |                     |
| Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh                                                              | 1     | 41,425,690          | 50,251,063          |
| Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile                                    | 2     | 9,318,329           | 9,809,999           |
| <b>Oilfháltais loncaim iomlána a Bailíodh</b>                                                 |       | <b>50,744,019</b>   | <b>60,061,062</b>   |
| <b>Aisíocaíochtaí</b>                                                                         |       |                     |                     |
| Aisíocaíocht ar Chánacha agus Dleachtanna                                                     | 3     | (8,148,354)         | (9,177,659)         |
| Aisíocaíocht ar Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile                    | 6     | (82,027)            | (71,020)            |
| <b>Aisíocaíochtaí iomlána</b>                                                                 |       | <b>(8,230,381)</b>  | <b>(9,248,679)</b>  |
| <b>Glanfháltais</b>                                                                           |       |                     |                     |
| Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh                                                              | 4     | 33,277,336          | 41,073,404          |
| Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile                                    | 6     | 9,236,302           | 9,738,979           |
| <b>Glanfháltais loncaim iomlána a Bailíodh</b>                                                |       | <b>42,513,638</b>   | <b>50,812,383</b>   |
| <b>Diúscairt na nGlanfháltas</b>                                                              |       |                     |                     |
| Cáin agus Dleachtanna Aistrithe chuid an Státhchiste                                          | 5     | (33,041,960)        | (40,776,164)        |
| An Tobhacha Tobac a Aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte                         | 5     | (167,605)           | (167,605)           |
| Fáltais a Aistriú chuig Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile                                          | 6     | (9,236,044)         | (9,741,943)         |
| <b>Diúscairt iomlán na bhFáltas loncaim a Bailíodh</b>                                        |       | <b>(42,445,609)</b> | <b>(50,685,712)</b> |
| <b>Glanfháltais a coinníodh ag Deireadh na Bliana</b>                                         |       | <b>68,029</b>       | <b>126,671</b>      |
| Iarmhéid Tosaigh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt loncaim amhail an 1 Eanáir          |       | (188,287)           | (314,958)           |
| <b>Iarmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt loncaim amhail an 31 Nollaig</b> |       | <b>(120,258)</b>    | <b>(188,287)</b>    |

Tá aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí a dhéanann suas iad

Is cuid de na Cuntais seo na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12

**William Funnell**

**Ard-Chuntasóir**

**Oifig na gCoimisinéirí loncaim**

**31 Márta 2010**

**Josephine Feehily**

**Oifigeach Cuntasaíochta**

**Oifig na gCoimisinéirí Cuntasaíochta**

**31 Márta 2010**

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

### Ráiteas ar larmhéideanna

|                                                                           | Nótaí | 2009<br>€000     | 2008<br>€000     |
|---------------------------------------------------------------------------|-------|------------------|------------------|
| <b>Sócmhainní</b>                                                         |       |                  |                  |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh                                            | 7     | 161,182          | 120,200          |
| Ioncam Fabhraithe                                                         | 8     | 15,230           | 14,523           |
| Réamhíocaíochtaí ar mhaithe le hIoncam                                    | 9     | 63               | 82               |
| Méideanna dlíte ó Ranna Rialtais                                          | 10    | 898              | 3,159            |
| <b>Iomlán na Sócmhainní</b>                                               |       | <b>177,373</b>   | <b>137,964</b>   |
| <b>Dlíteanais</b>                                                         |       |                  |                  |
| Méideanna ag Feitheamh Fáltas agus Leithdháileadh                         | 11    | (159,897)        | (111,075)        |
| Taiscí i Seilbh                                                           | 12    | (137,734)        | (215,176)        |
| <b>Iomlán na nDlíteanas</b>                                               |       | <b>(297,631)</b> | <b>(326,251)</b> |
| <b>Glandlíteanais</b>                                                     |       | <b>(120,258)</b> | <b>(188,287)</b> |
| <b>Arna mhaoiniú ag:</b>                                                  |       |                  |                  |
| <b>larmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim</b>  |       |                  |                  |
| larméid ar Chánacha agus Dhleachtanna dlíte ón Státchiste                 | 5     | (131,646)        | (199,417)        |
| larmhéid ar Fháltas bailithe agus dlíte chuig Ranna/Gníomhaireachtaí eile | 6     | 11,388           | 11,130           |
|                                                                           |       | <b>(120,258)</b> | <b>(188,287)</b> |

Tá aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí a dhéanann suas iad

Is cuid de na Cuntais seo na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12

**William Funnell**

**Ard-Chuntasóir**

**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**

**31 Márta 2010**

**Josephine Feehily**

**Oifigeach Cuntasaíochta**

**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**

**31 Márta 2010**

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

### Nótaí leis na Cuntais

#### Nóta 1. Cánacha agus Dleachtanna Comhlána a Bailíodh

|                             | 2009              | 2008              |
|-----------------------------|-------------------|-------------------|
|                             | €000              | €000              |
| Cáin Bhreisluacha           | 13,962,910        | 17,991,949        |
| Cáin Ioncaim                | 15,068,374        | 16,592,722        |
| Cáin Chorporáide            | 5,335,053         | 6,046,034         |
| Dleacht Mháil               | 4,949,536         | 5,702,770         |
| Dleachtanna Stampála        | 1,023,426         | 1,812,685         |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 606,420           | 1,493,984         |
| Cáin Fháltas Caipitiúil     | 267,996           | 350,536           |
| Dleacht Chustaim            | 211,975           | 260,383           |
|                             | <b>41,425,690</b> | <b>50,251,063</b> |

#### Nóta 2. Ollfháltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

|                                                       |                  |                  |
|-------------------------------------------------------|------------------|------------------|
| An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh          | 9,168,364        | 9,612,279        |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte                   | 121,011          | 166,037          |
| An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil | 24,165           | 26,287           |
| Coimisinéirí Soilse na hÉireann                       | 3,426            | 4,306            |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta            | 1,280            | 958              |
| An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach)            | 82               | 129              |
| An Roinn Iompair (Táillí Muirí)                       | 1                | 3                |
|                                                       | <b>9,318,329</b> | <b>9,809,999</b> |

#### Nóta 3. Aisiocaíochtaí ar Chánacha agus Dhleachtanna

|                             |                    |                    |
|-----------------------------|--------------------|--------------------|
| Cáin Bhreisluacha           | (3,325,047)        | (4,559,883)        |
| Cáin Ioncaim                | (3,229,019)        | (3,397,711)        |
| Cáin Chorporáide            | (1,445,602)        | (974,569)          |
| Dleacht Mháil               | (48,192)           | (103,206)          |
| Dleachtanna Stampála        | (22,558)           | (49,272)           |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | (61,754)           | (70,052)           |
| Cáin Fháltas Caipitiúil     | (12,378)           | (7,765)            |
| Dleacht Chustaim            | (3,804)            | (15,201)           |
|                             | <b>(8,148,354)</b> | <b>(9,177,659)</b> |



## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Nótaí leis na Cuntais

### Nóta 4. Ollfháltais Cánacha agus Dleachtanna

|                             | Ollfháltais       | Aisíocaíochtaí     | Glanfháltais      | Glanfháltais      |
|-----------------------------|-------------------|--------------------|-------------------|-------------------|
|                             | 2009              | 2009               | 2009              | 2008              |
|                             | €000              | €000               | €000              | €000              |
| Cáin Bhreisluacha           | 13,962,910        | (3,325,047)        | 10,637,863        | 13,432,066        |
| Cáin Ioncaim                | 15,068,374        | (3,229,019)        | 11,839,355        | 13,195,011        |
| Cáin Chorparáide            | 5,335,053         | (1,445,602)        | 3,889,451         | 5,071,465         |
| Dleacht Mháil               | 4,949,536         | (48,192)           | 4,901,343         | 5,599,564         |
| Dleachtanna Stampála        | 1,023,426         | (22,558)           | 1,000,869         | 1,763,414         |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 606,420           | (61,754)           | 544,666           | 1,423,932         |
| Cáin Fháltais Caipitiúil    | 267,996           | (12,378)           | 255,618           | 342,771           |
| Dleacht Chustaim            | 211,975           | (3,804)            | 208,171           | 245,183           |
|                             | <b>41,425,690</b> | <b>(8,148,354)</b> | <b>33,277,336</b> | <b>41,073,404</b> |

### Nóta 5. Cánacha agus Dleachtanna aistrithe chuig an Státhiste

|                             | larmhéid<br>amhail an | Glanfháltais      | lomlán<br>Aistrithe      | larmhéid<br>amhail an |
|-----------------------------|-----------------------|-------------------|--------------------------|-----------------------|
|                             | 1 Eanáir<br>2009      |                   |                          | 31 Nollaig<br>2009    |
|                             | €000                  | €000              | €000                     | €000                  |
| Cáin Bhreisluacha           | 32,533                | 10,637,863        | (10,669,652)             | 745                   |
| Cáin Ioncaim                | (6,657)               | 11,839,355        | (11,835,235)             | (2,537)               |
| Cáin Chorparáide            | 6,889                 | 3,889,451         | (3,900,306)              | (3,966)               |
| Dleacht Mháil               | (169,225)             | 4,901,343         | (4,870,157) <sup>a</sup> | (138,039)             |
| Dleachtanna Stampála        | (64,171)              | 1,000,869         | (929,510)                | 7,187                 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | (644)                 | 544,666           | (541,849)                | 2,173                 |
| Cáin Fháltais Caipitiúil    | 476                   | 255,618           | (254,258)                | 1,836                 |
| Dleacht Chustaim            | 1,382                 | 208,171           | (208,598)                | 955                   |
|                             | <b>(199,417)</b>      | <b>33,277,336</b> | <b>(33,209,565)</b>      | <b>(131,646)</b>      |

a Áirítear sa suim de €4,870,157,000, €167,605,000 a íocadh as na fáltais ón Dleacht Máil ar Thobac chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa Act, 1999, arna leasú ag an Acht Leithreasa, 2005.

## Cuntas ar an loncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí loncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Nótaí leis na Cuntais

### Nóta 6. Aistriú Fáltas chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

|                                                                       | larmhéid<br>amhail an<br>1 Eanáir<br>2009<br>€000 | Glanfháltais<br>€000 | lomlán<br>Aistrithe<br>€000 | larmhéid<br>amhail an<br>31 Nollaig<br>2009<br>€000 |
|-----------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------|----------------------|-----------------------------|-----------------------------------------------------|
| An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh <sup>a</sup>             | 7,012                                             | 9,086,416            | (9,085,913)                 | 7,515                                               |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte                                   | 3,214                                             | 121,011              | (121,753)                   | 2,471                                               |
| An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais<br>Áitiúil <sup>b</sup> | 520                                               | 24,095               | (23,394)                    | 1,220                                               |
| Coimisinéirí Soilse na hÉireann                                       | 239                                               | 3,426                | (3,589)                     | 77                                                  |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta                            | 145                                               | 1,280                | (1,341)                     | 84                                                  |
| An Roinn Airgeadais (loncam Ilghnéitheach) <sup>c</sup>               | (2)                                               | 72                   | (50)                        | 20                                                  |
| An Roinn Iompair (Táillí Muirí)                                       | 3                                                 | 1                    | (3)                         | 1                                                   |
|                                                                       | <b>11,130</b>                                     | <b>9,236,301</b>     | <b>(9,236,043)</b>          | <b>11,388</b>                                       |

a Tá an tsuim de €9,086,416,211 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €81,947,621

b Tá an tsuim de €24,094,667 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €70,026

c Tá an tsuim de €72,368 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €9,492

### Nóta 7. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh

|                                              | 2009<br>€000   | 2008<br>€000   |
|----------------------------------------------|----------------|----------------|
| larmhéid na gCuntas loncam sa Bhanc Ceannais | 20,837         | 28,038         |
| Airgead ar Láimh                             | 140,345        | 92,162         |
|                                              | <b>161,182</b> | <b>120,200</b> |

Léiríonn airgead ar láimh suimeanna atá á gcoinneáil i gcuntais na gCoimisinéirí loncaim i mbancanna tráchtála ar feitheamh próiseáil a chur i gcrích trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí loncaim.

### Nóta 8. loncam Fabhráithe

Léiríonn loncam Fabhráithe suimeanna chuí atá dlite do na Coimisinéirí loncaim do 2009 áit a bhfuarthas íocaíocht ina leith tar éis dheireadh na bliana.

### Nóta 9. Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hloncam

Bíonn Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hloncam ann mar thoradh ar nós imeachta cuntasaíochta a fheidhmítear sna dúichí i leith Dleachtanna Custaim agus Máil. Nuair atá easnamh maidir le hairgead a bhailiú mar thoradh ar nithe cosúil le seic atá gan íoc déantar é a líonadh go sealadach leis an meicníocht de "réamhíocaíocht" a tharraingítear ar chuntas de chuid na gCoimisinéirí loncaim. Déantar na "réamhíocaíochtaí" seo a ghlanadh ina dhiaidh sin nuair a fhaightear íocaíocht ón trádálaí.

## Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

### Nótaí leis na Cuntais

#### Nóta 10. Suimeanna Dlíte ó Ranna Rialtais

Nuair a bhíonn dliteanas ann mar thoradh ar Ranna Rialtais a bheith ag iompórtáil earraí, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an tsuim atá dlíte ar an Roinn ina dhiaidh sin.

#### Nóta 11. Suimeanna ar Feitheamh Fáltas agus Leithdháileadh

|                                                          | 2009             | 2008             |
|----------------------------------------------------------|------------------|------------------|
|                                                          | €000             | €000             |
| Taiscí Cánacha gan Leithdháileadh <sup>a</sup>           | (20,837)         | (28,038)         |
| Fáltais Chánach ar feitheamh Aistriú agus Leithdháileadh | (141,368)        | (82,872)         |
| Ilghnéitheach <sup>b</sup>                               | 2,308            | (165)            |
|                                                          | <b>(159,897)</b> | <b>(111,075)</b> |

a. Tá Taiscí Cánach gan Leithdháileadh (TCL) déanta suas don chuid is mó d'íocaíochtaí a dhéantar ar chuntas le linn iniúchtaí cánach agus socrúithe iniúchta nach bhfuil treoracha cuntasáíochta curtha i gcrích dóibh fós. Dá réir sin, ní féidir na híocaíochtaí a leithdháileadh chuig na ceannteidil chánacha chuig agus coinníonn na Coimisinéirí Ioncam i gcuntas TCL sa Bhanc Ceannais iad.

b. Baineann an t-iarhméid, don chuid is mó, le suimeanna san áit nach bhfuil foinsí cistí bunaithe go fóill.

#### Nóta 12. Taiscí i Seilbh

|                  | 2009             | 2008             |
|------------------|------------------|------------------|
|                  | €000             | €000             |
| Stampaí          | (1,311)          | (76,032)         |
| Bailitheoirí C&E | (7,845)          | (6,340)          |
| Bailitheoir AEP  | (128,578)        | (132,804)        |
|                  | <b>(137,734)</b> | <b>(215,176)</b> |

Léiríonn taiscí i seilbh suimeanna atá íoctha ag cáiníocóirí d'idirbhearta nár próiseáladh trí chórais chuntasáíochta na gCoimisinéirí Ioncaim fós iad.



## Caibidil 13

---

### Ioncam

**Feidhmíocht i dtaca le Bailiúchán, de réir Earnála  
agus Mírcheann Cánach**




## Feidhmíocht i dtaca le Bailiúchán, de réir Earnála agus Mírchéann Cánach

13.1 Ba é €42 bhilliún an glanmhéid ó chánacha agus ó ÁSPC sa bhliain 2009. B'ionann an tsuim sin agus laghdú 25% (€14 bhilliún) i gcomparáid leis an tsuim a bhí ann sa bhliain 2007. Bheifí ag súil le laghdú den sórt sin mar gheall ar an gcrapadh dian ar aschur sa gheilleagar agus mar gheall ar thitim ar phraghsanna. Faightear léiriú níos deimhní air sin de bharr roinnt táscairí tábhachtacha lena n-áirítear an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)<sup>101</sup>, éilimh chuardaitheora poist, iomarcaíochtaí agus tomhailt fuinnimh. De réir na bpraghsanna reatha margaidh, thit an OTN 18.5% thar an tréimhse<sup>102</sup>.

13.2 Idir na blianta 2007 agus 2009, tháinig méadú 283,753 ar líon iomlán na n-éilitheoirí ar liúntas cuardaitheora poist agus ar shochar cuardaitheora poist (sin méadú 164,956 i gcás an liúntais cuardaitheora poist agus méadú 118,797 ar an líon éilitheoirí ar shochar cuardaitheora poist). Tá an t-athrú ar chomhdhéanamh na n-éileamh cuardaitheora i ngach earnáil eacnamaíochta ar taispeáint i bh Fíor 56. Tá an anailís sin bunaithe ar an gcód slí beatha atá sannta d'éilitheoirí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí<sup>103</sup>.

**Fíor 56 Méadú glan ar Éilimh ó Chuardaitheoirí Poist de réir Earnála sna 24 mhí go dtí Nollaig 2009<sup>a</sup>**



Nóta:

a Ós rud é go gcuirtear na sonraí i láthair ar bhonn glan, ní léiríonn siad na héilitheoirí sin a thosaigh ag éileamh, agus a scor d'éileamh a dhéanamh, i rith na tréimhse. De bhreis air sin, is dóigh go mbaineann cuid den mhéadú ar líon na n-éilitheoirí ar liúntas cuardaitheora poist le daoine a raibh sochar cuardaitheora poist á éileamh acu.


<sup>101</sup> Is é atá san Olltáirgeacht Náisiúnta ná an t-aschur a tháirgeann na fachtóirí táirgeachta atá faoi úinéireacht ag cónaitheoirí tíre. Ní hionann é agus an Olltáirgeacht Intíre arb é atá ann ná an t-aschur a tháirgeann na fachtóirí táirgeachta atá suite i dtír gan spleáchas do náisiúntacht na húinéireachta.

<sup>102</sup> Cuntais Náisiúnta Ráithiúla, Ráithe 4 2009 agus Bliain 2009 (réamhleagan), Márta 2010, An Phríomh-Oifig Staidrimh.

<sup>103</sup> Tá an cód a shanntar do gach éilitheoir bunaithe ar an tslí bheatha is déanaí atá acu agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach ionann an tslí bheatha sin agus an ceann is mó oilteacht a bhaineann leo nó ina bhfuil an méid is mó ama caite acu. Rinneadh os cionn 80% de na héilitheoirí a chatagóiriú sa tslí sin.

13.3 Ba é 117,608 líon iomlan na n-éileamh iomarcaíochta a fuair an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta sna 24 mhí chéanna<sup>104</sup>. I bh Fíor 57, déantar anailís ar iomarcaíochtaí de réir earnála sna trí bliana ó 2007 go 2009.

**Fíor 57 Iomarcaíochtaí de réir Earnála 2007 go 2009<sup>a</sup>**



Nóta:

a Leis na sonraí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, déantar anailís ar iomarcaíochtaí de réir ghrúpa tionscal na bhfiontar inar tharla na hiomarcaíochtaí. Rinneadh na deich ngrúpa tionscail a athshainiú ina n-ocht ngrúpa le go gcomhfhreagróidh siad do na hearnálacha eacnamaíochta dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

13.4 Ba léir an crapadh ar aschur sa gheilleagar freisin mar gheall ar an laghdú ar thomhailt fuinnimh sna hearnálacha tábhachtacha táirgeachta sa bhliain 2008 de réir mar a thaispeántar i bhfíor 58.

**Fíor 58 Sciartha agus Ráta Fáis i dtaca le Tomhailt Iomlán Deiridh Fuinnimh de réir Earnála 2008**

|                              | Sciar sa bhliain<br>2008 | Fás sa bhliain<br>2008 |
|------------------------------|--------------------------|------------------------|
| Tionscail                    | 18.6%                    | – 5.4%                 |
| Iompar                       | 41.9%                    | – 1.3%                 |
| An Earnáil Chónaitheach      | 23.8%                    | + 8.8%                 |
| An Earnáil Tráchtála/Phoiblí | 13.5%                    | + 6.9%                 |
| Talmhaíocht                  | 2.2%                     | – 0.4%                 |
|                              | <b>100%</b>              | <b>+ 1.2%</b>          |

Foinse: Fuinneamh in Éirinn 1990-2008, Tuarascáil 2009, Fuinneamh Inmharthana Éireann.

<sup>104</sup>

Maidir leis na héilimh iomarcaíochta a fuarthas sna blianta 2008 agus 2009, áirítear éilimh iontu i leith iomarcaíochtaí a tharla i mblianta roimhe sin. De bhreis air sin, maidir le héilimh i leith iomarcaíochtaí a tharlaíonn sna blianta 2008 agus 2009, d'fhéadfadh sé nach bhfaighfear iad go dtí blianta dá éis sin.



13.5 De réir mar a thaispeántar leis na figiúirí maidir le héilimh ó chuardaitheoirí poist, iomarcaíochtaí agus tomhailt fuinnimh, ní raibh an tionchar céanna ag an gcrapadh sa gheilleagar ar gach earnáil.

### Béim na Caibidle

Ar bhonn an méid sin roimhe seo, bheifí ag súil le laghdú ar chánacha ar ghníomhaíochtaí gnó, ar bhrabúis agus ar fhostaíocht. Rinneadh iarracht san iniúchadh scrúdú a dhéanamh ar thionchar earnálach na laghrá ginearálta agus rinneadh iarracht go háirithe:

- torthaí feidhmíochta earnála a leithlisiú
- scrúdú a dhéanamh ar na gluaiseachtaí de réir cineáil cánach laistigh d'earnálacha.

13.6 Is féidir €11 bhilliún den laghdú €14 bhilliún sa toradh deiridh a anailísiú ar bhonn earnálach. Baineann an t-iarmhéid le cánacha agus tobhaigh éagsúla a ndéantar athbhreithniú ar leithligh orthu ag deireadh na caibidle seo.

### Fáltais 2007 go 2009 de réir Earnála<sup>105</sup>

13.7 Tá miondealú de réir earnála ar fáil i ndáil le CBL, ÍMAT, ÁSPC intíre i leith fostaithe<sup>106</sup>, cánach ioncain féinmheasúnaithe, cánach corparáide agus cánach gnóchan caipitiúil<sup>107</sup>. Bhain na nithe sin le 77% de na fáltais iomlána cánach agus ÁSPC sa bhliain 2007 agus sa bhliain 2009 araon. Tá comhdhéanamh na cánach a bhfuil sonraí earnálacha, chomh maith leis an athrú idir 2007 agus 2009, ar fáil ina leith, leagtha amach i bhfíor 59.

#### Fíor 59 Fáltais Chánach de réir Mírchinn Cánach a bhfuil Anailís Earnálach ar fáil ina Leith 2007 go 2009

| Mírchinn Cánach               | 2007          | 2009          | Athrú ó 2007 go 2009 <sup>a</sup> |              |
|-------------------------------|---------------|---------------|-----------------------------------|--------------|
|                               | €m            | €m            | €m                                | Céatadán     |
| CBL Intíre                    | 12,978        | 9,628         | (3,350)                           | (26%)        |
| ÍMAT                          | 10,155        | 8,488         | (1,667)                           | (16%)        |
| ÁSPC                          | 8,947         | 8,911         | (36)                              | (0.4%)       |
| Cáin Ioncain Féinmheasúnaithe | 2,309         | 987           | (1,322)                           | (57%)        |
| Cáin Chorporáide              | 6,393         | 3,890         | (2,503)                           | (39%)        |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil      | 3,097         | 544           | (2,553)                           | (82%)        |
| <b>Iomlán</b>                 | <b>43,879</b> | <b>32,448</b> | <b>(11,431)</b>                   | <b>(26%)</b> |

Nóta:

a Maidir le hathruithe a tugadh isteach i mBuiséad 2008 i ndáil leis na cánacha seo, measadh ina leith, tráth an Bhuiséid, go mbeadh costas glan ag gabháil leo sa bhliain 2008 i dtéarmaí bhailiúcháin laghdaithe tuairim is €700 milliún. Measadh go mbeadh tuairim is €3.5 billiún sa toradh glan breise sa bhliain 2009 ó na bearta i ndáil leis na cánacha seo a tugadh isteach i mBuiséad 2009 agus i mBuiséad Forlíontach 2009.

<sup>105</sup> Is éard is anailís earnála ann ná meastachán den toradh de réir na hearnála bunaithe ar eolas maidir leis na hiocaíochtaí a rinne gach cáiníocóir atá le fáil i gcóras Próiseála Cánachais Comhtháite Ioncain.

<sup>106</sup> Níl briseadh síos de réir na hearnála ar fáil do ÁSPC arna íoc ag daoine féinfhostaithe.

<sup>107</sup> Tá an tobhach ioncain a d'íoc fostaithe ÁSPC agus daoine féinfhostaithe, a tugadh isteach an 1 Eanáir 2009, fágtha as an anailís earnála chun comparáidí le bailiú in 2007 agus 2008, a mbaineann níos mó brí leo, a sholáthar. Áirítear ar na hiocaíochtaí a fuair na Coimisinéirí Ioncain i ndáil le ÍMAT agus cáin ioncain féinfhostaithe ar a bhfuil an anailís seo bunaithe méideanna i ndáil leis an tobhach ioncain nach féidir a aithint ina aonair do gach earnáil. Therefore, the levy has been deducted from the amounts allocated to each sector for these taxheads in the same proportion as total receipts for the taxheads, including the levy, are distributed across the sectors. Dá bhrí sin, tá an tobhach á asbhaint ó na méideanna atá leithdháilte do gach earnáil do na ceannteidil chánacha seo sa chomhréir chéanna agus a dhéantar fáltais iomlána do na ceannteidil chánacha, lena n-áirítear an tobhach, a leithdháileadh ar fud na n-earnálacha.

13.8 Gan éifeacht na n-athruithe de bharr athruithe i mbuiséid 2008 agus 2009 a chur san áireamh, bhí laghdú foriomlán €11.4 billiún nó laghdú 26% ann sa tréimhse dhá bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009 maidir leis an ngné seo de chánachas. Déantar anailís de réir earnála air seo i bhfíor 60. Taifeadadh laghduithe sa chuid is mó de na hearnálacha agus bhí na laghduithe sin sa réimse ó 90% (€739 milliún) i gcás na hearnála talmhaíochta, sealgaireachta agus foraoiseachta go dtí leibhéal 11% (€243 mhilliún) i gcás na hearnála iompair, stórála agus cumarsáide.

**Fíor 60 Toradh Cánach Earnála – Athrú 2007 go 2009<sup>a</sup>**

| Earnáil                                          | 2007          | 2009          | Athrú ó 2007 go 2009 |              |
|--------------------------------------------------|---------------|---------------|----------------------|--------------|
|                                                  | €m            | €m            | €m                   | %            |
| Tógáil                                           | 3,619         | 1,128         | (2,491)              | (69%)        |
| Trádáil Mhórthíola agus Mhiondíola               | 8,870         | 6,453         | (2,417)              | (27%)        |
| Eastát Réadach, Cíosanna agus Gníomhaíochtaí Gnó | 7,740         | 5,503         | (2,237)              | (29%)        |
| Monaraíocht                                      | 5,823         | 4,663         | (1,160)              | (20%)        |
| Idirghabháil Airgeadais                          | 4,515         | 3,525         | (990)                | (22%)        |
| Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht     | 817           | 78            | (739)                | (90%)        |
| Óstáin agus Bialanna                             | 1,500         | 1,190         | (310)                | (21%)        |
| Iompar, Stóráil agus Cumarsáid                   | 2,197         | 1,954         | (243)                | (11%)        |
| Mianadóireacht agus Cairéalacht                  | 247           | 118           | (129)                | (52%)        |
| Seirbhísí Pobail, Sóisialta agus Pearsanta       | 1,148         | 959           | (189)                | (16%)        |
| Iascaireacht                                     | 15            | 10            | (5)                  | (33%)        |
| Gníomhaíochtaí de chuid Teaghlach                | 11            | 7             | (4)                  | (36%)        |
| Eagraíochtaí seach-chríche                       | 4             | 5             | 1                    | 25%          |
| Leictreachas, Gás agus Soláthar Uisce            | 541           | 544           | 3                    | 1%           |
| Oideachas                                        | 587           | 670           | 83                   | 14%          |
| Sláinte agus Obair Shóisialta                    | 2,177         | 2,334         | 157                  | 7%           |
| Riarachán Poiblí agus Cosaint                    | 2,632         | 3,011         | 379                  | 14%          |
| Gach Earnáil Eile/Anaithnid <sup>b</sup>         | 1,436         | 296           | (1,140)              | (79%)        |
| <b>Gach Earnáil</b>                              | <b>43,879</b> | <b>32,448</b> | <b>(11,431)</b>      | <b>(26%)</b> |

Nótaí:


- a Tá leithroinnt i leith earnálacha bunaithe ar chóid NACE a úsáidtear san Aontas Eorpach chun aicmiú a dhéanamh chun críocha staidrimh. Tá an cód NACE a shanntar do gach clárúchán cánach ar leith bunaithe ar an ngníomhaíocht phríomha eacnamaíochta arna déanamh ag an gclárúchán sin. Tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil leithroinnt chóid NACE chuig cáiníocóirí go hiomlán beacht.
- b Ní dhéantar méid mór den cháin a bhailítear a shannadh d'earnáil – is anseo a taifeadadh an dara laghdú is mó i dtaca le bailliú cánach de, is é sin, ó €1.4 billiún sa bhliain 2007 go dtí €0.3 billiún sa bhliain 2009. Bhain an chuid is mó den laghdú sin le cáin ghnóchan caipitiúil atá comhionann le dhá thrian den cháin iomlán san earnáil seo. Is dócha gurb é is cúis leis an ardleibhéal cánach gnóchan caipitiúil a leithroinntear chuig an earnáil eile/anaithnid ná fócaíochtaí cánach gnóchan caipitiúil ag daoine nach bhfuil cláraithe i leith cánacha féinmheasúnaithe eile agus nár leithroinneadh cód earnála dóibh dá bharr sin.

13.9 I dtéarmaí iomlánacha, baineann €8.3 billiún den laghdú iomlán €11.4 billiún go formhór le laghduithe sna hearnálacha seo a leanas

- tógáil (€2.5 billiún)
- trádáil mhórdhíola agus mhiondíola (€2.4 billiún)
- eastát réadach, cíosanna agus gníomhaíochtaí gnó (€2.2 billiún)
- monaraíocht (€1.2 billiún).

13.10 Sa bhliain 2009, tháinig méadú ar ráta an laghdaithe agus bhí laghdú €7.1 billiún ann an bhliain sin i gcomparáid le €4.3 billiún sa bhliain 2008. I bhFíor 61, leagtar amach méid an athraithe sa bhliain 2008 agus sa bhliain 2009 de réir earnála. Cé gur thit an toradh sa dá bhliain i gcás an chuid is mó de na hearnálacha, léiríodh méadú i dtí eanáil in aghaidh gach bliana - riarachán poiblí agus cosaint, oideachas, agus sláinte agus obair shóisialta.

**Fíor 61 Athruithe sna Fáiltais Chánach de réir Earnála 2007 go 2009**



## Fáltais 2007 go 2009 de réir Chineál na Cánach

13.11 Nuair a aicmítear cáin de réir chineál na gníomhaíochta is cúis leis an gcáin, tugtar ceithre phríomhaicme – CBL intíre, cánacha fostaíochta (ÍMAT agus ÁSPC), cánacha ar bhrabúis (cáin ioncaim féinmheasúnaithe agus cáin chorparáide) agus cáin ghnóchan caipitiúil. Níl an laghdú €11.4 billiún idir 2007 agus 2009 dáilte go cothrom thar na cineálacha cánach de réir mar a thaispeántar i bh Fíor 62.

**Fíor 62 Athruithe sna Fáltais de réir Bliana Cánach 2007 go 2009**

| Aicmiú Cánach               | Laghdú sa bhliain 2008 | Laghdú sa bhliain 2009 | Iomlán        |
|-----------------------------|------------------------|------------------------|---------------|
|                             | €m                     | €m                     | €m            |
| CBL Intíre                  | 913                    | 2,437                  | <b>3,350</b>  |
| Cánacha Fostaíochta         | (267)                  | 1,970                  | <b>1,703</b>  |
| Cánacha ar Bhrabúis         | 1,974                  | 1,851                  | <b>3,825</b>  |
| Cáin Ghnóchan<br>Caipitiúil | 1,673                  | 880                    | <b>2,553</b>  |
| <b>Iomlán</b>               | <b>4,293</b>           | <b>7,138</b>           | <b>11,431</b> |

13.12 Tá an ghluaiseacht maidir le fáltais idir na blianta 2007 agus 2009, arna hanailísiú de réir earnála agus cineáil cánach, leagtha amach i bh Fíor 63.

**Fíor 63 Athrú ar Fháiltais Chánach 2009 i gcomparáid leis an mbliain 2007 de réir Cineáil Cánach agus Earnála**

| Earnáil                                          | CBL<br>Intíre <sup>a</sup> | Cánacha<br>Fostaíochta | Cánacha<br>ar<br>Bhrabúis | Cáin<br>Ghnóchan<br>Caipitiúil | Iomlán          |
|--------------------------------------------------|----------------------------|------------------------|---------------------------|--------------------------------|-----------------|
|                                                  | €m                         | €m                     | €m                        | €m                             | €m              |
| Tógáil                                           | (933)                      | (804)                  | (672)                     | (82)                           | <b>(2,491)</b>  |
| Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola               | (1,800)                    | (176)                  | (281)                     | (160)                          | <b>(2,417)</b>  |
| Eastát Réadach, Cíosanna agus Gníomhaíochtaí Gnó | (170)                      | (420)                  | (895)                     | (752)                          | <b>(2,237)</b>  |
| Monaraíocht                                      | (617)                      | (266)                  | (212)                     | (65)                           | <b>(1,160)</b>  |
| Idirghabháil Airgeadais                          | 213                        | (72)                   | (1,076)                   | (55)                           | <b>(990)</b>    |
| Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht     | (164)                      | (19)                   | (133)                     | (423)                          | <b>(739)</b>    |
| Óstáin agus Bialanna                             | (67)                       | (80)                   | (87)                      | (76)                           | <b>(310)</b>    |
| Iompar, Stóráil agus Cumarsáid                   | (41)                       | (34)                   | (112)                     | (56)                           | <b>(243)</b>    |
| Mianadóireacht agus Cairéalacht                  | (38)                       | (1)                    | (89)                      | (1)                            | <b>(129)</b>    |
| Seirbhísí Phobail, Shóisialta agus Phearsanta    | (105)                      | 22                     | (52)                      | (54)                           | <b>(189)</b>    |
| Iascaireacht                                     | (1)                        | 2                      | (4)                       | (2)                            | <b>(5)</b>      |
| Gníomhaíochtaí de chuid Teaghlach                | 1                          | 1                      | -                         | (6)                            | <b>(4)</b>      |
| Eagraíochtaí seach-chríche                       | (1)                        | 1                      | 1                         | -                              | <b>1</b>        |
| Leictreachas, Gás agus Soláthar Uisce            | (23)                       | 37                     | (2)                       | (9)                            | <b>3</b>        |
| Oideachas                                        | 37                         | 54                     | (3)                       | (5)                            | <b>83</b>       |
| Sláinte agus Obair Shóisialta                    | 46                         | 160                    | (11)                      | (38)                           | <b>157</b>      |
| Riarachán Poiblí agus Cosaint                    | 359                        | 5                      | 16                        | (1)                            | <b>379</b>      |
| Gach Earnáil Eile/Anaithnid                      | (46)                       | (113)                  | (213)                     | (768)                          | <b>(1,140)</b>  |
| <b>Gach Earnáil</b>                              | <b>(3,350)</b>             | <b>(1,703)</b>         | <b>(3,825)</b>            | <b>(2,553)</b>                 | <b>(11,431)</b> |
| <b>Athrú i gCéatadán</b>                         | <b>(26%)</b>               | <b>(9%)</b>            | <b>(44%)</b>              | <b>(82%)</b>                   | <b>(26%)</b>    |

Nóta:

a Leithroinntear CBL chuig earnáil an ghnó CBL-chláraithe a íocann an CBL a bhailítear leis na Coimisineirí Ioncaim.

13.13 Léirigh ocht n-earnáil laghdú thar gach cineál cánach<sup>108</sup>

- tógáil
- trádáil mhórdhíola agus mhiondíola
- eastát réadach, cíosanna agus gníomhaíochtaí gnó
- monaraíocht
- talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht
- óstáin agus bialanna
- iompar, stóráil agus cumarsáid
- mianadóireacht agus cairéalacht.

<sup>108</sup>

Thaifead an catagóir 'gach earnáil eile/ní fios' laghdú i ngach cineál cánach/

13.14 Maidir leis na cánacha iomlána san earnáil idirghabhála airgeadais, thit siad €990 milliún agus tháinig laghdú corradh le €1 bhilliún ar chánacha ar bhrabúis. Rinneadh an tsuim sin agus titim i gcánacha fostaíochta agus i gcáin ghnóchan chaipitiúil a fhritháireamh go páirteach trí mhéadú €213 mhilliún ar CBL. D'éirigh an laghdú €189 milliún san earnáil seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta as laghduithe i dtrí cinn de na cineálacha cánach, arna fhritháireamh go páirteach trí mhéadú €22 mhilliún nó 4% i gcánacha fostaíochta.

13.15 Tharla méaduithe i gcáin iomlán i dtrí earnáil

- baineann méadú €379 milliún san earnáil riaracháin phoiblí agus cosanta go mór le méaduithe ar CBL
- ba é €91 mhilliún méid iomlán na méaduithe ar chánacha fostaíochta agus ar CBL san earnáil oideachais agus níor fhrithairíodh iad ach go páirteach trí laghduithe ar chánacha ar bhrabúis agus ar Cháin Ghnóchan Caipitiúil
- baineann an méadú san earnáil sláinte agus oibre sóisialta go príomha le méaduithe ar chánacha fostaíochta.

13.16 Baineann níos mó ná an leathchuid den laghdú iomlán €3.4 billiún ar CBL le laghdú €1.8 billiún in earnáil na trádála mórdhíola agus miondhíola. Tharla €933 mhilliún eile den laghdú san earnáil tógála.

13.17 I dtéarmaí iomlánacha agus i dtéarmaí céatadáin araon, is i réimse na gcánacha fostaíochta a bhí an tionchar is lú mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta. Bhí méadú €267 milliún ann sa bhliain 2008 mar gheall ar mhéadú ar ÁSPC agus bhí laghdú €1.97 billiún ann ina dhiaidh sin sa bhliain 2009. San iomlán, thit fáлтаis ó cháin fostaíochta i ndeich n-earnáil agus beagnach €2 bhilliún a bhí sa laghdú iomlán. Frithairíodh an laghdú sin go páirteach mar gheall ar mhéadú comhiomlán €282 mhilliún in ocht n-earnáil.

13.18 Sa dá bhliain, tharla an laghdú ba mhó (€3.8 billiún) i réimse na gcánacha ar bhrabúis agus bhí laghdú ann i mbeagnach gach uile earnáil. Tharla an chuid is mó den laghdú san earnáil idirghabhála airgeadais (€1.1 billiún), san earnáil eastáit réadaigh, cíosa agus gníomhaíochtaí gnó (€895 mhilliún) agus san earnáil tógála (€672 mhilliún).

13.19 D'fhear an laghdú €2.5 billiún ar Cháin Ghnóchan Caipitiúil ar gach earnáil; bhí laghdú €768 milliún ann san “gach earnáil eile/anaithnid”, bhí laghdú €752 mhilliún ann san earnáil eastáit réadaigh, cíosa agus gníomhaíochtaí gnó agus bhí laghdú €423 mhilliún ann san earnáil talmhaíochta, sealgaireachta agus foraoiseachta.

## Fáltais 2007 go 2009 – Cánacha Eile

13.20 Tá na mionsonraí faoi na cánacha nach bhfuil aon anailís earnálach ar fáil ina leith, mar aon leis an ngluaiseacht sna fáltais idir 2007 agus 2009, leagtha amach i bhFíor 64.

**Fíor 64 Fáltais Chánach de réir Mírchinn Cánach nach bhfuil Anailís Earnálach ar fáil ina leith 2007 go 2009**

| Mírchinn Cánach                                     | 2007   | 2009  | Athrú ó 2007 go 2009 |          |
|-----------------------------------------------------|--------|-------|----------------------|----------|
|                                                     | €m     | €m    | €m                   | Céatadán |
| Cáin Ioncaim – Cáin Choinneála, Tobhach Cánach, etc | 1,118  | 2,364 | 1,246                | 111%     |
| CBL ar Allmhairí                                    | 1,541  | 1,010 | (531)                | (34%)    |
| Mál                                                 | 5,835  | 4,734 | (1,101)              | (19%)    |
| Dleachtanna Stampa                                  | 3,244  | 1,001 | (2,243)              | (69%)    |
| Dleachtanna Custam                                  | 273    | 208   | (65)                 | (24%)    |
| Cáin Fháltas Caipitiúil                             | 391    | 256   | (135)                | (35%)    |
|                                                     | 12,402 | 9,573 | (2,829)              | (23%)    |

13.21 Baineann an glanlaghdú €2.8 billiún go príomha le titim ar dhleachtanna stampa agus ar dhleachtanna máil. Fritháiríodh iad sin go páirteach trí na fáltais ón tobhach ioncaim a tugadh isteach sa bhliain 2009.

### Dleacht Mháil

13.22 Tá anailís ar dhleacht mháil de réir cineáil dleachta ar fáil agus tá an anailís sin leagtha amach i bhFíor 65 ina dtaispeántar gur le Cáin Chláraithe Feithiclí a bhaineann €1 billiún nó 94% den titim iomlán €1.1 billiún ar fháltais.

**Fíor 65 Dleacht Mháil de réir Cineáil Dleachta, 2007 go 2009**

| An Cineál Dleachta           | 2007         | 2009         | Méadú/ (Laghdú) |              |
|------------------------------|--------------|--------------|-----------------|--------------|
|                              | €m           | €m           | €m              | Céatadánach  |
| Beoir                        | 465          | 404          | (61)            | (13%)        |
| Leann Úll agus Leann Piorraí | 68           | 57           | (11)            | (16%)        |
| Biotáille                    | 368          | 264          | (104)           | (28%)        |
| Fíon                         | 230          | 243          | 13              | 6%           |
| Tobac <sup>a</sup>           | 1,024        | 1,049        | 25              | 2%           |
| Olaí Éadroma Hidreacarbóin   | 1,051        | 1,075        | 24              | 2%           |
| Olaí Hidreacarbóin Eile      | 1,153        | 1,120        | (33)            | (3%)         |
| Cáin Chláraithe Feithicle    | 1,406        | 375          | (1,031)         | (73%)        |
| Dleacht Eile                 | 70           | 147          | 77              | 110%         |
| <b>Iomlán</b>                | <b>5,835</b> | <b>4,734</b> | <b>(1,101)</b>  | <b>(19%)</b> |

Nóta:

a Ní áirítear an Tobhach Tobac a íoctar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as na fáltais ó dhleacht mháil ar thobac - €168 milliún i 2007 agus i 2009.

## Dleacht Stampa

13.23 Tá anailís ar dhleachtanna stampa de réir catagóire muirir ar fáil agus tá an anailís sin leagtha amach i bhFíor 66. Bhain laghdú sa dleacht ó idirbhearta talún agus maoine le €2 bhilliún nó 92% den laghdú iomlán €2.2 billiún.

**Fíor 66 Dleachtanna Stampa de réir Catagóire Muirir, 2007 go 2009<sup>a</sup>**

| Catagóir Muirir                       | 2007         | 2009         | Méadú/<br>(Laghdú) | Méadú/ (Laghdú)<br>Céatadánach |
|---------------------------------------|--------------|--------------|--------------------|--------------------------------|
|                                       | €m           | €m           | €m                 | %                              |
| Maoín Chónaithe                       | 1,018        | 149          | (869)              | (85%)                          |
| Maoín Neamhchónaithe                  | 1,363        | 178          | (1,185)            | (87%)                          |
| Scaireanna                            | 609          | 210          | (399)              | (66%)                          |
| Seiceanna                             | 19           | 37           | 18                 | 95%                            |
| Polasaithe Árachais                   | 3            | 2            | (1)                | (33%)                          |
| Gníomhais Ghinearálta                 | 18           | 36           | 18                 | 100%                           |
| Pionóis                               | 15           | 18           | 3                  | 20%                            |
| Cártaí Creidmheasa                    | 72           | 62           | (10)               | (14%)                          |
| Tobhach Neamh-Shaoil                  | 85           | 86           | 1                  | 1%                             |
| Tobhach Árachais Saoil <sup>b</sup>   | –            | 9            | 9                  | 100%                           |
| Cártaí ATM                            | 18           | 3            | (15)               | (83%)                          |
| Cártaí Dochair                        | –            | 1            | 1                  | 100%                           |
| Comhchártaí                           | 24           | 13           | (11)               | (46%)                          |
| Tobhach Árachais Sláinte <sup>c</sup> | –            | 197          | 197                | 100%                           |
| <b>Iomlán</b>                         | <b>3,244</b> | <b>1,001</b> | <b>(2,243)</b>     | <b>(69%)</b>                   |

Nótaí:

a Ba é a bhí sna fáiltais iomlána ó Dhleacht Chaipitiúil Cuideachtaí ná €0.1 milliún sa bhliain 2009 agus €0.3 sa bhliain 2007 agus, dá bhrí sin, ní taispeántar í.

b Tugadh isteach i mBuiséad Forlíontach Aibreán 2009

c Tugadh isteach i Meán Fómhair 2009 ar feadh tréimhse trí bliana.



## Conclúid

Gan tionchar na méaduithe buiséadacha a áireamh, tháinig laghdú €15 bhilliún ar ioncam an Stáit, lena n-áirítear ÁSPC, sa tréimhse 24 mhí go dtí deireadh na bliana 2009 agus sula ndéantar na fáлтаis ó thobhach ioncaim a chur san áireamh ar tobhach é trínar bailíodh €1 bhilliún sa bhliain 2009 rud a d'fhág go raibh glanlaghdú €14 bhilliún ann. Is féidir 79% den laghdú sin a anailísiú ar bhonn earnálach.

Tháinig laghdú suntasach ar gach cineál cánach sa tréimhse dhá bhliain agus tharla na laghduithe is mó i réimse na gcánacha ar bhrabúis (€3.8 billiún) agus i réimse an CBL intíre (€3.3 billiún). I dtéarmaí céatadáin, bhí an tionchar is mó ann i gcás cánach gnóchan caipitiúil ar tháinig laghdú 82% (€2.5 billiún) uirthi. Bhí an tionchar is lú ann i gcás cánacha fostaíochta ar tháinig laghdú €1.7 billiún nó 9% orthu.

Is féidir beagnach 73% den laghdú a chur i leith ceithre earnáil a bhí i measc na gceann sin inar thit fáлтаis ó gach cineál cánach i rith na tréimhse

- an earnáil tógála inar tharla laghdú beagnach €2.5 billiún
- earnáil na trádála mórdhíola agus miondhíola ina raibh an laghdú os cionn €2.4 billiún
- an earnáil eastáit réadaigh, cíosanna agus gníomhaíochtaí gnó inar tharla laghdú os cionn €2.2 billiún
- an earnáil mhonaraíochta ina raibh laghdú níos mó ná €1 bhilliún ann

I gCaibidil 18, déantar scrúdú ar thorthaí feidhmíochta ag an leibhéal eagrúcháin. B'fhiú do na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfaí, agus cé chomh mór a d'fhéadfaí, na moltaí faoi fheabhsú faisnéise feidhmíochta, de réir mar a leagtar amach sa Chaibidil sin, a chur i bhfeidhm ag an leibhéal earnálach.

Go háirithe, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir torthaí carntha na hiniúcháireachta randamaí go dtí seo a úsáid chun léiriú a thabhairt ar bhearnaí san iniúcháireacht earnálach<sup>109</sup>.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann é sin a dhéanamh.

<sup>109</sup>

I gCaibidil 12 de Thuarascáil Bhliantúil 2008, rinneadh scrúdú ar thorthaí iniúcháireachta randamaí le haghaidh dhá earnáil agus léiríodh difríochtaí suntasacha maidir le neamhchomhlíonadh sa dá earnáil.



## **Caibidil 14**

---

### **Ioncam**

**Idirghabhálacha Comhlíonta  
na gCoimisinéirí Ioncaim**



## Idirghabhálacha Comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim

14.1 Déanann an Chaibidil seo scrúdú ar na nithe seo a leanas

- méid agus torthaí sheiceáil comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim, iniúchtaí san áireamh
- méid na ngníomhartha díspregtha a d’eascair as neamh-chomhlíonadh
- an méid a foilsíodh mionsonraí faoi mhainnitheoirí
- torthaí imscrúduithe speisialta.

### Seiceálacha Comhlíonta

14.2 Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi raon seiceálacha le comhlíonadh na gcáiníocóirí a chinntiú. Tá dhá phríomhchatagóir i gceist ansin – iniúchtaí agus seiceálacha dearbhaithe. Seo a leanas na príomhrangúcháin iniúchta

- De ghnáth bíonn iniúchadh cuimsitheach mar fhreagra ar shaincheist a bhaineann le Cáin Ioncaim nó le Cáin Chorparáideach. Mar sin féin, breithnítear rioscaí suntasacha a bhaineann le cánacha eile chomh maith.
- Tugann iniúchtaí ilchánacha agus cánach aonair aghaidh ar chomhlíonadh cineál amháin cánach nó dleachta nó níos mó agus baineann siad go príomha le cánacha nach Cáin Ioncaim ná Cáin Chorparáide iad.
- Díríonn iniúchtaí a bhaineann le ceist aonair nó le hidirbheart aonair ar chúrsaí cánach níos sonrúla, lena n-áirítear obair chomhlíonta i ndáil le faoiseamh nó córas cánach faoi leith.

14.3 Tugann Fíor 67 achoimre ar thoradh chlár iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim 2009.

**Fíor 67 Gníomhaíocht Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim**

| Catagóir                             | 2008                           |                           | 2009                           |                           |
|--------------------------------------|--------------------------------|---------------------------|--------------------------------|---------------------------|
|                                      | An Líon<br>Curtha i<br>gcríoch | Toradh <sup>a</sup><br>€m | An Líon<br>Curtha i<br>gCríoch | Toradh <sup>a</sup><br>€m |
| Iniúchtaí Cuimsitheacha <sup>b</sup> | 3,904                          | 253                       | 4,353                          | 280                       |
| Iniúchtaí Cánach/Dleachta Aonair     | 6,082                          | 183                       | 5,053                          | 163                       |
| Iniúchtaí Ilchánacha/Ildleachta      | 2,065                          | 64                        | 1,735                          | 63                        |
| Iniúchtaí Ceiste/Idirbhearta Aonair  | 1,363                          | 58                        | 1,278                          | 97                        |
| <b>Iomlán Iniúchtaí</b>              | <b>13,414</b>                  | <b>558</b>                | <b>12,419</b>                  | <b>603</b>                |

Nótaí:

- a Tá an toradh in 2008 ath-luaithe chun an toradh measta de €11 milliún a bhfuiltear ag súil leis sna blianta amach romhainn mar thoradh ar shrianadh caillteanais tugtha ar aghaidh agus faoisimh ró-éilithe a eisiáimh. Ba €295 milliún an líon comhfhreagrach do 2009 agus níl sé curtha san áireamh sa toradh don bhliain sin.
- b Áirítear ann an toradh ó iniúchtaí randamacha a cuireadh i gcríoch i rith na bliana. Áirítear ann freisin an toradh ó iniúchtaí ar chásanna imscrúdaithe speisialta de thart ar €69 milliún (€90 milliún in 2008).

14.4 Cé gur thit an líon iomlán iniúchtaí a cuireadh i gcríoch faoi 995, tháinig méadú ar an toradh iomlán de €45 milliún. Cuireadh 449 iniúchadh cuimsitheach níos mói gcríoch sa bhliain 2009 ná sa bhliain 2008 agus ba €27 milliún an méadú a tháinig ar an toradh. Cé gur cuireadh 85 iniúchadh ceiste/idirbhirt aonair níos lú i gcríoch, tháinig méadú €39 milliún ar an toradh. Tháinig an laghdú ba mhó ar an líon iniúchtaí sa chatagóir Cánach/Dleachta Aonair, áit ar cuireadh 1,029 iniúchadh níos lú i gcríoch, i gcomparáid le 2008.

14.5 Áirítear ar na hiniúchtaí curtha i gcríoch a léirítear i bhFíor 67 torthaí scrúdaithe na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cibé an bhfuil ÍMAT/ÁSPC á bhfeidhmiú i gceart ag fostóirí. Tugann an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi chlár chigireachtaí fostóirí chomh maith lena chinntiú go bhfeidhmeofar ÁSPC i gceart. D'aithin an clár sin ráta neamh-chomhlíonta de 20% in 2009 (14% in 2008) agus tuairiscítear na cásanna sin chuig na Coimisinéirí Ioncaim le go ndéantar gníomh ina leith. I bhfianaise na n-imleachtaí d'ÍMAT agus do ÁSPC araon maidir leis an ráta neamh-chomhlíonta sin, d'iarr mé mionsonraí faoi na gníomhartha a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ina leith. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim comhordú ar mhionsonraí an ghnímh a dtugtar faoi mar thoradh ar fhaisnéis arna tuairisciú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Léirítear torthaí na n-iniúchtaí fostóra go léir sna staitisticí iniúchta ginearálta.

14.6 Tá an treocht maidir leis an gcéatadán d'iniúchtaí torthúla do 2007, 2008 agus 2009 do gach catagóir iniúchta leagtha amach i bhFíor 68.

#### Fíor 68 An Céatadán Iniúchtaí Torthúla 2007 to 2009

| Catagóir Iniúchta                  | An Céatadán Iniúchtaí Torthúla <sup>a</sup> |      |      |
|------------------------------------|---------------------------------------------|------|------|
|                                    | 2007                                        | 2008 | 2009 |
| Iniúchadh Cuimsitheach             | 67%                                         | 63%  | 68%  |
| Iniúchadh Cánach/Dleachta Aonair   | 54%                                         | 61%  | 70%  |
| Iniúchadh Ilchánach/Ildhleachta    | 57%                                         | 64%  | 67%  |
| Iniúchtaí Ceiste/Iidirbhirt Aonair | 49%                                         | 71%  | 86%  |

Nóta:

a Bunaítear figiúirí ar thorthaí iniúchta atá taifeadta ar Chóras Bainistithe Cásanna Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim. Níl gach iniúchadh taifeadta ar an gcóras sin.

14.7 Tá anailís ar an toradh iniúchta do gach catagóir iniúchta leagtha amach i bhFíor 69. Tá an toradh iniúchta iomlán de €603 milliún comhdhéanta de 76% cáin, 17% ús agus 7% pionóis. Tá éagsúlacht i gcomhdhéanamh an toraidh idir na catagóirí iniúchta éagsúla le 64% den toradh ag eascairt as iniúchtaí cuimsitheacha agus méadaíonn sin go dtí 95% ó iniúchtaí ceiste/idirbhirt aonair.

#### Fíor 69 Anailís ar Thoradh Iniúchta 2009

| Catagóir Iniúchta                  | Cáin       | Ús         | Pionóis   | Iomlán     |
|------------------------------------|------------|------------|-----------|------------|
|                                    | €m         | €m         | €m        | €m         |
| Iniúchtaí Cuimsitheacha            | 180        | 69         | 31        | 280        |
| Iniúchtaí Cánach/Dleachta Aonair   | 135        | 20         | 8         | 163        |
| Iniúchtaí Ilchánacha/Ildhleachta   | 51         | 7          | 5         | 63         |
| Iniúchtaí Ceiste/Iidirbhirt Aonair | 92         | 4          | 1         | 97         |
| <b>Iomlán</b>                      | <b>458</b> | <b>100</b> | <b>45</b> | <b>603</b> |

14.8 Déantar anailís ar an ngné cánach den toradh iniúchta (€458 milliún) de réir cinn cánach agus de réir an chineáil iniúchta i bhFíor 70. Is é CBL an cion is mó den toradh iniúchta iomlán agus an cion is mó d'fhormhór na gcatagóirí iniúchta. Is eisceacht é an catagóir Iniúchadh Cuimsitheach as a leanann go mbailítear níos mó Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide.

**Fíor 70 Anailís ar an Toradh Cánach de réir Cinn Cánach agus de réir an Chineáil Iniúchta 2009**

| Ceann cánach                 | An Cineál Iniúchta |                            |                       |                             | Iomlán     |
|------------------------------|--------------------|----------------------------|-----------------------|-----------------------------|------------|
|                              | Cuimsitheach       | Cáin/<br>Dleacht<br>Aonair | Ilcháin/<br>Ildleacht | Ceist/Ildirbheart<br>Aonair |            |
|                              |                    | €m                         | €m                    | €m                          |            |
| Cáin Ioncaim                 | 48                 | 2                          | 2                     | 6                           | 58         |
| Cáin Chorporáide             | 52                 | 8                          | 2                     | 27                          | 89         |
| Cáin Chonarthaí<br>Ábhartha  | 4                  | 8                          | 12                    | 2                           | 26         |
| CBL                          | 33                 | 76                         | 17                    | 46                          | 172        |
| ÍMAT/ÁSPC an<br>Fhostóra     | 16                 | 10                         | 8                     | 2                           | 36         |
| Eile, CGTsan<br>áireamh      | 17                 | 20                         | 2                     | 8                           | 47         |
| CAT agus Dleacht<br>Stampála | –                  | 4                          | –                     | –                           | 4          |
| Ilgheitheach <sup>a</sup>    | 10                 | 7                          | 8                     | 1                           | 26         |
| <b>Iomlán</b>                | <b>180</b>         | <b>135</b>                 | <b>51</b>             | <b>92</b>                   | <b>458</b> |

Nóta:

a Déantar an ghné seo den toradh a iarchur le formhuiniú agus áirítear ann roinnt cinn chánach éagsúla.

14.9 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go léiríonn an méadú ar an toradh iomlán in ainneoin an líon íslithe iniúchtaí go bhfuil ag éirí le hiarrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim díriú ar na cásanna lena mbaineann an riosca is mó. Is de bharr laghdú ar an líon iniúchtaí ar Dhleacht Stampála agus ar Cháin Fháiltas Caipitiúil, a léirigh na dálaí eacnamaíochta athraithe, a tháinig laghdú suntasach ar an líon Iniúchtaí Cánach/Dleachta Aonair. Bhí tionchar ag an laghdú ar líon foirne na gCoimisinéirí Ioncaim ó 6,575 go dtí 6,100 le linn 2009 ar ghníomhaíocht iniúchta chomh maith. Maidir leis an gcéatadán iniúchtaí torthúla, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur léirigh an méadú sna catagóirí iniúchta go léir go raibh na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint ar aghaidh le héifeacht na n-iniúchtaí ar cháiniocóirí comhlíontacha a laghdú.

### Iniúchtaí Cuimsitheacha

14.10 Déantar tuilleadh anailíse ar thoradh an 4,353 iniúchadh cuimsitheach a cuireadh gcríoch in 2009 i bhFíor 71. Áirítear ar an toradh de €280 milliún táillí úis de €69 milliún agus pionóis de €31 milliún. Ba iad na socrúithe b'airde €4.1 milliún do Cháin Ioncaim agus €35.43 milliún do Cáin Chorparáide. Cuireadh iniúchtaí cuimsitheacha i gcríoch maidir le 23 cás faoi chuntais neamhchónaitheacha bhréige le líon iomlán socrúithe de €11 milliún déanta ina leith, maidir le 191 cás faoi shócmhainní eischósta le líon iomlán socrúithe de €30 milliún déanta ina leith, agus maidir le 194 cás faoi tháirgí árachais saoil le líon iomlán socrúithe de €28 milliún déanta ina leith<sup>110</sup>.

**Fíor 71 Toradh ó Iniúchtaí Cuimsitheacha**

| Socrúithe Comhaontaithe   | 2008         |              | 2009         |              |
|---------------------------|--------------|--------------|--------------|--------------|
|                           | Líon         | Toradh<br>€m | Líon         | Toradh<br>€m |
| €1 go dtí €30,000         | 1,480        | 14           | 1,842        | 18           |
| €30,001 go dtí €100,000   | 516          | 29           | 593          | 33           |
| €100,001 go dtí €500,000  | 368          | 80           | 417          | 86           |
| €500,001 go dtí €1m       | 55           | 36           | 49           | 34           |
| Os cionn €1m              | 36           | 94           | 33           | 109          |
| Gan cáin bhreise infoctha | 1,449        | –            | 1,419        | –            |
| <b>Iomlán</b>             | <b>3,904</b> | <b>253</b>   | <b>4,353</b> | <b>280</b>   |

### Meastóireacht Riosca

14.11 Baineann na Coimisinéirí Ioncaim úsáid as córas meastóireachta agus próifílithe riosca (REAP) chun cabhrú le cásanna a roghnú le hiniúchadh. Bhí 71% de na hiniúchtaí a cuireadh gcríoch go hiarbhír in 2009 agus a bhí taifeadta i gCóras Bainistithe Cásanna Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim<sup>111</sup> (ACM) agus ar tugadh rangú ó thaobh riosca dóibh<sup>112</sup> sa 20% ba airde ó thaobh riosca. Tugann Fíor 72 imlíne ar an méid ar thit gach cineál iniúchta isteach sa rangú riosca níos airde.

<sup>110</sup> Bailíodh cuid den toradh i roinnt de na cásanna imscrúduithe speisialta sin i mblianta roimhe sin.

<sup>111</sup> Ní dhéantar gach iniúchadh a thaifeadadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna Iniúchta.

<sup>112</sup> Ní thugtar rangú ó thaobh riosca do gach cás, mar shampla, eisítear cásanna nach bhfuil 'beo' níos mó.



**Fíor 72 An Céatadán Iniúchtaí a Socraíodh in 2009 a bhí sa 20% ab Airde ó thaobh Riosca**

| <b>An Cineál Iniúchta</b>         | <b>An Líon Curtha i gCríoch</b> | <b>An Líon Taifeadta in ACM</b> | <b>An Líon a Bhain le Riosca</b> | <b>An Líon sa 20% ab Airde</b> | <b>% sa 20% ab Airde</b> |
|-----------------------------------|---------------------------------|---------------------------------|----------------------------------|--------------------------------|--------------------------|
| Iniúchtaí Cuimsitheacha           | 4,353                           | 4,330                           | 3,805                            | 2,444                          | 64%                      |
| Iniúchtaí Cánach/Dleachta Aonair  | 5,053                           | 4,297                           | 3,899                            | 2,894                          | 74%                      |
| Iniúchtaí Ilchánacha/Ildleachta   | 1,735                           | 1,734                           | 1,689                            | 1,417                          | 84%                      |
| Iniúchtaí Ceiste/Idirbhirt Aonair | 1,278                           | 1,278                           | 1,163                            | 744                            | 64%                      |
| <b>Iomlán Iniúchtaí</b>           | <b>12,419</b>                   | <b>11,639</b>                   | <b>10,556</b>                    | <b>7,499</b>                   | <b>71%</b>               |

14.12 Tosaíodh ag obair ar scóip REAP a leathnú chun meastóireacht riosca ó thaobh cáiníocóirí ÍMAT a chur san áireamh. Rinneadh meastóireacht riosca ar cháiníocóirí ÍMAT in 2009 agus bunaíodh aonaid in dá réigiún chun anailís a dhéanamh ar na torthaí.

14.13 Táthar fós ag obair ar shamhail a fhorbairt le go mbeifear in ann na scóir riosca ó REAP a úsáid chun an toradh iniúchta a thuar. Baineadh úsáid as an tsamhail ar bhonn píolótach i réigiún amháin agus tá dréacht de na réamh-thorthaí fós le breithniú ag an mbainistíocht shinsearach sna Coimisinéirí Ioncaim.

14.14 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nárbh fhéidir comparáid a dhéanamh idir torthaí iniúchtaí a fuarthas ó REAP agus iad sin a fuarthas ar shlí eile de bharr shaincheistanna cáilíochta maidir le hiniúchtaí a rangú mar iniúchtaí REAP nó neamh-REAP arna roghnú ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá athruithe ar an gCóras Bainistithe Cásanna Iniúchta á dtabhairt isteach chun na rialacha riosca a thaifeadadh a mbíonn mar thoradh orthu go roghnaítear cás le hiniúchadh agus go leantar dul chun cinn an iniúchta, rud a aithníonn an méid a ndearnadh scrúdú ar na rioscaí sin san iniúchadh.

**Seiceálacha Dearbhaithe**

14.15 Cuirtear tús le seiceálacha dearbhaithe le haidhm agus dearbhú a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, gan úsáid a bhaint as iniúchadh a thógann go leor acmhainní ná gníomhaíocht fhorfheidhmithe, go bhfuil na réimsí a bhíonn mar ábhar na seiceála á gcomhlíonadh go ginearálta ag an gcustaiméir. Áirítear ar sheiceálacha dearbhaithe

- fíorú cáipéisíochta agus iarratas ar fhaisnéis i ndáil le Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide, CBL agus cánacha caipitiúla
- seiceálacha ar cháipéisíocht chustaim
- seiceálacha máil lena n-áirítear VRT
- seiceálacha a eascraíonn as tuairiscí faoi idirbhearta a mbítear in amhras fúthu<sup>113</sup>
- seiceálacha incháilitheachta a eascraíonn as scéimeanna um nochtadh deonach imscrúdaithe speisialta
- fiosruithe a scrúdaíonn gné amháin de chás chun críche tástáil a dhéanamh ar riosca dealraitheach a thug REAP chun solais.

<sup>113</sup> Faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 (arna leasú) éilítear ar chomhlachtaí ainmnithe tuairisc a thabhairt chuig an Garda Síochána agus chuig na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go bhfuil amhras orthu go ndearnadh cion sciúrtha airgid. Tugtar Tuairiscí faoi Idirbhearta Amhrasacha ar na tuairiscí sin.

14.16 Tá fás suntasach tagtha ar an líon seiceálacha dearbhaithe tuairiscithe, ó 98,981 in 2005 go dtí 361,480 in 2009. D'fhéadfadh cuid den mhéadú sin a bheith de bharr nach ndearnadh taifeadadh roimhe agus de bharr feasachta i gceantair ar an ngá le seiceálacha den sórt sin a logáil. Tá grúpa inmheánach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag déanamh scrúdú ar an gcóras seiceálacha agus tuairiscithe dearbhaithe reatha, lena n-áirítear an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le seiceáil dhearbhaithe, an cur chuige foriomlán ar sheiceálacha den sórt sin agus an córas chun Seiceálacha Dearbhaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú.

14.17 Tá anailís ar sheiceálacha dearbhaithe 2009 de réir chineáil leagtha amach i bhFíor 73.

### Fíor 73 Seiceálacha Dearbhaithe 2009

| An Cineál Seiceála                                              | An Líon<br>Iomlán | An Líon<br>Comhlíontach | An Líon<br>Neamh-<br>Chomhlíontach | An Líon le<br>toradh | Toradh<br><br>€m |
|-----------------------------------------------------------------|-------------------|-------------------------|------------------------------------|----------------------|------------------|
| Fíorú                                                           |                   |                         |                                    |                      |                  |
| Cáipéisí/iarratais ar<br>Fhaisnéis Bhreise                      | 176,344           | 164,641                 | 11,703                             | 7,156                | 48.8             |
| Custaim                                                         | 97,437            | 81,029                  | 16,408                             | 10,308               | 2.3              |
| Mál                                                             | 53,222            | 47,844                  | 5,378                              | 4,253                | 5.3              |
| Tuairiscí faoi<br>Idirbhearta<br>Amhrasacha                     | 9,679             | 9,243                   | 436                                | 14                   | 0.3              |
| Imscrúduithe<br>Speisialta –<br>Seiceálacha<br>Incháilitheachta | 772               | 714                     | 58                                 | 13                   | 0.8              |
| Fiosruithe Riosca<br>Sonracha <sup>a</sup>                      | 24,026            | 22,297                  | 1,729                              | 925                  | 11.0             |
| <b>Iomlán</b>                                                   | <b>361,480</b>    | <b>325,768</b>          | <b>35,712</b>                      | <b>22,669</b>        | <b>68.5</b>      |

Nóta:

a Déanann na seiceálacha sin scrúdú ar cheann de na rioscaí arna dtabhairt chun solais ag REAP i ngach cás.

### Iniúchtaí Randamacha

14.18 Roghnaítear thart ar 400 iniúchadh randamach lena churi gcríoch gach bliain. Léirítear toradh na gclár iniúchta randamach do 2006 go dtí 2009, amhail an 31 Márta 2010, i bhFíor 74.

**Fíor 74 Cláir Iniúchta Randamacha 2006 go dtí 2009**

| <b>An Líon Cásanna</b>                                    | <b>2006</b> | <b>2007</b> | <b>2008</b> | <b>2009</b> |
|-----------------------------------------------------------|-------------|-------------|-------------|-------------|
| Sampla Roghnaithe                                         | 402         | 401         | 403         | 400         |
| Cásanna Curtha i gCríoch                                  | 387         | 390         | 383         | 276         |
| Cásanna Ligtha le Sruth                                   | 4           | 2           | 1           | -           |
| Tréimhse Mhícheart Iniúchta <sup>a</sup>                  | 11          | 1           | -           | -           |
| Cásanna idir lámha amhail an 31/03/2010                   | -           | 8           | 19          | 124         |
| <b>Toradh</b>                                             | <b>€</b>    | <b>€</b>    | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Toradh don Bhonnbhliain                                   | 1,502,106   | 793,775     | 1,145,241   | 379,659     |
| Toradh ó Bhlianta Eile                                    | 768,020     | 1,154,803   | 1,330,128   | 269,548     |
| Toradh Iomlán                                             | 2,270,126   | 1,948,578   | 2,475,369   | 649,207     |
| Meántoradh don Bhonnbhliain                               | 3,881       | 2,035       | 2,990       | 1,376       |
| Meántoradh Iomlán                                         | 5,866       | 4,996       | 6,463       | 2,352       |
| <b>Cásanna torthúil mar % de chásanna curthaí gcríoch</b> | <b>31%</b>  | <b>33%</b>  | <b>30%</b>  | <b>29%</b>  |

Nóta:

a B'ionann an toradh ó na cásanna don tréimhse mhícheart iniúchta in 2006 agus €114,191 agus níl sé curtha san áireamh san fhigiúr iomlán don toradh do 2006.

14.19 Tá an líon cásanna torthúla fós thart ar 30% agus cé gur tháinig titim sa mheántoradh do chásanna 2007, tháinig méadú arís air don chlár 2008. Is €1,376 an meántoradh don bhonnbhliain don chlár 2009 faoi láthair, bunaithe ar chur i gcríoch 276 den 400 iniúchadh atá beartaithe. Léiríonn taithí ó bhlianta roimhe seo gur dócha go dtiocfaidh méadú ar an meántoradh sin de réir mar a chuirtear níos mó iniúchtaí gcríoch.

14.20 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh torthaí na gclár iniúchta randamach le blianta beaga anuas comhsheasmhach lena chéile go bunúsach. Thug sí ar aird go mbíonn an meántoradh beag agus go léiríonn sí roinnt asluiteach. Le ceithre bliana anuas ní raibh toradh ar bith ar thart ar 70% d'iniúchtaí randamacha agus ní raibh ach toradh fíorbheag leis an bhformhór díobh.

**Neamh-Chomhlíonadh – Gníomhartha Díspreagtha**

14.21 Tá dhá phríomhchatagóir ag forálacha díspreagtha na gCoimisinéirí Ioncaim – pionóis shibhialta agus imeachtaí coiriúla. I gcásanna áirithe, foilsíonn siad mionsonraí daoine a rinne mainneachtain ar n-oibleagáidí i leith na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Pionóis Shibhialta**

14.22 Sa chás go ndéantar tuairisceáin mhíchearta go calaoiseach nó go faillíoch is ghnách go ngearrtar pionóis. Eascraíonn sin go príomha as iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim. B'ionann pionóis shibhialta a gearradh mar thoradh ar iniúchtaí 2009 agus €45.3 milliún (€42.2 milliún in 2008).

14.23 Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim pionóissibhialta a ghearradh mar thoradh ar mhainneachtain a dhéanamh tuairisceáin a chur isteach go tráthúil chomh maith. In 2009, ghearr na Coimisinéirí Ioncaim pionóis arb ionann an líon iomlán agus €1.7 milliún i leith 519 cás nár chuir tuairisceáin P35 isteach go tráthúil. De bharr athraithe sa reachtaíocht a d'éiligh go n-

eiseofaí litir bhreise i ngach cás, ní dheachthas i mbun ionchúisimh shibhialta de bharr neamh-íocaíocht na bhfíneálacha sin in 2009.

### ***Imeachtaí Coiriúla***

14.24 Eascraíonn imeachtaí coiriúla i ndáil le neamh-chomhadú tuairisceán, ionchúiseamh go hachomair mar gheall ar chionta éagsúla eile a bhaineann le cáin agus custaim agus mál, agus ionchúisimh mar gheall ar imghabháil thromchúiseach.

#### ***Neamh-Chomhadú Tuairisceán***

14.25 Bhí mar thoradh ar ionchúisimh choiriúla maidir le mainneachtain a dhéanamh i leith tuairisceáin CBL a chomhadú gur éisteadh 82 cás sa Chúirt in 2009 agus gur gearradh €702,335 i bhfíneálacha. Bhí 1,147 ciontú ann as ucht mainneachtain a dhéanamh tuairisceáin Cháin Ioncaim agus Cháin Chorpáraide a chomhadú agus gearradh €2.3 milliún i bhfíneálacha. Lean ionchúisimh choiriúla as mainneachtain a dhéanamh fineálacha P35 a íoc in 183 cás. Ina theannta sin, ciontaíodh cás amháin as ucht mainneachtain a dhéanamh tuairisceáin Cháin Chonartha Ábhartha a chomhadú agus gearradh fineáil de €1,300.

#### ***Ionchúisimh go hAchomair de bharr Cionta Custaim agus Máil***

14.26 D'éirigh le 535 ionchúiseamh go hachomair de bharr cionta custaim agus máil in 2009 as a lean fineálacha de €826,894. Áiríodh orthu sin cásanna de chionta ó thaobh smuigléireacht toitíní, ola marcáilte, ceadúnas máil agus VRT.

#### ***Ionchúisimh go hAchomair de bharr Cionta Cánacha***

14.27 Rinneadh naoi gciontú de bharr cionta cánacha seachas neamh-chomhadú tuairisceán agus gearradh méid iomlán fineálacha de €14,115. Bhain seacht gcinn de na cásanna sin le mainneachtain a dhéanamh ráiteas cúrsaí a chur isteach, bhain ceann amháin le mainneachtain a dhéanamh leabhair agus taifid a chur ar fáil agus bhain ceann eile le hainm bréagach a thabhairt d'Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

#### ***Ionchúisimh de bharr Imghabháil Chánach Thromchúiseach***

14.28 Bhí 107 cás faoi imghabháil chánach thromchúiseach ag céimeanna éagsúla den phróiseas imscrúdaithe agus ionchúisimh ag deireadh 2008. In 2009, cinneadh go raibh 23 cás oiriúnach le himscrúdú le súil agus ionchúiseamh a dhéanamh (36 in 2008). Fuarthas ciontuithe i sé chás a cinneadh sa Chúirt in 2009 agus tá mionsonraí faoin 6 cás leagtha amach i bhFíor 75. Aithníodh cúig cinn de na cásanna sin mar oiriúnach le himscrúdú ar dtús, le súil agus ionchúiseamh a dhéanamh mar thoradh ar iniúchtaí agus seiceálacha na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcás amháin, scaoileadh duine saor ar achomharc tar éis 4 mí de phianbhreith coinneála 20 mí a chur isteach, agus cuireadh an 16 mí eile den phianbhreith ar fionraí.

**Fíor 75 Ciontuithe de bharr Imghabháil Chánach Thromchúiseach in 2009**

| <b>Gairm Bheatha/<br/>Gníomhaíocht</b> | <b>Fíneáil</b> | <b>Cáin Mheasta i<br/>mBaol</b> | <b>Cion</b>                                                                                                                                                                                                                                    |
|----------------------------------------|----------------|---------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Forbróir Maoine                        | €2,250         | €21,000                         | Tuairisceán CGT mícheart a chur isteach                                                                                                                                                                                                        |
| Tógálaí <sup>a</sup>                   | -              | €500,000                        | Mainneachtain a dhéanamh tuairisceáin CBL a chur isteach; mainneachtain a dhéanamh CBL a íoc; mainneachtain a dhéanamh tuairisceáin Cháin Ioncaim a chur isteach; sonraisc mhíchearta a eisiúint; mainneachtain a dhéanamh taifid a choinneáil |
| Cúiréir <sup>b</sup>                   | -              | €200,000                        | Tuairisceáin Cháin Ioncaim mhíchearta a chur isteach, sonraisc mhíchearta a eisiúint; aisíocaíochtaí CBL a éileamh go bréagach                                                                                                                 |
| Tógálaí                                | €3,500         | €50,000                         | Tuairisceán Cháin Ioncaim mícheart a chur isteach; mainneachtain a dhéanamh taifid a choinneáil                                                                                                                                                |
| Fo-Chonraitheoir<br>Foirgníochta       | €500,000       | €100,000                        | Mainneachtain a dhéanamh tuairisceáin CBL a chur isteach; mainneachtain a dhéanamh CBL a íoc                                                                                                                                                   |
| Garda Slándála                         | €3,700         | €150,000                        | Tuairisceáin Cháin Ioncaim mhíchearta a chur isteach                                                                                                                                                                                           |

## Nótaí:

- a Gearradh pianbhreith coinneála 20 mí, agus cuireadh 16 mí de ar fionraí ar achomharc tar éis ceithre mhí a bheith curtha isteach.
- b Gearradh pianbhreith ar fionraí trí bliana.

14.29 Dúnadh 13 cás le linn 2009 agus mar sin bhí 111 cás ag céimeanna éagsúla den phróiseas imscrúduithe agus ionchúisimh ag deireadh 2009. Léirítear stádas na gcásanna sin amhail dheireadh mhí Aibreáin 2010 i bhFíor 76.

**Fíor 76 Stádas Chásanna Imghabhála Cánach Tromchúiseacha amhail Aibreán 2010**

| <b>Stádas</b>                                                                 | <b>An Líon Cásanna</b> |
|-------------------------------------------------------------------------------|------------------------|
| Faoi imscrúdú                                                                 | 50                     |
| Le hOifig Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim                                    | 13                     |
| Curtha ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí                     | 9                      |
| Treoracha eisithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí dul i mbun ionchúisimh | 21                     |
| Os comhair Cúirte                                                             | 13                     |
| Dúnta                                                                         | 4                      |
| Ciontuithe faighte                                                            | 1                      |
| <b>Iomlán</b>                                                                 | <b>111</b>             |

14.30 Aithníodh 63% de na cásanna sin a bheith oiriúnach le himscrúdú mar thoradh ar iniúchtaí agus seiceálacha na gCoimisinéirí Ioncaim, d'eascair 17% as imscrúduithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, aithníodh 12% ó Thuairiscí faoi Idirbhearta Amhrasacha agus tá 8% bunaithe ar fhaisnéis a chuir gníomhaireachtaí agus daoine eile ar fáil.

***Ionchúisimh de bharr Cionta Tromchúiseacha Custaim agus Máil***

14.31 Rinneadh seacht gciontú de bharr chionta tromchúiseacha custaim agus máil in 2009. Bhain na cionta i sé chinn de na cásanna sin le dleacht mháil ar tháirgí tobac agus bhain an ceann eile le dleacht mháil ar alcól. Gearradh fineálacha de €300 agus €250 in dá chás. Gearradh pianbhreitheanna coinneála i gcúig chás, ó dhá bhliain (ar fionraí) go dtí ceithre mhí.

***Mainnitheoirí a Fhoilsíú***

14.32 Chun tuilleadh díspreagtha a dhéanamh ar imghabháil is féidir mionsonraí faoi shocruithe iniúchtaí a fhoilsíú, i gcúinsí áirithe. Ní fhoilsítear cásanna lena mbaineann na nithe seo a leanas

- glactar le 'nochthead cáilitheach'
- is lú ná €30,000 an socrú
- ní sháraíonn an pionós 15% den cháin dhlite ar deireadh.

14.33 In 2009, foilsíodh mionsonraí faoi 356 cás neamh-chomhlíonta. Ba €96.8 milliún an líon iomlán cánach, úis agus pionós i gcásanna foilsithe a socraíodh in 2009.

## Imscrúduithe Speisialta

14.34 Tá roinnt imscrúduithe speisialta déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim le blianta beaga anuas. Ba €114 milliún an líon iomlán a bailíodh de bharr imscrúduithe in 2009. As an €2.6 billiún a bailíodh go dtí seo ó na himscrúduithe go léir, bailíodh thart ar €1.4 billiún nó 54% ó na scéimeanna um nochtadh deonach a bhí mar chuid de chúig cinn de na himscrúduithe<sup>114</sup>.

14.35 Leagann Fíor 77 amach na méideanna carnacha a fuarthas go dtí deireadh mhí Aibreáin 2010 mar thoradh ar gach imscrúdú. Cuireadh síneadh ama le dhá imscrúdú – Táirgí Árachais Saoil agus Cistí Neamhdhearbhaithe i gCuntais Bhainc Éireannacha – in 2009. Cuireadh tús le himscrúdú ar iontaobhais agus ar struchtúir eischósta eile in 2009.

**Fíor 77 Imscrúduithe Speisialta – Bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim amhail an 30 Aibreán 2010**

| Imscrúdú                                        | Bliain Tosaithe | An Líon Cásanna i gCeist | Fáltais 2009<br>€m | Fáltais go dtí Aibreán 2010<br>€m |
|-------------------------------------------------|-----------------|--------------------------|--------------------|-----------------------------------|
| DIRT - Iniúchtaí Súil Siar (forais airgeadais)  | 1999            | 37                       | -                  | 225                               |
| DIRT Cáin Bhunúsach                             |                 |                          |                    |                                   |
| Scéim Nochtadh Deonach                          | 2001            | 3,675                    | -                  | 227                               |
| Imscrúduithe Iar-Nochta Deonaf                  | 2001            | 8,500 <sup>a</sup>       | 7.7                | 420                               |
| NIB – Scéimeanna Infheistíochta Eischósta       | 1998            | 465                      | 0.2                | 60                                |
| Scéimeanna de chineál Ansbacher                 | 1999            | 289                      | 3.2                | 107                               |
| Scéimeanna <i>Pick Me Up</i> /Íoc Thusa         | 1998            | 71                       | -                  | 1                                 |
| Athbhreithnithe a bhain le Binse Fiosrúcháin    | 1998            | 49                       | -                  | 41                                |
| Sócmhainní Eischósta                            | 2004            | 14,867                   | 18.3               | 957                               |
| Cistí Neamhdhearbhaithe – Táirgí Árachais Saoil | 2005            | 5,500                    | 12.0               | 479                               |
| Ciste gan Fógairt i gCuntais Bhainc in Éirinn   | 2008            | 1,232                    | 55.3               | 77                                |
| Iontaobhais agus Struchtúir Eischósta           | 2009            | 103                      | 17.6               | 21                                |
| <b>Iomlán</b>                                   |                 |                          | <b>114.3</b>       | <b>2,615</b>                      |

Nóta:

a Is figiúr measta é seo.

<sup>114</sup>

Bhí scéimeanna um nochtadh deonach ar fáil do na himscrúduithe ar Cháin Bhunúsach DIRT, ar Shócmhainní Eischósta, ar Tháirgí Árachais Saoil, ar Chistí Neamhainmnithe i gCuntais Bhainc Éireannacha agus ar Iontaobhais agus Struchtúir Eischósta.

## Cistí Neamhainmnithe – Táirgí Árachais Saoil

14.36 Thosaigh an t-imscrúdú seo in 2005 le scéim um nochtadh deonach do dhaoine a d'infheistigh €20,000 nó níos mó d'airgead nár gearradh cáin air i dtáirgí árachais saoil. Tar éis na céime um nochtadh deonach, in 2006 fuair na Coimisinéirí Ioncaim orduithe ón Ard-Chúirt a d'éiligh ar sholáthróirí polasaí mionsonraí a chur ar fáil faoi na daoine sin a d'infheistigh €50,000 nó níos mó i bpolasaithe aonphréimhe idir 1990 agus 2003.

14.37 In 2009, lorg – agus fuair – na Coimisinéirí Ioncaim orduithe ón Ard-Chúirt i ndáil leis an iarmhéid polasaithe ina raibh an tsuim infheistithe idir €20,000 agus €50,000. De bharr go mbeadh a gcuid dliteanas cánach comhlánta go hiomlán ag an gcuid is mó de shealbhóirí polasaí maidir leis an airgead sin, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar na cuideachtaí árachais foirm dhearbhaíthe a sheoladh chuig na sealbhóirí polasaí, rud a thabharfadh deis do shealbhóirí polasaí dearbhú a dhéanamh nach raibh oibleagáidí cánach amuigh orthu. Maidir leo sin a raibh airgead nár gearradh cáin air sna polasaithe sin, ghlacfadh na Coimisinéirí Ioncaim le nochtadh iomlán agus críochnaitheach in áit ionchúiseamh coiriúil a thionscain, ar an gcoinníoll go ndéanfaí dearbhú agus íocaíocht iomlán faoi 30 Samhain 2009.

## Sócmhainní Eischósta

14.38 Leathnaíodh scóip an imscrúdaithe seo in 2009. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim ceithre ordú ón Ard-Chúirt a d'éiligh ar bhainc imréitigh Éireannacha céannacht na ndaoine a d'aistrigh airgead chuig forais airgeadais ar Mhanainn, ar Gheirsí, ar Gheansaí, san Eilvéis agus sa Lichtinstéin, nó uathu, a nochtadh. Roimhe sin san imscrúdú seo, fuarthas mionsonraí faoi aistrithe chuig Manainn, Geirsí agus Geansaí, agus uathu, ach ní raibh i gceist ach aonáin eischósta bhainc Éireannacha. Éilíonn na horduithe is deireanaí mionsonraí faoi gach aistriú os cionn €5,000.

## Iontaobhais agus Struchtúir Eischósta

14.39 In 2009, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le himscrúdú ar úsáid iontaobhas agus struchtúir eischósta. Baineann an t-imscrúdú leis na daoine sin a bhfuil dliteanais chánach neamhdhearbhaithe acu i ndáil le hiontaobhais agus struchtúir eischósta. Díríonn an t-imscrúdú ar iad sin a d'aistrigh nó a shocraigh maoín, sócmhainní nó airgead chuig/ar iontaobhais nó struchtúir eischósta. Bhí go dtí 1 Meán Fómhair 2009 ag daoine mar sin fógra a thabhairt go raibh sé ar intinn acu nochtadh a dhéanamh. Bhí nochtadh agus íocaíocht iomlán riachtanach faoi 31 Deireadh Fómhair 2009. Ba iad na buntáistí a bhain le nochtadh a dhéanamh

- nach bhfoilseofaí mionsonraí faoi íocaíochtaí
- ní chuirfí tús le hionchúiseamh
- mhaolófaí pionóis de réir an Chóid Chleachtais d'Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim.

14.40 Ní raibh daoine a bhí mar ábhar iniúchta nó imscrúdaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó a tháinig laistigh de scóip cheann de na himscrúduithe speisialta eile, incháilithe don scéim um nochtadh deonach. Fuarthas 99 fógra go raibh sé ar intinn ag daoine nochtadh a dhéanamh agus fuarthas nochtadh ó 94 de na cásanna sin, a d'íoc líon iomlán de €17.6 milliún. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag scrúdú na nochtaí a rinneadh chomh maith leis na fógraí faoina raibh i gceist a dhéanamh agus a cuireadh isteach ach nach ndearna nochtadh.

14.41 Éilíonn riachtanais tuairiscithe a tugadh isteach san Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008 go mbeidh tuairisceáin chuig na Coimisinéirí Ioncaim déanta ag tríú páirtithe i ndáil le socrúithe a bhaineann le hiontaobhaithe neamhchónaitheacha. Ba 1 Meán Fómhair an spriocdháta a leagadh síos do thuaisceáin i ndáil le socrúithe idir Nollaig 2003 agus Aibreán 2009. Áirítear ar na tríú



páirtithe a n-éilítear orthu tuairisceáin a dhéanamh aturnaetha, cuntasóirí, forais airgeadais, idirghabhálaithe airgeadais, comhairleoirí airgeadais, cleachtóirí cánacha, soláthróirí seirbhísí iontaobhais agus cuideachtaí. Tá scrúdú á dhéanamh ar na tuairisceáin sin i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo. Tá scrúdú ar thuairisceáin chánach na n-aistreoirí agus socróirí ar leithligh san áireamh san imscrúdú. Tá sé dírithe ar chóireáil chánach na gcistí bunúsacha agus ar an ioncam agus ar na gnóthachain a eascraíonn, chomh maith le haon íocaíochtaí amach arna ndéanamh ó na hiontaobhais agus ó na struchtúir eischósta. Tá sé de chumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim fógra a eisiúint a d'éileodh ar aon duine a gcreideann siad a bhfuil faisnéis aige/aici maidir le socrú ar iontaobhas, an fhaisnéis sin a chur ar fáil. Bainfear úsáid as tuairisciú uathoibríoch faisnéise faoi Threoir an AE maidir le Cánachas ar Choigiltis agus malartú faisnéise faoi na Comhaontuithe Malartaithe Faisnéise Cánach, san imscrúdú seo chomh maith.

## Conclúid

Mhéadaigh an toradh ó hiniúchtaí sonraithe in 2009 in ainneoin líon níos lú iniúchtaí. Léiríonn torthaí na gclár iniúchta randamach le blianta beaga anuas gur ionann an leibhéal bunúsach neamhchomhlíonta agus thart ar 30%. Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim tionchar airgeadais foriomlán an neamhchomhlíonta sin a mheas trí eachtarshuíomh na dtorthaí, áfach.

Anois agus mais chriticiúil den obair iniúchta randamach curtha i gcríoch ba chóir go mbeifí in ann poitéinseal na hoibre sin a bhaint amach. Is éard a bheadh i gceist leis sin ná

- an fógra faoi bhonn aitheanta a úsáid le linn clár iniúchta randamach le déanaí chun an bhearna i mbailiúchán cánach a mheas.
- na hearnálacha ina bhfuil éifeacht airgeadais ábharthach ag neamhchomhlíonadh a aithint
- na treochtaí in iompraíocht cáiníocóirí a mbíonn neamhchomhlíonadh mar thoradh orthu a scoitheadh



## Caibidil 15

---

### Ioncam

**Ag Feidhmiú in Éadan Táirgí Tobac a Smuigleáil**



## Ag Feidhmiú in Éadan Táirgí Tobac a Smuigleáil

15.1 Bhailigh na Coimisinéirí Ioncam €1.2 billiún<sup>115</sup> i ndleacht mháil ar tháirgí tobac sa bhliain 2009. Ba as dleacht ar thoitíní a d'eascair 95% de sin. Taispeántar an dleacht a bailíodh ar tháirgí tobac sa tréimhse 2004-2009 i bhFíor 78.

**Fíor 78 Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac 2004 go 2009**

|      | Toitíní                 |              | Táirgí Tobac Eile <sup>a</sup> |            | Iomlán       |
|------|-------------------------|--------------|--------------------------------|------------|--------------|
|      | Méid 000's <sup>b</sup> | €m           | Kg <sup>b</sup>                | €m         | €m           |
| 2004 | 5,330,593               | 1,024        | 207,270                        | 35         | 1.059        |
| 2005 | 5,514,228               | 1,054        | 183,390                        | 26         | 1.080        |
| 2006 | 5,604,884               | 1,071        | 190,453                        | 32         | 1.103        |
| 2007 | 5,401,702               | 1,155        | 201,858                        | 37         | 1.192        |
| 2008 | 4,940,567               | 1,132        | 198,763                        | 39         | 1.171        |
| 2009 | 4,607,146               | 1,155        | 285,425                        | 61         | 1.216        |
|      | <b>31,399,120</b>       | <b>6,591</b> | <b>1,267,159</b>               | <b>230</b> | <b>6,821</b> |

Nótaí:

a Áirítear ar tháirgí tobac eile, todóga, tobac mínghearrtha agus cineálacha eile tobac lena gcaitheamh.

b Tá dleacht mháil ar thoitíní comhdhéanta de ráta dleachta toibhithe in aghaidh an míle toitín chomh maith le céatadán seasta den phraghas miondíola ag a ndíoltar na toitíní. Is ag ráta dleachta in aghaidh an chileagrama a ghearrtar muirear ar gach táirge tobac eile.

15.2 D'ardaigh an dleacht mháil iomlán ar tháirgí tobac le €45 milliún idir 2008 agus 2009. Cé gur thit an méid toitíní ar ar íocadh dleacht de réir 7%, tháinig ardú de 2% nó €23 milliún ar an dleacht a bailíodh. Is mar gheall ar ardú de 4% ar an ráta dleachta in 2009<sup>116</sup> a tharlaigh sé sin. Tháinig ardú 56% nó €22 milliún freisin ar an dleacht a bailíodh ar tháirgí tobac eile.

15.3 Chomh maith leis na méideanna dleachta máil a bailíodh, fuair na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí iomlána de €2.8 idir 2006 agus 2009 ó dhá mhonaróir tobac. Glactar leis na híocaíochtaí sin mar leithreasaithe-i-gcabhair i Vóta Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Tháinig na híocaíochtaí sin ó chomhaontuithe atá ceangailteach de réir dlí idir an Coimisiún Eorpach agus na ballstáit de pháirt amháin agus na monaróirí tobac den pháirt eile. Tá iarracht á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na ballstáit a theacht ar chomhaontuithe le ceathrar mórmhonaróir domhanda leis an gcuspóir socruithe comhoibrithe foirmiúla a thionscnamh chun dul i ngleic le smuigleáil toitíní.

15.4 Go dtí seo tá trí chomhaontú den chineál sin sínithe - le *Philip Morris International (PMI)*, *Japan Tobacco International (JTI)* agus le *British American Tobacco (BAT)* – agus tá Éirinn ina páirtí sna trí chomhaontú. Áirítear sna comhaontuithe sin soláthar i leith íocaíochta na suime comhaontaithe leis na ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach ar bhonn céimnithe thar thréimhse na gcomhaontuithe chomh maith le híocaíochtaí breise (ar a dtugtar íocaíochtaí urghabhála) leis na ballstáit nuair a ghabhtar toitíní leis an monaróir ábhartha atá brandáilte go fíor (os cionn tairsí de 50,000 toitín) agus sa chás nach raibh na toitíní sin scaoilte lena dtomhailt san AE. Tá an

<sup>115</sup> Íocadh €168 milliún de sin, a dtagraítear dó mar an tobhach tobac le Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1999.

<sup>116</sup> Tháinig an ráta nua i bhfeidhm an 8 Aibreán 2009.

Coimisiún Eorpach i mbun idirbheartaíocht ghníomhach le teacht ar chomhaontú leis an mórmhonoróir domhanda eile - Imperial Tobacco Ltd (ITL).

15.5 Ceanglaíonn na comhaontuithe na monaróirí lena chinntiú nach ndíolann siad ach le trádálaithe dlisteanacha agus sin amháin, go ndéanann siad seiceálacha dícheall cuí ar a gcuid custaiméirí agus go bhfuil nósanna imeachta ‘rianú táirge’ i bhfeidhm acu le cur ar a gcumas an foinse a bhaineann le haon smuigleáil toitíní a aithint.

## **An Timpeallacht Dleachta Máil**

15.6 Le tabhairt isteach an margadh Eorpach aonair sa bhliain 1993, cuireadh deireadh le gnáthrialuithe ar allmhairithe ó Bhallstáit eile agus tugadh isteach córas gluaiseachta agus rialaithe do tháirgí inmháil ar fud an AE. Cuirtear an dleacht mháil ar fionraí ar earraí a bhíonn á n-aistriú idir stórais chánach i mballstáit éagsúla faoin gcóras sin.

15.7 Ag an am céanna, níl srianta i bhfeidhm níos mó ar an méid táirgí inmháil dleachtíochta ar féidir le duine a thabhairt isteach sa Stáit ó thíortha AE eile, ar an gcoinníoll gur ar mhaithe le húsáid phearsanta an duine atá á n-iompar atá na táirgí. Tá cainníochtaí táscacha maidir le táirgí tobac leagtha <sup>117</sup> síos ag na Coimisinéirí Ioncaim (800 i gcás toitíní faoi láthair), ar a bhféachfar, mura dtéitear thar an teorainn sin, gur ar mhaithe le húsáid phearsanta iad, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon taispeánadh ná amhras faoi ghníomhaíocht tráchtála ann. Is é sin an leibhéal tascach is lú atá ceadaithe.

15.8 D’ainneoin fhorálacha Chonradh an AE maidir le saorghluaiseacht earraí agus daoine, féadfaidh oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim seiceálacha a dhéanamh le dul i ngleic le smuigleáil earraí atá toirmiscithe nó srianta, lena n-áirítear táirgí tobac ina bhfuil cúiseanna réasúnacha amhrais ann go bhfuil dlí náisiúnta nó AE á shárú.

15.9 Tá daoine ó lasmuigh den AE a thugann táirgí tobac isteach sa Stáit faoi dhliteanas ag dleacht mháil agus CBL ar na hearraí sin mura bhfuil na cainníochtaí faoi theorainneacha áirithe (200 i gcás toitíní) agus gur ar mhaithe le húsáid phearsanta atá na táirgí.

---

<sup>117</sup>

Tá na teorainneacha leagtha síos de réir Treoir 2008/118/CE ón gComhairle.

## Béim na Caibidle

Tá ráta cánach tobac na hÉireann ar an ráta is airde san AE. Ciallaíonn sé sin, in ainneoin chomh beag is atá méid an mhargaidh, go bhféachtar ar Éirinn mar thír le táirgí neamhdhlisteanacha a smuigleáil isteach sa Stáit. Is ionann allmhairiú neamhdhleathach táirgí tobac agus cailliúint don Státchiste agus déanann fáil a bheith ar tháirgí saora dochar don pholasaí sláinte a bhfuil sé mar aidhm leis leibhéal caitheamh tobac a laghdú. Ar mhaithe le tabhairt faoi smuigleáil tobac go héifeachtúil, bheadh gá ag na Coimisinéirí Ioncain:

- lena chinntiú go bhfuil ardleibhéal dearbhaithe ann go bhfuil socruithe tobhaithe dleachta á gcur i bhfeidhm ar bhealach rialaithe.
- le meastachán a dhéanamh maidir le méid na gníomhaíochta aindleathach
- díriú ar ghníomhaíochtaí laistigh de straitéis léirithe bunaithe ar an anailís is fearr maidir le cineál na calaoise.
- freagairt oibríochtúil a fheidhmiú bunaithe ar an gcineál sin straitéise
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Thug an t-iniúchadh faoi scrúdú a dhéanamh ar an méid a raibh gach gné den chineál sin cur chuige straitéiseach á gcur i bhfeidhm.

## Dleacht a Thobhach - Rialú

15.10 Tá dleacht mháil ar thoitíní agus ar thobac mínghearrtha ('rollaigh do chuid féin') iníochta trí stampaí slándála<sup>118</sup> a cheannach a ghreamaítear don phaicéad faoin gclúdach ceallafán. Tá dleacht mháil ar tháirgí tobac eile ar nós todóga agus tobac píopa iníochta trí thagairt a dhéanamh de mheáchan an táirge.

15.11 Cé go bhfuil dleacht mháil iníochta ar a n-allmhairiú isteach sa Stáit, cuirtear íocaíocht ar fionraí go scaoiltear na táirgí lena dtomhailt ar mhargadh na hÉireann. Ní mór táirgí tobac a allmhairítear isteach sa Stáit ach nach scaoiltear ar an margadh, a choimeád i stóras cánach atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncam, chun leas a bhaint as an socrú fionraí sin.

15.12 Tá riosca ann go scaoilfear na táirgí tobac ar cuireadh an dleacht ar fionraí orthu mar go bhfuil siad á gcoimeád i stórais chánach nó go bhfuil siad á n-aistriú idir stórais ar an margadh gan aon dleacht a íoc. Rialaíonn na Coimisinéirí Ioncain na socruithe fionraí trí phróiseas ceadaithe do stórais agus do choimeádaithe stórais, seiceálacha dearbhaithe ar thaifid stórais lena n-áirítear cuairteanna maoirseachta agus iniúchtaí rialta. Tá cúig stóras ceadaithe in Éirinn le táirgí tobac a choimeád.

<sup>118</sup> Tugtar na gnéithe slándála atá ar na stampaí, agus níl ar an eolas faoi roinnt acu sin ach foireann rialaithe agus forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncain agus sin amháin, cothrom le dáta ar bhonn rialta ag teacht leis an sárchleachtas reatha. Coimeádtar stampaí cultaca i gcás go ndéanfaí comhréiteach ar an stampa atá ann.

## Conclúid – Dleacht a Thobhach

Rinne na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh bliantúil ar gach aon cheann de na trí stóras príomhchuideachta ón mbliain 2005 agus níor eascair aon toradh. Rinneadh thart ar 700 seiceáil dearbhaithe freisin idir 2005 agus 2009 as ar eascair fíor beagán toradh nó a bhí gan aon toradh. Tugann sé sin dearbhú réasúnach go bhfuil na socrúithe tobhaithe dleachta ag feidhmiú go héifeachtúil.

## Meastachán ar Mhéid na Gníomhaíochta Aindleathach

15.13 Mheas staidéar<sup>119</sup> a choimisiúnaigh Coimisiún an AE sa bhliain 2004 gurbh ionann agus thart ar 13% den mhargadh tobac ar fud an AE na táirgí neamhchánaithe. Meastar go raibh sé sin déanta suas de idir 4% agus 5% de tháirgí neamhchánaithe dlisteanacha agus idir 8% agus 9% de tháirgí neamhchánaithe neamhdhlisteanacha.

15.14 Níl aon mheastachán oifigiúil foilsithe maidir le méid na himghabhála dleachta ar tháirgí tobac in Éirinn. Tá suirbhéanna coimisiúnaithe le blianta beaga anuas ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhar leis an Oifig um Rialú Tobac, bunaithe ar thaighde margaidh, a dhéanann iarracht meastachán a thabhairt maidir le scála tomhailt toitíní aindleathacha agus tomhailt toitíní neamhchánaithe in Éirinn ach a cheannaítear go dlisteanach thar lear. Mheas an suirbhé is déanaí sa bhliain 2009 gur toitíní neamhchánaithe a bhí in 20% de na toitíní a tomhlaíodh in Éirinn. Cuireadh an figiúr do thomhailt aindleathach ag 14% rud a bheadh comhionann le caillteanas de thart ar €200 milliún don Státchiste. Bhain an t-iarmhéid de 6% le toitíní a bhí neamhchánaithe go dlíthiúil (in Éirinn).

15.15 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúcháin, tá sé sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil siad ag tabhairt faoi anailís ar eacnamaíocht an tobac le súil le tuiscint níos fearr a fháil ar mhargadh an tobac in Éirinn. Mar chomhpháirt amháin den taighde sin cruthófar samhail eacnaiméadrach leis an éileamh ar thobac a mheas leis na cinntithe lárnacha i margadh na hÉireann a aithint. Tá an litríocht ar an ábhar sin forbartha go maith agus glactar le cur chuige atá molta ag an mBanc Domhanda. Déanfar measúnú, mar chuid den tionscadal sin, ar shonraí agus teicnící eacnamaíochta ó fhoinsí éagsúla maidir lena n-úsáideacht chun meastachán a dhéanamh ar scála na smuigleála tobac in Éirinn.

<sup>119</sup>

KPMG, Staidéar ar Bhailiú agus ar Léirmhíniú Sonraí a Bhaineann le Toitíní agus le Tobac Mínghearrtha chun Toitíní a Rolladh, a Scaoileadh lena dTomhailt, Nollaig 2005, arna choimisiúnú ag an gCoimisiún Eorpach.



## Conclúid – Meastachán ar an nGníomhaíocht Aindleathach

Ba chóir go ndéanadh na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an leibhéal allmhairiú tobac aindleathach agus ba chóir na torthaí a thuairisciú ar bhealach atá oscailte agus trédhearcach. Leis sin amháin a dhéanamh ar bhonn rialta bheadh siad ábalta freagairtí cuí a leagan amach le hiarracht a dhéanamh laghdú a dhéanamh ar an leibhéal imghabhála dleachta, ag tógáil san áireamh méid agus cineál na faidhbe.

Tá bealach á thairiscint ag an taighde atá pleanáilte le hanailís a dhéanamh ar eacnamaíocht an mhargaidh tobac in Éirinn mar bhealach le comhlánú a dhéanamh ar an meastachán reatha bunaithe ar thaighde margaidh. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an riosca atá ann ó tháirgí tobac eile, agus nach bhfuil aon mheastachán ann maidir le tomhailt aindleathach, go háirithe i bhfianaise an ardaithe suntasach atá tagtha ar mhéid na dtáirgí sin atá á dtomhailt go dlíthiúil.

## Spriocdhírú Straitéiseach ar Oibríochtaí

15.16 Ar mhaithe le spriocdhírú ar ghníomhaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim atá deartha le dul i ngleic le himghabháil dleachta chomh maith le meastacháin rialta a ullmhú i ndáil le méid na faidhbe ní mór:

- anailís a dhéanamh ar chineál na faidhbe lena n-áirítear foinsí soláthar, próifíl an phobail a úsáideann na táirgí agus ar na treochtaí in imeacht ama.
- freagairt oibríochtúil bunaithe ar an anailís sin atá deartha le dul i ngleic leis an bhfadhb ar bhealach atá éifeachtach.
- athbhreithnithe rialta ar spriocanna agus ar thorthaí a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an réimeas rialaithe atá á úsáid agus á chur i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim agus atá deartha le bearnaí a bhféadfaí leas a bhaint astu a aithint
- réimeas feidhmíochta-tuairiscithe atá deartha le heolas a chur ar fáil maidir leis an méid atá bainte amach i dtéarmaí spriocanna agus torthaí.

15.17 Tá Réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Rannán Imscrúdaithe agus Ionchúisimh (IPD) freagrach as na gníomhartha atá deartha le feidhmiú in éadan na smuigleála a chur i bhfeidhm.

15.18 Cé go bhfuil aidhm straitéiseach ag na Coimisinéirí Ioncaim le híoslaghdu a dhéanamh ar mhéid an mhargaidh toitiní aindleathach, níl straitéis ardleibhéil acu a dhíríonn ar ghnóthachtálacha sonracha i dtéarmaí torthaí. Baineann siad úsáid as straitéisí oibríochta a shamhlaíonn freagairt éifeachtach ar smuigleáil toitiní trí dhírú ar ionaid dháilte agus 50% d'ardú ar urghabháil toitiní atá smuigleáilte. Díríonn na Coimisinéirí Ioncaim freisin ar chomhlíonadh feabhsaithe trí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i ndáil le neamhchomhlíonadh, agus, go háirithe, trí líon na n-ionchúiseamh a ardú.

15.19 Rinne ceann de phríomhthosaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain 2009 iarracht “*cur le húsáid oibríochtaí faisnéis-bhunaithe le dul i ngleic le smuigleáil earraí, lena n-áirítear, drugaí agus táirgí tobac*”. Áiríodh ar thosaíochtaí don bhliain 2010 “*tabhairt faoin mbagairt shóisialta agus fioscach atá ann ón smuigleáil tobac ionas nach gcuirfear as d'airgeadais an rialtais agus don pholasaí sláinte poiblí*”.

15.20 Tá sé sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil páirt lárnach ag coiriúlacht eagraithe sa mhargadh toitíní aindleathach. Tá rochtain ag na Coimisinéirí Ioncaim ar acmhainní agus ar shaineolas idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Chustam agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)<sup>120</sup>

## Conclúid - Straitéis

Cé go bhfuil sprioc leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le hurghabhálacha agus nuair a aithnítear go gcaithfear fachtóirí eile ar nós praghas iarchánach toitíní, staid ginearálta an gheilleagair agus creat dlíthiúil an AE a thabhairt san áireamh, níl straitéis atá bunaithe ar ghiniúint rialta meastacháin maidir le méid na faidhbe a dhíríonn ar thorthaí sonraithe a bhaint amach agus atá deartha leis an fhadhb a laghdú nó a chuimsiú forbartha acu.

## Freagairt Oibríochtúil

15.21 Titeann gníomhartha na gCoimisinéirí Ioncaim le cur in éadan tobac a smuigleáil isteach i líon catagóirí:

- tabhairt faoi smuigleáil ar scála mór ina mbíonn buíonta coireachta eagraithe páirteach de ghnáth, trí úsáid a bhaint as cur chuige ilghníomhaireachta. Maidir leis sin, faigheann na Coimisinéirí Ioncaim cúnamh agus comhoibriú ó OLAF a bhfuil ról acu freisin in imscrúduithe leanta a éascú i dtíortha as ar tháinig na toitíní urghafa
- trí choinsíneachtaí a bhfuil amhras fúthu a aithint trí bhealaí próifíliú riosca, bailiú faisnéise, eolas a roinnt le seirbhísí custaim eile agus nuair is iomchuí úsáid a bhaint as teicneolaíocht scanadh x-ghathú le contrabhanna a aimsiú.

15.22 Tá cláir agus oibríochtaí áirithe á gcomhordú ag an IPD, go háirithe, oibríochtaí ilghníomhaireachta. Seachas i gcás na n-oibríochtaí sin atá comhordaithe go lárnach, tugtar an fhaisnéis a fhaigheann an IPD ó fhoinsí do réigiún ábhartha na gCoimisinéirí Ioncaim lena gníomhú. Déanann Aonad Náisiúnta um Fhaisnéis Lastiompair (NFIU), ar chuid den IPD é, próifíliú agus foinsí ar fhaisnéis maidir le trácht tríú tír<sup>121</sup>. Cuirtear tuarascálacha spriocdhírthe ar fáil a chuidíonn le haonaid oibríochtúla trácht ardriosca a aithint. Leagan Fíor 79 mionsonraí amach maidir le hurghabhálacha táirgí tobac mar thoradh ar thuarascálacha atá eisithe ag an NFIU ar aonaid oibríochtúla don tréimhse 2007 go 2009.

<sup>120</sup> Is é misean OLAF leasa airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhrialta eile a throid. Cuireann sé comhoibriú idir na Ballstáit chun cinn chun a gcuid gníomhaíochta a chomhordú agus soláthraíonn sé an tacaíocht agus an fhaisnéis theicniúil atá riachtanach dóibh chun cabhrú leo ina gcuid gníomhaíochtaí frith-chalaoise.

<sup>121</sup> Tugtar trácht tríú tír ar na hearraí a allmhairítear isteach sa Stáit ó lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Fíor 79 Urghabhálacha Táirgí Tobac a eascraíonn ó Fhaisnéis NFIU 2007 go 2009**

|      | Líon na dToitíní a<br>Urghabhadh | An Méid Tobac Lámhrollta a<br>Urghabhadh |
|------|----------------------------------|------------------------------------------|
|      | m                                | Kg                                       |
| 2007 | 6.4                              | 1.4                                      |
| 2008 | 51.7                             | —                                        |
| 2009 | 17.9                             | 2.5                                      |

**Ról Réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim**

15.23 Bíonn Réigiúin na gCoimisinéirí Ioncaim rannpháirteach in oibríochtaí comhordaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tugann siad faoi oibríochtaí áitiúla atá dírithe ar phointí allmhairithe agus ar ionaid dháilte. Is ionann 'Oibríocht Síos le Sruth' agus oibríocht leanúnach a dhíríonn ar díol táirgí aindleathacha ag pointí miondíola éagsúla lena n-áirítear siopaí agus margaí agus trádálaithe sráide. Bhí 424 urghabháil ann a chiallaigh 17 milliún toitín in iomlán idir mí na Nollag 2007 agus mí na Nollag 2009 mar thoradh ar an oibríocht sin a d'fheidhmigh ar fhaisnéis a cruthaíodh laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim agus a fuarthas ó thionscal agus ó fhoinsí eile.

15.24 Tá foireann lonnaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim i líon suímh lárnacha, ar bhonn buan, i ngach Réigiún agus tá oibríochtaí á stiúradh sna Réigiúin bunaithe ar phróifíliú riosca. Chomh maith leis an bpróifíliú a sholáthraíonn an NFIU maidir le lastas ó thríú tír, déanann na Réigiúin próifíliú ar thrácht AE freisin. Mar gheall ar fhorálacha saorghluaiseacht earraí laistigh den AE, tá an t-eolas atá ar fáil maidir le lastas AE teoranta agus bítear cúramach nuair a choinnítear aon lastas lena scrúdú.

15.25 Baineann na Réigiúin úsáid as próifíliú agus tá láithreachas acu ar an 'bpríomhshráid' chun dul i ngleic le díol táirgí tobac aindleathacha. Déantar seiceálacha ar an idirlíon agus baintear úsáid as athbhreithnithe ar chórais eolas na gCoimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin le próifíliú a dhéanamh ar áitreabh a bhféadfadh táirgí aindleathacha a bheith á ndíol ann. Tá ceart isteach in áitreabh tráchtála ag oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá barántas riachtanach d'áitreabh príobháideach. Mar shampla, éilíodh 24 barántas ar an iomlán den chineál sin i réigiún Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2009, dámhadh na barántais sna cásanna sin go léir ar a raibh 13 urghabháil agus 13 ionchúiseamh mar thoradh orthu. Baintear úsáid ar cheannacháin tástála freisin in áitribh thráchtála le trádáil aindleathach a aithint agus tarchuirtear na cásanna sin ar fad lena mbreithniú d'fhoillíad a ionchúiseamh.

**Scanadh Coinsíneachtaí**

15.26 Baintear úsáid as scanóirí X-ghathaithe mar shaoráid le táirgí tobac aindleathacha a aithint. Tá scanóirí X-ghathaithe in ann earraí aindleathacha a aithint i gcoimeádáin agus i bhfeithiclí. Tógann an scanóir íomhá X-ghathaithe den choimeádán agus bunaithe ar oiliúint agus ar shaineolas léirmhíonon na hoifigigh an íomhá sin. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim scanóir den chéad uair sa bhliain 2006 agus fuarthas an dara ceann i ndeireadh na bliana 2009. Feidhmítear scanóir amháin i bPort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air, agus cé go bhfuil an ceann eile lonnaithe i Ros Láir, tá sé ar fáil do na Réigiúin ar fad má tá sé ag teastáil uathu.

15.27 Ní féidir ach céatadán beag de na coimeádáin a thagann isteach go Port Bhaile Átha Cliath gach seachtain (tagann thart ar 10,000) a scanadh. Teastaíonn spás mór poirt óna Coimisinéirí Ioncaim leis an scanóir a fheidhmiú ar mhaithe le cúiseanna cosanta raideolaíoch agus le spás a chur ar fáil don lastas atá le scanadh araon. Tá sé mar aidhm acu moill gan ghá ar thrácht lastais tríd an bport a sheachaint fad a bhíonn na scanóirí ag feidhmiú. Taispeántar mionsonraí maidir le

hurghabhálacha táirgí tobac a aithníodh agus úsáid á bhaint as scanóir x-ghathaithe sa tréimhse 2007 go 2009 i bhFíor 80.

#### Fíor 80 Urghabhálacha Táirgí Tobac trí úsáid Scanóir X-ghathaithe 2007 go 2009

| Bliain | Líon na dtoitíní a urghabhadh | An Méid Táirgí Eile a Urghabhadh | Luach na dTáirgí Tobac a Braitheadh |
|--------|-------------------------------|----------------------------------|-------------------------------------|
| 2007   | 15 milliún                    | –                                | €6,337,500                          |
| 2008   | 13 milliún                    | 12.5kg                           | €5,492,500                          |
| 2009   | 22 milliún                    | 6,490 kg                         | €11,295,000                         |

### Conclúidí - Oibríochtaí

Tá roinnt mhaith d'oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe ar fhaisnéis. Tá na Coimisinéirí Ioncaim á thabhairt le fios go bhfuil sé i bhfad níos deacra coinsíneachtaí a bhfuil amhras fúthu a aithint mar gheall go bhfuil smuigléirí ag baint úsáid as mionsonraí cláraithe cánach trádálaithe dlisteanacha mar chlúdach.

Tá rathúlacht teoranta bainte amach ó thaobh úsáid a bhaint as scanóirí X-ghathaithe le toitíní contrabhanna a bhraith. Bheadh comparáid le líon na scanta agus an ráta braite ina aghaidh an scanadh atá bainte amach ag údaráis chánach i dtíortha eile mar chur chuige a bheadh úsáideach do na Coimisinéirí Ioncaim le measúnú a dhéanamh ar a gcuid scanóirí agus cibé an bhféadfaí leas níos fearr a bhaint astu. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas mé go bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi staidéar sa bhliain 2011 a dhéanfaidh comparáid idir an ráta braite atá bainte amach acu agus a bhfuil bainte amach ag údaráis chánach i dtíortha eile.

### Tuairisciú ar Fheidhmíocht

15.28 Níl spriocanna feidhmíochta i dtéarmaí torthaí leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá a gcuid monatóireachta dírithe ar a chuid gníomhartha lena n-airítear iad sin atá deartha le:

- measúnú agus próifiliú a dhéanamh ar riosca
- díriú ar ionaid atá ag dáileadh táirgí aindleathacha
- cur le líon na n-oibríochtaí atá bunaithe ar fhaisnéis
- cur le hurghabhálacha
- cur le líon na n-ionchúiseamh.

15.29 Seachas an aidhm atá i Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, sé sin cur 50% le hurghabhálacha, níl aon spriocanna cainníochtúla foilsithe maidir leis na gníomhaíochtaí sin. Leagan na Réigiúin síos spriocanna maidir le líon na n-urghabhálacha agus leis an méid atá le gabháil chomh maith le líon na gcásanna atá le tarchur ar mhaithe lena n-ionchúiseamh ach níl siad sin foilsithe ná san áireamh i dtuarascálacha feidhmíochta chuig Bord na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá mionsonraí maidir le hionchúisimh agus le hurghabhálacha iarbhrí foilsithe i dTuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá sé sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go ndéantar anailís ar urghabhálacha de réir gnáthchleachtais.

15.30 Leagan Fíor 81 amach mionsonraí maidir le hurghabhálacha toitíní ar fad na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse 2007 go 2009.

#### Fíor 81 Urghabhálacha Toitíní 2007 go 2009

|                                          | 2007             | 2008   | 2009   |
|------------------------------------------|------------------|--------|--------|
| Líon na nUrghabhálacha                   | 15,481           | 10,191 | 10,610 |
| Líon na dToitíní a Urghabhadh            | 74.5m            | 135.3m | 218.5m |
| Líon na dToitíní Góchumtha a Urghabhadh  | n/a <sup>a</sup> | 62 m   | 127.6m |
| Luach Miondíola na dToitíní a Urghabhadh | €25.6m           | €54.4m | €92m   |
| Dleacht agus Cáin                        | €20.5m           | €39.5m | €73.2m |

Nóta:

a Níl figiúr ar fáil.

15.31 Cé gur tháinig titim de 30% ar an líon urghabhálacha toitíní ón mbliain 2007, tá ardú ó 74.5 milliún in 2007 go 218.5 milliún in 2009 tagtha ar an líon iarbhir toitíní a urghabhadh. B'ionann urghabháil amháin sa bhliain 2009 agus os cionn 120 milliún toitín. Ag tabhairt san áireamh méid na hurghabhála sin agus na brandaí a urghabhadh, ní dóigh gur ar mhargadh na hÉireann a bhí na toitíní sin dírithe.

15.32 Leagtar amach mionsonraí i bhFíor 82 maidir le hurghabhálacha táirgí tobac eile don tréimhse 2007 go 2009.

#### Fíor 82 Urghabhálacha Tobac 2007 go 2009

|                                       | 2007    | 2008    | 2009     |
|---------------------------------------|---------|---------|----------|
| Líon na nUrghabhálacha                | 763     | 1,100   | 1,171    |
| An Méid Tobac a Urghabhadh            | 1,516kg | 3,083kg | 10,451kg |
| Luach Miondíola an Tobac a Urghabhadh | €0.4m   | €1.1m   | €3.7m    |
| Dleacht agus Cáin                     | €0.3m   | €0.7m   | €2.9m    |

15.33 Tháinig ardú de os cionn 50% ar líon na n-urghabhálacha táirgí tobac eile idir 2007 agus 2009 ach tháinig ardú faoi seacht ar an méid a urghabhadh.

## Conclúidí – Tuairisciú Feidhmíochta

Níl aon tuairisciú feidhmíochta ann i dtéarmaí torthaí atá deartha le tionchar na gCoimisinéirí Ioncaim ar fhadhb allmhairithe neamhdhleathacha a léiriú agus tá an fheidhmíocht in aghaidh spriocanna oibríochta teoranta do thuairisciú ar leibhéal urghabhálacha.

Níl méid na n-urghabhálacha ag léiriú cibé an bhfuiltear ag dul i bhfeidhm ar leibhéal na trádála aindleathach nó nach bhfuil. Ní féidir rathúlacht na mbearta atá á nglacadh ag na Coimisinéirí Ioncaim le leibhéal na himghabhála dleachta máil ar tháirgí tobac a laghdú a thomhas ar deireadh thiar ach amháin i dtéarmaí a n-éifeacht ar theagmhas imghabhála a laghdú. Ciallaíonn sé sin go mbeidh gá le meastachán a dhéanamh ar leibhéal na himghabhála in imeacht ama, beidh gá le anailísiú a dhéanamh ar chineál na himghabhála sin agus gníomhartha a spriocdhíriú dá réir. Is é an taighde margaidh atá coimisiúnaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhar leis an Oifig um Rialú Tobac an chéad chéim ina leith sin.

Treisiónn éagsúlachtaí in urghabhálacha an gá atá ann go n-aithneodh na Coimisinéirí Ioncaim na fachtóirí is cúis le hathruithe i leibhéal agus i gcineál na n-urghabhálacha. Bheadh fiúntas ag baint le féachaint astu féin ar na cúiseanna le héagsúlachtaí chun a chinneadh cibé an mar gheall ar go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag díriú níos fearr orthu, nó mar gheall ar athruithe i gcineál na smuigleála nó ar fhachtóirí eile iad. Bheadh anailísiú agus tuairisciú ar urghabhálacha i dtéarmaí cibé a raibh na táirgí dírithe ar an margadh baile nó ar áit éigin eile úsáideach ina leith sin. Ba chóir go soláthródh athbhreithniú pleanáilte ar bheartais urghabhála eolas fiúntach maidir le héifeachtúlacht an chur chuige.

## Smachtbhannaí agus Pionóis le Smuigleáil a Chosc

15.34 Is cion atá ann faoin dlí a bhaineann le mál aon rud a dhéanamh (a shealbhú, a bhaint, a iompar, a thaisceadh, nó a cheilt) i ndáil le táirgí inmháil nach bhfuil dleacht íoctha orthu le hintinn an dleacht a bhaint go calaoiseach den Stát. Is cion atá ann freisin a bheith bainteach le imghabháil nó le hiarracht imghabhála i ndáil le dleacht mháil. Is mar seo a leanas atá na pionóis:

- ar chiontú go hachomair dlífear fíneáil de €5,000 and/nó suas go 12 mí i bpríosún<sup>122</sup>
- ar chiontú ar dhíotáil, dlífear fíneáil nach mó ná €126,970 nó suas go trí oiread luach na n-earraí nuair atá a luach níos mó ná €250,000 agus/nó suas go 5 bliana príosúnachta<sup>123</sup>.

15.35 Forálann Alt 125 den Acht Airgeadais, 2001 freisin d'fhorghéilleadh na dtáirgí, aon earraí a bheidh pacáilte leo nó a úsáidtear chun iad a cheilt agus aon chóir iompair a úsáidtear chun iad a iompar. Tá cionta a baineann le stampaí tobac leagtha amach in Alt 78 den Acht Airgeadais, 2005. Tá foráil an freisin d'fhíneáil chúirte (€5,000) agus forghéilleadh gan ceanglais stórais a chomhlíonadh agus forálacha rialaithe agus gluaiseachta AE.

<sup>122</sup> Alt 119 den Acht Airgeadais 2001 (arna leasú)

<sup>123</sup> Cuireadh leis an bpionóis ar dhíotáil go dtí an leibhéal sin faoi Alt 99 den Acht Airgeadais, 2010. Roimhe sin bhí an fhíneáil níos mó ná €12,695 nó suas go trí oiread luach na n-earraí (alt 119, an tAcht Airgeadais 2001).

15.36 Tá mionsonraí ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le cionta tobac don tréimhse 2007 go 2009 leagtha amach i bhFíor 83.

**Fíor 83 Ionchúisimh do Chionta Tobac 2007 go 2009**

|                                               | 2007             | 2008    | 2009    |
|-----------------------------------------------|------------------|---------|---------|
| <b>Ionchúisimh Achoimre</b>                   |                  |         |         |
| Líon na nDaoine a Ionchúisíodh                | 120              | 82      | 159     |
| Líon na gCiontuithe                           | 120              | 82      | 159     |
| An Líon ar a Gearradh Pianbhreith Choimeádta  | 14               | 5       | 28      |
| An Líon ar a Gearradh Fíneálacha              | n/a <sup>a</sup> | 78      | 143     |
| Luach na bhFíneálacha a Ghearradh             | €43,710          | €41,259 | €93,510 |
| <b>Ionchúisimh do Chionta Tromchúiseacha</b>  |                  |         |         |
| Líon na nDaoine a Ionchúisíodh                | 1                | 3       | 6       |
| Líon na gCiontuithe                           | 1                | 3       | 6       |
| An Líon ar a Ghearradh Pianbhreith Choimeádta | –                | 1       | 5       |
| Luach na bhFíneálacha a Gearradh              | €7,500           | –       | €300    |

Nóta:

a Nil figiúr ar fáil.

15.37 Tá sé sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé mar pholasaí acu ionchúiseamh a thabhairt aon uair is féidir. Braitheann ionchúiseamh ar fhianaise inghlactha a bheith ar fáil níl íos-spriocanna ná uas-spriocanna leagtha síos. Déantar anailísiú ar chásanna de réir a bhfiúntais faisnéise agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh a bhaint astu.

15.38 Leagtar mionsonraí amach i bhFíor 84 maidir le smachtbhannaí eile a ghearradh i ndáil le cionta tobac sa tréimhse 2007 go 2009.

**Fíor 84 Smachtbhannaí Eile a Forchuireadh do Chionta Tobac 2007 go 2009**

|                                  | 2007   | 2008 | 2009     |
|----------------------------------|--------|------|----------|
| Líon na bhFeithiclí a Urghabhadh | 59     | 110  | 130      |
| Airgead Tirim a Urghabhadh       | €7,000 | –    | €312,338 |
| Long a Urghabhadh                | –      | –    | €250,000 |

**Conclúid - Ionchúisimh**

Bheadh anailís dhomhain ar éifeachtacht an choisc, i dtéarmaí an cineál cás ionchúiseamh a tógadh, na pianbhreitheanna a d'eascair as agus na smachtbhannaí a forchuireadh úsáideach le measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht mar chosc.

## Forbairtí le Déanaí

15.39 Le blianta beaga anuas tá Meabhrán Tuisceana sínithe ag na Coimisinéirí Ioncam leis an dá phríomhmonaróir tobac, ITL agus JTI, le cur le comhoibriú i ndáil le trádáil aindleathach tobac. Seoltar samplaí de na mór-urghabhálacha ar fad chuig na monaróirí chun a fháil cibé an bhfuil na táirgí fíor nó góchumtha. Chomh maithe leis sin, bíonn cruinnithe rialta ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gcumann trádála a dhéanann ionadaíocht ar na cuideachtaí tobac mór le rá chomh maith leis an gceathrar mórmhonoróir domhanda le treochtaí náisiúnta agus domhanda a phlé, lena n-áirítear figiúir maidir le tomhailt toitíní agus an sciar don mhargadh atá ag an táirge aindleathach.

15.40 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas mé gur bunaíodh grúpa inmheánach i mí Eanáir 2010 leis na rioscaí a bhaineann le dleacht mháil tobac a scrúdú. Tugadh faoi líon tionscnaimh cheana féin a d'eascair as obair an ghrúpa sin. Áirítear orthu sin

- tionóil comhdháil próifiliú náisiúnta
- bunú beolíne tobac
- oibríochtaí de chineál 'blitz' tréimhsiúla náisiúnta ar ionaid dháilte agus ag poirt agus ag aerfoirt a chomhordú chun comhlánú a dhéanamh ar ghnáthghníomhaíochtaí.
- tuilleadh scanóirí láimhe a fháil agus meastóireacht a dhéanamh ar theicneolaíocht x-ghathú tobac agus ar theicneolaíocht bhraite eile.
- féachaint ar shárchleachtas i ndlínsí ábhartha eile.
- taighde pleanáilte a dhéanamh ar mhargadh an tobac in Éirinn.

15.41 Chomh maith leis sin, tá tús curtha ag an ngrúpa le líon tionscadail, lena n-áirítear:

- meastóireacht ar aonad na madraí tobac lena n-áirítear anailís costas-tairbhe.
- bunú Líonra Próifiliú Náisiúnta agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht próifiliú.
- tuilleadh treorach agus oiliúna a fháil go seachtrach agus ag leibhéal idirnáisiúnta
- tá tuarascáil le hullmhú ar ghairis scanadh soghluaiste malartacha.

15.42 Tá béim curtha in athuair ag an ngrúpa ar na buntáistí maidir le comhoibriú feabhsaithe leis na Gardaí, an tionscal tarlú bóthair agus an tionscal uathdhíoltóir toitíní. Tá athbhreithniú éilithe aige freisin ar bheartais urghabhála le súil le cur le tionchar ghníomhaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim in ghaidh smuigleáil táirgí tobac.

## Conclúid

Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim tomhas a dhéanamh ar cibé a bhfuil ag éirí lena chuid gníomhaíochtaí chun laghdú a dhéanamh ar an bhfadhb a bhaineann le himghabháil dleacht tobac. Tugann an taighde margadh a rinneadh léargas ar leibhéal na faidhbe agus ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim na torthaí sin a úsáid le cuspóirí sainiúla a leagan síos i dtéarmaí laghdú a dhéanamh ar sciar an mhargaidh aindleathach. Le go mbeadh fiúntas ag baint leis, ní mór an meastachán sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim fiosrú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí eile chun meastachán a dhéanamh ar imghabháil.

Ba chóir spriocanna aschuir a leagan amach agus a fhoilsiú maidir leis na príomhghníomhaíochtaí ar fad le gur féidir measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil na gníomhaíochtaí ar chúrsa leis na torthaí a theastaíonn a thabhairt.



## Caibidil 16

---

### Ioncam

#### Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim



## Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim

16.1 €8.1 billiún méid na n-aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2009. B'ionann aisíocaíochtaí le custaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus 20% de na fáiltais don bhliain. Bhain os cionn 98% de na haisíocaíochtaí sin le Cáin Ioncaim, Cáin Bhreisluacha (CBL) agus Cáin Chorparáide.

16.2 Eascraíonn aisíocaíochtaí ar thrí phríomhbhealach agus, chomh maith le haisíocaíochtaí in airgead (€3.2 billiún) agus aisíocaí (€4.16 billiún) is féidir leo eascairt freisin trí fhritháireamh (€0.78 billiún) i gcoinne dliteanas. Tugtar sracléiriú ar na cineálacha aisíocaíochtaí i bhFíor 85.

### Fíor 85 Cineálacha Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim

| An Cineál                      | Imthoisc na hAisíocaíochta                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|--------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Aisíocaíochtaí                 | Eascraíonn aisíocaíochtaí go príomha i ndáil le CBL agus Cáin Conarthaí lomchuí. I gcás CBL léiríonn siad na difríochtaí idir CBL ar cheannach agus ar dhíol.                                                                                                                                                                                                                                      |
| Aisíocaíochtaí ar aisíocaí iad | Eascraíonn aisíocaí i gcásanna inar ró-íocadh cáin agus ina bhfuil aisíoc ag dul don chliant in imthosca <ul style="list-style-type: none"><li>inár mó an réamhcháin ná an cháin iomlán is infíochta</li><li>ina bhfuil an cáiníocóir i dteideal faoiseamh nó liúntas nach raibh ar eolas nó nár leithroinneadh in am leordhóthanach chun go bhféadfaí an cháin chuí a ríomh agus a íoc.</li></ul> |
| Fritháirimh                    | Tarlaíonn fritháirimh nuair is lú an cháin a ró-íocadh ná an cháin chomhábha ghearríochta thar roinnt blianta nó cineálacha cánach. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim na ró-íocaíochtaí sin a fhritháireamh i gcoinne dliteanas eile cánach - ní tharlaíonn aon aistrithe in airgead sna cásanna sin.                                                                                                |

16.3 Tá bonn reachtúil faoi theideal chun aisíoca agus chun aisíocaíochtaí<sup>124</sup>. Ó bhí an bhliain 2003 ann, tá aisíocaíochtaí faoi réir éileamh bailí a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Ioncaim laistigh de cheithre bliana ó dheireadh na tréimhse lena mbaineann an t-éileamh. Cuireadh an teorainn ceithre bliana sin in ionad na dteorainneacha a bhí ann roimhe sin ar deich mbliana an teorainn ab fhaide díobh.

<sup>124</sup>

Alt 865 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

16.4 Tá an aisíocaíocht le haghaidh gach cineál cánach le cúig bliana anuas leagtha amach i bhFíor 86.

**Fíor 86 Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim 2005 - 2009**


| Íocaíochtaí                 | 2005         | 2006         | 2007         | 2008         | 2009         |
|-----------------------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|
|                             | €m           | €m           | €m           | €m           | €m           |
| Cáin Ioncaim                | 2,837        | 3,075        | 3,206        | 3,398        | 3,229        |
| CBL                         | 3,465        | 4,358        | 4,729        | 4,560        | 3,325        |
| Cáin Chorparáide            | 500          | 586          | 936          | 975          | 1,445        |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil    | 34           | 35           | 64           | 70           | 62           |
| Dleachtanna Stampa          | 20           | 42           | 65           | 49           | 23           |
| Dleachtanna Custaim         | 8            | 6            | 7            | 15           | 4            |
| Cáin Fháiltas Caipitiúil    | 12           | 12           | 6            | 8            | 12           |
| Mál                         | 158          | 138          | 124          | 103          | 48           |
| <b>Iomlán</b>               | <b>7,034</b> | <b>8,252</b> | <b>9,137</b> | <b>9,178</b> | <b>8,148</b> |
| <b>% den Toradh Comhlán</b> | <b>15%</b>   | <b>15%</b>   | <b>16%</b>   | <b>18%</b>   | <b>20%</b>   |

16.5 Ar an iomlán, le cúig bliana anuas, mhéadaigh aisíocaíochtaí mar chéatadán de thorthaí comhlána go seasta, ó 15% sa bhliain 2005 go 20% sa bhliain 2009.

### **Fócas an Caibidil – Leibhéal na nAisíocaíochtaí**

I bhfianaise leibhéal ard na n-aisíocaíochtaí agus, maidir leis an laghdú ar an toradh comhlán le blianta beaga anuas, i bhfianaise nach raibh laghdú comhionann ar aisíocaíochtaí, rinneadh anailís san iniúchadh ar na tosca ba chúis le méadú ar leibhéal na n-aisíocaíochtaí mar chionmhaireacht den toradh comhlán.

16.6 Léirítear i bhFíor 87 an gaol idir aisíocaíochtaí cánach agus fáiltais chomhlána thar an tréimhse 2005 go 2009 maidir leis na cánacha inar tharla an t-athrú is mó ar ghníomhaíochtaí aisíocaíochta.

**Fíor 87 Aisíocaíochtaí Cánach mar Chionmhaireacht d'Fháiltais Chomhlána na gCoimisinéirí Ioncaim 2005 – 2009**


16.7 B'ionann aisíocaíochtaí le custaiméirí sa bhliain 2009 i gcás Cánach Ioncaim agus CBL agus thart ar an gcúigiú cuid agus an ceathrú cuid, faoi seach, den teacht isteach iomlán faoi na cineálacha cánach sin. Méadaíodh go suntasach ar aisíocaíochtaí faoi dhá chineál cánach

- i gcás Cánach Corparáide (CC), b'ionann an céatadán a aisíocadh agus 27% de thoradh comhlán 2009 i gcomparáid le 8% agus 16% sna ceithre bliana roimhe sin
- i gcás Cánach Gnóchan Caipitiúil (CGC), méadaíodh ar chionmhaireacht na bhfáltais comhlán faoi chúig ó leibhéil 2005.

16.8 Tá na hearnálacha is mó atá i gceist leis na haisíocaíochtaí Cánach Corparáide agus Cánach Gnóchan Caipitiúil sa bhliain 2009 leagtha amach i bhFíor 88.

**Fíor 88 Aisíocaíochtaí de réir Earnála, 2009<sup>a</sup>**

| Earnáil                                                                                            | CC             | CGC         |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------|-------------|
|                                                                                                    | %              | %           |
| Gníomhaíochtaí a Bhaineann le hEasúit Réadach, Ligeann ar Cíos agus Gnó                            | 18%            | 40%         |
| Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola                                                                 | 13%            | 7%          |
| Foirgníocht                                                                                        | 7%             | 2%          |
| Idirghabháil Airgeadais                                                                            | 34%            | 2%          |
| Déantúsaíocht                                                                                      | 22%            | -           |
| Talmhaíocht, Seilg agus Foraoiseacht                                                               | -              | 15%         |
| Gníomhaíochtaí eile Pobail agus Sóisialacha agus Gníomhaíochtaí a Bhaineann le Seirbhísí Pearsanta | -              | 1%          |
| Iompar, Stóráil agus Cumarsáid                                                                     | 2%             | 1%          |
| Eile                                                                                               | 4%             | 32%         |
| <b>Iomlán</b>                                                                                      | <b>€1,325m</b> | <b>€54m</b> |

Nóta:

- a Níl luach na n-aisíocaíochtaí a ndéileáiltear leo mar aisíocaíochtaí a rinneadh a fhritháireamh i gcoinne cineálacha eile cánach ar áireamh san Fhigiúr seo.

16.9 Bhain 87% de na haisíocaíochtaí Cánach Corparáide go léir sa bhliain 2009 le ceithre earnáil. Is iad na hearnálacha sin Déantúsaíocht, Idirghabháil Airgeadais, Gníomhaíochtaí a Bhaineann le hEastát Réadach, Ligean ar Cíos agus Gnó agus Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola.

16.10 Cé go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim cionmhaireacht shuntasach de na haisíocaíochtaí Cánach Ioncaim a chur isteach faoin earnáil ‘eile’, is léir gurb í an earnáil ar a dtugtar Gníomhaíochtaí a Bhaineann le hEastát Réadach, Ligean ar Cíos agus Gnó an fhoinsé aisíocaíochtaí is mó ar 40%. Tá gníomhaíochtaí a bhaineann le Talmhaíocht i gceist i gcás 15% eile de na haisíocaíochtaí Cánach Gnóchan Caipitiúil.

16.11 D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta a tuairimí a thabhairt maidir leis an gclaonadh ó thaobh aisíocaíochtaí i gcoitinne agus maidir leis na tosca áirithe a bhí i gceist i gcás Cánach Corparáide agus Cánach Gnóchan Caipitiúil.

### ***Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta***

16.12 Léirigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur dlúthchuid d'oibriú an chórais cánach aisíocaíochtaí. D'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim le roinnt blianta anuas cur le tuiscint cáinióirí ar theidil a fhágann go ndéantar níos mó iarratas ar aisíocaíochtaí. Éilíonn gnóthaí aisíocaíochtaí chomh minic agus is féidir ar chúiseanna a bhaineann le sreabhadh airgid. Dúirt sí, cé gur CBL agus Cáin Ioncaim is mó atá i gceist le haisíocaíochtaí, is é an méadú ar aisíocaíochtaí Cánach Corparáide is mó is cúis leis an méadú foriomlán ar aisíocaíochtaí mar chionmhaireacht den toradh comhlán.

16.13 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhféadfaí a thoimhdean le réasún gur míniú ar leibhéal ar na n-aisíocaíochtaí Cánach Corparáide sa bhliain 2007 é nár tugadh réamhaisnéis ar mhéid an turnaimh ná ar a thapúla a bhí geilleagar na hÉireann ag meath mar gheall ar ró-íocaíochtaí réamhchánach ó chuideachtaí. Is é atá sa mhéadú breise sa bhliain 2009 ná léiriú ar thionchar an chúlaithe agus íocaíochtaí suntasacha ag eascairt mar gheall ar chuideachtaí a bheith ag fritháireamh caillteanas arna dtabhú i gcoinne brabús na tréimhse roimhe sin. Dúirt sí go bhféadfadh go dtugann na aisíocaíochtaí réamhChánach Gnóchan Caipitiúil míniú ar chuid den mhéadú suntasach ar aisíocaíochtaí mar chionmhaireacht den toradh comhlán don chineál cánach sin.

### **Fócas an Caibidil – Rialuithe maidir le hAisíocaíochtaí**

Gach bliain, san iniúchadh a dhéanaimse ar Chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim, déantar scrúdú ar na rialuithe atá i bhfeidhm i ndáil le haisíocaíochtaí agus déantar scrúdú ar shampla d'aisíocaíochtaí. Don bhliain 2009, rinneadh scanadh ríomhaire ar na cineálacha éagsúla cánach ina ndéantar aisíocaíochtaí agus rinneadh scrúdú ar shamplaí de thaifid bhí go díreach mar a chéile agus ar dhúbláigh ionchasacha. Cé gur cinneadh leis an iniúchadh go ndearnadh seiceáil réasúnach a chur i gcrích ar aisíocaíochtaí, rinneadh roinnt ró-íocaíochtaí agus laghdú ar seiceálacha ar chomhlíonadh i ndáil le híocaíochtaí i leith faoisimh cánach ag an bhfoinse a thabhairt faoi deara.

## Ró-íocaíochtaí

16.14 Mar gheall ar chleachtadh meaitseála ríomhaire a rinneadh le linn an iniúchta, tháinig 15 chás chun solais ina bhfuair cáiníocóirí a bhí cláraithe le haghaidh Cánach Ioncaim agus ÍMAT (íoc mar a thuillir) araon aisíocaíocht don tréimhse cánach chéanna faoin dá chlárú - 30 íocaíocht san iomlán. Bhí na méideanna dúblacha a bhí i gceist idir €1,040 agus €7,800 agus €53,451 a bhí i gceist san iomlán.

16.15 Ní raibh i gceist leis na cásanna a sainaithníodh san iniúchadh ach amháin na cásanna sin ina ndearnadh aisíocaíocht in airgead i leith na n-imthosca céanna faoi dhá chineál cánach. Ós rud é gur dócha go ndéantar cuid mhór ríomhanna a thabhairt chun críche gan aisíocaíocht i gcásanna ina lamháiltear na caiteachais i gcúrsa ríomhanna, tá an baol ann go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim suim i bhfad níos mó a aisíoc.

16.16 Déantar íocaíocht go huathoibríoch leis an gcáiníocóir i gcás inar lú ná teorainn áirithe an méid atá le haisíoc<sup>125</sup> ('Uathcheadú'). Sa chuid is mó de chásanna, ní iarrtar doiciméadacht tacaíochta ach amháin má roghnaítear an t-éileamh le haghaidh seiceáil mar gheall ar theip ar cheann de na seiceálacha córais nó mar gheall ar roghnú fánach. Bhí ocht gcinn den 30 íocaíocht os cionn na teorann sin.

16.17 I gcás amháin fuair trádálaí atá cláraithe le haghaidh CBL aisíocaíocht. Rinneadh measúnacht ar an ioncam ón trádáil ar thuairisceán cánach ioncaim an chéile. Tráth na haisíocaíochta, bhí cáin ioncaim gan íoc ar thaifead an chéile.

16.18 Ós rud é go dtugtar le tuiscint mar gheall ar na himthosca atá i gceist sna cásanna seo go bhfuil laigí ann sna rialuithe atá ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haisíocaíochtaí, d'iarr mé tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta i ndáil leis na nithe seo a leanas

- na himthosca ba chúis leis na haisíocaíochtaí
- na rialuithe a bhí i bhfeidhm chun ró-íocaíochtaí den sórt sin a chosc
- na rialuithe a bhí i bhfeidhm chun aisíocaíochtaí le cáiníocóirí ag a bhfuil dliteanas cánach gan íoc a chosc
- an méid ró-íocaíochtaí i gcoitinne.

### Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

16.19 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go gcinntítear le rialuithe córais atá i bhfeidhm nach féidir aisíocaíocht, seachas aisíocaíocht dífhostaíochta, a dhéanamh go huathoibríoch i leith clárú má tá an cás cláraithe freisin le haghaidh Cánach Ioncaim. Ligeann an córas aisíocaíochtaí a dhéanamh go huathoibríoch i leith clárú le haghaidh Cánach Ioncaim, áfach, fiú nuair atá an cás cláraithe freisin mar fhostaí ÍMAT. Is mar a leanas d'imthosca na n-aisíocaíochtaí dúblacha sna 15 chás

- in aon cheann déag de na cásanna tharla an aisíocaíocht ÍMAT sular cláraíodh an cás le haghaidh Cánach Ioncaim agus níor nocht an cáiníocóir sonraí na haisíocaíochta nuair a comhdaíodh an tuairisceán Cánach Ioncaim
- in dhá chás rinneadh an aisíocaíocht cánach ioncaim roimh an aisíocaíocht ÍMAT ach níor chuir an rialú córais cosc ar an dara haisíocaíocht de bhrí gur thosaigh agus gur scoir an clárú le haghaidh cánach ioncaim an dáta céanna sa dá chás

<sup>125</sup>

Tá teorainneacha éagsúla ann le haghaidh ÍMAT agus cánach ioncaim féinmheasúnachta.

- i gcás amháin rinneadh aisíocaíocht ÍMAT dífhostaíochta leis an gcáiníocóir agus níor nocht an cáiníocóir sonraí na haisíocaíochta nuair a chomhdaigh sé a thuairisceán cánach ioncaim ina dhiaidh sin
- i gcás eile ní raibh an rialú córais gníomhach toisc nach measúnaítí an cáiníocóir le haghaidh cánach ioncaim ach ó am go chéile.<sup>126</sup>

16.20 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil breithniú gníomhach á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim ar fhorbairt lena ndéanfaí a thaifeadadh go huathoibríoch ar an taifead cánach ioncaim go ndearnadh aisíocaíocht don bhliain chéanna ar an gclárú ÍMAT. Tá costas na forbartha sin á mheas faoi láthair agus déanfar cinneadh maidir lena cur i ngníomh go luath. Dúirt sí freisin go bhfuiltear ag gníomhú chun na méideanna a aisíocadh go mícheart a bhailiú.

## Aisíocaíochtaí le Cáiníocóirí ag a bhFuil Dliteanais gan Íoc

16.21 Tugadh sé chás<sup>127</sup> faoi deara san iniúchadh freisin ina ndearnadh aisíocaíochtaí in imthosca inar dhealraigh sé go raibh cáin ag dul do na Coimisinéirí Ioncaim ón gcáiníocóir ach nach ndearnadh aon fhritháireamh. Is mar a leanas d'imthosca áirithe na gcásanna sin

- i ceithre chás díscríobhadh cáin gan íoc ar thaifead an cháiníocóra. Déantar le nósanna imeachta díscríofa na gCoimisinéirí Ioncaim comhartha a chur ar thaifead ríomhaire an cháiníocóra arb é an éifeacht atá leis go gcuirtear cosc ar iarrachtaí eile an cháin a bhailiú. Dá dtiocfadh athrú ar imthosca an cháis, bhainfí an comhartha agus thosófaí ar iarrachtaí an athuair chun an cháin a bhailiú.
- i gcás amháin fuair an cáiníocóir aisíoc Cánach Cláraithe Feithiclí (CCF) nuair a bhí méideanna gan íoc le haghaidh cánacha eile
- sa chás deiridh fuair cáiníocóir is neamhchónaitheoir aisíoc i mí na Nollaig 2009 cé go raibh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas i mí na Samhna 2009 maidir le dliteanas i leith scair-roghanna.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

16.22 I ndáil leis na cásanna ina ndearnadh aisíocaíochtaí le cáiníocóirí ag a raibh dliteanais cánach a bhí gan íoc, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta an méid seo a leanas in iúl dom

- sna trí chás ina ndearnadh an cháin a dhíscríobh, nach ndéanann an próiseas fritháirimh cáin a díscríobhadh a chur i gcuntas agus i gcásanna den sórt sin ní mór do dhuine idirghabháil a dhéanamh
- sa chás ina ndearnadh aisíocaíocht CCF, nach ndéantar foráil leis na rialacháin chun fritháireamh a dhéanamh i gcoinne dliteanas cánach eile i gcásanna den sórt sin.

<sup>126</sup> Is é atá i gceist leis sin cáiníocóir nach mbítear ag súil le tuairisceán Cánach Ioncaim uaidh nó uaithi gach bliain.

<sup>127</sup> Bhí dhá chás eile ann ina raibh achomharc ar siúl maidir le cáin gan íoc an tráth a rinneadh na haisíocaíochtaí. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil aon fhoras ann chun aisíocaíocht a fhritháireamh i gcoinne cánach a bhfuil achomharc ar siúl maidir léi go dtí go gcinntear an t-achomharc nó go dtí go socraítear an ní trí chomhaontú.



## An Méid Ró-íocaíochtaí

16.23 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeadh anailís ríomhaire agus seiceáil ag duine i gceist chun meastachán iontaofa ar an méid ró-íocaíochtaí a ríomh agus gur tosaíodh ar an obair sin cheana. Bunaithe ar scrúdú ar shampla de chásanna, áfach, €1 mhilliún gach bliain meastachán garbh sealadach ar ró-íocaíochtaí den sórt sin i gcomhthéacs aisíocaíochtaí cánach ioncaim bliantúla os cionn €3 bhilliún gach bliain.

## Éilimh ar Fhaoisimh

16.24 I ngach ceantar de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim déantar seiceáil dearbhaithe agus cláir fíoraithe a chur i bhfeidhm ar éilimh chomh maith le tionscadail a dhíríonn ar liúntais agus ar fhaoisimh áirithe. Féadfaidh aisíocaíocht cánach nó laghdú ar an méid cánach is iníoctha a bheith mar thoradh ar éilimh den sórt sin. Tugadh faoi deara i gcúrsa an iniúchta gur aimsíodh gearríocaíochtaí cánach €1.7 milliún in athbhreithnithe ÍMAT i gCorcaí sa bhliain 2009; aisíocadh €0.4 milliún den mhéid sin agus tá an t-iarmhéid á bhailiú trí chreidmheasanna cánach a laghdú sna blianta atá le teacht. Measadh freisin go ndéanfaí €1.8 milliún eile a ghnóthú sa bhliain 2010. Bhain an chuid is mó de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu le héilimh le haghaidh faoisimh Teaghlaigh Aontuismitheora.

16.25 Tugadh faoi deara freisin go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim imscrúdú ar chaiteachais liachta áirithe i gCeantar Phort Láirge i réigiún an Oirdheiscirt Thoir sa bhliain 2008. Rinneadh an t-imscrúdú sin mar gheall ar eolas a fuarthas sa Cheantar sin i ndáil le héilimh liachta bhréagacha ó fhostaithe de chuid gnóthaí sonracha. Iarradh ar líon iomlán 556 cháiniocóirí doiciméadacht tacaíochta<sup>128</sup> a chur isteach le haghaidh éileamh agus fuarthas amach nach raibh doiciméadacht tacaíochta leordhóthanach nó bhailí ag 239 nó 43% de na cáiniocóirí sin. Fuarthas amach gur €679,588 an méid a rinneadh a ró-éileamh agus tarraingíodh siar aisíocaí €188,023.

16.26 D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta an meastachán ab fhearr a bhí aici ar a mhéid a thugtar aisíocaí caiteachas liachta nach gá ar fud na tíre i bhfianaise a bhfuarthas amach i réigiún an Oirdheiscirt Thoir agus ar a mhéid a dhéantar athbhreithnithe ar nós na n-athbhreithnithe a rinneadh i gCorcaí mar aon le torthaí na gníomhaíochta athbhreithnithe.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

16.27 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go roghnaíonn córais na gCoimisinéirí Ioncaim cásanna lena seiceáil ag daoine agus fócas ar aisíocaíochtaí ardriosca ach go roghnaítear roinnt cásanna go fánach. Tá na rialacha chun cásanna a roghnú á n-athbhreithniú faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil leibhéal cuí seiceála i bhfeidhm. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim teicnící anailíse a fhorbairt chun pátrúin agus claonta neamhghnácha in iompraíocht a bhaineann le héilimh ar chreidmheasanna cánach a bhrath.

16.28 Dúirt sí nach raibh sé indéanta meastachán náisiúnta a thabhairt ar bhonn thorthaí an tionscadail i Réigiún an Oirdheiscirt Thoir toisc go raibh cur chuige spriocdhírithe i gceist na tionscadal sin. Chuir sí in iúl dom go bhfuarthas amach i scrúdú ar éilimh ar chaiteachais liachta i Réigiún an Iardheiscirt ar bhonn roghnú fánach éileamh gur 7% an líon éileamh neamhbhailí. Mar thoradh ar athbhreithniú ar éilimh ar chaiteachais liachta i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, tarraingíodh siar 3% d'éilimh agus 23% an leibhéal i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ar an gcaoi chéanna, maidir le creidmheas Teaghlaigh Aontuismitheora, bhí an leibhéal éileamh a

<sup>128</sup>

Ní gá do cháiniocóirí doiciméadacht tacaíochta a chur isteach i dteannta éileamh ach ní mór dóibh an doiciméadacht sin a choinneáil go ceann sé bliana.

tarraingíodh siar idir 9% i mBaile Átha Cliath 51% i bPort Láirge. Dhírigh an tOifigeach Cuntasaíochta aird ar an ngá atá ann a bheith cúramach le linn comparáidí a dhéanamh idir tionscadail toisc gur minic go mbíonn fócais éagsúla i gceist leo agus d'fhéadfadh cuid acu a bheith dírithe níos mó ar eolas ná cuid eile. Ba cheart cuimhneamh freisin go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim éilimh roinnt cáiníocóirí a tharraingt siar toisc nár thug siad aon fhreagra ar cheisteanna.

## Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse

16.29 Tugtar faoiseamh ó cháin le haghaidh caiteachas áirithe ag an bhfoinse agus déanann na forais a bhfuil na caiteachais iníoctha leo an faoiseamh a phróiseáil. Bíonn an méid sin i gceist go príomha i gcásanna Faoisimh i leith Úis Morgáiste agus Faoiseamh Árachais Liachta. Déantar íocaíochtaí gach mí le soláthraithe morgáistí agus árachais liachta a chuireann an méid iomchuí faoisimh chun sochair do chuntas gach cáiníocóra. Ar áireamh ar roinnt aisíocaíochtaí Cánach Ioncaim sa bhliain 2009 tá €486 mhilliún a bhaineann le faoiseamh cánach i leith úis morgáiste ag an bhfoinse agus €589<sup>129</sup> milliún a bhaineann le faoiseamh cánach árachais liachta ag an bhfoinse.

16.30 Samhlaítear le nósanna imeachta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim go mbeidh clár ann chun cuairt um chomhlíonadh a thabhairt ar iasachtóirí morgáistí agus árachóirí liachta chun a chinntiú go gcomhlíonann siad téarmaí na scéimeanna go hiomlán. Sa bhliain 2009, tugadh cuairt um chomhlíonadh ar cheithre cinn de na deich n-árachóirí liachta, lena n-áirítear na trí mhórárachóirí. Tugadh cuairt ar dhá sholáthraí morgáistí sa bhliain 2009 chun saincheisteanna a réiteach a sainathnódh trí ghnáthfhaireachán agus tugadh cuairt ar cheann díobh sin ceithre huaire. Sa bhliain 2008, bhí cuairteanna um chomhlíonadh ar sholáthraithe morgáistí dírithe ar údarais áitiúla agus ar mhioniasachtóirí agus tugadh cuairt ar shé cinn díobh sin.

16.31 D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cén fáth gur thug na Coimisinéirí Ioncaim a laghad cuairteanna i ndáil le faoiseamh i leith úis morgáiste sa bhliain 2009 agus cén fáth nár tugadh ach líon teoranta sa bhliain 2008. D'fhiafraigh mé di freisin, i bhfianaise an lín teoranta cuairteanna a tugadh, conas a fuair sí dearbhuithe go raibh na faoisimh á gcur chun feidhme go cuí ag na forais lena mbaineann.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

16.32 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur cuid de na socruithe chun faireachán a dhéanamh agus chun a chinntiú go n-oibríonn iasachtóirí de réir an chórais a bhaineann le Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse iad cuairteanna um chomhlíonadh. Oifigeach idirchaidrimh a shanntar do gach foras iasachtaithe agus árachóir liachta atá freagrach as faireachán leanúnach agus as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta maidir le héilimh.

16.33 Idir 2005 agus 2009, Tugadh cuairteanna um chomhlíonadh ar 53% de na príomhiasachtóirí. Sa bhliain 2008, cinneadh díriú ar údarais áitiúla agus ar mhioniasachtóirí toisc nach ndearnadh scrúdú orthu sin go sonrach roimhe sin. Tugadh cuairt ar thart ar 20% de na mioniasachtóirí sa bhliain 2008.

16.34 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur ghá, mar thoradh ar athruithe ar fhaoiseamh i leith úis morgáiste a tugadh isteach sa Cháinainnéis Fhorlíontach i mí Aibreáin 2009, athbhreithniú a dhéanamh ar gach cuntas morgáiste den 564,000 cuntas morgáiste chun incháilitheacht a mheasúnú. Mar gheall ar an dearbhú um chomhlíonadh ón athbhreithniú sin mar aon leis na hacmhainní teoranta a bhí ar fáil sa bhliain 2009 chun obair a bhaineann le comhlíonadh a

<sup>129</sup>

Is i leith creidmheasa árachais sláinte a bhaineann le haois is ea €216 mhilliún den mhéid sin.

dhéanamh, níorbh indéanta an clár beartaithe cuairteanna um chomhlíonadh agus níorbh úsáid bharainneach acmhainní tearca é.

16.35 Sa bhliain 2007, bunaíodh aonad um chomhlíonadh chun scrúdú a dhéanamh ar na priacail a bhaineann le faoiseamh i leith úis morgáiste ag leibhéal an tsealbhóra morgáiste aonair. Bhí scrúdú déanta ar díreach os cionn 17,000 cás faoi dheireadh 2009.

16.36 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíocht gur deimhin léi, toisc gur ghá na hathruithe a thig de dhroim na Cáinainnéise a chur i ngníomh agus acmhainní tearca a spriocdhíriú, go bhfuair na Coimisinéirí Ioncaim leibhéal cuí dearbhaithe maidir le faoisimh cánach a thugtar ag an bhfoinse a chur i bhfeidhm go cuí. Dúirt sí gurb amhlaidh a bhí go háirithe i ndáil le hús morgáiste mar gheall ar a mhéid a clúdaíodh sa chlár cuairteanna um chomhlíonadh idir 2005 agus 2009 agus na seiceálacha ar gach cuntas a raibh gá leo de dhroim na n-aithruithe sa Cháinainnéis Fhorlíontach.

## Conclúid

Mhéadaigh leibhéal na n-aisíocaíochtaí mar chionmhaireacht d'fháltais chomhlána ó 15% sa bhliain 2005 go 20% sa bhliain 2009. Cé go mbeifí ag súil le roinnt athruithe ar an ngaol idir aisíocaíochtaí agus fáltais, tá sé tábhachtach go sainaithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim na cúiseanna le haisíocaí agus cúrsaí geilleagair mar atá faoi láthair.

Sainaithníodh roinnt aisíocaíochtaí dúblacha trí chleachtadh meaitseála ríomhaire. Ba léir ó obair a rinneadh dá dhroim sin go raibh éilimh á ndéanamh ar fhaoiseamh faoin gcóras cánach ioncaim agus faoin gcóras ÍMAT araon. Ós rud é nár bhain sampla an iniúchta ach amháin le cásanna inar íocadh na méideanna ceannann céanna níos mó ná uair amháin, d'fhéadfadh go bhfuil an leibhéal cruinn éileamh mícheart níos airde. De dhroim na ró-íocaíochtaí a sainaithníodh ar iniúchadh, measann na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfadh gur €1 mhilliún gach bliain leibhéal foriomlán na ró-íocaíochtaí sin, cé go mbeadh orthu modh a cheapadh chun meastacháin a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise.

De réir dealraimh, tá scóip ann chun laghdú a dhéanamh ar aisíocaíochtaí i gcásanna ina bhfuil dliteanas ann an tráth céanna.

Ina theannta sin, sainaithníodh i roinnt athbhreithnithe a rinne na Coimisinéirí Ioncaim roinnt éileamh neamhbhailí ar fhaoisimh nach aisíocaíocht a bhíonn de thoradh orthu ach méid laghdaithe a bhailiú.



## Caibidil 17

---

Ioncam

Faoisimh i leith Caillteanas



## Faoisimh i leith Caillteanas

17.1 I gcomhréir leis an gcleachtas i dtíortha eile OECD, déantar foráil i reachtaíocht chánach na hÉireann á rá go bhféadfaidh gnóthaí a thabhaíonn caillteanas na caillteanas sin a fhritháireamh i gcoinne brabús inchánach, in imthosca áirithe agus faoi réir coinníollacha agus srianta áirithe. Déantar foráil freisin á rá go bhféadfar caillteanas áirithe a thabhairt ar gcúl i gcoinne brabús de chuid bliana roimhe sin<sup>130</sup> agus a thabhairt ar aghaidh i gcoinne brabús sa todhchaí.

### Béim na Caibidle

Ba é ab aidhm don iniúchóireacht ná a fháil amach:

- an méid úsáide a bhain cuideachtaí, le blianta beaga anuas, as na forálacha den reachtaíocht chánach a bhaineann le faoiseamh i leith caillteanas
- ar shainithin na Coimisinéirí Ioncaim leibhéal na gcaillteanas a bhí á dtabhairt ar aghaidh agus cén éifeacht ba dhóigh a bheadh aige sin ar bhailiú cánacha sa todhchaí
- an raibh difríochtaí suntasacha ann idir earnálacha eacnamaíochta i dtaca leis an líon caillteanas agus cé mhéad de na caillteanas sin a bhí á dtabhairt ar aghaidh.

Díríodh go sonrach ar Cháin Chorporáide.

## Forálacha a bhaineann le Faoiseamh i Leith Caillteanas – Cáin Chorporáide

17.2 Is é atá sna figiúirí a luaitear sa chaibidil ná méideanna na gcaillteanas a éilíodh nó a úsáideadh. Is é is éifeacht le faoiseamh i leith caillteanas ná go bhfuil ríomhaireacht cháin na cuideachta ag brath ar an ráta Cánach Corporáide is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí as a leanann an caillteanas

- Tá feidhm ag an ráta caighdeánach Cánach Corporáide 12.5% maidir le brabúis trádála.
- Tá faoiseamh ar fáil trína ndéantar brabúis trádála ó ghníomhaíochtaí áirithe monaraíochta a chur faoi cháin dáiríre de réir ráta 10%. Tá an faoiseamh sin, ar a dtugtar faoiseamh monaraíochta de ghnáth, á chéimniú amach agus ní bheidh sé ar fáil a thuilleadh tar éis an 31 Nollaig 2010.
- Cuirtear ioncam neamhthrádála faoi cháin de réir ráta 25% amhail mar a dhéantar i gcás ioncaim ó ‘trádálacha eisceithe’, ar trádálacha iad a fholáíonn déileáil i dtalamh agus ioncam trádála ó oibríochtaí mianadóireachta agus peitiriam.

<sup>130</sup>

Níl tabhairt ar gcúl caillteanas ar fáil ach amháin i gcás cuideachtaí atá inmhúirearaithe i leith cánach corporáide. Níl sé ar fáil do thrádálaithe aonair ná do chomhpháirtíochtaí i gcás ina bhfuil na daoine inmhúirearaithe i leith cánach ioncaim.

## Úsáid a bhaint as Faoisimh i leith Caillteanas

17.3 I gcoitinne, ní feidir caillteanais trádála cuideachta a fhritháireamh i gcoinne brabús de chuid na tréimhse cuntasaíochta céanna nó de chuid tréimhse comhfhaid cuntasaíochta roimhe sin. Ina theannta sin, is féidir caillteanais trádála a fhritháireamh i gcoinne brabús de chuid na bliana reatha agus bliana roimhe sin ar brabúis iad ó ghníomhaíochtaí atá inmheasúnaithe i leith Cánach Corparáide de réir ráta 25% ach tugtar faoiseamh ar bhonn luacha<sup>131</sup>. Is féidir aon chaillteanais neamhúsáidte a thabhairt ar aghaidh i gcoinne brabús sa todhchaí ón trádáil chéanna gan aon teorainn ama ach ní mór iad a úsáid i gcoinne na mbrabús is túisce atá ar fáil. Trí ghrúpfhaoiseamh, ceadáítear do chomhalta amháin de ghrúpa cuideachtaí a chaillteanas trádála a gheilleadh do chomhalta eile den ghrúpa ach sin in aghaidh na tréimhse cuntasaíochta reatha i.e. ní féidir caillteanais a thugtar ar aghaidh nó ar gcúl a aistriú chuig grúpchuideachtaí eile. Féadfar caillteanas trádála a tabhaíodh sa dá mhí dhéag dheireanacha de chuid trádála scortha a thabhairt ar gcúl agus a fhritháireamh i gcoinne ioncain trádála de chuid na trádála céanna sna trí bliana roimhe sin.

17.4 Maidir le caillteanais a thabhaigh cuideachta ó thalamh nó maoin sa Stát a ligean ar cíós, féadfar iad a thabhairt ar gcúl lena bhfritháireamh i gcoinne ioncain ó chíos sa tréimhse chuntasaíochta roimhe sin nó a thabhairt ar aghaidh lena bhfritháireamh i gcoinne ioncain ó chíos sa todhchaí. Is féidir caillteanais neamhtrádála eile a fhritháireamh i gcoinne ioncain den chineál céanna sa tréimhse chéanna nó a thabhairt ar aghaidh i gcoinne brabús den chineál céanna sa todhchaí. Níl caillteanais caipitiúla inlamháilte i gcoinne ioncain trádála nó ioncain neamhtrádála ach féadfar iad a fhritháireamh i gcoinne gnóchan caipitiúil de chuid na tréimhse cuntasaíochta céanna nó féadfar iad a thabhairt ar aghaidh i gcoinne gnóchan caipitiúil i dtreimhsí cuntasaíochta sa todhchaí.

17.5 Chun daoine a chur ó thuairisceáin dhéanacha a thíolacadh, tá srianta ann maidir le roinnt faoiseamh éagsúil a úsáid lena n-áirítear faoiseamh i leith caillteanas áirithe. I gcás ina ndéantar tuairisceán a thíolacadh go déanach, tá an méid úsáide ar féidir a bhaint as caillteanas srianta ionas go ndéantar brabúis in aon tréimhse a laghdú de mhéid nach mó ná 50% den tsuim a bheadh ar fáil thairis sin, ach sin faoi réir srian uasta €158,715. I gcás ina dtugtar an tuairisceán tráth nach faide ná dhá mhí déanach, laghdaítear an srian go dtí 25% nó go dtí suim uasta €31,740. Níl aon srian ann i dtaca le caillteanais ar aghaidh.

17.6 Is ionann aistriú trádála ó chuideachta amháin go dtí cuideachta eile agus scor den trádáil sin agus ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon chaillteanais trádála ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh. Maidir le caillteanais neamhúsáidte de chuid trádála a aistrítear ó chuideachta amháin go dtí cuideachta eile, féadfaidh an chuideachta eile sin iad a úsáid, áfach, i gcás ina seolann sí an trádáil, agus go sealbhaíonn na daoine céanna leas nach lú ná 75% sa trádáil roimh an athrú agus tar éis an athraithe. Ní lamháiltear caillteanais a thabhairt ar aghaidh más rud é go bhfuil athrú ar úinéireacht ann agus, freisin, athrú ar chineál nó ar sheoladh na trádála nó más rud é, tráth an athraithe ar úinéireacht go bhfuil an trádáil a sheoltar tar éis teacht chun bheith beag nó neamhbhríoch. Tá an fhoráil sin is déanaí atá luaite ann chun cur i gcoinne an bhealaigh chun cáin a sheachaint ar a dtugtar ‘ceannach caillteanas’.

<sup>131</sup>

Sa tsli sin, cinntítear go bhfanann luach aon fhaoisimh a lamháiltear ag an leibhéal céanna gan spleáchas do na rátaí a bhfuil feidhm acu maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.



## An Faoiseamh i leith Caillteanas a Éilítear

17.7 Tá sé de cheangal ar chuideachtaí a dtuairisceán deiridh Cánach Corparáide a thabhairt naoi mí tar éis dheireadh a dtréimhse cuntasáiochta. Ní go dtí go dtugtar an tuairisceán sin atá faisnéis ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le méid na gcaillteanas a tabhaíodh. Mar shampla, bhí tuairisceáin Chánach Corparáide maidir le tréimhsí cuntasáiochta dar chríoch mí na Nollag 2008 le tíolacadh faoi mhí Mheán Fómhair 2009.

### Caillteanais Trádála

17.8 Rinne na Coimisinéirí Ioncaim mionsonraí faoi chaillteanais trádála a bhí san áireamh i dtuairisceáin Chánach Corparáide do na tréimhsí cuntasáiochta dar chríoch 2007 agus 2008 a sholáthar agus tá na mionsonraí sin leagtha amach i bhFíor 89.

#### Fíor 89 Caillteanais Trádála – Tuairisceáin Chánach Corparáide 2007 agus 2008

|                                                                              | Tréimhsí Cuntasáiochta dar chríoch sna blianta |               |        |               |
|------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|---------------|--------|---------------|
|                                                                              | 2007                                           |               | 2008   |               |
|                                                                              | €m                                             | €m            | €m     | €m            |
| <b>Caillteanais Trádála sa Tréimhse</b>                                      |                                                |               |        |               |
| Gníomhaíochtaí a chuirtear faoi cháin de réir an ráta chaighdeánaigh         | 13,774                                         |               | 16,500 |               |
| Gníomhaíochtaí atá cáilithe le haghaidh an ráta 10%                          | 207                                            |               | 882    |               |
|                                                                              |                                                | <b>13,981</b> |        | <b>17,382</b> |
| <b>Caillteanais Trádála Arna dTabhairt Ar Aghaidh ó Thréimhsí Roimhe Sin</b> |                                                |               |        |               |
| Gníomhaíochtaí a chuirtear faoi cháin de réir an ráta chaighdeánaigh         | 5,433                                          |               | 11,185 |               |
| Gníomhaíochtaí atá cáilithe le haghaidh an ráta 10%                          | 420                                            |               | 510    |               |
|                                                                              |                                                | <b>5,853</b>  |        | <b>11,695</b> |

17.9 Ar bhonn comhiomlán, ní ghineann córais ríomhaireachta na gCoimisinéirí Ioncaim sonraí a bhaineann le méid na gcaillteanas a úsáidtear iarbhrí in aon bhliain áirithe. Níl aon fhoráil ar chóras na gCoimisinéirí Ioncaim ach oiread chun taifeadadh a dhéanamh ar mhionsonraí faoi chaillteanais nár úsáideadh agus atá ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh chuig blianta sa todhchaí. Dá bhrí sin, cé go bhfuil na caillteanais trádála a bhí san áireamh sna tuairisceáin Chánach Corparáide i dtréimhsí dar críoch bliain áirithe, chomh maith leis na caillteanais sin a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin, ar taispeáint sna méideanna i bhFíor 89, ní bheadh an méid faoisimh a fuarthas i leith na gcaillteanas sin ar fáil gan na córais ríomhaireachta a fhorbairt tuilleadh.

### Caillteanais Trádála de réir Earnála

17.10 Déantar na caillteanais trádála i ngach tréimhse agus na méideanna a thugtar ar aghaidh ó thréimhsí roimhe sin, mar a thaispeántar i bhFíor 89 thuas, a anailísiú de réir earnála eacnamaíochta i bhFíor 90, ina ndéantar na caillteanais ó ghníomhaíochtaí a chuirtear faoi cháin de réir an rata chaighdeánaigh a chónascadh leo sin a chuirtear faoi cháin de réir an ráta 10%.

#### Fíor 90 Caillteanais Trádála de réir Earnála 2007 agus 2008

| Earnáil                                                    | Tréimhsí Cuntasaíochta dar chríoch sna blianta |                               |                                |                               |
|------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|-------------------------------|--------------------------------|-------------------------------|
|                                                            | 2007                                           |                               | 2008                           |                               |
|                                                            | Caillteanais sa Tréimhse<br>€m                 | Caillteanais Ar Aghaidh<br>€m | Caillteanais sa Tréimhse<br>€m | Caillteanais Ar Aghaidh<br>€m |
| Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht               | 102                                            | 69                            | 145                            | 64                            |
| Iascaireacht                                               | 13                                             | 22                            | 22                             | 20                            |
| Mianadóireacht agus Cairéalacht                            | 12                                             | 13                            | 21                             | 14                            |
| Monaraíocht                                                | 1,569                                          | 579                           | 1,465                          | 762                           |
| Leictreachas, Gás agus Soláthar Uisce                      | 25                                             | 114                           | 48                             | 181                           |
| Tógáil                                                     | 436                                            | 358                           | 998                            | 390                           |
| Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola                         | 497                                            | 596                           | 841                            | 553                           |
| Óstáin agus Bialanna                                       | 571                                            | 300                           | 160                            | 333                           |
| Iompar, Stóráil agus Cumarsáid                             | 495                                            | 318                           | 692                            | 323                           |
| Idirghabháil Airgeadais                                    | 8,815                                          | 1,546                         | 9,024                          | 5,777                         |
| <i>Ina n-áirítear</i>                                      |                                                |                               |                                |                               |
| <i>Forais Airgeadais faoi Ráthaíocht Stáit<sup>a</sup></i> | 27                                             | 0.5                           | 355                            | –                             |
| Eastát Réadach, Cíosanna agus Gníomhaíochtaí Gnó           | 1,120                                          | 1,705                         | 3,710                          | 2,992                         |
| Riarachán Poiblí agus Cosaint                              | 16                                             | 2                             | 7                              | 1                             |
| Oideachas                                                  | 17                                             | 16                            | 16                             | 20                            |
| Sláinte agus Obair Shóisialta                              | 49                                             | 31                            | 55                             | 36                            |
| Seirbhísí Phobail, Shóisialta agus Phearsanta              | 239                                            | 167                           | 176                            | 227                           |
| Gníomhaíochtaí de chuid Teaghlach                          | –                                              | –                             | –                              | –                             |
| Eagraíochtaí seach-chríche                                 | –                                              | 3                             | –                              | –                             |
| Gach Earnáil Eile/Anaithnid                                | 5                                              | 14                            | 2                              | 2                             |
| <b>Gach Earnáil</b>                                        | <b>13,981</b>                                  | <b>5,853</b>                  | <b>17,382</b>                  | <b>11,695</b>                 |

Nóta:

- a Áirítear anseo na forais a chlúdaítear a le Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 arna déanamh faoi Alt 6(4) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, agus cuideachtaí eile atá laistigh dá ngrúpa.

17.11 San earnáil idirghabhála airgeadais a bhí an tionchar ba mhó de bharr caillteanas trádála sna blianta 2007 agus 2008. Maidir le caillteanas trádála €8.8 billiún sa bhliain 2007 san earnáil sin, bhain 85% (€7.5 billiún) díobh le trí chuideachta ar leith. Maidir leis na caillteanas €9 mbilliún sa bhliain 2008, tharla corradh beag le leath díobh i gcúig chuideachta. Maidir le 90% de na caillteanas €5.8 billiún a tugadh ar aghaidh sa bhliain 2008, baineann siad le cuideachta amháin.

17.12 Áirítear san earnáil seo na mórfhorais airgeadais agus tá caillteanas €26.5 milliún san áireamh i bhfigiúirí na bliana 2007 ar caillteanas é i leith ceann amháin de na seacht bhforas a chlúdaítear le scéim ráthaíochta na mbanc (na forais chlúdaithe). Sa bhliain 2008, rinne na forais chlúdaithe, lena n-áirítear cuideachtaí laistigh dá ngrúpa, caillteanas iomlána €355 milliún a thaifeadh sa tréimhse ina dtuairisceáin Chánach Corparáide. Ós rud é go mbaineann na sonraí le tréimhsí cuntasáíochta dar críoch 2007 agus 2008, ní áirítear iontu aon chaillteanas a tabhaíodh i dtréimhsí dar críoch 2009 agus 2010<sup>132</sup>. Is dócha go mbeidh na caillteanas san earnáil seo le haghaidh na mblianta 2009 agus 2010 níos airde go suntasach de bharr na muirear laghdúcháin ar shócmhainní iasachta. I bhFíor 91, tugtar achoimre ar na caillteanas roimh cháin i gcás na gcúig fhoras airgeadais a fhaigheann tacaíocht ón Stát de réir mar a thaispeántar sna cuntais iniúchta is déanaí de chuid gach forais ar leithligh atá ar fáil.

#### **Fíor 91 Forais Airgeadais a Fhaigheann Tacaíocht ón Stát – Torthaí in aghaidh na gCuntas Iniúchta**

| <b>Foras Airgeadais</b>              | <b>Tréimhse Chuntasaíochta</b> | <b>Brabús (Caillteanas) Roimh Cháin<br/>€m</b> | <b>Brabús (Caillteanas) sa Bhliain Roimhe sin<br/>€m</b> |
|--------------------------------------|--------------------------------|------------------------------------------------|----------------------------------------------------------|
| Grúpa AIB                            | 31 Nollaig 2009                | (2,656)                                        | 1,034                                                    |
| Anglo Irish Bank Corporation Limited | 31 Nollaig 2009                | (12,829) <sup>a</sup>                          | 784 <sup>b</sup>                                         |
| Banc na hÉireann                     | 31 Nollaig 2009                | (1,813) <sup>c</sup>                           | (23) <sup>d</sup>                                        |
| Cumann Foirgníochta EBS              | 31 Nollaig 2009                | (99)                                           | (38)                                                     |
| Cumann Foirgníochta Irish Nationwide | 31 Nollaig 2009                | (2,478)                                        | (280)                                                    |

Nótaí:

- a 15 mhí dar chríoch 31 Nollaig 2009.
- b Is é atá sa bhliain roimhe sin ná an bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2008.
- c Naoi mí dar chríoch 31 Nollaig 2009.
- d Tá athráiteas déanta maidir leis na torthaí don bhliain dar chríoch 31 Márta 2009.

17.13 Is dócha go sainaithneoidh na forais sin tuilleadh caillteanas sa bhliain 2010 de réir mar a aistrítear sócmhainní iasachta chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Sócmhainní (NAMA) agus de réir mar a shainaithnítear caillteanas dochair breise.

17.14 Tá srian leis an méid caillteanas den sórt seo is féidir a úsáid mar fhritháireamh i gcoinne aon bhrabús sa todhchaí. Leis an Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, leasaíodh an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 chun srian a chur le húsáid caillteanas ag forais rannpháirteacha<sup>133</sup> i dtréimhsí cuntasáíochta dar tús aon tráth tar éis Acht NAMA a rith. Is é atá sa mhéid uasta caillteanas a thugtar ar aghaidh agus is féidir a úsáid i ngach tréimhse ná leath bharrachas na gcaillteanas trádála atá ag grúpa sa tréimhse sin, ionas go bhfanfaidh 50% de bhrabúis trádála an ghrúpa innhuirearaithe i leith cánach i ngach tréimhse. Is é

<sup>132</sup> Ní mór tuairisceáin chánach corparáide a thíolacadh naoi mí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáíochta.

<sup>133</sup> Tá cúig fhoras creidmheasa páirteach i scéim NAMA – trí bhanc agus dhá chumann foirgníochta.

is éifeacht leis an srian sin ná fadú na tréimhse ama ar laistigh di a fhéadfaidh forais rannpháirteacha faoiseamh i leith caillteanais a úsáid.

### **Faoiseamh i Leith Caillteanas ar Bhonn Luacha agus Caillteanais a Thabhairt ar gCúl**

17.15 Ina theannta sin, taispeánann na tuairisceáin Chánach Corparáide an méid faoisimh i leith caillteanais a éilíodh mar aon le héilimh ar chaillteanais a thabhairt ar gcúl chuig tréimhsí cuntasáíochta is túsce agus ar ghrúpfhaoiseamh. I bhFíor 92 taispeántar an méid faoiseamh den sórt sin a éilíodh do 2007 agus 2008.

#### **Fíor 92 Éilimh ar Fhaoiseamh i leith Caillteanais ar Bhonn Luacha, Caillteanais a thabhairt ar gCúl agus Grúpfhaoiseamh do na blianta 2007 agus 2008**

|                                                                      | Tréimhsí Cuntasáíochta dar chríoch sna blianta |              |       |               |
|----------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|--------------|-------|---------------|
|                                                                      | 2007                                           |              | 2008  |               |
|                                                                      | €m                                             | €m           | €m    | €m            |
| <b>Faoiseamh i leith Caillteanais ar Bhonn Luacha<sup>a</sup></b>    |                                                |              |       |               |
| Gníomhaíochtaí a chuirtear faoi cháin de réir an ráta chaighdeánaigh | 837                                            |              | 1,431 |               |
| Gníomhaíochtaí atá cáilithe le haghaidh an ráta 10%                  | 49                                             |              | 72    |               |
|                                                                      |                                                | <b>886</b>   |       | <b>1,503</b>  |
| <b>Éilimh ar Chaillteanais a Thabhairt ar gCúl</b>                   |                                                | <b>292</b>   |       | <b>1,573</b>  |
| <b>Éilimh ar Ghrúpfhaoiseamh</b>                                     |                                                | <b>3,321</b> |       | <b>8,357</b>  |
| <b>Iomlán</b>                                                        |                                                | <b>4,499</b> |       | <b>11,433</b> |

Nóta:

- a Is ionann na figiúirí maidir le faoiseamh i leith caillteanais agus léiriú ar an méid caillteanas i gcás ina bhfuil feidhm ag teorainn luacha, ní hionann é agus an faoiseamh iomlán i leith caillteanais a sholáthraítear sa tréimhse.

17.16 Tá sé curtha in iúl ag na Coimisinéirí Ioncaim gurb ionann na méideanna a thaispeántar maidir le faoiseamh i leith caillteanais agus léiriú ar an úsáid a baineadh as faoiseamh i leith caillteanais sa tréimhse lena mbaineann. Ós rud é gur baineadh na figiúirí as na tuairisceáin chánach a tíolacadh, áfach, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú orthu tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim próiseáil agus measúnú a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur méideanna éagsúla a bheidh i gceist i méideanna foriomlána na gcaillteanas a úsáideadh iarbhrí sa tréimhse.

17.17 Déantar anailís eárnalach ar an bhfaoiseamh i leith caillteanais ar bhonn luacha agus ar éilimh ar chaillteanais a thabhairt ar gcúl do na blianta 2007 agus 2008 a leagan amach i bhFíor 93.

**Fíor 93 Faoiseamh i Leith Caillteanas ar Bhonn Luacha agus Caillteanais a Thabhairt ar gCúl 2007 agus 2008**

| Earnáil                                          | Faoiseamh ar Bhonn Luacha |              | Caillteanais a Thabhairt ar gCúl |              |
|--------------------------------------------------|---------------------------|--------------|----------------------------------|--------------|
|                                                  | 2007<br>€m                | 2008<br>€m   | 2007<br>€m                       | 2008<br>€m   |
| Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht     | 17                        | 22           | 1                                | 1            |
| Iascaireacht                                     | 4                         | 5            | –                                | 1            |
| Mianadóireacht agus Cairéalacht                  | 3                         | 5            | –                                | 2            |
| Monaraíocht                                      | 88                        | 310          | 24                               | 130          |
| Leictreachas, Gás agus Soláthar Uisce            | 4                         | 12           | –                                | 1            |
| Tógáil                                           | 136                       | 313          | 41                               | 167          |
| Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola               | 121                       | 179          | 25                               | 125          |
| Óstáin agus Bialanna                             | 62                        | 59           | 2                                | 6            |
| Iompar, Stóráil agus Cumarsáid                   | 93                        | 96           | 4                                | 31           |
| Idirghabháil Airgeadais                          | 26                        | 67           | 160                              | 929          |
| Eastát Réadach, Cíosanna agus Gníomhaíochtaí Gnó | 290                       | 392          | 33                               | 167          |
| Riarachán Poiblí agus Cosaint                    | 9                         | –            | –                                | 1            |
| Oideachas                                        | 3                         | 6            | –                                | 1            |
| Sláinte agus Obair Shóisialta                    | 4                         | 7            | –                                | 1            |
| Seirbhísí Phobail, Shóisialta agus Phearsanta    | 24                        | 28           | 2                                | 10           |
| Gníomhaíochtaí de chuid Teaghlach                | –                         | –            | –                                | –            |
| Eagraíochtaí seach-chríche                       | –                         | –            | –                                | –            |
| Gach Earnáil Eile/Anaithnid                      | 2                         | 2            | –                                | –            |
| <b>Gach Earnáil</b>                              | <b>886</b>                | <b>1,503</b> | <b>292</b>                       | <b>1,573</b> |

17.18 Tháinig méadú ar úsáid faoisimh i leith chaillteanais ar bhonn luacha ó €886 milliún sa bhliain 2007 go dtí €1,503 milliún sa bhliain 2008. Ba iad na hearnálacha ba mhó a fearadh orthu ná monaraíocht, tógáil agus an earnáil eastáit réadaigh, cíosanna agus gníomhaíochtaí gnó. Maidir le héilimh ar fhritháireamh caillteanas i gcoinne tréimhsí cuntasáíochta is túisce, tháinig méadú €1,281 mhilliún orthu go dtí €1,573 mhilliún idir na blianta 2007 agus 2008. Bhain 60% den mhéadú sin le cuideachtaí san earnáil idirghabhála airgeadais.

## Caillteanais Eile

17.19 Ní féidir faoiseamh i leith caillteanais cíosa a thabhairt ar gcúl nó a thabhairt ar aghaidh ach amháin i gcoinne brabús eile cíosa. Tá mionsonraí faoi chaillteanais chíosa a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí cuntasáíochta roimhe sin le fáil sa tuairisceán Cánach Corparáide agus bhí suim iomlán €114 mhilliún ann sa bhliain 2007 agus bhí suim iomlán €150 milliún ann sa bhliain 2008. Ní heol cén méid de na suimeanna sin a úsáideadh.

17.20 Ba é €1.8 billiún méid na gcaillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní caipitiúla sa bhliain 2008. Ba é €1.2 billiún méid na gcaillteanas caipitiúil a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí roimhe sin agus ba é €1.6 billiún méid iomlán na gcaillteanas neamhúsáidte a tugadh ar aghaidh chuig tréimhsí cuntasáíochta sa todhchaí. Ní fhéadtar caillteanais chaipitiúla a fhritháireamh ach amháin i gcoinne gnóchan caipitiúil.

## Liúntais Chaipitiúla

17.21 Chun críocha Cánach Corparáide, lamháiltear liúntais chaipitiúla mar chaiteachas trádála. Maidir le caillteanas a chruthaítear nó a mhéadaítear de bharr liúntas caipitiúil, déileáiltear leis mar a bheadh caillteanas trádála ann. Thug na Coimisinéirí Ioncaim sonraí maidir le liúntais chaipitiúla a d'éiligh cuideachtaí do thréimhsí cuntasáíochta sna blianta 2007 agus 2008. Bhain na sonraí le cuideachtaí a raibh caillteanas taifeadta acu. Déantar sonraí faoi na liúntais chaipitiúla do na cásanna sin a thaispeáint i bhFíor 94.

**Fíor 94 Liúntais Chaipitiúla do Chuideachtaí a thabhaigh Caillteanais sna blianta 2007 agus 2008**

|                                                                                     | Tréimhsí Cuntasáíochta dar chríoch sna blianta |            |           |              |
|-------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------|------------|-----------|--------------|
|                                                                                     | 2007                                           |            | 2008      |              |
|                                                                                     | €m                                             | €m         | €m        | €m           |
| <b>Gníomhaíochtaí Trádála a Chuirtear Faoi Cháin de réir an Ráta Chaighdeánaigh</b> |                                                |            |           |              |
| Foirgnimh Thionscail                                                                | 29                                             |            | 43        |              |
| Innealra agus Gléasra                                                               | 501                                            |            | 942       |              |
| Ilghnéitheach                                                                       | <u>49</u>                                      | <b>579</b> | <u>69</u> | <b>1,054</b> |
| <b>Gníomhaíochtaí Trádála a Chuirtear Faoi Cháin de réir an Ráta 10%</b>            |                                                |            |           |              |
| Foirgnimh Thionscail                                                                | 4                                              |            | 22        |              |
| Innealra agus Gléasra                                                               | 33                                             |            | 131       |              |
| Ilghnéitheach                                                                       | 1                                              | <b>38</b>  | 1         | <b>154</b>   |
| <b>Iomlán</b>                                                                       |                                                | <b>617</b> |           | <b>1,208</b> |

17.22 Ós rud é go raibh caillteanas trádála ag na cuideachtaí seo sa tréimhse, is é is éifeacht leis na liúntais ná go méadaítear caillteanais trádála na gcuideachtaí sin sna tréimhsí cuntasáíochta lena mbaineann. Déanfaidh siad méid na gcaillteanas atá ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh chuig tréimhsí cuntasáíochta sa todhchaí, go feadh an méid nach ndéantar na caillteanais

- a fhritháireamh i gcoinne brabús trádála eile, más ann, sa tréimhse chuntasáíochta chéanna
- a fhritháireamh ar bhonn luacha i gcoinne brabús eile sa tréimhse chuntasáíochta sin

- a thabhairt ar gcúl i gcoinne brabús sa tréimhse chuntasaíochta roimhe sin, nó
- a ghéilleadh chun críocha grúpfhaoisimh.

## Faoiseamh i Leith Caillteanais Cánach Ioncaim

17.23 Ba é €535 mhilliún méid iomlán na gcaillteanas trádála cánach ioncaim a úsáideadh sa bhliain 2008. De bhreis air sin, ní bhfuarthas faoiseamh i leith caillteanas trádála €557 mhilliún sa bhliain 2008 agus tá siad sin ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh chuig blianta sa todhchaí. Sa bhliain 2008, ba é €1.7 billiún méid iomlán na gcaillteanas cíosa neamhúsáidte a tugadh ar aghaidh chuig an mbliain 2008 ó thréimhsí roimhe sin i gcás daoine a thagann faoi réim cánach ioncaim féinmheasúnaithe.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

17.24 Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis tús a chur le pléití inmheánacha chun a fháil amach cad é an bealach is fearr chun a gcórais phróiseála le haghaidh Cánach Corparáide a oiriúnú chun sonraí comhiomlána a ullmhú faoi mhéid na gcaillteanas a d'úsáid cuideachtaí agus a thug siad ar aghaidh. Le linn aon fheabhsúcháin a bhreithniú, ní mór na héilimh iomaíocha ar acmhainní le haghaidh córas eile a chur san áireamh.

17.25 Tugann na Coimisinéirí Ioncaim aird ar leith ar fhaireachán a dhéanamh chaillteanais sna grúpaí corparáideacha is mó ar fad agus sna cuideachtaí seirbhísí airgeadais a ndéileáiltear leo ina Rannán Cásanna Móra. Déantar aon tionchair ionchasacha eisceachtúla cánach a éiríonn as caillteanais sna cásanna seo - a mhéid is féidir iad a dhéanamh amach ón bhfaisnéis uile atá ar fáil, lena n-áirítear pléití idir na Coimisinéirí Ioncaim agus na grúpaí - a chur san áireamh mar chuid den phróiseas réamhfaisnéise.

## Conclúid

I gcás cuideachtaí léiríonn na figiúirí atá ar fáil treocht mhéadaitheach i ndáil le caillteanais atá ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh agus is dócha go bhfuil méadú eile tagtha air seo sa bhliain 2009. Tháinig méadú €3 bhilliún ar chaillteanais trádála amháin sa bhliain 2008 go dtí €17 mbilliún agus, maidir le caillteanais trádála a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí roimhe sin, tháinig méadú €6 bhilliún orthu go dtí €12 bhilliún idir na blianta 2007 agus 2008. Tugtar le fios, leis an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le caillteanais chíosa, caillteanais ar dhiúscairt sócmhainní caipitiúla agus liúntais caipitiúla neamhúsáidte i gcás cuideachtaí a bhfuil caillteanas taifeadta acu, go bhféadfadh sé go mbeidh méid comhiomlán na gcaillteanas sin atá á dtabhairt ar aghaidh a bheith níos mó ná €2 bhilliún.

Cé go nglactar leis gur deacair a thuar cén tionchar a bheidh ag an bhfuíoll-caillteanas ar bhailiúchán sa todhchaí, is ionann é agus fritháireamh ionchasach atá ábhartha agus atá ag méadú agus nach mór anailísiú agus catagóiriú a dhéanamh air tuilleadh chun an éifeacht thuartha ar ioncam a mhionsamhlú, agus staideanna airgeadais na mórchuideachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist sna héilimh sa todhchaí á gcur san áireamh.

Chun déanamh amhlaidh, ba ghá do na Coimisinéirí Ioncaim a gcórais faisnéise a oiriúnú chun na caillteanais a úsáidtear i dtréimhse áirithe agus an méid díobh a thugtar ar aghaidh chun brabúis de chuid tréimhsí ina dhiaidh sin nó a chailltear de bharr neamh-éilimh nó scor a shainaithe.





## **Caibidil 18**

---

### **Ioncam**

**Torthaí Feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncaim**



## Torthaí Feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncaim

18.1 Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as córais, nósanna imeachta agus cleachtais a bheidh acu atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar mheasúnú, bailiú agus dáileadh cuí ioncam. Tá sé mar fhreagracht ormsa a chinntiú go bhfuilim sásta go bhfuil cibé bealach ina gcuirtear i bhfeidhm agus a úsáidtear na córais agus na cleachtais leordhóthanach.

18.2 Is ionann comhlíonadh uasta oibleagáidí cánach i gcóras féinmheasúnaithe agus freagracht chomhroinnte nuair is é freagrach an tsaoránaigh an dlí cánach a chomhlíonadh agus nuair is é freagracht agus cuntasacht an údaráis chánach comhlíonadh a spreagadh agus a fhorfheidhmiú. Is é an cumas feidhmíocht a mheas trí chomhlíonadh na mbeart ábhartha bunaithe ar eolas iontaofa go háirithe i ndáil le comhlíonadh cánach an comhartha bunúsach ar leordhóthanacht chóras na gCoimisinéirí Ioncaim.

18.3 Is iad na príomhrioscaí atá ann i leith córas riartha cánach rathúil

- nach n-aithnítear ná nach leantar suas an ghníomhaíocht chánach
- nach ndearbhaítear nó nach mbailítear an méid iomlán cánach ón ngníomhaíocht chánach aitheanta.

18.4 B'ionann agus 20.3% den Olltáirgeacht Intíre (GDP) an glanbhailiúchán sa bhliain 2009, síos 2.2% ar leibhéal na bliana 2008 agus 4.7% ó 2007. Tháinig titim de 30% ar an mbailiúchán cánach agus d'ísligh GDP le 13.8%<sup>134</sup> thar an tréimhse sin.

### Béim na Caibidle

Cé go n-aithnítear go gcuireann na Coimisinéirí Ioncaim sraith bearta ar fáil a dhéanann taifeadadh ar a gcuid torthaí aschuir i dtéarmaí torthaí inláimhsithe ar a gcuid gníomhaíochtaí measúnaithe agus bailithe is í an tástáil bhunaidh ar a gcuid éifeachtachta ná leibhéal comhlíonta na cáiníocóirí. Rinne an t-iniúchadh iarracht scrúdú a dhéanamh ar an méid monatóireachta a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim ar na torthaí sin agus tuairiscítear iad go poiblí.

### Comhlíonadh

18.5 Bhainfidh comhlíonadh iomlán cánach amach dá n-íocfadh na cáiníocóirí ar fad an méid iomlán cánach atá dlite in am. Tá ceithre oibleagáid bhunúsach comhlíonta cánach ann:

- clárú le haghaidh na gcánacha atá dlite
- tuairisceáin i ndáil le cáin a chomhdú in am
- na dliteanais chánacha ar fad a thuairisciú i gceart
- cánacha a íoc in am.

<sup>134</sup>

Change in GDP at current market prices from Quarterly National Accounts, Quarter 4 2009 and Year 2009 (preliminary) March 2010, Central Statistics Office. Athrú sa GDP ag praghsanna margaidh reatha ó Chuntais Naisiúnta Ráithiúla, Ráithe 4 2009 agus Bliain 2009 (réamhchéim) Márta 2010, An Phríomh-Oifig Staidrimh.

18.6 Is trí thomhas a dhéanamh ar an leibhéal comhlíonta agus é a rianú thar imeacht ama agus sin amháin is féidir breithiúnas a dhéanamh cibé an bhfuil comhlíonadh ag feabhsú nó nach bhfuil. Agus sin á dhéanamh, tá sé inmhianta idirdhealú a dhéanamh ar bhearta a dhéanann gabháil ar na leibhéil chomhlíonta fhoriomlána agus idir iad sin a bhaineann le gach aon cheann de na hoibleagáidí bunúsach comhlíonta atá léirithe thuas.

### **Comparáid Idirnáisiúnta**

18.7 Rinne Tuarascáil OECD sa bhliain 2008<sup>135</sup> bunaithe ar thaithí líon eagraíochtaí, scrúdú ar bhearta agus ar tháscairí comhlíonta<sup>136</sup> a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar mhaithe le cur chuige córasach a chur ar fáil i leith monatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar chomhlíonadh, rinne an tuarascáil spreagadh ar eagraíochtaí cánach le creat monatóireachta chomhlíonta a fhorbairt. Tugann an tuarascáil ar aird gur chóir na timpeallachtaí polasaí agus reachtúla ina bhfeidhmíonn eagraíochtaí cánach a thabhairt ar aird nuair atáthar ag déanamh léirmhíniú ar an treo atá á cur ar fáil.

18.8 Sainmhíníodh creat monatóireachta chomhlíonta mar straitéis le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le meastóireacht a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin chomhlíonta sonracha. Tá sraith cuimsitheach de bhearta agus de tháscairí comhlíonta, agus modheolaíochtaí tomhais gaolmhara ina gcuid mhór de gach aon phríomhoibleagáid chomhlíonta mórchánacha atá á riaradh ag eagraíochtaí cánach. Chomh maith le cur ar chumas eagraíochtaí cánach cuntas a thabhairt ar a gcuid feidhmíochta, cuidíonn a leithéid sin de chreat le pleanáil inmheánach.

18.9 Tagraítear i dtuarascáil an OECD d'obair roinnt de thíortha san Eoraip lena n-áirítear an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le cur chuige a fhorbairt i leith monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar leibhéil comhlíonta. Áirítear leis sin i roinnt cásanna meastachán a dhéanamh ar an rud a dtugtar 'bhearna chánach'.

<sup>135</sup> An OECD, An Fóram don Fhoghrúpa Comhlíonta Riarachán Cánach, an Tuarascáil Deiridh, Ag Déanamh Monatóireachta ar Chomhlíonadh an Cháiníocóra: Treoir Phraiticiúil Bunaithe ar Thaithí Comhlachta na gCoimisinéirí Ioncaim, Meitheamh 2008.

<sup>136</sup> Bíonn an téarma 'beart' in úsáid go ginearálta nuair atá cainníochtú feidhmíochta indéanta. Cuireann táscairí measúnú ar fheidhmíocht nach bhfuil chomh díreach ar fáil.

## Ag Tomhas Bearnaí Cánach

Is í an bhearna chánach an difríocht idir an méid cánach a íocadh agus an méid cánach a bheadh iníoctha dá mba rud é go bhfreastalódh siad sin ar fad atá faoi dhliteanas cánach ar a gcuid oibleagáidí comhlíonta.

Is féidir meastacháin ar bhearnaí cánach a bhunú ar mheastacháin ‘ó bharr anuas’ nó ar shamhlacha ‘ó bhun aníos’ nó meascán den dá cheann. Baineann meastacháin ‘ó bharr anuas’ úsáid as sonraí maicreacnamaíochta as na cuntais náisiúnta agus as sonraí ar ídiú ó suirbhéanna le meastachán a dhéanamh ar an gcáin iomlán a chóir a bhailiú. Déanann samhlacha ‘ó bhun aníos’ meastachán ar chomhpháirteanna an bhearna chánach trí úsáid a bhaint as sonraí ó fhoinsí seachtracha ar nós sonraí suirbhéanna agus oibríochtúla agus atá eachtarshuite trasna an daonra ábhartha ansin.

Baintear úsáid as cur chuige ‘ó bharr anuas’ go ginearálta do chánacha indíreacha agus as an gcur chuige ‘ó bhun aníos’ do chánacha díreacha i dtíortha ina gcuirtear meastacháin bearna chánach ar fáil. Díríonn meastacháin ar bearnaí cánach do chánacha díreacha ar chomhpháirteanna an bhearna chánach, ar nós cineál neamhchomhlíonta nó cineál cáiníocóra, seachas an bhearna ceannteideahl cánach iomlán.

Is sampla de sin tuarascáil Choimisiún an AE 2009<sup>137</sup> ar an mbearna CBL san AE. D’ullmhaigh cuideachta sainchomhairleoireachta eacnamaíoch an tuarascáil don Choimisiún agus cainníochtaítear agus déantar anailís ar an mbearna CBL i ngach aon bhallstát don tréimhse 2000 go 2006. Baintear úsáid as an gcur chuige ‘ó bharr anuas’ leis an dliteanas teoiriciúil ó shonraí na gcuntas náisiúnta a ríomh agus baintear úsáid as sonraí atá ar fáil go poiblí agus sin amháin. Chomh maith le himghabháil agus le calaois, áirítear bearta seachanta cánach agus CBL nár íocadh mar gheall ar dhócmhainneacht gnó sa bhearna a ríomhadh. Ní thugann an cur chuige atá in úsáid deis le tréithriú a dhéanamh ar an mbearna chánach i dtéarmaí earnála, na hearraí nó an cineál gnó is so-ghabhálaí i ndáil le calaois a aithint. B’ionann an bhearna CBL a ríomhadh i leith na hÉireann agus 5% de na dliteanais CBL theoiriciúla in 2000, d’ardaigh sí go 7% in 2003 agus thit sí gach bliain ina dhiaidh go dtí 2006 nuair a rinneadh í a ríomh ag 2%. Measadh gurb ionann an bearna CBL don AE-25 agus 13% in 2000 agus 12% in 2006.

<sup>137</sup>

Coimisiún an AE, Staidéar le cainníochtú agus anailís a dhéanamh ar an mbearna CBL i 25 Bhallstát an Aontais Eorpaigh, Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim, Meán Fómhair 2009.

## Bearta Comhlíonta Díreacha

18.10 D'aithin tuarascáil an OECD na príomhbhearta comhlíonta a bhí á n-úsáid ag eagraíochtaí cánach go hidirnáisiúnta agus tá siad sin leagtha amach i bhFíor 95. Tugann an figiúr léiriú freisin cibé an bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag baint úsáid as na bearta sin.

**Fíor 95 Na Bearta Comhlíonta atá in úsáid go hidirnáisiúnta**

| Comhpháirt Comhlíonta | Beart                                                                                                                                                                                                   | In úsáid ag na Coimisinéirí Ioncaim <sup>a</sup> |
|-----------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------|
| Clárú                 | An céatadán gnólachtaí atá cláraithe – an líon cáiníocóirí atá cláraithe i gcomparáid le sonraí neamhspleácha ar líon na gcáiníocóirí ó údarais staidrimh.                                              | X                                                |
| Comhadú               | An céatadán tuairisceáin a comhdaíodh in am (nó laistigh den tréimhse a bhí sonraithe ar an dáta dlite) – an líon tuairisceáin a comhdaíodh i gcomparáid le líon na dtuairisceán a rabhthas ag súil leo | √ <sup>b</sup><br>X                              |
|                       | Bearna chánach neamhchomhdaithe – dliteanas iomlán na gcomhdaitheoirí atá déanach agus na neamhcomhdaitheoirí lúide an méid a íocann siad                                                               |                                                  |
| Dearbhú Ceart         | An céatadán dliteanais chánach foriomlán dearbhaithe i gceart arna dtomhas ag cláir iniúchta randamacha                                                                                                 | X                                                |
| Íocaíocht             | An céatadán cáiníocóirí a íocann in am                                                                                                                                                                  | √ <sup>b</sup>                                   |
|                       | An céatadán cánach a íocadh in am – an méid cánach a íocadh i gcomparáid leis an méid a féichiúnaíodh d'aon tréimhse ar leith                                                                           | √                                                |
| Cumaisc               | Meastacháin na mbearnaí cánach do gach aon cháin                                                                                                                                                        | X                                                |

Nótaí:

- a Seasann “√” d'úsáid i dtuairiscí na gCoimisinéirí Ioncaim agus seasann “X” d'ábhar nár úsáideadh.
- b Ní thuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim na bearta sin ar leithligh ach dá ndéanfadh siad dí-chomhbhailiú ar an mbeart comhlíonta tráthúil reatha bheadh gach aon cheann de na bearta sin ar fáil.

18.11 Tuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim rátaí comhlíonta tráthúil ar bheart cumaisc é a dhéanann taifeadadh ar an méid a sheolann cáiníocóirí tuairisceáin nó íocaíochtaí isteach in am, m.sh., breithnítear cáiníocóir a bheith comhlíonta faoin mbeart sin má fhaightear tuairisceán nó íocaíocht sa mhí dlite ('comhlíonadh ag teacht leis an mhí dlite'). Tomhaistear cásanna freisin i ndáil le tuairisceáin nó le híocaíochtaí a sheoladh isteach aon mhí amháin tar éis na míosa dlite ('an mhí dlite + 1 comhlíonadh'). Ríomhtar na rátaí trína rátaí comhlíonta do gach aon cheannteideal ar bhonn ualaithe a chomhbhailiú laistigh de na bannaí bunaithe ar thrí shaghas cáis (mór, meánmhéid agus eile). Bunaítear an t-uail ar an toradh bliantúil do gach ceannteideal cánach, mar sin tá tábhacht níos mó ag baint le comhlíonadh na gceannteideal cánach a thugann an toradh is mó. Tuairiscítear rátaí de réir méid an cháis in aghaidh an chatagóir agus taispeántar na rátaí 'an mhí dlite' agus 'an mhí dlite + 1'. Taispeántar na spriocrátaí comhlíonta atá le baint amach don bhliain 2010 agus an ráta iarbhair do 2007 go 2009 i bhFíor 96

**Fíor 96 Rátaí Comhlíonta Tráthúil 2007 go 2009**

| Méid an Cháis      | Comhlíonadh na Míosa Dlíte |                    |      |      | An Mhí Dlíte + 1 Chomhlíonadh |                    |      |      |
|--------------------|----------------------------|--------------------|------|------|-------------------------------|--------------------|------|------|
|                    | <i>Sprioc</i>              | 2,007 <sup>a</sup> | 2008 | 2009 | <i>Sprioc</i>                 | 2,007 <sup>a</sup> | 2008 | 2009 |
| Cásanna móra       | 95%                        | 92%                | 92%  | 92%  | 99%                           | ní bhaineann       | 97%  | 96%  |
| Cásanna Meánmhéide | 90%                        | 86%                | 86%  | 85 % | 95%                           | ní bhaineann       | 94%  | 93%  |
| Gach cás eile      | 75%                        | 68%                | 72%  | 72 % | 85%                           | ní bhaineann       | 81%  | 81%  |

Nóta:

- a D'athraigh an sainmhíniú i ndáil le méideanna cáis in 2008. Tá na figiúirí comparáideacha do 'chomhlíonadh na míosa dlíte' in 2007 athluaite dá réir sin. Níl na figiúirí athluaite do 2007 don 'mhí dlíte + 1 chomhlíonadh' ar fáil.

18.12 In ainneoin ardú de os cionn €800 milliún i méid na cánach gan íoc idir 2007 agus 2009<sup>138</sup>, is ar éigean a bhfuil athrú ar bith ar chomhlíonadh cásanna móra agus cásanna ar mheánmhéid. Níl aon athrú tagtha ar rátaí comhlíonta an dá chatagóir eile ó tháinig feabhas ar chomhlíonadh míosa dlíte in 2008. Léiríonn an aimhrialtacht shoiléir sin na rioscaí a bhaineann le cónascadh a dhéanamh in aon táscaire amháin ar an dá ghné de chomhlíonadh (comhadú agus íocaíochtaí).

**Tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta**

18.13 Chuir an tOifigeach Cuntasóireachta ar an eolas mé go ndéanann an easpa sonraí neamhspleácha iontaofa agus na tairseacha clárúcháin atá ann do chánacha áirithe níos deacra é a chinntiú go mbíonn táscaire clárúcháin iontaofa ann. Shonraigh sí freisin go dtuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim an céatadán d'iniúchtaí randamacha nach mbíonn aon toradh orthu.

18.14 I ndáil le ráta comhlíonta tráthúil, shonraigh an tOifigeach Cuntasóireachta gur athraigh an timpeallacht ina bhfeidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim go hiomlán sa dara leath de 2008, mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta. Mar thoradh air sin, breithníonn na Coimisinéirí Ioncaim gur ionann agus torthaí dearfacha na rátaí comhlíonta tráthúil atá á mbaint amach i láthair na huairé, cé nach bhfuil an sprioc á bhaint amach. Dúirt sí freisin go bhfuil an beart sin deartha le forléargas a thabhairt ar chomhlíonadh tuairisceáin agus íocaíochtaí agus dá bhrí sin níl sé chomh íogaireach i leith athruithe ina chomhchodanna is atá bearta sonracha. Tomhaiseann na Coimisinéirí Ioncaim na hathruithe i leibhéal na cánach gan íoc ar leithligh.

<sup>138</sup>

B'ionann agus €1,286 milliún an méid cánach gan íoc an 31 Márta 2008 agus €2,112 an 31 Márta 2010.

## **Táscairí Treochta i gComhlíonadh**

18.15 Chomh maith le bearta comhlíonta díreacha, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil comhlíonta freisin trí chomhghaolmhaireacht idir athruithe i bhfáltais chánach agus athruithe i staitisticí seachtracha. Tá dearcaí i leith comhlíonadh a fhionnadh luachmhar freisin chun anailísiú a dhéanamh ar leibhéil comhlíonta. Chomhordaigh Tuarascáil an OECD 2008 an úsáid a bhí eagraíochtaí cánach idirnáisiúnta a bhaint as táscairí agus is iad na táscairí atá ar fáil a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach i gcomhthéacs na hÉireann ná:

- líon na gcuideachtaí atá cláraithe i gcomhair cánach i gcomparáid leis an líon atá cláraithe le comhlacht rialaithe corparáide
- ioncam na gcáiníocóirí féinfhostaithe a thuairiscítear don eagraíocht chánach i gcomparáid leis na méideanna atá measta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh
- an céatadán den ghlanioncam corparáide a bhí inchánaithe
- an méid cánach atá iníoctha mar chéatadán de bhrabúis chorparáide roimh cháin
- an méid cáin ioncaim atá iníoctha mar chéatadán de ghlanioncam
- na rátaí cánach glan - an meánmhéid chánach a bailíodh i gcomparáid le glanioncam gnó
- an cion de thuairisceáin a meastar a bheith 'i mbaol'
- an cóimheas cánach gan íoc d'ollbhailiúchán nó glanbhailiúchán bliantúil
- torthaí suirbhé i ndáil le dearcaí comhlíonta
- fás i CBL glan i gcomparáid le hardú i ndíolacháin mhiondíola agus i gcaiteachas pearsanta.

18.16 Úsáideann agus tuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar phéire de na táscairí sin, sa chomhthéacs sin.

- An cóimheas fiachais atá ar fáil le bailiú<sup>139</sup> i leith ollbhailiúchán bliantúil. D'ardaigh an cóimheas sin ó 1.4% in 2007 go 2.8% in 2009. D'fhéadfadh treocht den sórt atá ag ardú laghdú i gcomhlíonadh íocaíochta a léiriú agus/nó laghdú in éifeachtúlacht agus éifeachtacht bailiúchán fiachais.
- Déanann na Coimisinéirí Ioncaim suirbhéanna ar a n-áirítear ceisteanna atá deartha le hiompar comhlíonta a bhraith.

## **Tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta**

18.17 Shonraigh an tOifigeach Cuntasóireachta go bhfuil teorainneacha ag baint le go leor de na táscairí sin agus go gcaithfear réitigh a fháil dóibh sula n-ionchorpraítear iad isteach i gcreat chun comhlíonadh a thomhas. Áirítear ar na teorainneacha sin easpa foinsí sonraí neamhspleách iontaofa do líon chuideachtaí faoi dhliteanas cánach. Teorainn eile a aithnítear san OECD ná go bhféadfadh athruithe sna caidreamh idir ioncam agus brabúis ó fhoinsí neamhspleácha agus an méid a thuairiscítear ar na tuairisceáin chánach fachtóir seachas athruithe i gcomhlíonadh cáiníocóirí a léiriú. Dúirt sí go bhfeidhmítear réimis comhlíonta difriúla agus go raibh riachtanais ioncaim dhifriúla ag na tíortha a úsáideann roinnt mhaith de na táscairí sin seachas mar atá in Éirinn. Dá bhrí sin, bheadh staidéar ar éifeachtacht, bailíocht agus stóinseacht na dtáscairí sin riachtanach sula gcuirfidh san áireamh i gcreat iad chun comhlíonadh a thomhas in Éirinn.

<sup>139</sup>

Is ionann fiachais atá ar fáil le bailiú agus an méid cánach gan íoc nach bhfuil faoi réir ag achomharc cáiníocóra.



18.18 Ní bhreithníonn an tOifigeach Cuntasóireachta go bhfuil laghdú déanta ar éifeachtúlacht agus ná éifeachtacht chláir chomhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an gcóimheas fiachais atá ag ardú don ollbhailiúchán bliantúil. Dúirt sí go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag oibriú le gnóilachtaí inmharthana nach bhfuil ar a gcumas freastal ar a gcuid oibleagáidí cánach mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíochta deacair atá againn i láthair na huaire. Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta chun na cinntí atá riachtanach a dhéanamh lena n-áirítear gnóilachtaí a dhúnadh nach bhfuil inmharthana nó a dhéanann iarracht a n-oibleagáid íoc in am a sheachaint in aon turas.

## Deiseanna le hEolas Comhlíonta a Fheabhsú

18.19 Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim agus iad ag tomhas a gcuid feidhmíochta, idirdhealú soiléir a dhéanamh idir aschur a gcuid gníomhaíochtaí agus tionchar na ngníomhaíochtaí sin arna dtomhas le hathruithe i gcomhlíonadh. Tá bearta reatha na gCoimisinéirí Ioncaim dírithe den chuid is mó ar aschur. Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim sraith chuimsitheach bearta agus táscairí a fhorbairt atá leordhóthanach le feidhmíocht a léiriú i ndáil le gach oibleagáid comhlíonta. Le sin a dhéanamh beifear in ann ansin a léiriú go bhfuil gach gníomhaíocht eacnamaíoch á úsáid a mhéid is féidir ar mhaithe le críocha cánach agus go bhfuil a bhfreagracht i leith meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a gcuid oibríochtaí á chomhlíonadh. Tá deiseanna le heolas comhlíonta a fheabhsú leagtha amach thíos.

### *An Bhearna Iniúchta a Chinneadh*

18.20 Tá deis ann do na Coimisinéirí Ioncaim leis an mbearna iniúchta a chinneadh<sup>140</sup> trí úsáid a bhaint as torthaí a gclár iniúchta randamach. Níor bhain na Coimisinéirí Ioncaim úsáid iomlán as na sonraí a tháinig ó iniúchtaí randamacha go dtí seo. Faoi láthair, tuairiscítear líon na n-iniúchtaí randamacha táirgeachta agus neamh-tháirgeachta. Cé go léiríonn sé sin an líon daoine nach gcomhlíonann a gcuid oibleagáidí ar gach cuma, níl sé úsáideach leis an méid a bhíonn cáin tearc-fhógartha a thomhas. Ba chóir go mbeadh sé réasúnta simplí táscaire fógartha ceart a fhorbairt trí tearcfhógairt a léiriú<sup>141</sup> mar chéatadán den dliteanas fógartha bunaidh.

### *Beart Comhlíonta Tráthúil a Dhí-Chomhbhailiú*

18.21 Tabharfaidh dí-chomhbhailiú a dhéanamh ar chomhlíonadh comhadú agus íocaíochta léargas níos fearr i ndáil le feidhmíocht don dá ghníomhaíocht. Faoi láthair tomhaiseann an ráta comhlíonta tráthúil cás a bheith comhlíonta má sheoltar tuairisceán nó íocaíocht isteach. Tá sé le tabhairt faoi deara ag tráth a bhfuil roinnt mhaith cáiníocóirí ag tabhairt aghaidh ar dheacrachtaí airgeadais, go bhfuil an beart sin ag fanacht gan athrú cé go bhfuil leibhéal foriomlán na cánach gan íoc ag ardú. Tá sé sin míthreorach mar léiriú ar fheidhmíocht. Ba chóir breithniú a dhéanamh maidir leis an mbeart sin a dhí-chomhbhailiú ina chomhchodanna, m.sh., comhlíonadh tuairisceáin chomhdaithe agus comhlíonadh íocaíochta.

<sup>140</sup> Is í an bhearna iniúchta an tomhas ar an méid atá cáiníocóirí tar éis a gcuid dliteanas a dhearbhu i gceart agus ríomhtar é mar an difríocht idir an méid cánach a bhaileofaí dá mba rud é go ndéanadh na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh ar gach cáiníocóir agus an méid atá á bhailiú i láthair na huaire.

<sup>141</sup> D'fhéadfadh an méid tearc-fhógartha a bheith difriúil ón toradh iarbhir mar gheall gurbh é an socrú iniúchta an méid a comhaontaíodh idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Cáiníocóir agus d'fhéadfadh sé chomh maith nach mbeadh an socrú comhaontaithe inghnóthaithe i ngach cás mar gheall nach bhfuil an cumas ann íocaíocht a dhéanamh.

### ***Meastachán a Dhéanamh ar an mBearna Chánach.***

18.22 Trí thomhas a dhéanamh ar an mbearna chánach agus trína hathruithe inti a rianú, ba chóir go mbeadh na Coimisinéirí Ioncaim i gcaoi níos fearr le measúnú a dhéanamh ar an leibhéal neamhchomhlíonta. Ina dhiaidh sin, bheadh gá acu le athbhreithnithe ábhartha agus staidéir a cheapadh a bheadh deartha leis na fachtóirí atá mar bhonn taca agus a chuireann le neamhchomhlíonadh a aithint, ar mhaithe lena gcuid freagraí a chur in oiriúint don dúshlán bailiúcháin.


### ***Táscairí Treochta i gComhlíonadh***

18.23 Tá scóip ann le hathruithe i gcomhlíonadh a aithint trí chomhghaolmhaireacht idir gluaiseacht i bhfáltais chánach agus athruithe in athróga eacnamaíocha. Go ginearálta, is féidir bailiú cánach a chur i gcomparáid le GDP le teacht ar treoirtháscaire comhlíonadh bailithe. Tá sé soiléir go bhfuil roinnt mhaith cúiseanna ann go n-eascródh caidreamh stairiúil idir fás GDP agus fáltais chánach, ach d'fhéadfadh difríochtaí eatarthu nach féidir a mhíniú go héasca táscaire sealadach féin maidir le hathruithe i bpatrúin bailithe a chur ar fáil<sup>142</sup>.

18.24 Mar shampla, mar gur ionann CBL agus cáin ar chaiteachas tomhaltóra bheifí ag súil go mbeadh dlúthbhaint ag an méid a bailíodh leis na hathruithe i dtomhaltas pearsanta earraí agus seirbhísí.

18.25 Déanann Fíor 97 comparáid idir an t-athrú i gcéatadán i dtomhaltas pearsanta earraí agus seirbhísí idir 2006 agus 2009 agus an t-athrú i gcéatadán i nglanfháltais CBL sa tréimhse céanna.

**Fíor 97 An Céatadán Athraithe i dTomhaltas Pearsanta<sup>a</sup> agus i CBL 2006 go 2009**



Nóta:

a Úsáid phearsanta earraí agus seirbhísí ag praghsanna margaidh reatha ó Chuntais Naisiúnta Ráithiúla, Ráithe 4 2009 agus Bliain 2009 (réamhchéim) Márta 2010, An Phríomh-Oifig Staidrimh.

<sup>142</sup>

Cé go ndíríonn an Chaibidil seo ar ar eolas feidhmíochta atá tuairiscithe go poiblí, glactar leis go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag cur an táscaire sin san áireamh ina dtuarascáil feidhmíochta inmheánach anois.

18.26 B'ionann CBL agus céatadan agus 16% de thomhaltas pearsanta in 2006 ach thit sé sin go 12.6% in 2009. Beadh sé úsáideacht rianú a dhéanamh ar athruithe ina leithéid sin de chaidreamh ar mhaithe le ceisteanna a chur faoi éifeachtúlacht an chórais le comhlíonadh a spreagadh nó a fhorfheidhmiú. Glactar leis go bhféadfadh cúlú eacnamaíochta athrú a chur ar phatrúin tomhaltais i dtreo ráta níos ísle nó ráta nialais ar earraí agus ar sheirbhísí agus mar thoradh ar sin d'fhéadfadh an titim i CBL a bhí níos mó ná an titim i dtomhaltas tomhaiste. Bheadh sé úsáideach staidéir a dhéanamh ar na hathruithe i bpatrúin tomhaltais agus na torthaí a úsáid mar áis le hathruithe sna caidreamh sin a léirmhíniú.

18.27 Comhghaolmhaireacht eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ná idir thuillimh mar a thuairiscítear do na Coimisinéirí Ioncaim<sup>143</sup> agus tuarastail agus pá iomlán atá measta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh trí úsáid a bhaint as a cuid modheolaíochta suirbhé.

### **Sonraí Suirbhé**

18.28 Chomh maith le táscairí comhlíonta a úsáid, d'fhéadfadh suirbhéanna aiseolas luachmhar a chur ar fáil trí chuidiú le hathruithe i bpatrúin agus in iompar comhlíonta a aithint chomh maith leis na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar iompar. Rinne na Coimisinéirí suirbhéanna ar cháiniócoirí ar ócáidí éagsúla le blianta beaga anuas. Áiríodh i suirbhé ar chustaiméirí gnólachtaí beaga agus gnólachtaí ar mheánmhéid sa bhliain 2008, ceisteanna a bhí deartha le fachtóirí a aithint a mbíonn tionchar acu ar chomhlíonadh an ghrúpa cáiniócoirí sin.

## **Conclúid**

Tá Coimisinéirí Ioncaim freagrach as measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a gcuid oibríochtaí. An bealach is fearr chun é sin a mheas ná i dtéarmaí torthaí comhlíonta an cháiniócóra. Níl sraith de bhearta agus de tháscairí comhlíonta atá dírithe ar thorthaí ag na Coimisinéirí Ioncaim atá forbartha go maith.

Áirítear ar dheiseanna le heolas comhlíonta a fheabhsú:

- úsáid a bhaint as torthaí clár iniúchta randamach atá deartha i gceart agus stiúrtha ar bhonn sampla ionadaíoch leis an bhearna iniúchta a mheas.
- dí-chomhbhailiú a dhéanamh ar bheart comhlíonta thráthúil le teacht ar bhearta ar leithligh comhlíonta comhdaithe agus comhlíonta íocaíochta
- tomhas agus rianú a dhéanamh ar na hathruithe sna bearnaí cánach
- gluaiseachtaí comhghaolmhaireachta i bhfáltais chánach le hathruithe sna hathróa eacnamaíocha ábhartha

I réimse an CBL, atá bainteach go díreach le gníomhaíocht eacnamaíochta, d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfadh comparáid idir treochtaí i dtaca le bailiú CBL agus treochtaí i dtaca le tomhas gníomhaíochta eacnamaíochta, amhail caiteachas ag tomhaltóirí, a bheith ina cabhair maidir le hathruithe ábhartha i ndáil le comhlíonadh a shainaithint. Glactar leis, ar ndóigh, go rachaidh cuid mhór fachtóirí i bhfeidhm ar bhailiú CBL, amhail athruithe ar phátrúin caiteachais agus athruithe coibhneasta praghaís i gcás earraí agus seirbhísí. Bheadh sé fóinteach, áfach, mar chéim thosaigh chun réimsí a shainaithint lena ngrinnscrúdú, leas a bhaint as na cumhachtaí atá ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le comhlíonadh agus iniúcháireacht.

<sup>143</sup>

Soláthraíonn an fostóir mionsonraí maidir le ioncam inchánaithe gach fostaí do na Coimisinéirí Ioncaim ar an tuairisceán bliantúil, an P35.

Aithnítear nach gcuireann bearta agus táscairí ar nós meastacháin ar ghluaiseachtaí sa bhearna chánach ach an pointe tosaigh ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus nach mór roinnt mhaith fachtóirí eile a bhreithniú leis an eolas a mhíniú níos fearr. Mar sin féin, ní féidir creat tomhais cuimsitheach comhlíonta a chur in áit gan na bearta agus na táscairí sin a fhorbairt.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta

18.29 Shonraigh an tOifigeach Cuntasóireachta nach bhfuil an t-idirdhealú idir aschur, toradh agus tionchar soiléir i gcónaí. Creideann sí go bhfuil raon leath córais tomhais agus modheolaíochta meastóireachta comhlíonta ag na Coimisinéirí a chuireann ar a gcumas tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar chomhlíonadh an cháiníocóra. Clúdaíonn na bearta atá ann raon réimsí lena n-áirítear, bailiú, comhlíonadh, fiacha, seirbhísí iniúchta agus custaiméirí. Cuireann siad ionchur tábhachtach ar fáil don mheastóireacht fhoriomlán ar fheidhmíocht agus cuireann siad gnó agus tosaíochtaí leithdháiltí acmhainní ar an eolas. Glacann sí leis an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar thuiscint na gCoimisinéirí Ioncam i leith iompar an cháiníocóra agus an gá atá ann le leanúint le feabhas a chur ar na bearta atá ann.

18.30 Dúirt sí go mbreithneodh na Coimisinéirí Ioncam an beart comhlíonta tuairisceán agus íocaíochta a dhí-chomhbhailiú lena chinneadh cíbe an ndéanfaidh sé seachadadh ar thuarascálacha comhlíonta feabhsaithe. Bhí roinnt imní uirthi maidir leis sin an méid sin mar go bhféadfadh sé nach léireofaí an ghné comhlíonta dearfach nuair a sheolann cáiníocóir tuairisceán isteach agus nuair a íoctar an méid is féidir i gcúinsí ina mbíonn fadhbanna insreabhadh airgid ann. Ní mór na fadhbanna sin a idirdhealú ó neamh-rannpháirtíocht.

18.31 Breithníonn an tOifigeach Cuntasóireachta cé go bhféadfadh bearnaí cánach a bheith ina táscairí úsáideach i dtreochtaí foriomlána, níl siad oiriúnach le rianú ná le haonrú a dhéanamh ar fhachtóirí aonair is cúis leis an ghluaiseacht sa bhearna. Bheadh go leor acmhainní ag teastáil le bearnaí cánach a thomhas. Tá na Coimisinéirí Ioncam, áfach, ag fiosrú modhanna eile le rianú a dhéanamh ar athruithe CBL thar imeacht ama agus in aghaidh treochtaí in athróa eile. Tá Éirinn ar cheann de na Ballstáit a léirigh amhras faoin modheolaíocht a úsáideadh maidir le bearnaí CBL i staidéar AE.

18.32 Tá roinnt taighde tosaíthe ag na Coimisinéirí Ioncam le hathróa eacnamaíocha a nascadh le hathruithe i mbailiú cánach. Tá réamhobair déanta le measúnú a dhéanamh ar athruithe i CBL agus i ndleacht le hathruithe i sonraí díolacháin miondíola ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Dúirt sí gurb é an fhadhb a éiríonn as gach obair den sórt sin ná go sainaithnítear difríochtaí idir bailiúchán cánach agus athróa eacnamaíochta ach nach féidir míniú a fháil dá bharr ar na difríochtaí mar go mbíonn siad ilfheidhmeach de ghnáth. Tá scrúdú a dhéanamh freisin ar chomparáid sa treocht fhoriomlán CBL a bailíodh agus an méid a bhaileofaí dá gcuirfí CBL i bhfeidhm ar an tomhaltas ar fad (ar a dtugtar an Cóimheas Ioncam CBL).

18.33 Thug an tOifigeach Cuntasóireachta ar aird chomh húsáideach is a bhí sé suirbhéanna a dhéanamh ar cháiníocóirí agus dúirt sí go bhfuarthas léargas uathúil ar iompar agus ar dhearcaí cáiníocóirí nach mbeadh ar fáil gan é.

18.34 Dúirt an tOifigeach Cuntasóireachta go bhfuil bearta i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncam faoi phéire de na ceithre chomhpháirt comhlíonta agus faoi chuid den tríú ceann agus feictear go bhfuil fiúntas ag baint lena bhforbairt tuilleadh. Tá tús curtha le tionscadal a dhéanann iarracht athruithe san iompar comhlíonta foriomlán a thomhas bunaithe ar athruithe i scóir riosca a rianú. Chomh maith leis sin, tá na Coimisinéirí Ioncam ag déanamh scrúdú ar shamhlacha a dhéanfaidh mapáil ar a bpríomhaschuir agus ionchuir, a thabharfaidh cur síos ar thionchar na n-aschur sin agus a dhéanfaidh cinneadh maidir le torthaí idirmheánacha.